Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**10935/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0335 (COD)**

**ESPACE 51**
**MI 485**
**ENV 603**
**CODEC 915**
**EU-GNSS 12**
**CSCGNSS 3**
**CSCGMES 2**
**IND 234**
**CYBER 193**
**COMPET 634**
**HYBRID 83**
**PROCIV 81**
**IA 76**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 26 Meitheamh 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 335 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le sábháilteacht, athléimneacht agus inbhuanaitheacht gníomhaíochtaí spáis san Aontas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 335 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 335 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 25.6.2025
COM(2025) 335 final

2025/0335 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le sábháilteacht, athléimneacht agus inbhuanaitheacht gníomhaíochtaí spáis san Aontas**

{SEC(2025) 335 final} - {SWD(2025) 335 final} - {SWD(2025) 336 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá gníomhaíochtaí spáis ag leathnú go tapa ar fud an domhain, rud a spreagtar leis an éileamh méadaitheach ar shonraí spásbhunaithe agus ar sheirbhísí spáis agus leis an laghdú ar chostas monaraíochta agus lainseála satailítí. Mheall an geilleagar spáis gníomhaithe nua margaidh freisin.

Chun tacú leis an leathnú sin i ngníomhaíochtaí spáis agus le rannpháirtíocht mhéadaitheach gníomhaithe tráchtála nua i ngníomhaíochtaí spáis trasteorann, rith 13 Bhallstát reachtaíocht náisiúnta spáis. Léiríonn sé sin gealltanais faoin dlí idirnáisiúnta lena gceanglaítear maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí spáis.Tá margadh inmheánach ilroinnte ann mar thoradh ar an meascán cineálacha cur chuige rialála a eascraíonn as sin. Is dócha go dtiocfaidh méadú ar an ilroinnt sin de réir mar atá sé beartaithe ag níos mó Ballstát creataí dlíthiúla a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí spáis.

Fágann na héagothromaíochtaí i gcuir chuige náisiúnta maidir le sábháilteacht, athléimneacht agus inbhuanaitheacht comhshaoil an bhonneagair spáis a chosaint gur féidir leo tionchar díobhálach a imirt ar sholáthar sonraí spásbhunaithe agus seirbhísí spáis san Aontas. I ndeireadh na dála, déanann sé sin difear d'iomaíochas thionscal an spáis san Aontas agus d'fheidhmiú slabhraí luacha trasteorann. Is é cuspóir ginearálta an tionscnaimh seo tacú le forbairt agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh d'earnáil an spáis. Go sonrach, is é is aidhm don tionscnamh an méid seo a leanas a dhéanamh:

- creat dlíthiúil de chuid an Aontais a bhunú chun go soláthróidh oibreoirí spáis an Aontais sonraí spásbhunaithe agus seirbhísí spáis chun an nuálaíocht a chothú agus timpeallacht ghnó atá cobhsaí, intuartha agus iomaíoch a chruthú;
- inrianaitheacht spásréad a áirithiú agus giniúint smionagair spáis a laghdú, agus ar an gcaoi sin sábháilteacht na ngníomhaíochtaí spáis a fheabhsú;
- creat measúnaithe riosca a chruthú atá saincheaptha do riachtanais shonracha chibearshlándála an bhonneagair spáis, agus ar an gcaoi sin athléimneacht na ngníomhaíochtaí spáis a fheabhsú;
- modh coiteann a chruthú chun tionchar comhshaoil gníomhaíochtaí spáis san Aontas a ríomh, agus ar an gcaoi sin inbhuanaitheacht na ngníomhaíochtaí spáis a fheabhsú.

Tá coinne leis go soláthrófar leis an tionscnamh an deimhneacht dhlíthiúil is gá ó oibreoirí spáis an Aontais chun gníomhaíochtaí spáis a dhéanamh agus iomaíochas thionscal an spáis a chothú, agus aghaidh á tabhairt an tráth céanna ar na rioscaí a eascraíonn as an bhfás as éadan ar ghníomhaíochtaí spáis agus úsáid fhadtéarmach an spáis a chosaint.

Sna treoirlínte polaitiúla le haghaidh an Choimisiúin Eorpaigh 2024-2029[1], chomh maith le tuarascáil Draghi maidir le todhchaí iomaíochas na hEorpa, sainaithnítear an spás mar phríomhearnáil straitéiseach don Aontas[2] agus moltar comhchreat reachtach de chuid an Aontais a bhunú le haghaidh margadh inmheánach feidhmiúil don spás, sa ghearrthéarma.

(1) Treoirlínte Polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile 2024-2029, arna gcur i láthair ag Ursula von der Leyen an 18.7.2025; https://commission.europa.eu/document/e6cd4328-673c-4e7a-8683-f63ffb2cf648_en.

(2) *The future of European competitiveness* (A bhfuil i ndán d'iomaíochas na hEorpa): Tuarascáil ó Mario Draghi an 9.9.2024.

Shainaithin an Coimisiún an Gníomh AE um Spás atá beartaithe mar phríomhthosaíocht in dhá theachtaireacht chomhpháirteacha a foilsíodh le déanaí: cur chuige an Aontais maidir le Bainistiú Spástráchta agus Straitéis Spáis an Aontais um Shlándáil agus Cosaint[(3)]. Leis an tionscnamh reachtach seo, athluaitear éilimh na mBallstát ar ghníomhaíocht chun margadh inmheánach a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí spáis trí chreat rialála comhleanúnach cobhsaí. Sna Conclúidí ón gComhairle le déanaí, d'aithin na Ballstáit gur gá ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí agus táirgí spáis a sheachaint agus iomaíochas domhanda thionscal spáis an Aontais a fheabhsú[(4)]. D'aithin siad a ábhartha atá gníomhaíocht an Aontais chun cóir chomhionann d'oibreoirí spáis agus cothrom iomaíochta a áirithiú do thionscal spáis an Aontais[(5)]. D'aithin na parlaimintí náisiúnta freisin a thábhachtaí atá sé creat dlíthiúil a bhunú chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach an spáis a chosaint[(6)]. Chuir tionscal an spáis, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), in iúl freisin go dtacaíonn sé le creat dlíthiúil soiléir intuartha[(7)].

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Le Conradh na Náisiún Aontaithe ar na Prionsabail lena rialaítear Gníomhaíochtaí Stát i dTaiscéalaíocht agus in Úsáid an Chianspáis (OST), rialaítear an creat rialála domhanda don chianspás, agus leagtar béim ar an bprionsabal de fhreagracht an stáit. Cuireann sé de cheangal ar stáit a ngníomhaíochtaí spáis a údarú, maoirseacht a dhéanamh orthu agus a bheith faoi dhliteanas ina leith. Mar sin féin, toisc nach bhfuil rialacha teicniúla ceangailteacha sonracha ann chun oibleagáidí ginearálta an Chonartha Cianspáis a chur chun feidhme, tá ceanglais údarúcháin éagsúla ann toisc gur shaothraigh na Ballstáit cineálacha éagsúla cur chuige rialála.

Sa lá atá inniu ann, tá dlíthe náisiúnta spáis i bhfeidhm ag 13 Bhallstát. Tá reachtaíocht spáis á dréachtú ag Ballstáit eile nó tá na dlíthe atá ann cheana á dtabhairt cothrom le dáta acu, chun déileáil le teacht chun cinn iontrálaithe tráchtála nua agus lena ngníomhaíochtaí leathnaithe. Mar thoradh ar an easpa comhordaithe idir na cuir chuige rialála éagsúla, tá tírdhreach rialála ilroinnte ann ina bhféadfadh bacainní atá ag teacht chun cinn bac a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh i seirbhísí spáis agus sonraí spásbhunaithe san Aontas.

Leis an nGníomh AE um Spás atá beartaithe, comhchuibhítear an creat dlíthiúil ar fud an Aontais, lena gcomhtháthaítear na ceanglais a leagtar síos le reachtaíocht náisiúnta spáis chun forluí, dúbailt agus coinbhleachtaí a sheachaint agus chun feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

---

(3) Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, JOIN(2022)4final ón 15.2.2022 agus an Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an Straitéis Spáis um Shlándáil agus Cosaint JOIN(2023)9final ón 10.3.2023.

(4) Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Straitéis Spáis an Aontais um Shlándáil agus Cosaint', 14512/23 a glacadh an 13 Samhain 2023; https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-14512-2023-INIT/en/pdf.

(5) Conclúidí maidir le 'Bainistiú Spástráchta: staid na himeartha' 15231/23 a glacadh an 8 Nollaig 2023; https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2023/12/08/space-traffic-management-council-adopts-conclusions-on-the-current-state-of-play.

(6) https://www.assemblee-nationale.fr/dyn/16/dossiers/loi_europeenne_espace.

(7) Go háirithe páipéir sheasaimh ó Eurospace (comhlachas a léiríonn tuairimí níos mó ná 80 cuideachta spáis, lena n-áirítear príomhaithe); SME4Space (comhlachas a thugann cosaint do thuairimí níos mó ná 800 cuideachta, lena n-áirítear 90 gnólacht nuathionscanta); YEESS (comhlachas a cruthaíodh le déanaí, a dhéanann ionadaíocht ar thuairimí 13 chuideachta Spáis Nua).

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Ar an gcéad dul síos, a mhéid a bhaineann le hathléimneacht, d'achtaigh an tAontas reachtaíocht maidir leis an gcibearshlándáil (Treoir NIS 2) agus athléimneacht fhisiciúil eintiteas criticiúil (Treoir CER) lena dtreisítear athléimneacht an bhonneagair ar talamh a thacaíonn le seirbhísí spáis.

Cé go dtugann NIS2 aghaidh ar oibreoirí den chuid ar talamh, ar thaobh amháin, agus ar na soláthraithe cumarsáide leictreonaí, ar an taobh eile, ní chumhdaíonn NIS 2 ná Treoir CER sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais agus atá ag feidhmiú i gcomhthéacs Chlár Spáis an Aontais. Dá bhrí sin, ní dhéantar foráil leo maidir le creat iomlán bainistithe riosca le haghaidh gach coda den bhonneagar spáis ná le haghaidh na n-oibreoirí spáis uile.

Líontar an bhearna sin leis an nGníomh AE um Spás atá beartaithe trí rialacha sonracha soiléire cibearshlándála a leagan amach is infheidhme maidir le hoibreoirí spáis agus sócmhainní uile an bhonneagair spáis, rud a chruthaíonn bonnlíne athléimneachta shaincheaptha d'earnáil an spáis. Gheobhaidh páirtithe leasmhara san earnáil spáis phoiblí agus phríobháideach soiléireacht maidir lena n-oibleagáidí dlíthiúla, a bhfuil gá leo chun athléimneacht an bhonneagair spáis agus na misean spáis a áirithiú. Thairis sin, ós rud é go bhfuil trasuí agus cur chun feidhme NIS2 á ndéanamh ag na Ballstáit, tá géarghá le rialacha nua den sórt sin a ailíniú leis na ceanglais shonracha d'earnáil an spáis. Áirithítear leis an togra go bhfuil nasc soiléir leis an gcreat ginearálta cibearshlándála ar leibhéal an Aontais. Ós rud é go ndéantar '*lex specialis*' den Ghníomh AE um Spás i ndáil le bearta cibearshlándála oibreoirí spáis an Aontais a cháilíonn mar eintitis fhíor-riachtanacha nó thábhachtacha in NIS 2, chuirfeadh oibreoirí spáis den sórt sin an chaibidil maidir le hathléimneacht i bhfeidhm, rud a sheachnódh aon cheanglas dúblach.

Ar an dara dul síos, maidir le cúrsaí sábháilteachta, áirithítear leis an nGníomh AE um Spás atá beartaithe go mbeidh sineirge ann le beartais agus reachtaíocht sábháilteachta an Aontais. Nuair a dhéanann gníomhaíochtaí spáis difear do roinnt Ballstát, baintear comhordú le bainistiú aerthráchta amach trí Rialachán (AE) Uimh. 2019/123, lena ndéantar feidhmeanna líonra Eorpaigh a bharrfheabhsú. Déantar teagmhais ag trasnú gníomhaíochtaí eitlíochta agus spáis a thuairisciú go córasach trí scéim tuairiscithe éigeantach an Aontais arna bunú faoi Rialachán (AE) 376/2014. Ag féachaint chun cinn, d'fhéadfadh sainmhínithe ar fheithiclí lainseála a bheith san áireamh in aon riail a bheidh ann amach anseo maidir le hoibríochtaí ar airde mhór, rud a áiritheoidh cumhdach rialála cuimsitheach do na réimsí sin atá ag teacht chun cinn.

Ar an tríú dul síos, i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip[8] agus le cuspóirí inbhuanaitheachta an Aontais[9], cuidíonn an Gníomh AE um Spás atá beartaithe le lorg comhshaoil na ngníomhaíochtaí spáis a laghdú agus is féidir aghaidh a thabhairt ar ghealltanais nua a d'fhéadfadh a bheith ag an Aontas amach anseo faoi choinbhinsiúin idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích sa réimse sin.

Is léir go bhfuil modheolaíochtaí chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchair gníomhaíochtaí spáis, mar shampla an Measúnú Saolré (LCA) nó beartais agus uirlisí an Aontais a bhaineann leis an gcomhshaol, amhail Lorg Comhshaoil Táirge (PEF)[10],

(8) An Comhaontú Glas don Eoraip — An Coimisiún Eorpach (europa.eu).
(9) Straitéis fhadtéarmach 2050 — An Coimisiún Eorpach (europa.eu).
(10) Moladh maidir le modhanna 'lorg comhshaoil' a úsáid — An Coimisiún Eorpach (europa.eu).

tearcfhorbartha sa lá atá inniu ann[11]. Thairis sin, ní bhreithníonn aon cheann de na creataí ginearálta inbhuanaitheachta ná na creataí a bhaineann leis an gcomhshaol, amhail an Creat Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG)[12], aon cheann de na tionchair chomhshaoil shonracha agus an-chasta a bhaineann le gníomhaíochtaí spáis.

Ag tógáil ar chur chuige PEF, cuirtear chun cinn le Gníomh AE um Spás atá beartaithe forbairt agus úsáid éigeantach na modheolaíochta LCA a bhaineann go sonrach leis an spás.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• **An bunús dlí**

Is é Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) bunús dlí an togra seo, lena ndéantar foráil maidir le bearta a dhéanamh chun bunú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú.

Cé go bhforáiltear go sonrach sa Chonradh do bhunús dlí i ndáil le bearta a bhaineann leis an mbeartas spáis (Airteagal 189 CFAE), ní féidir an bunús dlí sin a úsáid don tionscnamh seo. Ní chumhdaítear le hAirteagal 189 CFAE ach bearta lena gcuirtear tionscnaimh chomhpháirteacha chun cinn, lena dtacaítear leis an taighde agus leis an bhforbairt theicneolaíoch nó lena gcomhordaítear iarrachtaí chun an spás a thaiscéaladh agus a shaothrú. Eisiatar leis go sainráite aon chomhchuibhiú ar dhlíthe agus ar rialacháin na mBallstát.

Mar sin féin, i gcomhréir leis an gcásdlí bunaithe, is féidir Airteagal 114 CFAE a úsáid mar bhunús dlí do bhunú agus d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh i seirbhísí spáis agus i sonraí spásbhunaithe[13]. I ndáil leis an méid sin, d'fhéadfadh cineálacha éagsúla cur chuige na mBallstát é a dhéanamh níos deacra d'oibreoirí spáis gníomhaíochtaí spáis a dhéanamh, go háirithe oibríochtaí trasteorann a dhéanamh lena gceanglaítear orthu údaruithe iolracha a fháil ó roinnt Ballstát (mar shampla údarú sa Stát ina ndéantar oibríochtaí agus ina seoltar spásárthach).

Leis an nGníomh AE um Spás atá beartaithe, déantar comhchuibhiú spriocdhírithe ar phríomhghnéithe na sábháilteachta, na hathléimneachta agus na hinbhuanaitheachta comhshaoil a dtugtar aghaidh orthu san údarú le haghaidh gníomhaíochtaí spáis. D'áiritheofaí leis bunú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh i seirbhísí spáis agus sonraí spásbhunaithe a ghintear trí úsáid agus oibriú an bhonneagair spáis. D'aithneodh na Ballstáit údaruithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis arna n-eisiúint ag Ballstáit eile, a mhéid a bhaineann leis na príomhábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Mar sin féin, choinneoidís an fhéidearthacht an tráth céanna ceanglais níos déine a fhorchur i gcás ina bhfuil gá oibiachtúil leis sin chun sábháilteacht, athléimneacht nó inbhuanaitheacht comhshaoil na n-oibríochtaí spásárthaí nó na lainseálacha ina gcríocha a choimirciú, le haghaidh misin spáis arna ndéanamh ag oibreoirí spáis an Aontais atá údaraithe i mBallstáit eile.

Bheadh ceanglais údarúcháin níos aonchineálaí agus níos comhsheasmhaí ar fud an mhargaidh inmheánaigh mar thoradh ar an nGníomh AE um Spás atá beartaithe, rud a chuideodh chun tionscal spáis an Aontais a dhéanamh níos iomaíche. Leis an nGníomh AE

(11) Is léir sin maidir le tionchair, mar shampla, ar dhó tiomántán, ar dhiúscairt céimeanna roicéad, ar an riosca comhshaoil tráth na hathiontrála agus ar thionchair foinsí cumhachta núicléiche atá comhtháite i misin spáis.

(12) Treoir — 2022/2464 — Treoir CSRD - https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2022/2464/oj.

(13) Affaire C-376/98, RFA c. Parlement et Conseil [2000] Rec. p. I-8419, Affaire C-380/03, RFA c. Parlement et Conseil, Rec. [2006] I-1157.

um Spás, chuirfí ar a gcumas d'oibreoirí spáis an Aontais gníomhaíochtaí a dhéanamh ar fud dlínsí éagsúla gan bhacainní agus bheadh an deimhneacht dhlíthiúil is gá mar thoradh air. Spreagfadh sé sin infheistíocht san earnáil, rud a d'fhágfadh go mbeadh sé níos éasca freisin do chuideachtaí 'Spás Nua' uas-scálú a dhéanamh. Ar an gcaoi chéanna, spreagfadh na teicneolaíochtaí nua arna spreagadh ag na ceanglais a leagtar amach sa reachtaíocht (i.e. OS-S, teicneolaíocht a bhaineann le smionagar agus rianú, chomh maith le spéartha dorcha agus ciúin) an nuálaíocht thionsclaíoch san earnáil agus rannchuideoidís le sábháilteacht, inbhuanaitheacht agus athléimneacht fhadtéarmach gníomhaíochtaí spáis.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tá cuir chuige éagsúla glactha ag na Ballstáit maidir le sábháilteacht, athléimneacht agus inbhuanaitheacht comhshaoil gníomhaíochtaí spáis. Tá gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais fíor-riachtanach chun comhchuibhiú spriocdhírithe a dhéanamh ar roinnt príomhghnéithe a chumhdaítear go míchothrom faoi láthair le ceanglais údarúcháin náisiúnta.

Dá mbunófaí creat ar leibhéal an Aontais, mhéadófaí leibhéal coiteann sábháilteachta, athléimneachta agus inbhuanaitheachta comhshaoil na ngníomhaíochtaí spáis, rud a ghinfeadh breisluach suntasach, i gcomparáid le gníomhaíocht aonair ar leibhéal na mBallstát.

Go háirithe, dhéanfadh gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais an méid seo a leanas: (1) cothrom iomaíochta a bhunú ar fud an Aontais, trí chomhfhogasú na gceanglas údarúcháin a bhaineann le sábháilteacht, athléimneacht agus inbhuanaitheacht comhshaoil; (2) na rialacha nua a chomhtháthú go rianúil sa reachtaíocht spáis atá ann faoi láthair chun forluí, dúbailt agus coinbhleachtaí a sheachaint, agus chun feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh; (3) a áirithiú go ndéanfar údaruithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis a dheonaítear i mBallstát amháin a aithint i mBallstát eile; (4) cosaint níos fearr agus níos aonchineálaí a sholáthar do shócmhainní uile an bhonneagair spáis ar fud an Aontais, rud a chuideoidh lena áirithiú go soláthróidh an bonneagar sin sonraí spásbhunaithe agus seirbhísí spáis go sábháilte agus go slán; agus (5) comhsheasmhacht a áirithiú sa mheastóireacht ar thionchar comhshaoil na ngníomhaíochtaí spáis.

Le cur chuige comhchoiteann ar leibhéal an Aontais, bhunófaí an tAontas an tráth céanna mar cheannródaí caighdeán domhanda i réimse ina mbeadh réitigh fhadtéarmacha ag teastáil go práinneach.

- **Comhréireacht**

Mar a leagtar amach sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis seo, ní théann an togra thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí a shaothraítear leis an tionscnamh seo a bhaint amach agus ní fhorchuirtear leis costais dhíréireacha a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh d'iomaíochas thionscal spáis an Aontais.

Chruthódh gníomhaíocht an Aontais bonnlíne choiteann do ghnéithe sábháilteachta, athléimneachta agus inbhuanaitheachta comhshaoil na ngníomhaíochtaí spáis san Aontas, agus an tráth céanna (a) bheadh sé comhréireach leis na rioscaí sonracha a bhaineann le gach fithis, airde nó sainiúlachtaí a ardaítear le misin spáis neamhchriticiúla; (b) bheadh sé fós neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de; agus (c) thabharfadh sé lánurraim do shainchumais na mBallstát a mhéid a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta.

Íoslaghdaíonn an togra ualaí míchuí trí údaruithe buíonta a chuíchóiriú (e.g. údarú aonair in aghaidh na buíne seachas in aghaidh na satailíte). Tá feidhm ag córas sábháilteachta níos éadroime maidir le misin spáis Domhanfhithisí Ísle, a gcuireann a n-athiontráil mhear atmaisféarach teorainn nádúrtha le smionagar, agus an tráth céanna braitheann na hoibleagáidí athléimneachta ar mhéid an oibreora spáis, criticiúlacht an mhisin, agus úsáid tiomána.

- **An rogha ionstraime**

Le hAirteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh cumhachtaítear do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle rialacháin agus treoracha a ghlacadh.

Chinn an Coimisiún togra le haghaidh rialacháin a chur ar aghaidh chun leibhéal comhsheasmhach cur chun feidhme a áirithiú ar fud an Aontais. Cuirfidh sé sin cosc ar dhifríochtaí ó bhac a chur ar sholáthar gníomhaíochtaí spáis agus sonraí spásbhunaithe laistigh den mhargadh inmheánach, ráthófar deimhneacht dhlíthiúil agus trédhearcacht, áiritheofar cosaint aonfhoirmeach ceart agus oibleagáidí do gach soláthraí seirbhísí spáis san Aontas agus i dtríú tíortha sa mhargadh inmheánach agus cumasófar cur chun feidhme comhsheasmhach sna Ballstáit uile.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Agus an togra á dhréachtú ag an gCoimisiún, i gcomhréir leis na treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, chuaigh sé i gcomhairle go forleathan leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile. Rinne sé comhairliúchán spriocdhírithe agus comhairliúchán poiblí oscailte, d’eisigh sé glao ar fhianaise, reáchtáil sé suirbhéanna sonracha ar na trí phríomhréimse a cumhdaíodh leis an togra agus reáchtáil sé ceithre cheardlann le haghaidh na bpáirtithe leasmhara. Comhtháthaíodh an t-ionchur sa staidéar a thacaíonn le hobair ullmhúcháin an Choimisiúin.

**a) Comhairliúchán spriocdhírithe leis na páirtithe leasmhara**

Bhí an comhairliúchán spriocdhírithe leis na páirtithe leasmhara ar siúl ón 29 Meán Fómhair go dtí an 2 Samhain 2023. Dhírigh sé ar thionscal an spáis lena gcumhdaítear eintitis amhail institiúidí acadúla/taighde, comhlachais ghnó, monaróirí spásárthaí, oibreoirí spáis, aerlínte nó soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta, eagraíochtaí tomhaltóirí, eagraíochtaí comhshaoil, eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna), údaráis phoiblí, ceardchumainn, agus an pobal. Seoladh aighneachtaí ó 27 mBallstát an Aontais (47 % de na freagróirí) agus ó roinnt tríú tíortha amhail Ceanada, an tSeapáin, an Iorua, an Eilvéis, na Stáit Aontaithe agus an Ríocht Aontaithe (5 %).  Níor sonraíodh bunadh maidir leis an gcuid eile de na freagraí (49 %).

San iomlán, fuarthas 333 aighneacht, agus cuireadh 65 dhoiciméad tionlacain isteach, ar tháinig 170 díobh ó eagraíochtaí, 153 díobh ó dhaoine aonair, agus aighneachtaí anaithnide a bhí sa chuid eile. I measc na n-eagraíochtaí, ba mhicrifhiontair, fiontair bheaga nó fiontair mheánmhéide a bhí in 62 % díobh.

Léirigh na freagraí ar an suirbhé agus na páipéir sheasaimh a fuarthas, lena n-áirítear iad siúd ó chomhlachais tionscail, tacaíocht leathan do Ghníomh AE um Spás. Go háirithe, tá comhaontú ginearálta i measc thionscal spáis na hEorpa go gcuirfeadh Gníomh AE um Spás creat soiléir comhchoiteann ar fáil lena gcomhchuibhítear na príomhrialacha éagsúla maidir le gníomhaíocht spáis san Aontas. Meastar go bhfuil luach ar leith ag baint leis sin mar rud a chuireann ar a gcumas d’eagraíochtaí leathnú go héasca thar lear agus a gcuid seirbhísí a thairiscint i roinnt Ballstát. Thairis sin, meastar gur deis é tabhairt isteach Gníomh AE um Spás don Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le caighdeáin dhomhanda a leagan síos chun an spás a dhéanamh níos sábháilte, níos athléimní agus níos inbhuanaithe.

An tráth céanna, chuir an tionscal i dtábhacht gur cheart é a bheith d'aidhm ag Gníomh AE um Spás é a choinneáil iomaíoch trí chuideachtaí ó thríú tíortha a chuireann táirgí nó seirbhísí ar mhargadh an Aontais a áireamh ina raon feidhme. Chuir ionadaithe agus comhlachais tionscail imní in iúl freisin maidir leis an ualach agus na costais bhreise a d'fhéadfadh Gníomh AE um Spás a fhorchur ar ghnólachtaí nuathionscanta agus ar FBManna, agus d'iarr siad go ndéanfaí bearta tacaíochta chun an tionchar sin a fhritháireamh.

**b) Comhairliúchán poiblí**

Bhí an comhairliúchán poiblí le páirtithe leasmhara ar siúl ón 4 Deireadh Fómhair go dtí an 28 Samhain 2023. Bhí 11 cheist ghinearálta sa suirbhé maidir le rioscaí sábháilteachta agus slándála do ghníomhaíochtaí spáis, agus ceisteanna maidir le bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh ar leibhéal an Aontais. San iomlán, fuarthas 44 aighneacht, ó dhaoine aonair, ó eagraíochtaí, ó institiúidí acadúla/taighde, ó údaráis phoiblí, ó chomhlachais ghnó agus ó eagraíochtaí neamhrialtasacha.

Léiríodh sa suirbhé go dtacaíonn páirtithe leasmhara go láidir le Gníomh AE um Spás. Chuir na freagróirí i dtábhacht neamhdhóthanacht na ndlíthe spáis náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ann faoi láthair, agus leag siad béim ar an ngá atá le creat rialála cuimsitheach. Tacaíonn formhór na bpáirtithe leasmhara le meascán de bhearta ceangailteacha agus deonacha chun oibríochtaí spáis sábháilte, athléimneacha agus inbhuanaithe a áirithiú, agus aitheantas leathan á thabhairt don tábhacht a bhaineann le comhar idirnáisiúnta.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Bhí an Coimisiún ag brath ar shaineolas seachtrach chun an tuarascáil ar an measúnú tionchair a tharraingt suas:

- Chuir Deloitte agus Roland Berger tacaíocht chomhairliúcháin ar fáil don tuarascáil ar an measúnú tionchair;
- Rannchuidigh Cyberinflight agus Grúpa RHEA le saineolas ar an gcibearshlándáil spáis;
- Reáchtáil an Coimisiún dhá cheardlann le saineolaithe Eorpacha ar dhlí spáis an 16 Feabhra 2023 agus an 13 Samhain 2023;
- Rinne Euroconsult staidéar ar thionscal agus margadh spáis na hEorpa;
- Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil le páirtithe leasmhara éagsúla (e.g. Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA), ranna eile de chuid an Choimisiúin, an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis (GES) agus comhlachais tionscail) chun sonraí cuimsitheacha a bhailiú chun tacú leis an Measúnú Tionchair.

- **Measúnú tionchair**

I gcomhréir lena bheartas maidir le 'Rialáil Níos Fearr', rinne an Coimisiún measúnú tionchair ar an togra seo. D'eisigh Bord um Ghrinnscrúdú Rialála an Choimisiúin tuairim dhearfach le forchoimeádais an 22 Feabhra 2024 le haghaidh an mheasúnaithe tionchair[14]. Breithníodh na roghanna beartais seo a leanas ann.

- Rogha beartais 1: d'éascódh an Coimisiún códú beart neamhcheangailteach idir an tionscal agus na Ballstáit trí chur chuige comhrialála. Déanann comhrialáil bearta reachtacha agus rialála a chomhcheangal le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag na

(14) Cuimseofar naisc chuig an mbileog achomair agus chuig tuairim dhearfach an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála tar éis a bhfoilsithe.

gníomhaithe is mó lena mbaineann, agus leas á bhaint as a saineolas praiticiúil. Ina theannta sin, cuireann sé forbairt lipéad ag an tionscal chun cinn.

- Rogha beartais 2: creat ceangailteach de chuid an Aontais a ghlacadh.
- Rogha beartais 2+: creat ceangailteach de chuid an Aontais dá dtagraítear i rogha 2 a ghlacadh, in éineacht le bearta neamhcheangailteacha agus bearta tacaíochta.
- Rogha beartais 2++: rogha beartais 2 agus 2+ le comhaontuithe déthaobhacha idirnáisiúnta chun cur chuige domhanda a chothú maidir le sábháilteacht spáis, athléimneacht agus tionchar comhshaoil gníomhaíochtaí spáis.

Bunaithe ar mheasúnú agus ar chomparáid na roghanna uile, rangaíodh rogha 2+ ‘Creat ceangailteach a ghlacadh ar leibhéal an Aontais, in éineacht le bearta neamhcheangailteacha’ mar an rogha beartais ab fhearr. Tá an toradh sin i gcomhréir freisin leis an rogha beartais ab fhearr arna roghnú ag páirtithe leasmhara (lena n-áirítear FBManna) sa chomhairliúchán spriocdhírithe.

**Forbhreathnú ar an tionchar eacnamaíoch**

Baineann roinnt costas agus tairbhí leis an gcreat rialála d’earnáil an spáis a chur chun feidhme don earnáil phoiblí agus don earnáil phríobháideach araon.

Maidir leis an earnáil phoiblí, déanann na Ballstáit a bhfuil cláir spáis sheanbhunaithe acu measúnú cheana féin ar roinnt mhaith de na ceanglais atá á mbeartú, i gcomhréir le hoibleagáidí conartha na Náisiún Aontaithe. Óstálann na Ballstáit sin an chuid is mó d’earnáil spáis na hEorpa agus ní theastódh ach mionchoigeartú ar a rialacha, rud a d’fhágfadh an t-ualach riaracháin chomh híseal agus is féidir (1-2 choibhéis lánaimseartha (FTEnna)). Os a choinne sin, is iondúil go ndéanann Ballstáit nach bhfuil aon reachtaíocht spáis acu gníomhaíochtaí spáis atá ag teacht chun cinn a óstáil. Sa chás sin, bheadh na costais choigeartaithe le haghaidh ceanglais nua fós teoranta (suas le 4 FTE).

I ndáil leis an measúnú teicniúil chun ceanglais údarúcháin an Aontais a chomhlíonadh, féadfaidh na Ballstáit rogha a dhéanamh brath ar an measúnú teicniúil arna sholáthar ag GES agus ag Gníomhaireacht an Aontais um an gClár Spáis (EUSPA nó ‘an Ghníomhaireacht’).

I gcás na hearnála príobháidí, athraíonn na costais de réir na cuideachta. D’fhéadfadh sé go mbeadh ar oibreoirí satailíte dul i ngleic le méadú suas le 10 % ar chostais mhonaraíochta d’ardáin satailíte, ag brath ar riachtanais an mhisin spáis. Tabhóidh soláthraithe seirbhíse lainseála costais bhreise, agus d’fhéadfadh soláthraithe mórscála suas le EUR 1.5 milliún a íoc le lainseálaithe troma (Aicme Ariane 64) agus le FBManna suas le EUR 200 000. Meastar gurb ionann na costais bainistíochta riosca do chuideachtaí agus 10 % dá mbuiséid TF, agus beidh costas thart ar EUR 100 000 ar na ceanglais údarúcháin in aghaidh na líne táirge. Cosnóidh cur chun feidhme na rialacha catagóire maidir leis an lorg comhshaoil táirge (PEFCRanna) EUR 4 000-8 000.

D’ainneoin na gcostas sin, tá coinne leis go dtiocfaidh buntáistí suntasacha as simpliú na rialála. Leis an gcumas táirge aonair a mhargú ar fud 27 mBallstát, déantar cuíchóiriú ar an rochtain agus laghdaítear bacainní riaracháin lena gcumasaítear am níos tapúla chun an mhargaidh. Meastar go sábhálfaidh an t-aistriú ó údarú satailíte aonair go húdarú buíonta amháin EUR 68 milliún d’oibreoirí satailíte sna 10 mbliana amach romhainn. Ina theannta sin, meastar go mbeidh tionchar eacnamaíoch bliantúlaithe EUR 1.3 billiún ag síneadh saolré satailítí i ndomhanfhithis íseal ó 5 bliana go 6 bliana. Bainfidh cuideachtaí buntáiste iomaíoch domhanda amach, agus bainfidh siad tairbhe as ardchaighdeáin chibearshlándála lena laghdaítear na rioscaí cibearshlándála, agus d’fhéadfadh monaróirí EUR 320 milliún a shábháil in aghaidh na bliana. San fhadtéarma, tá coinne leis go gcothóidh an Gníomh AE um

Spás atá beartaithe tionscal spáis an Aontais (arna ríomh ag 20 % de mhargadh réamh-mheasta EUR 700 billiún faoi 2031), agus teacht chun cinn deighleog nua gnó á chothú an tráth céanna, amhail baint ghníomhach smionagair, seirbhísiú ar fhithis, cóimeáil agus monaraíocht, agus teicneolaíochtaí criptiúcháin.

**Forbhreathnú ar an tionchar sóisialta**

I gcomparáid leis na roghanna eile, bheadh tairbhí suntasacha ag baint leis an rogha beartais ab fhearr i dtéarmaí comhlíonadh méadaithe, i bhfianaise chineál ceangailteach na mbeart atá beartaithe (i dteannta bearta neamhcheangailteacha agus bearta tacaíochta). Thabharfadh sé cosaint do rochtain ar sheirbhísí spásbhunaithe don phobal, chuirfí feabhas ar mhuinín as seirbhísí córas spáis agus sonraí spásbhunaithe agus ar a spleáchas orthu, agus chuirfí feabhas ar an rialachas trí choinníollacha údaraithe comhchuibhithe. Ina theannta sin, thabharfadh sé cosaint freisin do réalteolaithe agus pobail dhúchasacha trí thruailliú solais a laghdú, agus rannchuideodh sé leis an nuálaíocht, leis an bhfás agus leis an iomaíochas in earnáil an spáis.

**Forbhreathnú ar an tionchar ar an gcomhshaol**

Bheadh tionchar dearfach ag an rogha beartais ab fhearr ar an gcomhshaol mar gheall ar na ceanglais éigeantacha lena gcumhdaítear dífhithisiú satailítí agus measúnú saolré (MSR) coiteann. Bunaithe ar PEFCR, thabharfadh an ceanglas údarúcháin forbhreathnú ar na catagóirí éagsúla tionchair ar an gcomhshaol. D'éascódh sé freisin rochtain ar mhaoiniú inbhuanaithe do thionscal spáis an Aontais.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Chuirfeadh comhchreat rialála feabhas ar iomaíochas thionscal spáis an Aontais trí (1) an t-ualach riaracháin agus na costais riaracháin a laghdú do chuideachtaí nach mbeadh orthu ceanglais iomadúla neamhchomhordaithe a chomhlíonadh ar fud an Aontais a thuilleadh; (2) iontaofacht chuideachtaí spáis an Aontais a mhéadú trí athléimneacht agus sábháilteacht fheabhsaithe, rud a thabharfaidh buntáiste iomaíoch domhanda dóibh.

Le comhtháthú feabhsaithe an mhargaidh inmheánaigh, d'osclófaí an doras freisin do mhargaí nua do FBManna, rud a mhéadódh méid mhargadh ábhartha an Aontais agus a chothódh nuálaíocht. Mheallfadh sé sin tuilleadh infheistíochta príobháidí freisin, rud a chuirfeadh le huas-scálú agus fás thionscal an Spáis Nua san Aontas (gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá i mbun fáis agus FBManna a bhfuil tiomsú airgid níos mó de dhíth orthu den chuid is mó).

Is é is cuspóir don tionscnamh atá beartaithe cothrom iomaíochta coiteann a chruthú ar leibhéal an Aontais, lena n-áiritheofar nach mbeidh oibreoirí spáis an Aontais thíos le saobhadh iomaíochta ag oibreoirí spáis atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus go mbainfidh siad tairbhe as caighdeáin nach bhfuil chomh dian céanna. D'fhéadfadh an fhéidearthacht d'aitheantas frithpháirteach a bheith ann feabhas a chur ar an sciar den mhargadh atá ag oibreoirí spáis an Aontais ar deireadh.

Thiocfadh na costais don tionscal agus go háirithe do FBManna as an ngá atá le ceanglais theicniúla agus oibríochtúla a chomhlíonadh, mar aon le costais bhreise le haghaidh seiceálacha riaracháin agus forfheidhmiú. Ar an iomlán, is dócha go méadódh na hathruithe sin an t-ualach riaracháin agus na costais riaracháin ar fud an tionscail, lena n-áirítear le haghaidh FBManna. D'fhéadfadh méadú 3 % go 10 % teacht ar chostais mhonaraíochta. D'fhéadfaí an tionchar sin a mhaolú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) éifeacht na mbeart tacaíochta agus (ii) an chomhréireacht atá leabaithe sna rialacha (chun, mar shampla, méid na gcuideachtaí, criticiúlacht an mhisin nó an fhithis a chur san áireamh). Bheadh tairbhí oibríochtúla do FBManna i gceist leis an tionscnamh freisin, is é sin ioncam méadaithe mar gheall ar shaolré satailíte níos faide.

- **Cearta bunúsacha**

Urramaítear an tsaoirse fiontraíochta go hiomlán leis na hoibleagáidí (Airteagal 16 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh). Le comhchreat rialála, chuirfí feabhas ar dheimhneacht dhlíthiúil agus chothófaí timpeallacht atá fabhrach don nuálaíocht agus don iomaíocht in earnáil an spáis. Leis na ceanglais, saothraítear cuspóirí dlisteanacha leasa ghinearálta lena n-áirithítear sábháilteacht, athléimneacht agus inbhuanaitheacht chomhshaoil na ngníomhaíochtaí spáis. Ina theannta sin, tá siad teoranta don mhéid is gá agus is comhréireach, le coimircí chun a ráthú go leanfaidh aon tionchar ar ghníomhaíochtaí na n-oibreoirí spáis de bheith teoranta agus comhsheasmhach le prionsabal na comhréireachta a chumhdaítear in Airteagal 52(1) den Chairt.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Déantar foráil maidir le forbhreathnú mionsonraithe ar impleachtaí an togra ar bhuiséad an Aontais Eorpaigh sa 'Ráiteas Reachtach Airgeadais agus Digiteach' atá nasctha leis an togra seo.

Tá tionchar ag an togra ar údaráis inniúla ar an leibhéal náisiúnta (i.e. iad siúd atá freagrach as ceadúnais ábhartha a eisiúint chun gníomhaíochtaí spáis a dhéanamh). Tugtar tuairisc níos mionsonraithe ar na tionchair sin san fhorbhreathnú ar an tionchar eacnamaíoch agus sa mheasúnú tionchair.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Dhéanfaí faireachán ar chuspóirí sonracha an tionscnaimh ar bhonn bliantúil. Dhéanfaí meastóireacht ar an togra 5 bliana tar éis dó teacht i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar thionchar agus ar fhreagairt an mhargaidh, go háirithe FBManna.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

**TEIDEAL I Forálacha ginearálta**

I d**Teideal I** (Airteagail 1-5) leagtar síos na rialacha ginearálta maidir le hábhar an rialacháin. Cumhdaítear leis na rialacha sin údarú, clárú agus maoirseacht gníomhaíochtaí spáis san Aontas, gnéithe bainistithe tráchta fithise, rialachais agus forfheidhmithe agus bunú lipéad spáis de chuid an Aontais. Sonraítear in Airteagal 2 ('Raon feidhme') cé na soláthraithe seirbhísí spáis agus na spásréada a bhfuil feidhm ag an Rialachán maidir leo, lena n-áirítear oibreoirí tríú tír a sholáthraíonn seirbhísí spáis nó sonraí spásbhunaithe san Aontas. Le Teideal I, bunaítear freisin prionsabal na saorghluaiseachta le haghaidh sonraí spásbhunaithe agus seirbhísí spáis laistigh den Aontas agus tá clásal ann lena gcaomhnaítear inniúlacht na mBallstát maidir leis an tslándáil náisiúnta. Ar deireadh, leagtar amach ann na príomhshainmhínithe a úsáidtear ar fud an Rialacháin.

**Teideal II Gníomhaíochtaí spáis a údarú agus a chlárú**

I g**Caibidil I** (Airteagail 06-10) leagtar síos na coinníollacha nach mór d'oibreoirí spáis an Aontais a chomhlíonadh chun údarú a fháil le haghaidh gníomhaíochtaí spáis a dhéanamh. Déanann údaráis náisiúnta inniúla na mBallstát maoirseacht ar an bpróiseas chun údarú a dheonú d'oibreoirí spáis an Aontais, agus cuireann siad an Ghníomhaireacht ar an eolas faoi na hoibreoirí spáis údaraithe uile. Cláraíonn an Ghníomhaireacht na hoibreoirí spáis uile i gClár an Aontais um Réada Spáis (CARS), lena n-áirítear oibreoirí spáis tríú tír a ndéanann an Coimisiún cinneadh ina leith dá dtagraítear i gCaibidil III. Tugtar isteach nós imeachta

simplithe um údarú, in éineacht lena athnuachan nó a tharraingt siar ina dhiaidh sin, chun buíon satailítí a lainseáil. Leagtar síos córais éadroma agus díolúintí sonracha le haghaidh catagóirí áirithe d'oibreoirí spáis an Aontais, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta.

Leagtar amach i g**Caibidil II** (Airteagail 11-13) an nós imeachta um údarú d'oibreoirí spáis an Aontais a bhfuil sé beartaithe acu sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais a oibriú nó a lainseáil. Eisíonn an Coimisiún an t-údarú (ar thogra ón nGníomhaireacht maidir le measúnú teicniúil), déanann sé maoirseacht leanúnach agus déanann sé údarú i ndáil le sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais a chur ar fionraí nó a tharraingt siar sna himthosca a leagtar amach sa Rialachán.

I g**Caibidil III** (Airteagail 14-23) leagtar amach na rialacha maidir le clárú oibreoirí tríú tír agus eagraíochtaí idirnáisiúnta a sholáthraíonn seirbhísí spásbhunaithe san Aontas. Áirítear ann maoluithe sonracha maidir le seirbhísí lainseála arna soláthar ag eintitis tríú tír, eintitis rialtais tríú tír, chomh maith le clásal éigeandála an mhargaidh aonair. Déanfar oibreoirí spáis tríú tír agus eagraíochtaí idirnáisiúnta a sholáthraíonn seirbhísí spáis nó sonraí spásbhunaithe san Aontas a chlárú in CARS nuair a léireoidh siad go bhfuil siad ag comhlíonadh na gceanglas teicniúil a leagtar síos sa Rialachán. Déanfaidh an Ghníomhaireacht liosta ar leithligh de gach príomhsholáthraí sonraí spásbhunaithe san Aontas a tharraingt suas freisin. Oibreoirí spáis atá bunaithe i dtríú tír ar ghlac an Coimisiún cinneadh coibhéise ina leith, glactar leis go gcomhlíonann siad ceanglais an Rialacháin. Ainmneoidh oibreoirí tríú tír ionadaí dlíthiúil san Aontas chun comhar éifeachtach leis na húdaráis inniúla, leis an gCoimisiún agus leis an nGníomhaireacht a ráthú.

I g**Caibidil IV** (Airteagail 24-27) leagtar síos rialacha maidir le bunú CARS, an deimhniú leictreonach agus soláthar sonraí spásbhunaithe agus seirbhísí spáis san Aontas. Eiseoidh an Ghníomhaireacht deimhnithe leictreonacha lena bhfianaítear comhréireacht na sonraí spásbhunaithe agus na seirbhísí spáis arna soláthar ag eintitis tríú tír agus ag eagraíochtaí idirnáisiúnta le ceanglais an Rialacháin. Ní mór deimhniú leictreonach a bheith ag gabháil le conarthaí chun sonraí spásbhunaithe agus seirbhísí spáis a sholáthar san Aontas, agus ní mór do phríomhsholáthraithe sonraí spásbhunaithe fógra a thabhairt don Ghníomhaireacht faoi aon neamhrialtacht amhrasta.

**TEIDEAL III Gnéithe rialachais**

I g**Caibidil I** (Airteagail 28-39) leagtar amach i Roinn 1 na príomhphrionsabail rialachais do na Ballstáit maidir le húdarú agus maoirseacht gníomhaíochtaí spáis agus maidir le faireachas margaidh. Ba cheart do gach Ballstát údarás inniúil a ainmniú nó a chur ar bun a mbeidh acmhainní agus cumhachtaí leordhóthanacha aige chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh oibreoirí spáis an Aontais. Ní mór cumhachtaí maoirseachta, imscrúdaitheacha, ceartaitheacha agus smachtbhannaí a bheith ag údaráis inniúla náisiúnta.

Leagtar síos i Roinn 2 nósanna imeachta do na Ballstáit a bhfuil sé beartaithe acu comhlachtaí teicniúla cáilithe a ainmniú le haghaidh gníomhaíochtaí spáis. Ceapfaidh na Ballstáit sin údarás chun measúnú a dhéanamh ar na comhlachtaí, iad a ainmniú agus faireachán a dhéanamh orthu. Is féidir gurb é sin an comhlacht náisiúnta creidiúnaithe (NAB) a ainmnítear ar an leibhéal náisiúnta, a bhfuil sé de chúram air a áirithiú go gcomhlíonann agus go gcoinníonn na comhlachtaí sin an inniúlacht theicniúil is gá chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht le ceanglais theicniúla Theideal IV den Rialachán. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoina gcomhlachtaí teicniúla cáilithe. Leagtar amach i Roinn 3 an nós imeachta chun iarratas a dhéanamh le bheith ina chomhlacht teicniúil cáilithe le haghaidh ábhair a chumhdaítear le Teideal IV agus na ceanglais is infheidhme. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir achomharc a dhéanamh in aghaidh na gcinntí arna nglacadh ag comhlachtaí teicniúla cáilithe.

I g**Caibidil II** (Airteagail 40-57) leagtar amach an rialachas ar leibhéal an Aontais, ina mionsonraítear na róil agus na freagrachtaí i Roinn 1. Deonaítear cúraimí nua don Ghníomhaireacht go háirithe chun tacú leis an gCoimisiún agus cúnamh a thabhairt dó maidir le húdarú agus maoirseacht oibreoirí spáis an Aontais ar sócmhainní faoi úinéireacht an Aontais iad, maidir le clárú oibreoirí spáis tríú tír agus eagraíochtaí idirnáisiúnta a sholáthraíonn sonraí spásbhunaithe agus seirbhísí spáis san Aontas. Déanfaidh an Ghníomhaireacht na bunachair sonraí is gá (CARS agus bunachar sonraí liosta teagmhálaithe an Aontais le haghaidh foláirimh faoi theagmhais ardleasa) a bhunú agus a bhainistiú agus eiseoidh sí na deimhnithe leictreonacha.

Bunóidh an Ghníomhaireacht struchtúir inmheánacha thiomnaithe (an Bord um Chomhlíonadh agus an Bord Achomhairc) chun tacú leis an gCoimisiún agus chun cúnamh a thabhairt dó maidir le hoibreoirí spáis agus oibreoirí spáis tríú tír a údarú agus a chlárú, agus chun tacú leis na Ballstáit nach bhfuil comhlachtaí teicniúla cáilithe acu, trí phróisis measúnaithe theicniúil. Thacódh an Ghníomhaireacht leis an gCoimisiún cumhachtaí maoirseachta a fheidhmiú ar oibreoirí spáis an Aontais agus ar sholáthraithe tríú tír. Chosnódh an Bord Achomhairc na cearta cosanta in aghaidh cinntí arna nglacadh ag an nGníomhaireacht. Maoineofar na cúraimí nua trí chóras táillí clárúcháin. Sonraítear i Roinn 2 cumhachtaí na Gníomhaireachta agus an Choimisiúin maidir le hoibreoirí sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais agus maidir le hoibreoirí spáis tríú tír.

**TEIDEAL IV Ceanglais theicniúla**

I dTeideal IV tá na ceanglais nach mór do na catagóirí éagsúla soláthraithe seirbhísí spáis a chomhlíonadh, ceanglais a bhaineann go príomha le cúrsaí sábháilteachta, athléimneachta agus inbhuanaitheachta comhshaoil.

I g**Caibidil I** (Airteagail 58-73) leagtar síos rialacha maidir le sábháilteacht agus inbhuanaitheacht sa spás, lena gcumhdaítear na lainseálaithe (Roinn 1) agus an spásárthach (Roinn 2). Tá sé d'aidhm ag na rialacha sábháilteachta rioscaí imbhuailte a laghdú, cruthú smionagair i bhfithis a mhaolú, agus lainseáil agus athiontráil shábháilte a áirithiú, le nósanna imeachta sonracha agus ceanglais theicniúla le haghaidh oibreoirí spáis.

Faoi Roinn 1, ní mór d'oibreoirí lainseála comhordú le húdaráis agus le soláthraithe seirbhísí tráchta chun an riosca imbhuailtí le linn lainseála agus athiontrála a mhaolú. Ceanglaítear orthu córais sábháilteachta eitilte a shuiteáil agus bearta rialaithe smionagair spáis a chur i bhfeidhm. Na modhanna mionsonraithe chun deiseanna seachanta imbhuailte, tairseacha riosca taismigh, agus nósanna imeachta comhordúcháin a ríomh, ní mór don Choimisiún na modhanna sin a ghlacadh trí ghníomhartha cur chun feidhme.

Faoi Roinn 2, ní mór d'oibreoirí spásárthaí inrianaitheacht spásárthaí a áirithiú agus liostáil le seirbhísí seachanta imbhuailte. Ní mór dóibh comhordú athiontrála a bhainistiú agus leibhéal áirithe so-ionramháilteachta a choinneáil ar bun. I measc na n-oibleagáidí breise tá an gá atá le pleananna maolaithe smionagair spáis a tharraingt suas, teorainn a chur le truailliú solais agus raidió agus caighdeáin bhreise sábháilteachta agus maolaithe smionagair a chomhlíonadh le haghaidh buíonta móra. Féadfaidh oibreoirí spáis síntí misin a iarraidh, má leanann siad de na ceanglais maidir le smionagar spáis agus deireadh ré a chomhlíonadh. Ní mór d'oibreoirí spáis a áirithiú go gcomhlíonann monaróirí soláthróirí na ceanglais deartha agus monaraíochta a leagtar síos sa chaibidil seo.

I g**Caibidil II** (Airteagail 74-95) leagtar síos prionsabail ghinearálta a bhfuil feidhm acu maidir le bainistiú riosca le haghaidh bonneagar spáis agus an gá atá ann measúnú riosca a dhéanamh, ag tógáil ar an reachtaíocht atá ann cheana maidir le cibearshlándáil agus athléimneacht fhisiciúil eintiteas criticiúil. Ceanglófar ar oibreoirí spáis bearta cuimsitheacha,

comhréireacha agus uile-ghuaise a dhéanamh chun gach riosca don bhonneagar spáis a bhainistiú. Síneann na bearta sin ar feadh shaolré iomlán misin spáis (ó dhearadh agus monaraíocht go lainseáil, oibriú agus diúscairt) agus cumhdaítear bagairtí digiteacha agus fisiciúla araon.

Cé gur cheart d'earnáil an spáis leanúint de bheith mar chuid d'éiceachóras NIS 2, ba cheart feidhm a bheith ag cibir-rialacha atá saincheaptha d'earnáil an spáis, a leagtar síos sa Chaibidil seo, maidir le hoibreoirí spáis an Aontais a shainaithnítear i bpointí (8) agus (11) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le NIS 2, chun dúbláil a sheachaint agus chun na bearnaí i gcumhdach earnáil an spáis a líonadh. Déanfaidh oibreoirí spáis measúnuithe riosca, sainaithneoidh siad leochaileachtaí, cuirfidh siad bearta feabhsúcháin chun feidhme agus cuirfidh siad cásanna riosca in oiriúint do shainiúlacht gach misin spáis. Ba cheart d'oibreoirí spáis beartais chuimsitheacha a bhunú agus a choinneáil ar bun maidir le slándáil faisnéise a bhainistiú, dianrialú ar chearta rochtana agus cosaint fhisiciúil sócmhainní spáis a áirithiú. Leagtar síos tuilleadh rialacha maidir le teagmhais a bhrath agus faireachán a dhéanamh orthu, cripteagrafaíocht a chur chun feidhme, prótacail chúltaca, beartais chuimsitheacha leanúnachais gnó agus pleananna freagartha agus téarnaimh a ullmhú. Ba cheart d'oibreoirí spáis atá faoi réir an chórais simplithe bainistithe riosca bearta níos éadroime a chur i bhfeidhm agus athléimneacht sócmhainní agus feidhmeanna criticiúla á háirithiú an tráth céanna. Tuairisceoidh oibreoirí spáis an Aontais teagmhais shuntasacha sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais don Ghníomhaireacht. Éascóidh Líonra Athléimneachta Spáis an Aontais (EUSRN) an comhar idir an Coimisiún, an Ghníomhaireacht agus na húdaráis inniúla náisiúnta maidir le faireachán a dhéanamh ar chibeartheagmhais shuntasacha agus iad a láimhseáil agus maidir le bearta athléimneachta a ailíniú le creataí cibearshlándála eile de chuid an Aontais.

Baineann **Caibidil III** (Airteagal 96-100) le hinbhuanaitheacht comhshaoil. Ceanglaítear leis ar oibreoirí spáis an lorg comhshaoil a ríomh le linn shaolré an mhisin spáis, lena n-áirítear na céimeanna deartha, monaraíochta, oibríochtaí agus deireadh ré, mura gcomhlíonann siad na coinníollacha le haghaidh díolúine. Ní mór d'oibreoirí spáis dearbhú maidir le lorg comhshaoil a chur isteach mar chuid dá n-iarratas ar údarú, mar aon le staidéir agus sonraí tacaíochta maidir leis an lorg comhshaoil, a fhíorófar trí dheimhniú a eiseoidh comhlacht teicniúil cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis. Ceanglaítear orthu na sonraí ábhartha uile a fháil óna soláthróirí, tacair sonraí comhiomlánaithe agus imdhealaithe a sheoladh chuig an gCoimisiún lena n-áireamh i mbunachar sonraí an loirg chomhshaoil, agus iad a choinneáil cothrom le dáta.

I g**Caibidil IV** (Airteagal 101) tagraítear do cheanglais maidir le hoibríochtaí agus seirbhísí sa spás (OS-S). Beidh spásárthaí feistithe chun seirbhísiú sa spás a ghlacadh trí chomhéadain thiomnaithe. Sonróidh an Coimisiún na prionsabail deartha le haghaidh na gcomhéadan sin agus féadfaidh sé coinníollacha breise bainte smionagair a leagan síos maidir le réada bagracha.

I g**Caibidil V** (Airteagal 102-103) leagtar síos rialacha maidir le trácht fithiseach, lena n-áirítear rialacha maidir leis an gcaoi ar cheart ainlithe seachanta imbhuailte a dhéanamh faoi fholáirimh teagmhais ardleasa. Tugtar isteach leis cur chuige 'ceart slí', atá ceaptha réiteach ar imbhuailtí idir iliomad spásárthaí so-ionramháilte a éascú.

Le **Caibidil VI** (Airteagal 104) cumhachtaítear don Choimisiún iarraidh ar eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeáin a dhréachtú nó gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun sonraíochtaí comhchoiteanna a leagan síos le haghaidh ceanglais theicniúla áirithe.

**TEIDEAL V Cinntí coibhéise, comhaontuithe idirnáisiúnta agus rialacha d'eagraíochtaí idirnáisiúnta**

Le **Teideal V** (Airteagail 105-108), cuirtear ar a chumas don Choimisiún cinntí coibhéise a dheonú d'oibreoirí spáis tríú tír agus leagtar amach na rialacha is infheidhme maidir le heagraíochtaí idirnáisiúnta, ag brath ar an gcineál sócmhainne. Féachfaidh an tAontas, de réir mar is iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE, le comhaontuithe a thabhairt i gcrích le heagraíochtaí idirnáisiúnta a fheidhmíonn sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais.

**TEIDEAL VI Bearta tacaíochta**

I g**Caibidil I** (Airteagail 109-111) leagtar síos sraith beart tacaíochta chun cuidiú le cuid de na costais cur chun feidhme a fhritháireamh, go háirithe le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá i mbun fáis agus FBManna, agus chun tacú le cur chun feidhme an Rialacháin. Áirítear ar na bearta tacaíochta bearta fothaithe acmhainneachta (e.g. ábhar treorach a chur i dtoll a chéile), cúnamh teicniúil (e.g. díorma saineolaithe neamhspleácha a bhunú a thacóidh le hoibreoirí spáis na sainchomhaid theicniúla a thiomsú), agus réiteach digiteach a chistiú (i.e. tairseach faisnéise ilfhreastail).

Le **Caibidil II** (Airteagail 112-113) tugtar isteach 'creat lipéad spáis an Aontais' chun lipéad spáis an Aontais a bhronnadh ar oibreoirí spáis a bhfuil sé beartaithe acu go deonach ceanglais níos airde maidir le sábháilteacht, athléimneacht agus inbhuanaitheacht comhshaoil a chomhlíonadh, sa bhreis orthu sin a leagtar síos sa Rialachán.

**Teideal VII Forálacha idirthréimhseacha agus críochnaitheacha**

I d**Teideal VII** (Airteagail 114-120) tá na forálacha maidir le cumhacht an Choimisiúin gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme agus rúndacht ghairmiúil a ghlacadh. Foráiltear ann freisin do chlásal athbhreithnithe, d'idirthréimhsí agus don dáta teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm.

2025/0335 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le sábháilteacht, athléimneacht agus inbhuanaitheacht gníomhaíochtaí spáis san Aontas

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[(1)],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[(2)],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá sonraí spásbhunaithe agus seirbhísí spáis anois ina gcuid thábhachtach de gheilleagar an Aontais agus de shaol laethúil na saoránach. Úsáidtear iad in earnálacha atá ríthábhachtach le haghaidh fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, lena n-áirítear iad sin a chumhdaítear le Treoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[(3)] maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil agus Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[(4)] maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais.

(2) Cuireann sonraí spásbhunaithe agus seirbhísí spáis go mór le raon leathan fearann, amhail nascacht idirlín, teilifís satailíte, bainistiú loingseoireachta agus faireachán comhshaoil. Cumasaíonn siad feidhmeanna chun críoch eolaíoch nó oibríochtaí slándála agus cosanta, amhail misin chuardaigh agus tarrthála, cumarsáid chun críoch ceannais agus rialaithe agus cumais taiscéalaíochta. Tacaíonn sonraí spásbhunaithe agus seirbhísí spáis níos mó le cur chun feidhme bheartais phoiblí na mBallstát agus cuireann siad clár oibre polaitiúil an Aontais agus a chonair i dtreo an aistrithe dhigitigh agus an aistrithe ghlais chun cinn.

---

(1) IO C […], […], lch. […]

(2) IO C […], […], lch. […]

(3) Treoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/114/CE (an Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil) ón gComhairle (IO L 333 164, 27.12.2022. lch. 164, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2022/2557/oj).

(4) Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972, agus lena n- aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (an Dara Treoir NIS) (IO L 333, 27.12.2022, lch. 80, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2022/2555/oj).

(3) Tá athruithe struchtúracha feicthe in earnáil spáis an Aontais le 10 mbliana anuas. Spreagadh iad sin i bpáirt mar gheall ar éileamh méadaithe ar sheirbhísí spáis agus ar rochtain ar spás a bheith níos inrochtana mar gheall ar dhul chun cinn teicneolaíoch agus laghdú ar chostais. Na gníomhaíochtaí spáis a bhí comhchruinnithe roimhe seo i roinnt Ballstát agus a raibh gníomhaithe tionsclaíocha seanbhunaithe móra i gceannas orthu, osclaíodh iad de réir a chéile i dtreo iontrálaithe nua sa mhargadh. Le teacht chun cinn gníomhaithe margaidh sa 'Spás Nua', mar a thugtar orthu, ar fud fhormhór na mBallstát, ar cuideachtaí príobháideacha iad an chuid is mó díobh, bhíothas in ann margadh spáis an Aontais a leathnú, agus cineál trasteorann na ngníomhaíochtaí spáis a nochtadh an tráth céanna.

(4) Léirítear an ghné thrasteorann sin de ghníomhaíochtaí spáis le soláthar trasnáisiúnta sócmhainní bonneagair spáis, trína ndéanann roinnt Ballstát táirgí, comhpháirteanna agus córais de chodanna éagsúla den bhonneagar spáis, chomh maith leis an teicneolaíocht agus an saineolas ábhartha, a chomhthiomsú le chéile, nó trína ndéantar an méid sin a chomhthiomsú ó roinnt Ballstát. An tráth céanna, braitheann na Ballstáit ar chumais a chéile agus lainseálacha spásárthaí á ndéanamh acu. Ar an gcaoi chéanna, nochtann na hoibríochtaí lainseála agus athiontrála an ghné thrasteorann dhúchasach tríd an tionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí spáis ar aerspás roinnt Ballstát.

(5) Leis na hathruithe struchtúracha a chonacthas in earnáil spáis an Aontais, le fás na ngníomhaíochtaí spáis agus leis an ról méadaithe atá ag gníomhaithe príobháideacha maidir le gníomhaíochtaí spáis a dhéanamh, leathnaíodh na hidirghabhálacha rialála náisiúnta. Tá reachtaíocht achtaithe ag 13 Bhallstát cheana féin lena rialaítear na gníomhaíochtaí spáis agus déanann roinnt Ballstát eile ullmhúcháin chun reachtaíocht chomhchosúil a achtú.

(6) Tá idirghabhálacha rialála náisiúnta bunaithe ar riachtanais dhlisteanacha na mBallstát chun an chaoi a ndéantar a ngníomhaíochtaí spáis a leagan amach. Comhlíonann na Ballstáit a bhfreagrachtaí a eascraíonn as Airteagal VI de Chonradh na Náisiún Aontaithe (NA) ar na Prionsabail lena rialaítear Gníomhaíochtaí Stát i dTaiscéalaíocht agus in Úsáid an Chianspáis, lena n- áirítear an Ghealach agus Reanna Neimhe eile toisc go bhfuil freagracht agus dliteanas idirnáisiúnta orthu, de bhun an Chonartha sin, as na gníomhaíochtaí náisiúnta uile a dhéanann gníomhaireachtaí rialtais nó eintitis neamhrialtasacha sa chianspás. Éilítear sa Chonradh Cianspáis go ndéanfaí gníomhaíochtaí náisiúnta i gcomhréir lena fhorálacha, lena gceanglaítear go sainráite go mbeidh gníomhaíochtaí sa chianspás a dhéanann eintitis neamhrialtasacha faoi réir údarú agus maoirseacht leanúnach ag an Stát iomchuí is páirtí sa Chonradh Cianspáis.

(7) Mar sin féin, ní dhéantar foráil, sa Chonradh Cianspáis ná in aon chonradh idirnáisiúnta eile de chuid chreat rialála na Náisiún Aontaithe don spás, maidir le rialacha sonracha agus mionsonraithe chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí atá ag teacht chun cinn a bhaineann leis an méadú ar ghníomhaíochtaí spáis. Leis na Treoirlínte maidir le hInbhuanaitheacht Fhadtéarmach a ghlac na Náisiúin Aontaithe, cuirtear creat gníomhaíochtaí ar fáil d'eintitis náisiúnta agus réigiúnacha chun cosaint fithisí amach anseo a áirithiú. Mar sin féin, cé is moite de na treoirlínte neamhcheangailteacha sin, plódú fithisí, an riosca imbhuailte, an riosca go gcuirfí isteach ar sheirbhísí spáis mar gheall ar chibirionsaithe a dhéantar ar bhonneagar spáis chomh maith le tionchar na ngníomhaíochtaí spáis ar an gcomhshaol, is cúis imní iad atá ag dul i méid maidir le sábháilteacht, athléimneacht agus inbhuanaitheacht comhshaoil gníomhaíochtaí spáis, nach bhfuil aon reachtaíocht ar an leibhéal idirnáisiúnta ina leith, rud a fhágann bearna rialála.

(8) Thairis sin, téann na conarthaí idirnáisiúnta spáis siar go dtí tráth a bhí an dlí spáis ina thús agus leagtar síos leo an bunús do chreat ginearálta prionsabal agus oibleagáidí ginearálta. In éagmais noirm theicniúla nuashonraithe agus mhionsonraithe chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí sábháilteachta, athléimneachta agus inbhuanaitheachta atá ag teacht chun cinn, tá a gcur chuige rialála agus údaraithe féin á saothrú ag na Ballstáit, agus rialacha éagsúla acu lena gcumhdaítear oibríochtaí satailíte, ionaid lainseála agus oibríochtaí, lainseálaithe agus satailítí ar bord.

(9) Tá cuspóir coiteann ag na cineálacha cur chuige sin, is é sin na coinníollacha údaraithe a leagan amach chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí thuasluaite. Dá bhrí sin, aithníonn na Ballstáit a thábhachtaí atá sé sábháilteacht fithisí agus athléimneacht an bhonneagair spáis a chaomhnú, agus aird chuí á tabhairt ar úsáid optamach agus inbhuanaithe an chianspáis. Bíonn reachtaíocht náisiúnta spáis den sórt sin éagsúil, áfach, maidir le méid agus doimhneacht na gceanglas sonrach chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí do shábháilteacht, athléimneacht agus inbhuanaitheacht gníomhaíochtaí spáis. I ndáil leis an méid sin, bíonn cineálacha cur chuige na mBallstát éagsúil, agus bíonn idir sheasaimh íostacha agus sheasaimh normatacha mhionsonraithe acu. D'fhéadfadh ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh agus laghdú ar an deimhneacht dhlíthiúil a theastaíonn ó oibreoirí spáis an Aontais a bheith mar thoradh ar cheanglais náisiúnta éagsúla.

(10) Mar thoradh air sin, tagann creataí éagsúla ilroinnte maidir le gníomhaíochtaí spáis chun cinn ar fud an Aontais, creataí a spreagtar le noirm éagsúla le neamhréireachtaí ina leibhéal mionsonraí, rud a fhágann freisin go bhfuil easpa comhordaithe ann i measc na mBallstát.

(11) D'fhéadfadh ilroinnt sna coinníollacha údaraithe i ndáil le príomhghnéithe den bhonneagar spáis, amhail spásárthaí, nó le rialacha bainistithe cibir-riosca agus seirbhísí spáis á soláthar, nó le tionchar gníomhaíochtaí spáis ar an gcomhshaol, tionchar díobhálach a imirt ar an tsaoirse chun sonraí spásbhunaithe arna nginiúint ag bonneagar spáis a sholáthar agus ar sholáthar agus cur in úsáid seirbhísí spáis san Aontas.

(12) Sócmhainní tipiciúla bonneagair spáis, amhail spásárthaí, nach gcomhlíonann na ceanglais shonracha a leagtar síos i roinnt reachtaíochta, d'fhéadfaí cosc a chur ar a n-úsáid i margadh inmheánach na seirbhísí spáis. Mar shampla, roghnaigh roinnt Ballstát ceanglais níos déine a fhorchur ar chúiseanna sábháilteachta maidir le dearadh satailítí, i ndáil le satailítí atá údaraithe lena lainseáil de réir reachtaíocht Ballstát eile. Ní hamháin go bhféadfadh sé go mbeadh sé níos deacra do chuideachta a sholáthraíonn satailítí trádáil trasteorann a dhéanamh mar gheall ar an éagsúlacht sin, ach d'fhéadfadh sé go roghnódh na Ballstáit a bhfuil seasamh docht acu maidir le ceanglais údaraithe sábháilteachta gan lainseálacha satailítí atá údaraithe lena n-oibriú sna Ballstáit a cheadú óna gcríoch féin faoi réir ceanglais sábháilteachta nach bhfuil chomh dian céanna. Ar an gcaoi chéanna, i gcás ceanglais faireachais agus rianaithe roimh lainseáil satailítí agus ina diaidh, nó i gcás nár cuireadh rialacha sonracha maidir le bainistiú cibir-riosca i bhfeidhm ach i roinnt Ballstát, d'fhéadfaí tionchar díobhálach a imirt ar sholáthar seirbhísí spáis, amhail na seirbhísí oibriúcháin agus lainseála ar fud an mhargaidh inmheánaigh.

(13) Sa deireadh thiar, d'fhéadfadh bacainní den sórt sin tionchar díobhálach a imirt ar sholáthar sonraí spásbhunaithe agus seirbhísí spáis ar fud an Aontais. Ós rud é go mbraitheann seirbhísí spáis ar shonraí spásbhunaithe a ghintear trí shócmhainní an

bhonneagair spáis agus a úsáideann na sócmhainní sin, braitheann soláthar seirbhísí spáis ar leibhéil sábháilteachta agus athléimneachta shócmhainní an bhonneagair spáis.

(14) Le ceanglais lena mbaineann costais níos airde, amhail ceanglais deartha chun iomadú smionagair spáis a sheachaint, nó measúnuithe riosca arb é is aidhm dóibh cibearshlándáil na gcodanna éagsúla den bhonneagar spáis a áirithiú, d'fhéadfaí oibreoirí spáis an Aontais a spreagadh chun bunaíocht a lorg i ndlínsí ina bhfuil ceanglais údarúcháin nach bhfuil chomh dian céanna.

(15) Is dócha go rachaidh cineál trasteorann na ngníomhaíochtaí spáis san Aontas in olcas i bhfianaise an mhéadaithe atá ag teacht ar líon oibreoirí spáis an Aontais chomh maith leis an méadú atá ag teacht ar an líon cuideachtaí atá ag forbairt réitigh lainseálaithe agus i bhfianaise na mBallstát a bhfuil sé beartaithe acu cumais lainseála a fhorbairt. I bhfianaise an mhéid sin, is dócha go gcruthóidh dálaí éagsúla ar fud na gcóras údaraithe náisiúnta níos mó bacainní in earnáil an spáis, agus tionchar aige sin ar leanúnachas sholáthar na sonraí spásbhunaithe agus ar sholáthar seirbhísí spáis, rud a thacaíonn le go leor réimsí gníomhaíochta sa mhargadh inmheánach, lena n-áirítear earnálacha agus bonneagar criticiúil.

(16) Dá bhrí sin, chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a chosaint agus feabhas a chur air, ba cheart tacar rialacha sainordaitheacha aonfhoirmeacha, éifeachtacha agus comhréireacha lena gcomhchuibhítear príomhghnéithe le haghaidh seirbhísí spáis i gcomhthéacs údarú gníomhaíochtaí spáis a bhunú ar leibhéal an Aontais, chun a áirithiú go soláthrófar sonraí spásbhunaithe agus seirbhísí spáis gan bhac ar fud an mhargaidh inmheánaigh.

(17) Trí phríomhcheanglais atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de a leagan síos, ba cheart an nuálaíocht a spreagadh trí rochtain ar mhargaí reatha agus ar mhargaí nua a d'fhéadfadh a bheith ann a thairiscint do sholáthraithe seirbhísí spáis, rud a fhágfaidh go mbeidh rogha níos fearr ann le haghaidh úsáideoirí deiridh.

(18) I gcásanna teoranta amháin, i bhfianaise na tábhachta straitéisí a bhaineann le rochtain a bheith ag an Aontas nó ag na Ballstáit ar sheirbhísí spáis áirithe, ba cheart don Choimisiún maolú a dheonú ar na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo maidir le seirbhísí lainseála i gcás ina bhfuil údar leis sin ar mhaithe le leas an phobail. Ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun maolú a dheonú don oibreoir lainseála tríú tír faoi seach i gcás ina gcomhlíontar an coinníoll maidir le leas an phobail.

(19) An tráth céanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le gníomhaíocht ghasta i gcásanna éigeandála nó géarchéime, go heisceachtúil agus ar bhonn sealadach, chun úsáid a bhaint as sonraí spásbhunaithe nó seirbhísí spáis arna soláthar ag soláthraithe seirbhísí spáis nach bhfuil cláraithe san Aontas.

(20) Ba cheart soláthraithe seirbhísí spáis atá bunaithe san Aontas a bheith faoi réir córas údaraithe, chun aghaidh a thabhairt ar phríomhghnéithe sábháilteachta agus athléimneachta na ngnáthsheirbhísí spáis a bhaineann, mar shampla, le hoibriú spásárthaí, le soláthar seirbhísí lainseála agus le hoibriú agus cothabháil ionad lainseála. Ba cheart do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis ('an Ghníomhaireacht') arna bunú le Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] údarú a thabhairt d'oibreoirí spáis an Aontais a bhfuil

(5) Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus

sócmhainní faoi úinéireacht an Aontais á n-oibriú acu, agus ba cheart do na Ballstáit údarú a thabhairt d'oibreoirí spáis an Aontais a oibríonn sócmhainní seachas sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais.

(21) Tacaíonn soláthraithe seirbhísí spáis atá bunaithe san Aontas a sholáthraíonn ardseirbhísí spáis amhail seirbhísí spáis seachanta imbhuailte nó oibríochtaí agus seirbhísí sa spás (OS-S) leis na gnáthsheirbhísí spáis agus tá ról acu maidir le cosaint agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach shócmhainní an bhonneagair spáis. Dá bhrí sin, is iomchuí an chatagóir sin de sholáthraithe seirbhísí spáis atá ag teacht chun cinn a chur faoi réir tacar teoranta rialacha. D'fhágfadh sé sin go bhféadfaí feidhmchláir agus margaí nua a fhorbairt in earnáil an spáis (geilleagar sa spás).

(22) Tá ról lárnach ag príomhsholáthraithe sonraí spásbhunaithe mar idirghabhálaithe idir na hearnálacha réamhtheachtacha agus iartheachtacha toisc go gcuireann siad sonraí spásbhunaithe ó oibreoirí spáis i dtreo úsáidí éagsúla na sonraí spásbhunaithe sin ina dhiaidh sin, ar mhaithe leis an ngeilleagar iomlán agus le saoránaigh. I ndáil leis sin, cé nár cheart feidhm a bheith ag na rialacha substainteacha a bhfuil feidhm acu maidir le hoibreoirí spáis maidir leosan, tá ról tábhachtach acu fós in earnáil an spáis, trína fháil amach gur ó oibreoirí spáis a chomhlíonann an Rialachán seo a thagann na sonraí spásbhunaithe a chuireann siad ar aghaidh sa slabhra luacha. Dá bhrí sin, ba cheart don Ghníomhaireacht liosta de na príomhsholáthraithe sonraí spásbhunaithe sin san Aontas a tharraingt suas. I bhfianaise an róil atá acu mar idirghabhálaí, is iad príomhsholáthraithe na sonraí spásbhunaithe is fearr atá in ann foláirimh nó gearáin a fháil maidir le neamhrialtachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann i ndáil le húsáid sonraí spásbhunaithe san Aontas, chun a soláthróirí a chur ar an eolas go díreach nó chun aon líomhain maidir le sonraí spásbhunaithe a d'fhéadfadh teacht ó oibreoirí spáis neamhchláraithe nó neamhchomhlíontacha, a d'fhéadfadh a bheith in úsáid sa mhargadh inmheánach, a chur ar an eolas faoin nGníomhaireacht nó faoin údarás inniúil ábhartha sa Bhallstát ina bhfuil siad bunaithe.

(23) Chun dálaí comhionanna a chruthú le hoibriú sa mhargadh inmheánach, ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha le haghaidh na soláthraithe seirbhísí spáis uile faoi raon feidhme an Rialacháin seo, lena n-áirítear oibreoirí spáis an Aontais, a mhéid a sholáthraítear sonraí spásbhunaithe agus seirbhísí spáis san Aontas.

(24) Dá bhrí sin, chun a áirithiú nach dtabharfar buntáiste d'aon oibreoir spáis toisc nach bhfuil sé faoi réir na rialacha a leagtar síos leis an Rialachán seo, is iomchuí a áirithiú go gcaithfear go haonfhoirmeach leis na hoibreoirí spáis uile, lena n-áirítear soláthraithe seirbhísí spáis tríú tír, amhail oibreoirí spásárthaí tríú tír, soláthraithe lainseála tríú tír, príomhsholáthraithe sonraí spásbhunaithe tríú tír, má tá sonraí spásbhunaithe nó seirbhísí spáis á soláthar acu san Aontas.

(25) Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le soláthraithe seirbhísí spáis, gan beann ar a n-áit bhunaithe, má sholáthraítear na sonraí spásbhunaithe nó na seirbhísí spáis san Aontas, rud a léiríonn nasc substaintiúil leis an margadh inmheánach, lena gcoisctear an riosca go rachfaí timpeall ar rialacha chun míbhuntáiste thomhaltóirí agus ghnólachtaí an Aontais, agus lena gcosnaítear éifeachtúlacht na gcuspóirí a shaothraítear leis an Rialachán seo.

---

lena n- aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/696/oj)

(26) Ba cheart do na soláthraithe seirbhísí spáis uile atá bunaithe i dtríú tír ionadaí dlíthiúil amháin nó níos mó san Aontas a ainmniú i scríbhinn, ag brath ar a riachtanais tráchtála agus ar a gceanglais eagraíochtúla. Ba cheart na cumhachtaí agus na hacmhainní uile is gá a thabhairt do na hionadaithe dlíthiúla sin san Aontas chun comhoibriú leis na húdaráis ábhartha, leis an gCoimisiún agus leis an nGníomhaireacht, maidir le gach gné is gá chun faisnéis agus cinntí a fháil a bhaineann le comhlíonadh agus forfheidhmiú an Rialacháin seo.

(27) Féadfaidh dlínsí tríú tír áirithe cloí le leibhéil arda sábháilteachta, athléimneachta agus inbhuanaitheachta comhshaoil maidir le gníomhaíochtaí spáis agus, dá réir sin, cuirfidh siad ceanglais sábháilteachta, athléimneachta agus inbhuanaitheachta comhshaoil i bhfeidhm atá comhchosúil leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo.

(28) Sna cásanna sin, sásra coibhéise is ea a áirithiú go n-aithneofar leibhéal cosanta atá inchomparáide leis an leibhéal a cheanglaítear faoin Rialachán seo. Dá bhrí sin, i gcás ina ndearna an Coimisiún measúnú, i ndáil le creat dlíthiúil tríú tír is infheidhme agus na rialacha is infheidhme atá ceangailteach ó thaobh dlí sa tríú tír sin, a mheastar a bheith coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart comhlíontacht na soláthraithe seirbhísí spáis atá bunaithe sa tríú tír sin a shuí ar an mbonn sin. Ba cheart na soláthraithe seirbhísí spáis sin a bheith in ann sonraí spásbhunaithe agus seirbhísí spáis a sholáthar san Aontas bunaithe ar chinneadh coibhéise atá le glacadh ag an gCoimisiún

(29) Ba cheart a cheangal ar sholáthraithe seirbhísí spáis atá bunaithe i dtríú tír nár glacadh cinneadh coibhéise ina leith dul faoi sheiceálacha chun comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos sa Rialachán seo a shuí. Chun cóineasú cineálacha cur chuige maoirseachta a chur chun cinn, ba cheart don Ghníomhaireacht na measúnuithe teicniúla is gá a dhéanamh chun go bhféadfaidh an Coimisiún comhlíontacht a shuí agus chun go bhféadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh, bunaithe ar mheasúnuithe teicniúla, maidir le clárú soláthraithe seirbhísí spáis san Aontas agus maidir le haon bheart maoirseachta. Chun na críche sin, ba cheart Clár a bhunú ar leibhéal an Aontais.

(30) Ba cheart don Aontas féachaint de réir a chéile le comhaontuithe maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt i gcrích le tríú tíortha.

(31) Chun sócmhainní uile an bhonneagair spáis a chumhdach go cuimsitheach agus chun bearnaí a sheachaint, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo freisin maidir le sócmhainní arna n-oibriú ag eagraíochtaí idirnáisiúnta atá i mbun gníomhaíochtaí spáis, amhail an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis (GES) nó an Eagraíocht Eorpach chun Sochar a bhaint as Satailítí Meitéareolaíocha (EUMETSAT). Is príomh-chomhpháirtithe leis an gCoimisiún, leis an nGníomhaireacht agus leis na Ballstáit iad na heagraíochtaí idirnáisiúnta sin, i bhfianaise a saineolais fhairsing theicniúil, eolaíoch agus oibríochtúil, chomh maith lena mbonneagar tiomnaithe agus a gcumais thiomnaithe i réimse an spáis, go háirithe i gcomhthéacs comhpháirteanna de Chlár Spáis an Aontais a chur chun feidhme, soláthar comhpháirteach nó cláir na mBallstát a stiúradh.

(32) Chun comhleanúnachas rialála a bhaint amach i gcomhthéacs an chomhchuibhithe a bhaineann leis an Rialachán seo, ba cheart eagraíochtaí idirnáisiúnta den sórt sin, agus a sócmhainní féin á n-oibriú acu, a bheith faoi réir dhlí an Aontais, ar choinníollacha iomchuí maidir leis na modhanna chun dlí an Aontais a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú maidir leo, ar coinníollacha iad ba cheart a leagan síos i

gcomhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích idir an tAontas agus gach ceann de na heagraíochtaí idirnáisiúnta sin faoi seach. I gcás ina n-oibríonn eagraíochtaí idirnáisiúnta den sórt sin sócmhainní na mBallstát, ba cheart do na húdaráis inniúla forfheidhmiú na rialacha a leagtar síos leis an Rialachán seo a áirithiú. I gcás ina n-oibríonn na heagraíochtaí idirnáisiúnta sin sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais, ba cheart forfheidhmiú a áirithiú i gcomhréir le forálacha na gcomhaontuithe ranníocaíochta arna dtabhairt i gcrích ag an gCoimisiún chuige sin.

(33) Is eagraíocht idirnáisiúnta é GES ag a bhfuil saineolas fairsing i réimse an spáis agus is comhpháirtí tábhachtach é i gcur chun feidhme Chlár Spáis an Aontais. Forbraíonn agus oibríonn GES, i gcomhréir le comhaontuithe tiomnaithe, sócmhainní bonneagair spáis le haghaidh Chlár Spáis an Aontais agus Chlár an Aontais um Nascacht Shlán. Forbraíonn GES misin spáis thar ceann na mBallstát freisin laistigh dá gníomhaíochtaí éigeantacha agus dá cláir roghnacha, agus soláthraíonn sé cúnamh do thionscadail náisiúnta i réimse an spáis, arna iarraidh sin do Bhallstát amháin nó níos mó. Is spreagadh lárnach é GES freisin chun caighdeáin theicniúla a fhorbairt le haghaidh gníomhaíochtaí spáis. Ba cheart na coinníollacha maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo maidir le GES a shainiú a thuilleadh i gcomhaontú agus aird chuí á tabhairt ar stádas agus ar chreat institiúideach GES.

(34) Ba cheart sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais a chumhdach leis na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo, dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2021/696 agus Rialachán (AE) 2023/588 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[(6)], agus sócmhainní na mBallstát, bídís faoi úinéireacht nó á n-oibriú ag oibreoirí rialtais nó tráchtála, lena n-áirítear sócmhainní dé-úsáide a chuirtear faoi rialú sibhialta agus nuair a úsáidtear chun críoch sibhialta iad.

(35) A mhéid a bhaineann le sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí spáis údarú a fháil ón nGníomhaireacht sócmhainní den sórt sin atá faoi úinéireacht an Aontais a oibriú, ar sócmhainní iad a chomhlíonann na ceanglais maidir le sábháilteacht, athléimneacht agus inbhuanaitheacht comhshaoil.

(36) Chun inniúlachtaí na mBallstát a chaomhnú, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le spásréada a úsáidtear go heisiach chun cuspóirí cosanta nó slándála náisiúnta a chumasú, gan beann ar an eintiteas a dhéanann na gníomhaíochtaí spáis sin. Ba cheart spásréada nach n-úsáidtear ach i bpáirt chun críoch cosanta a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo nuair is gá iad a chur faoi oibriú agus faoi rialú Ballstáit, chun críoch cosanta, ar feadh thréimhse an mhisin spáis faoi seach arna dhéanamh ag na fórsaí míleata, agus ar feadh na tréimhse sin amháin. Sna cásanna sin, is faoi gach Ballstát atá sé a chinneadh, mar gheall ar imthosca an cháis, cé acu a thiocfadh nó nach dtiocfadh an spásréad sin faoin eisiamh thuasluaite.

(37) Dá bhrí sin, ba cheart an Rialachán seo a bheith gan dochar d'inniúlachtaí na mBallstát maidir le gach ábhar a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta, a bhaineann freisin le cásanna inar gá do na Ballstáit, chun críocha agus feidhmiú na hinniúlachta slándála náisiúnta sin, oibríochtaí sonracha spáis a chur i gcrích, mar shampla trí rialú a dhéanamh ar spásréad faoina ndlínse.

---

(6) Rialachán (AE) 2023/588 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2023 lena mbunaítear Clár an Aontais um Nascacht Shlán le haghaidh na tréimhse 2023-2027 IO L 79, 17.3.2023, lgh. 1-39 (ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/588/oj).

(38) I bhfianaise rialáil reatha an speictrim raidió faoi rialacha idirnáisiúnta teileachumarsáide, agus rialáil an dlí náisiúnta agus dhlí an Aontais i gcomhréir leis sin, agus go háirithe Cinneadh 676/2002/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[(7)], Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[(8)], agus Cinneadh Uimh. 243/2012/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[(9)], níor cheart gnéithe a bhaineann le leithdháileadh nó le húdarú speictrim raidió a chumhdach leis an Rialachán seo. Thairis sin, i gcás nach ngníomhaíonn eintiteas ar líonra agus soláthraí seirbhísí cumarsáide leictreonaí é ach mar úsáideoir saoráide a thairgeann oibreoir spáis, níor cheart dó cáiliú ach mar sholáthraí príomhúil sonraí spásbhunaithe faoin Rialachán seo. Má oibríonn nó má rialaíonn soláthraí líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí satailít, lainseáil nó bonneagar lainseála freisin, ba cheart dó cáiliú mar oibreoir spáis faoin Rialachán seo.

(39) Tá an Rialachán seo gan dochar do rialacha iomaíochta an Aontais, lena n-áirítear rialacha in aghaidh trustaí, rialacha cumaisc agus rialacha maidir leis an Státchabhair.

(40) Leis na príomhrialacha comhchuibhithe íosta maidir le sábháilteacht, athléimneacht agus inbhuanaitheacht gníomhaíochtaí spáis a leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart na húdaruithe arna n-eisiúint ag údaráis inniúla nó, de réir mar is iomchuí, na córais arna leagan síos ag na Ballstáit le haghaidh eintitis rialtais a dhéanann clár náisiúnta spáis a chomhtháthú. Ba cheart cineál sonrach eintiteas áirithe a aithint, amhail gníomhaireachtaí spáis rialtais a chuireann cláir náisiúnta spáis i gcrích, nach gá go mbeidís faoi réir údaruithe ar an mbealach céanna le soláthraithe seirbhísí spáis eile. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit, maidir leis na heintitis sin, maoirseacht iomchuí a áirithiú lena n-urramaítear agus lena gcuirtear chun feidhme na prionsabail maidir le róil a dheighilt agus gan coinbhleacht leasa a bheith ann.

(41) Chun próisis údarúcháin gan uaim a chumasú ar fud an mhargaidh inmheánaigh agus chun cóir chomhionann a chruthú le haghaidh oibreoirí spáis uile an Aontais, 12 mhí ba cheart a bheith i bhfad foriomlán na n-údaruithe, agus an fhéidearthacht ann na sprioc-amanna is infheidhme sa phróiseas údaraithe a chur ar fionraí, d’fhonn an gá atá le soiléirithe agus measúnuithe breise a chur san áireamh.

(42) Ba cheart an tsaoirse a bheith ag na Ballstáit i gcónaí aon mhalartú a dhéanamh le hiarratasóirí féideartha roimh a bpróisis fhoirmiúla údaraithe, de réir rialacha náisiúnta. Chuirfeadh réamh-mhalartuithe agus malartuithe neamhfhoirmiúla den sórt sin ar a gcumas do na hiarratasóirí tuiscint níos fearr a fháil ar na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo agus sa reachtaíocht náisiúnta, de réir mar is infheidhme, agus comhlíonadh na gceanglas sin a áirithiú, lena n-áirítear aon reachtaíocht ábhartha de chuid Ballstát eile, i gcás, mar shampla, ina bhfuil gá le húdaruithe iolracha ar fud an mhargaidh inmheánaigh, agus critéir náisiúntachta nó bunaíochta, an áit oibríochta agus na lainseála á gcur san áireamh.

---

(7) Cinneadh Uimh. 676/2002/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le creat rialála don bheartas speictrim raidió sa Chomhphobal Eorpach (Cinneadh maidir le Speictream Raidió) (IO L 108, 24.4.2002, lgh. 1–6, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2002/676(1)/oj)

(8) Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (IO L 321, 17.12.2018, lgh. 36–214, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/1972/oj)

(9) Cinneadh Uimh. 243/2012/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena mbunaítear clár ilbhliantúil um beartas speictrim raidió (IO L 81, 21/3/2012, lgh. 7–17, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2012/243(2)/oj)

(43) Ba cheart d'údaráis inniúla Ballstáit glacadh leis na húdaruithe arna n-eisiúint ag údaráis inniúla Ballstát eile agus iad a aithint, a mhéid a bhaineann leis na hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo. An tráth céanna, ba cheart trédhearcacht iomlán na gceanglas náisiúnta a d'fhéadfadh na Ballstáit a leagan síos a áirithiú, lena n-áirítear trédhearcacht maidir le ceanglais níos déine a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun sábháilteacht, athléimneacht nó inbhuanaitheacht comhshaoil oibríochta nó lainseála a dhéantar ar a gcríocha a chosaint i ndáil le misean spáis arna dhéanamh ag oibreoirí spáis atá údaraithe ina mBallstát bunaíochta féin. Ba cheart an fhaisnéis sin a sholáthar trí Thairseach Faisnéise choiteann.

(44) I bhfianaise chastacht theicniúil an mhisin spáis agus an achair a thógann sé misean a ullmhú, ba cheart dóthain ama a bheith ag iarratasóirí chun aon fhaisnéis nó soiléiriú is gá a sholáthar. Ar an gcaoi sin, ba cheart foráil a dhéanamh freisin maidir leis na sprioc-amanna is infheidhme, sna próisis le haghaidh údaruithe, maidir leis na húdaráis inniúla a chur ar fionraí.

(45) Ba cheart a thoimhdiú go bhfuil spásréada i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo i gcás soláthraithe seirbhísí spáis atá bunaithe san Aontas, ós rud é go bhfuil an chomhréireacht sin fíoraithe ag na húdaráis náisiúnta inniúla agus an t-údarú á eisiúint acu, agus i gcás soláthraithe seirbhísí spáis atá bunaithe i dtríú tír ar dheonaigh an Coimisiún cinneadh coibhéise ina leith.

(46) A luaithe a shuífear go bhfuil na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo á gcomhlíonadh, clárú i gClár an Aontais um Réada Spáis (CARS) agus le heisiúint deimhnithe leictreonaigh - lena gcruthaítear gur gineadh na sonraí spásbhunaithe le spásréada atá i gcomhréir leis an Rialachán seo agus go bhfuil na seirbhísí spáis bunaithe ar úsáid agus ar oibriú spásréad a chomhlíonann an Rialachán seo faoi seach — ba cheart a bheith in ann na sonraí spásbhunaithe agus na seirbhísí spáis a sholáthar saor in aisce ar fud an Aontais. Ba cheart don Ghníomhaireacht na deimhnithe leictreonacha aonair a eisiúint do sholáthraithe seirbhísí spáis cláraithe.

(47) Ba cheart liostaí comhdhlúite de na soláthraithe seirbhísí spáis uile atá cláraithe in CARS, atá bunaithe san Aontas agus i dtríú tíortha, a chur ar fáil don phobal, trí shuíomh gréasáin CARS, agus ar an gcaoi sin trédhearcacht a áirithiú maidir leis na soláthraithe seirbhísí spáis uile atá cláraithe san Aontas. D'fhéadfadh aon duine foinse na sonraí spásbhunaithe a fhíorú d'fhonn a fháil amach, tráth ar bith, go mbaineann na seirbhísí spáis a sholáthraítear san Aontas úsáid as sonraí arna nginiúint ag spásréada a chomhlíonann ceanglais dhlí an Aontais.

(48) Ba cheart caighdeán sonrach a fhorbairt maidir leis an deimhniú leictreonach, arna iarraidh sin don Choimisiún, agus ba cheart é a bheith i bhfeidhm faoi dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Bhunófaí leis an deimhniú leictreonach an nasc idir spásréad ar leith agus na sonraí spásbhunaithe a gineadh trína úsáid, rud a ráthódh sláine na sonraí spásbhunaithe sin.

(49) Chun freastal ar éileamh méadaithe custaiméirí ar thairiscintí satailíte, chun leas a bhaint as dul chun cinn teicneolaíoch agus laghduithe costais gaolmhara, agus chun rochtain níos fearr ar chaipiteal a áirithiú, ba cheart na próisis údaraithe chun buíonta satailíte a lainseáil a chuíchóiriú. Faoi choinníollacha áirithe, agus faoi réir sraith coimircí, ba cheart nós imeachta údaraithe simplithe a bheith ar fáil, rud a d'fhágfadh go n-eiseofaí údarú aonair a bheadh bailí don bhuíon satailíte ar fad.

(50) Agus cineál sonrach agus cuspóirí sonracha spásárthaí taighde á n-aithint, atá fós ríthábhachtach maidir le heolas eolaíoch agus cumais theicneolaíocha a chur chun

cinn, ba cheart díolúintí áirithe a bhunú leis an Rialachán seo le haghaidh na gcatagóirí sin, d’fhonn freastal ar a riachtanais shonracha agus a saintréithe sonracha, agus sábháilteacht agus inbhuanaitheacht na bhfithisí á n-áirithiú an tráth céanna.

(51) Ba cheart d’oibreoirí spáis tairbhiú de dhíolúintí tiomnaithe ó na rialacha a leagtar síos sna réimsí éagsúla a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Agus misin spáis taighde á ndéanamh, ba cheart iad a dhíolmhú ó rialacha áirithe maidir le sábháilteacht. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart d’oibreoirí spáis a cháilíonn mar fhiontair bheaga nó ar institiúidí taighde nó oideachais iad bainistiú riosca simplithe a chur i bhfeidhm lena ndíreofar ar shócmhainní criticiúla agus lena dtabharfar aghaidh ar na príomhrioscaí. Ba cheart misin spáis Taispeána agus Bailíochtaithe i bhFithis (IOD/IOV) a dhíolmhú freisin ó ríomh lorg comhshaoil (EF) na ngníomhaíochtaí spáis.

(52) Tá sé ríthábhachtach rochtain shábháilte, athléimneach, inbhuanaithe agus chostéifeachtúil ar an spás a áirithiú chun seirbhísí éagsúla a fháil agus chun tacú leis an taighde eolaíoch, agus é ailínithe an tráth céanna leis na príomhphrionsabail agus na príomhchearta a chumhdaítear sa Chonradh Cianspáis. An tráth céanna, d’fhéadfadh sé go mbeadh oibreoirí lainseála ag iarraidh am freisin chun dul in oiriúint do na bearta sábháilteachta lainseála nua. Ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo maidir le sásra iomchuí chun rochtain ar an spás a áirithiú agus an tionscal á chur in oiriúint don bhonnlíne sábháilteachta nua a cuireadh i bhfeidhm ar leibhéal an Aontais.

(53) Plódú fithisí áirithe, rud a spreagann riosca méadaithe imbhuailte satailítí agus iomadú smionagair spáis, chomh maith leis an tírdhreach bagartha geopholaitiúil lena mbaineann riosca méadaithe do chibearshlándáil an bhonneagair spáis, mar aon leis an riosca teagmhála fisiciúla sa spás, amhail gaireacht agus suaitheadh, is dúshláin de chineál domhanda iad a bhfuil aghaidh á tabhairt ag roinnt mhaith náisiún spásbhunaithe orthu.

(54) Ó mhicrea-lainseálaithe go lainseálaithe troma, tá forbairt tagtha ar mhargadh na lainseálaithe. Forbraítear cumais nua, amhail in-athúsáidteacht, mar shampla, céad chéim agus treisiú na bhfeithiclí lainseála. Tá cumais lainseála á bhforbairt ag níos mó Ballstát agus, ar an gcaoi sin, tá an rochtain ar an spás á treisiú acu.

(55) Tá rochtain ar an spás ríthábhachtach d’uathriail straitéiseach an Aontais. Mar sin féin, tá iarmhairtí ag trácht lainseála méadaithe freisin ar an tsábháilteacht don lainseáil agus don athiontráil agus don tsábháilteacht san aer agus ar an talamh. D’fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag an trácht méadaithe spáslainseála ar fheidhmíocht eacnamaíoch, chomhshaoil agus éifeachtúil an Aerspáis Eorpaigh Aonair freisin. Ba cheart an riosca go gcuirfí isteach ar an aerthrácht agus ar an trácht muirí a íoslaghdú i gcomhaontú leis na húdaráis ábhartha agus le soláthraithe seirbhísí aerthráchta. Le comhordú idir na húdaráis ábhartha agus na soláthraithe seirbhísí aerthráchta inniúla ar an leibhéal náisiúnta, rannchuidítear le teorainn a chur leis na tionchair a bhaineann le cur isteach ar thrácht agus leis an riosca imbhuailte. Nuair a dhéanann spás-lainseálacha difear do níos mó ná Ballstát amháin, tá gá le comhordú tráthúil idir oibreoirí spáis agus Bainisteoir an Líonra Eorpaigh. Ba cheart go n-áireofaí leis an gcomhordú sin measúnú ar mhéid dúnta aerspáis na hEorpa, ar fhad na n-aerbhealaí a n-imrítear tionchar orthu. Níor cheart sásraí leordhóthanacha comhroinnte costas a bhunú ach ag céim níos déanaí chun an t-aerspás a úsáid. Dreasóidh sé sin úsáid shábháilte agus inbhuanaithe aerspáis le haghaidh gach úsáideora. Ina theannta sin, d’fhéadfadh na céimeanna lainseála agus athiontrála riosca a chruthú freisin do thaismigh ar an talamh nach mór a theorannú trí dhlúthchomhar leis na húdaráis ábhartha agus leis na soláthraithe seirbhísí tráchta ábhartha lena mbaineann. Is féidir le

modheolaíochtaí seanbhunaithe sábháilteachta eitlíochta agus dea-chleachtais maidir le measúnú riosca tacú leis an riosca méadaitheach imbhuailte le haerárthaí le linn na hidirthréimhse den lainseáil spáis agus den athiontráil spáis.

(56) Tá riosca bunúsach ag baint le gníomhaíochtaí lainseála agus is féidir leo damáiste dochúlaithe a dhéanamh mura ndéantar iad a bhainistiú i gceart. Dá bhrí sin, ba cheart rialacha a leagan síos chun a áirithiú go mbeidh lainseálaithe inrianaithe agus go ndéanfar measúnú riosca orthu lena sainaithnítear agus lena mbunaítear roinnt beart chun na rioscaí gaolmhara a mhaolú, a mhéid is féidir.

(57) Léiríonn réamh-mheastacháin, fiú gan aon lainseáil nua, go mbeidh imbhualadh idir spásréada atá sa spás cheana féin ina fhoinse mhór smionagair. Leis an riosca imbhuailte idir spásréada, chuirfí brú ar Dhomhanfhithis Íseal (LEO) atá plódaithe cheana féin, rud a chruthódh riosca don rochtain ar an spás amach anseo. I dtéarmaí maise, tagann an chuid is mó den smionagar spáis ó pháirteanna d'fheithiclí lainseála (cabhlacha roicéid). An tráth céanna, tá an líon spásárthaí i bhfithis ag fás go tapa mar gheall ar fhorbairtí na mbuíonta satailítí.

(58) Chun an timpeallacht spáis a chosaint, is gá a áirithiú go dtáirgeann feithiclí lainseála agus spásárthaí an méid is lú smionagair. Tá cosc ar smionagar i gcomhréir freisin leis an gcur chuige maidir le cosc mar chéad chéim in ord na réiteach dramhaíola a bunaíodh leis an Treoir Réime Dramhaíola[(10)]. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le hoibleagáidí ag céim an deartha, agus le linn na saolré fithisí chomh maith. Aithnítear an riachtanas sin ar an leibhéal idirnáisiúnta freisin, i gcás inar ghlac an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú (ISO) roinnt caighdeán. Dá bhrí sin, ba cheart an t-údarú chun gníomhaíochtaí spáis a dhéanamh a nascadh le pleananna sonracha smionagair spáis a bheith á gcur isteach ag oibreoirí spáis chun a léiriú conas a chuirfeadh na feithiclí lainseála agus spásárthaí teorainn le cruthú smionagair.

(59) Éilíonn seirbhísí spáis CA spásárthaí go mbeadh sé de chumas ag an spásárthach a shuíomh a tharchur go beacht. Ba cheart ceanglais inrianaitheachta a fhorbairt chun feabhas a chur ar na seirbhísí poiblí arna soláthar ag Comhpháirtíocht an Aontais maidir le Faireachas agus Rianú Spáis (AE-SST) agus chun am agus airgead a úsáideann na seirbhísí rianaithe sin a shábháil chun an seasamh fithiseach a chinneadh go beacht. Ba cheart an cumas spásárthaí a rianú a áirithiú ar leibhéal spásárthaí agus ar leibhéal chuid na talún araon.

(60) Mar gheall ar an méadú ar smionagar agus ar thrácht i bhfithis, ní mór seirbhís spáis CA a úsáid le haghaidh gach spásárthaigh. Tá gá leis an gceanglas sin chun a áirithiú go gcoimeádtar stáisiún an spásárthaigh ó lá go lá. Ba cheart síntiús éigeantach le seirbhís spáis CA a bheith i gcroílár na gceanglas sábháilteachta spáis. Mar thoradh air sin, bheadh ar an eintiteas atá i gceannas ar sheirbhís spáis CA a sholáthar cumais áirithe a léiriú.

(61) Thairis sin, má tá eintiteas i gceannas ar sheirbhís CA le haghaidh gach spásárthaigh san Aontas, ba cheart dó feabhas a chur ar chomhordú na bhfreagairtí ar Fholáireamh Teagmhais Ardleasa ('foláireamh HIE'), agus teorainn a chur freisin leis an riosca go spreagfadh foláireamh den sórt sin straitéisí éagsúla freagartha, a bhféadfadh imbhualadh a bheith mar thoradh orthu iontu féin.

(10) Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3), ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/98/2024-02-18)

(62) Arna forbairt mar chuid den chomhpháirt SSA, faoi Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, tá sé léirithe ag an gComhpháirtíocht AE-SST, nó ag aon eintiteas comharba, agus a mbraiteoirí agus a bhfios gnó dea-fhorbartha á n-úsáid acu, go bhfuil sé in ann líon ard spásárthaí a bhainistiú agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé oiriúnach chun bheith ina eintiteas de sholáthraí seirbhísí spáis CA an Aontais, atá i gceannas ar sheirbhís spáis CA.

(63) Ba cheart giniúint smionagair a sheachaint ar an mbealach is fearr trí acmhainneachtaí a cheangal chun ainlithe CA a dhéanamh agus chun satailítí a bhogadh go fithisí reilige. Mar thoradh air sin, ba cheart cumas so-ionramháilteachta athfhillteach a thabhairt do gach spásárthach, seachas spásárthaí a chuirtear faoi bhun 400 km, ós rud é go n-áiritheodh an chúltarraingt atmaisféarach, i gcás den sórt sin, ar bhealach nádúrtha, saolré ghearrfhithis an spásárthaigh sin.

(64) Is cleachtas coiteann é go ndeonaítear údarú d’oibreoirí spásárthaí síneadh a chur le misean spáis. Mar sin féin, agus iarratas á dhéanamh ag oibreoirí spásárthaí de chuid an Aontais ar shíneadh, ba cheart a cheangal orthu pleananna maolaithe athbhreithnithe maidir le smionagar spáis a chur isteach, chun a áirithiú nach mbeidh baol ann go gcruthófar smionagar mar gheall ar fhad méadaithe an mhisin.

(65) Mar gheall ar an méadú ar an trácht fithiseach, tagann réalteolaithe ar shuaitheadh solais agus radaimhinicíochta ina bhfeachtais réalteolaíocha. Bíonn tionchar díreach ag suaitheadh den sórt sin ar thaighde agus ar chumais chosanta an phláinéid. Mar thoradh air sin, ba cheart bearta maolaithe a fhorbairt chun an spéir dhorcha agus chiúin a chosaint.

(66) Is sócmhainn iad buíonta chun seirbhísí spáis a chur in úsáid go héifeachtúil, rud a théann chun tairbhe do shaoránaigh agus do chuideachtaí. Mar gheall ar a líon mór, áfach, tá a n-éifeacht ar an timpeallacht spáis níos suntasaí ná an tionchar a bhíonn ag spásárthach aonair. Ina theannta sin, d’fhéadfadh aon teagmhas turraingeach a tharlaíonn laistigh den bhuíon teagmhas Kessler a spreagadh, rud a d’fhágfadh go mbeadh sé dodhéanta rochtain a fháil ar an spás amach anseo. Mar thoradh air sin, ba cheart oibleagáidí sonracha a fhorchur ar bhuíonta a athraíonn de réir méid buíne.

(67) Chun éifeachtúlacht na bpríomhcheanglas a leagtar síos maidir le sábháilteacht agus inbhuanaitheacht sa spás a áirithiú, ba cheart gnéithe teicniúla breise a shonrú chun deimhneacht dhlíthiúil a ráthú d’oibreoirí spáis.

(68) Go dtí seo, níor tugadh aghaidh ar chibearshlándáil na hearnála spáis ach go páirteach ar leibhéal an Aontais trí chreat ginearálta is infheidhme mar a leagtar síos le Treoir (AE) 2022/2555. Ní chumhdaítear go cuimsitheach leis an gcóras cibearshlándála atá ann faoi láthair gach cineál gníomhaí agus seirbhíse atá ábhartha d’earnáil an spáis. Dá bhrí sin, ba cheart ceanglais chibearshlándála a bhunú a mhéid a bhaineann le soláthraithe líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí neamhphoiblí, na heintitis a thagann faoi bhun uasteorainn mhéide na bhfiontar meánmhéide faoi Airteagal 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún[11] agus institiúidí taighde agus oideachais agus ba cheart sonraí breathnóireachta agus lainseálacha ina n-úsáidtear lainseálaithe lasmuigh den Aontas a chumhdach freisin.

---

[11] Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2003/361/oj).

(69) An tráth céanna, tá easpa ailínithe agus comhleanúnachais sa bhonnlíne chibearshlándála ar fud earnáil an spáis ina hiomláine. Cé gur baineadh amach athléimneacht sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais faoi chomhpháirteanna de Chlár Spáis an Aontais, féadfaidh feidhm a bheith ag leibhéil níos ísle cosanta maidir le cuid de na sócmhainní ón mbonneagar náisiúnta spáis. Ní leanfadh dibhéirseacht den sórt sin ach de bheith ag fás agus ag giniúint neamhshiméadrachtaí. Ina theannta sin, oibríonn Clár Spáis an Aontais i dtimpeallacht atá níos fite fuaite ina chéile agus ina gcomhtháthaítear pálastaí náisiúnta tráchtála. Dá bhrí sin, ba cheart bonneagar spáis na mBallstát a bheith cothrom le leibhéil níos airde athléimneachta ionas nach gcuirfear slándáil na sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais agus feidhmiú Chlár Spáis an Aontais i mbaol agus, ar deireadh, chun nach n-imreofar drochthionchar ar sheachadadh sonraí spásbhunaithe agus seirbhísí spáis lena dtacaítear le gníomhaíochtaí chomh maith le heintitis chriticiúla agus earnálacha criticiúla ar fud an mhargaidh inmheánaigh.

(70) Tá an éagothroime atá ann faoi láthair ann ní hamháin mar gheall gur forbraíodh cláir spáis faoi rianta comhthreomhara (ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát). Tá sé nasctha freisin le bunlíne choiteann a bheith in easnamh le haghaidh na cibearshlándála agus bainistiú riosca atá saincheaptha do riachtanais shonracha an bhonneagair spáis. Cé nár ghlac ach roinnt Ballstát cur chuige normatach, tá leibhéal nó doimhneacht na gceanglas sin éagsúil ar fud an mhargaidh inmheánaigh. Braitheann athléimneacht an bhonneagair spáis in go leor cásanna ar na cumais airgeadais agus, ar deireadh, ar thoilteanas cuideachtaí cloí le dea-chleachtais bainistithe riosca agus an chibearshlándáil a chomhtháthú i ndearadh agus in oibriú na misean spáis.

(71) Chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí agus ar na míchothromaíochtaí sin, ba cheart bonnlíne shaincheaptha athléimneachta a leagan síos le haghaidh earnáil uile an spáis. Ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha sin maidir le bonneagar spáis ina iomláine ar fud an Aontais, lena gcumhdaítear sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais chomh maith le sócmhainní náisiúnta rialtais agus neamhrialtasacha. Ba cheart codanna uile an bhonneagair spáis ar talamh, sa spás agus na naisc a chumhdach go comhleanúnach, chomh maith leis na córais dhigiteacha agus fhisiceacha agus na fochórais spáis agus ar talamh araon, d’fhonn na rioscaí ábhartha uile a chumhdach, amhail rioscaí cibearshlándála agus cur isteach leictreonach chomh maith le rioscaí fisiceacha.

(72) Ós rud é go méadaítear leis an Rialachán seo leibhéal comhchuibhithe an bhainistithe riosca is infheidhme maidir le hearnáil an spáis, is comhchuibhiú méadaithe é an leibhéal níos airde sin freisin i gcomparáid leis na ceanglais a leagtar síos i dTreoir (AE) 2022/2555. Dá bhrí sin, ba cheart an Rialachán seo a bheith ina *lex specialis* i ndáil le hAirteagal 21 de Threoir (AE) 2022/2555. An tráth céanna, ba cheart d’earnáil an spáis caidreamh láidir a chaomhnú le creat cibearshlándála cothrománach an Aontais a leagtar amach i dTreoir (AE) 2022/2555, chun comhsheasmhacht iomlán a áirithiú leis na rialacha agus na straitéisí cibearshlándála arna nglacadh ag na Ballstáit agus leis an leagan amach institiúideach a chruthaítear leis an Treoir sin. Dá bhrí sin, ba cheart an bhearna idir na bonnlínte athléimneachta is infheidhme maidir le sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais agus maidir le sócmhainní shócmhainní na mBallstát a dhúnadh. Dá bhrí sin, ba cheart ceanglais bainistithe riosca níos déine atá dírithe ar earnáil an spáis a thabhairt isteach le haghaidh earnáil an spáis chun comhchuibhiú méadaithe a bhaint amach i gcomparáid leis na ceanglais atá ann faoi láthair a leagtar síos i dTreoir (AE) 2022/2555.

(73) Tá sé ríthábhachtach cibearshlándáil an bhonneagair spáis a áirithiú le linn gach céime de dhearadh, d’fhorbairt agus d’oibriú an bhonneagair spáis. Mar thoradh air sin, ba cheart bearta láidre bainistithe riosca a chur i bhfeidhm ar feadh shaolré na misean spáis agus aird chuí á tabhairt ar na príomhchéimeanna uile. Ba cheart cosaint leordhóthanach a bhaint amach do na sócmhainní, na córais agus na sonraí uile, ón dearadh agus ón monaraíocht, le linn na lainseála agus na hoibríochta agus go dtí na céimeanna deireadh ré.

(74) Ba cheart an bainistiú riosca a dhéanann oibreoirí spáis an Aontais a bheith bunaithe ar mheasúnuithe riosca atá le déanamh ar leibhéil na gcodanna, na gcóras agus na gcomhpháirteanna, bunaithe ar chásanna riosca, lena gcumhdaítear ar a laghad na sócmhainní criticiúla, amhail córais innealtóireachta, bogearraí eitilte, teiliméadracht/aonad teilea-ordúcháin, lárionaid rialaithe misean, nó lárionaid rialaithe spásárthaí. Ba cheart don Choimisiún liosta a dhéanamh de chatagóirí na sócmhainní, na n-oibríochtaí agus na gcéimeanna criticiúla, ar feadh shaolré na misean spáis, a bhfuil cásanna riosca den sórt sin le forbairt ina leith ag oibreoirí spáis an Aontais, chomh maith leis na cásanna riosca agus na modhanna samhaltaithe bagartha chun tacú leis na measúnuithe riosca sin.

(75) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ba cheart aitheantas a thabhairt sa Rialachán seo do sheasamh sonrach na n-oibreoirí spáis ar fiontair bheaga nó institiúidí taighde nó oideachais iad. D’fhéadfadh tionchar níos lú a bheith ag na catagóirí sin, de bhua mhéid, acmhainní agus fhairsinge na ngníomhaíochtaí. Is é an príomhchuspóir sa chás seo a áirithiú go gcosnófar feidhmeanna agus sócmhainní criticiúla, agus aghaidh a thabhairt ar phríomhrioscaí, amhail an riosca go gcaillfí rialú sócmhainní a bhfuil tiomáint acu agus a bhfuil sé d’acmhainn acu cur isteach a astú.

(76) Chun cur chuige comhchoiteann a áirithiú maidir le hoibriú an bhonneagair spáis uile, ba cheart rialacha bunúsacha a leagan síos maidir le sócmhainní a shainaithint agus a bhainistiú agus maidir le cearta rochtana a bhainistiú agus a rialú, chun rochtain ar an gcuid ar talamh agus rialú na coda sa spás a chosaint. Ba cheart príomhghnéithe a leagan amach chun athléimneacht sócmhainní a chosaint, go háirithe aghaidh a thabhairt ar athléimneacht na gcóras gréasáin agus faisnéise, agus an gá atá le rialú teicniúil éifeachtach ar an gcuid sa spás a choinneáil ar bun á chur san áireamh.

(77) Ba cheart príomhphrionsabail íosta a leagan síos ar oibreoirí spáis an Aontais chun cleachtais fhónta chriptiúcháin a áirithiú, trí choincheap cripteagrafach a shainiú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha chibearshlándála na misean spáis, beartas saincheaptha chun eochracha cripteagrafacha a bhainistiú, chomh maith le fíordheimhniú ó cheann go ceann ar naisc idir lárionaid rialaithe satailíte agus na coda sa spás.

(78) Ba cheart d’oibreoirí spáis an Aontais príomhbhearta a chur ar bun chun leanúnachas gnó agus bearta freagartha agus téarnaimh atá tapa agus éifeachtach a chumasú chun freagairt éifeachtach ar theagmhais a áirithiú agus chun leanúnachas oibríochtaí criticiúla misean spáis a choimirciú.

(79) Chun ardleibhéal athléimneachta a bhaint amach sa bhonneagar spáis, agus i gcomhréir leis na cleachtais atá ann faoi láthair, ba cheart a cheangal ar oibreoirí spáis an Aontais córais a thástáil go tráthrialta, agus na measúnuithe riosca a rinneadh á gcur san áireamh. Féadfar a áireamh sa tástáil sin tástáil treáite bunaithe ar bhagairtí a dhéanamh ar choimircí maidir leis na coinníollacha chun tástáil den sórt sin a dhéanamh agus leis na critéir atá le comhlíonadh ag na tástálaithe.

(80) D'fhéadfadh rioscaí sonracha cibearshlándála a bheith ag baint le castacht an tslabhra soláthair in earnáil an spáis, i bhfianaise na bhfoinsí iomadúla a úsáidtear chun comhpháirteanna a fháil. Is minic a sholáthraítear iad sin ar fud an domhain agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh na seiceálacha sláine is gá acu, go háirithe agus comhpháirteanna á gcomhtháthú nó á gcóimeáil i gcórais éagsúla bonneagair spáis. Chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, ba cheart d'oibreoirí spáis an Aontais creat bainistithe riosca sa slabhra soláthair a bhunú le straitéisí tiomnaithe arb é is aidhm dóibh rioscaí sa slabhra soláthair a laghdú, trí rialuithe sláine agus barántúlachta bogearraí a chur in úsáid, trí na critéir a leagan amach maidir leis na táirgí bogearraí a roghnú, agus aird chuí á tabhairt ar chibearshlándáil na gcóras gréasáin agus faisnéise atá idirnasctha go sealadach, amhail i gcomhthéacs soláthar cothabhála nó tacaíochta.

(81) Ba cheart an Rialachán seo a bheith ina dhlúthchuid de chreat ginearálta an Aontais maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil. A mhéid a bhaineann leis na sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais, agus i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/696, ceanglaíodh ar na Ballstáit, i gcomhthéacs Threoir 2008/114/CE[12] ón gComhairle, ar tháinig Treoir 2022/2557 i gcomharbacht air, a áirithiú, ar mhaithe le cosaint an bhonneagair ar talamh atá suite ar a gcríoch ar cuid de Chlár Spáis an Aontais é, bearta atá coibhéiseach ar a laghad leis na bearta a leagtar síos i gcomhthéacs thrasuí na Treorach sin. Chun comhleanúnachas iomlán a áirithiú le rialacha an Aontais atá ann faoi láthair maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil agus chun leanúnachas iomlán a chaomhnú sa chaidreamh idir an córas athléimneachta ginearálta nuashonraithe agus na rialacha comhchuibhithe i réimse an spáis, i gcomhthéacs an Rialacháin seo, ba cheart cur chuige comhchosúil a ghlacadh a mhéid a bhaineann leis an gcaidreamh idir Treoir (AE) 2022/2557 agus an Rialachán seo. Dá bhrí sin, maidir le hathléimneacht fhisiceach chuid na talún, ba cheart d'oibreoirí spáis uile an Aontais na bearta a leagtar síos sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm, lena n-áirithítear go bhfuil siad coibhéiseach ar a laghad leis na bearta sin a dhéantar de bhun Threoir (AE) 2022/2557. Thairis sin, ba cheart a shoiléiriú go bhféadfar oibreoirí spáis an Aontais, mar a shainmhínítear agus mar a chumhdaítear leis an Rialachán seo, a shainaithint mar eintitis chriticiúla faoi Threoir (AE) 2022/2557, nuair is oibreoirí iad den bhonneagar ar talamh dá dtagraítear i bpointe (10) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir sin. Dá bhrí sin, cumhdaítear leis an Treoir sin oibreoirí spáis faoi raon feidhme an Rialacháin seo a mhéid a shainaithníonn na Ballstáit iad mar eintitis chriticiúla. Ar an taobh eile, ba cheart na hoibreoirí spáis uile a chumhdach leis an Rialachán seo, bídís sainaitheanta mar eintitis chriticiúla faoin Treoir sin nó ná bídís. Ar deireadh, ba cheart a shoiléiriú go bhfuil an chuid ar talamh mar a shainmhínítear agus a chumhdaítear leis an Rialachán seo le tuiscint mar chuid lena gcumhdaítear an bonneagar ar talamh dá dtagraítear sa Treoir sin.

(82) Leagtar amach i dTreoir (AE) 2022/2557 príomhrialacha íosta comhchuibhithe arb é is aidhm dóibh athléimneacht eintiteas criticiúil a fheabhsú agus feabhas a chur ar an gcomhar trasteorann idir na húdaráis inniúla. Ba cheart Treoir (AE) 2022/2557 a bheith mar bhonn i gcónaí ag athléimneacht fhisiceach na n-eintiteas criticiúil a oibríonn bonneagar ar talamh faoi raon feidhme na Treorach sin agus a chumhdaítear leis an Rialachán seo. I gcás na n-eintiteas sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo gan dochar do Threoir (AE) 2022/2557 agus i gcomhlántacht léi. Ba

(12) Treoir 2008/114/CE ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 maidir le bonneagair chriticiúla Eorpacha a shainaithint agus a ainmniú agus maidir le measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le cosaint na mbonneagar sin a fheabhsú (IO L 345, 23.12.2008, lch. 75 ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/114/oj ).

cheart athléimneacht na n-eintiteas criticiúil faoi raon feidhme Threoir (AE) 2022/2557 a áirithiú i gcomhréir leis an Treoir sin. D'fhéadfadh lárionaid rialaithe, aeróga, saoráidí tástála, ionaid, lena n-áirítear ionaid lainseála, trealamh fisiceach agus comhpháirteanna, crua-earraí, córais agus fochórais atá mar chuid den bhonneagar spáis, córais innealtóireachta, córais chumhachta agus córais tiomána a bheith sa bhonneagar criticiúil a oibríonn na heintitis sin.

(83) Thairis sin, de réir Threoir (AE) 2022/2557, i gcás ina bhfuil measúnuithe riosca eile déanta ag eintiteas criticiúil nó ina bhfuil doiciméid tarraingthe suas aige de bhun oibleagáidí a leagtar síos i ngníomhartha dlí eile atá ábhartha do mheasúnú riosca an eintitis chriticiúil, féadfaidh an t-eintiteas sin na measúnuithe agus na doiciméid sin a úsáid chun ceanglais áirithe a leagtar amach i dTreoir (AE) 2022/2557 a chomhlíonadh. I ndáil leis sin, leagtar síos le Treoir (AE) 2022/2557 féidearthacht shainráite d'údarás inniúil faoin Treoir sin a dhearbhú, i bhfeidhmiú a fheidhmeanna maoirseachta, agus faoi choinníollacha áirithe, go gcomhlíonann an measúnú sin, go hiomlán nó go páirteach, na hoibleagáidí ábhartha faoin Treoir sin.

(84) Dá bhrí sin, i bhfianaise na nasc láidir idir an Rialachán seo agus Treoir (AE) 2022/2557, ba cheart d'údaráis inniúla arna mbunú faoin dá ghníomh sin oibriú i gcomhar le chéile chun sineirgí a ngníomhaíochtaí faoi seach a fheabhsú, go háirithe nuair a úsáidtear measúnuithe riosca a dhéanann oibreoirí spáis an Aontais faoin Rialachán seo faoi raon feidhme na Treorach sin chun comhlíonadh ceanglas áirithe den Treoir sin a léiriú.

(85) A mhéid a bhaineann le hathléimneacht fhisiceach na coda sa spás, aithnítear sa Rialachán seo go rannchuideodh OS-S le feabhas a chur ar leibhéal athléimneachta agus saolré na sócmhainní sa spás.

(86) Anuas ar phríomhrialacha a leagan síos maidir le láimhseáil agus imscrúdú teagmhas, ba cheart sásra tuairiscithe teagmhas oibreoirí spáis an Aontais ar shócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais a bhunú, i gcomhthéacs Chlár Spáis an Aontais, chun na bearnaí atá ann cheana sa tuairisciú teagmhas a líonadh. Ba cheart don Ghníomhaireacht rochtain a fháil ar fhaisnéis maidir le teagmhais shuntasacha maidir leis na comhpháirteanna uile de Chlár Spáis an Aontais trí struchtúr an lárionaid faireacháin slándála arna bhunú i gcomhthéacs Chlár Spáis an Aontais, lena soláthraítear tacaíocht agus faireachán timpeall an chloig ar shlándáil na gcóras ábhartha. Chun comhleanúnachas a bhaint amach leis an gcreat ginearálta maidir leis an gcibearshlándáil, ba cheart an sásra sin a ailíniú leis an tuairisciú teagmhas a leagtar síos le Treoir (AE) 2022/2555.

(87) Thairis sin, a mhéid a bhaineann le tuairisciú teagmhas suntasach a dhéanann difear do bhonneagar spáis na mBallstát, ba cheart an Rialachán seo a bheith gan dochar d'aon cheann de na ceanglais maidir le tuairisciú teagmhas a leagtar síos faoi láthair le Treoir (AE) 2022/2555 nó le Treoir (AE) 2022/2557. Dá réir sin, ba cheart feidhm iomlán a bheith fós ag na rialacha tuairiscithe faoin dá Threoir sin maidir le hoibreoirí spáis an Aontais ar eintitis fhíor-riachtanacha nó thábhachtacha iad, agus eintitis chriticiúla faoi seach, faoi na Treoracha sin.

(88) Féadfaidh na húdaráis mhaoirseachta a bhunaítear le Treoracha (AE) 2022/2555 agus (AE) 2022/2557 a bheith éagsúil leis na húdaráis inniúla arna n-ainmniú nó arna mbunú faoin Rialachán seo. D'fhonn feabhas a chur ar thuiscint agus ar fheasacht na n-údarás inniúil sin a mhéid a bhaineann le méid agus tionchar na dteagmhas suntasach a dhéanann difear don bhonneagar spáis, ba cheart d'oibreoirí spáis an Aontais teagmhais shuntasacha a dhéanann difear do shócmhainní náisiúnta an

bhonneagair spáis a thuairisciú do na húdaráis inniúla faoin Rialachán seo agus ba cheart dóibh, ina dhiaidh sin, faisnéis achomair ghaolmhar a chur ar aghaidh chuig an nGníomhaireacht.

(89) Ba cheart comhordú agus malartuithe tráthrialta idir an Ghníomhaireacht agus na húdaráis náisiúnta inniúla a bhunú chun an tuairisciú teagmhas in earnáil an spáis a chuíchóiriú agus chun cuir chuige chomhsheasmhacha a bhaint amach ar fud an Aontais i ndáil le teagmhais shuntasacha a dhéanann difear don bhonneagar spáis a láimhseáil. Ba cheart ról tábhachtach a bheith ag Líonra Athléimneachta Spáis an Aontais (EUSRN) maidir le comhsheasmhacht den sórt sin a fhorbairt agus comhordú a áirithiú leis na struchtúir ábhartha arna mbunú leis na creataí ginearálta cibearshlándála agus athléimneachta a leagtar síos le Treoracha (AE) 2022/2555 agus (AE) 2022/2557, go háirithe le líonra na bhfoirne freagartha do theagmhais a bhaineann le slándáil ríomhairí agus leis an nGréasán Eorpach um Eagrú an Idirchaidrimh maidir le Cibirghéarchéimeanna (EU-CyCLONe) arna bhunú faoi Threoir (AE) 2022/2555, mar shampla nuashonruithe staide a sholáthar nó i gcás ina bhféadfadh teagmhais shuntasacha bonneagair spáis tionchar a imirt ar earnálacha agus ar sheirbhísí a thagann faoi raon feidhme na dTreoracha sin. Go sonrach, bheadh feidhmiú EUSRN ríthábhachtach freisin maidir le tograí a stiúradh le haghaidh réitigh chun tuairisciú cibeartheagmhas a chuíchóiriú ar fud earnáil an spáis, chun ailíniú leis an gcur chuige simpliúcháin i gcomhthéacs NIS 2, rud a réiteodh an bealach do chóineasú iomlán na n-earnálacha spáis agus cibear-earnálacha, ar mhaithe leis an bpobal spáis ina iomláine

(90) Is gné lárnach den mhargadh aonair le haghaidh sonraí agus seirbhísí spásbhunaithe é athléimneacht an bhonneagair spáis agus na ngníomhaíochtaí spáis a chaomhnú. An tráth céanna, agus i bhfianaise a thábhachtaí atá an spás do réimse mór feidhmeanna (sibhialta, slándála, cosanta), ba cheart na bearta athléimneachta a leagtar síos sa Rialachán seo a bheith in ann tacú le tionscnaimh eile freisin, amhail i gcomhthéacs faireachán a dhéanamh ar bhagairtí spáis i bhforbairt Ailtireacht Freagartha ar Bhagairtí Spáis an Aontais. Le feasacht fheabhsaithe na Gníomhaireachta ar theagmhais arna dtuairisciú ag na hoibreoirí spáis uile agus le comhordú leis na cibearúdaráis ábhartha, bheadh Líonra Athléimneachta Spáis an Aontais in ann cuidiú le sainaithint agus tuairisciú teagmhas a bhaineann le córais spáis ar bagairt iad don Aontas agus do na Ballstáit, rud a chuirfeadh ar a gcumas dóibh gníomhú agus comhordú a dhéanamh de bhun Chinneadh (CBES) 2021/698 ón gComhairle maidir le slándáil na gcóras agus na seirbhísí a sholáthraítear, a oibrítear agus a úsáidtear faoi Chlár Spáis an Aontais, a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do shlándáil an Aontais.

(91) Le comhroinnt dheonach faisnéise maidir le cibearbhagairtí agus cibirionsaithe, trasnaíochtaí leictreonacha, amhail trasnaíocht nó spúfáil, táscairí comhréitigh, oirbheartaíocht sáraíochta, teicnící agus nósanna imeachta, leochaileachtaí, faisnéis a bhaineann go sonrach le gníomhaithe bagartha, chomh maith le dea-chleachtais agus moltaí cibearshlándála a mhalartú, chuirfí le leibhéal foriomlán athléimneachta an bhonneagair spáis. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, na coinníollacha a leagan síos maidir le comhroinnt faisnéise den sórt sin, rud a rannchuidíonn le feabhas a chur ar acmhainneacht na n-oibreoirí spáis teagmhais a chosc agus tionchar na dteagmhas sin a shrianadh.

(92) Ba cheart d'oibreoirí spáis an Aontais an fhaisnéis sin a mhalartú trí shocruithe comhroinnte faisnéise lena dtugtar cosaint chuí do chineál íogair féideartha na faisnéise a chomhroinntear agus a rialaítear le rialacha iompair sonracha, agus lánurraim á tabhairt do rúndacht gnó, do rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta, i

gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13], agus don bheartas iomaíochta. Ba cheart ról gníomhach a bheith ag an gCoimisiún maidir le socruithe den sórt sin a éascú, trí thacú le Lárionad an Aontais Eorpaigh um Chomhroinnt agus Anailísiú Faisnéise Spáis a bhunú agus trí chur chun cinn a dhéanamh ar bhunú an Lárionaid sin, ag tógáil freisin ar thaithí earnálacha eile.

(93) Ba cheart rialacha comhchuibhithe maidir le hinbhuanaitheacht comhshaoil a leagan síos chun acmhainneacht an mhargaidh inmheánaigh a bhaint amach agus chun inbhuanaitheacht comhshaoil in earnáil an spáis a chur chun cinn, chun ilroinnt an mhargaidh a chosc agus chun an t-aistriú chuig geilleagar cóir, aeráidneodrach, tíosach ar acmhainní agus ciorclach a chur chun cinn.

(94) Ba cheart don aistriú i dtreo cleachtais inbhuanaithe atá bunaithe ar an ngeilleagar ciorclach sa spás tacaíocht a thabhairt d'úsáid inbhuanaithe fhadtéarmach acmhainní i ngníomhaíochtaí spáis. Trí thosú ag glacadh le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh, ba cheart do thionscal an spáis cleachtais níos inbhuanaithe a ghlacadh arb eol go bhfuil siad éifeachtach, agus an tráth céanna nuálaíocht a spreagadh i dtreo táirgí nua a bhfuil tionchar níos lú acu ar an gcomhshaol. I ndáil leis an méid sin, ba cheart do OS-S a bheith ríthábhachtach freisin chun an t-aistriú sin i dtreo na hinbhuanaitheachta agus an gheilleagair chiorclaigh sa spás a éascú.

(95) Ós rud é gur cuid d'iarrachtaí cuimsitheacha an Aontais é an Rialachán seo chun creat beartais láidir a bhunú le haghaidh táirgí, seirbhísí agus samhlacha gnó atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, ba cheart dó na bearta a leagtar síos sa Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe agus i gcreat an Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach a chomhlánú. Sa chiall sin, ba cheart do na staidéir ar an Lorg Comhshaoil i gcomhthéacs an Rialacháin seo tacú le cleachtais éicidhearthóireachta fheabhsaithe a fhorbairt agus rannchuidiú le sreafaí fuinnimh agus ábhar in earnáil spáis an Aontais a mhapáil, lena n-áirítear amhábhair straitéiseacha agus/nó chriticiúla agus athléimneacht níos airde sa slabhra soláthair a chumasú.

(96) Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar oibreoirí spáis lorg comhshaoil a ngníomhaíochtaí spáis a ríomh le linn shaolré na misean spáis. Ba cheart do chomhlacht teicniúil cáilithe deimhniú a eisiúint le haghaidh gníomhaíochtaí spáis a dhéanann fíorú agus bailíochtú ar ríomh lorg comhshaoil na ngníomhaíochtaí spáis, chun é a fhianú.

(97) Chun tionchar comhshaoil gníomhaíochtaí spáis a theorannú agus chun a n-inbhuanaitheacht a spreagadh, ba cheart don Choimisiún modheolaíocht mhionsonraithe a fhorbairt chun lorg comhshaoil gníomhaíochtaí spáis a ríomh, bunaithe ar mhodhanna measúnaithe atá fónta ó thaobh na heolaíochta de nó ar chaighdeáin idirnáisiúnta, amhail iad siúd a leagtar amach sa Mholadh ón gCoimisiún maidir le modhanna Lorg Comhshaoil a úsáid, d'fhonn comparáid a éascú i measc córas spáis.

(98) An tráth céanna, ní féidir na maímh chomhshaoil a réasúnú go cuí gan faisnéis iontaofa, inchomparáide agus infhíoraithe a bheith ann. Ba cheart do na sonraí ardchaighdeáin chruinnis a chomhlíonadh. Ba cheart sonraí caighdeánaithe maidir le tionchar comhshaoil gníomhaíochtaí spáis a chur san áireamh i mbunachar sonraí

(13) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lgh. 1-88, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

láraithe ar leibhéal an Aontais inar cheart sonraí a bhaineann leis an lorg comhshaoil a stóráil, agus ar an gcaoi sin trédhearcacht a éascú agus comhar agus comhroinnt sonraí a spreagadh maidir leis an Measúnú Saolré (LCA) le haghaidh gníomhaíochtaí spáis. Ba cheart úinéireacht an Aontais ar na tacair sonraí díorthaithe a bheith gan dochar d'úinéireacht oibreoirí spáis an Aontais, oibreoirí spáis tríú tír agus eagraíochtaí idirnáisiúnta sonraí a áirítear sna tacair sonraí comhiomlánaithe agus imdhealaithe arna dtarchur chuig bunachar sonraí an Choimisiúin a bhaineann le lorg comhshaoil. Ní fhéadfaidh tacair sonraí díorthaithe ná tacair sonraí chomhiomlánaithe, nuair a fhoilsíonn an Coimisiún iad, cead a thabhairt na sonraí a athstruchtúrú nó a dhíthiomsú ar bhealach lena sainaithneofar tionscnamh na sonraí.

(99) Ba cheart aon OS-S a dhéanamh ar bhealach sábháilte, freagrach agus síochánta, agus urraim á tabhairt do chearta na mBallstát eile agus tríú tíortha an cianspás a thaiscéaladh agus a úsáid. Ba cheart réimse nua OS-S, mar aon lena fheidhmeanna gaolmhara agus a chumais ghaolmhara, a bheith chun tairbhe d'fhorbairt éiceachóras spáis an Aontais amach anseo, ag rannchuidiú le margaí nua a chruthú (geilleagar sa spás), ag cothú inbhuanaitheacht agus ag méadú athléimneacht, inoiriúnaitheacht agus inscálaitheacht an bhonneagair spáis, chomh maith le rioscaí a bhaineann le smionagar spáis a mhaolú.

(100) Cé gur dé-úsáid í an teicneolaíocht OS-S go bunúsach, ba cheart, le creat trédhearcach atá bunaithe ar phríomhphrionsabail, an riosca a bhaineann le mí-úsáid cumais agus teicneolaíochta a mhaolú i gcomhthéacs OS-S a sholáthar. Agus na chéad oibríochtaí agus seirbhísí sa spás ar fáil cheana féin san Aontas, amhail le haghaidh cigireachta agus iompair, is gá taighde agus forbairt theicneolaíocht OS-S a chothú an tráth céanna agus teicneolaíochtaí agus seirbhísí tiomnaithe sa spás a léiriú.

(101) D'fhéadfadh misin spáis OS-S a bheith de chineál casta agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh ullmhúchán mionsonraithe a bheith ag teastáil ina leith. Déanann spásárthach seirbhíseora oibríochtaí spáschoinne agus gaireachta leis an leibhéal sonraithe neamhspleáchais agus déanann sé oibríochtaí tipiciúla, amhail, mar shampla, oibríochtaí duga, róbatacha agus athbhreoslaithe. Ba cheart an riosca imbhuailte idir spásárthach seirbhíseora agus spásárthach cliaint nó an réad smionagair a chosc agus a mhaolú trí ghníomhaíochtaí iomchuí, amhail an spásárthach a bheidh ann amach anseo a ullmhú chun seirbhísí sa spás a fháil.

(102) A mhéid a bhaineann le rialacha maidir le himbhualadh a sheachaint agus trácht fithiseach, chun seirbhísí spáis éifeachtúla chun imbhualadh a sheachaint a áirithiú, ba cheart d'oibreoirí spásárthaí an Aontais agus do sholáthraithe seirbhísí spáis CA an Aontais dul i gcomhar, go háirithe i gcás Foláireamh HIE.

(103) Ós rud é go soláthraíonn údaráis inniúla na húdaruithe d'oibreoirí spáis an Aontais, le haghaidh na gcéimeanna uile de mhisean spáis, tá gá le rochtain ar shonraí le haghaidh gach spásárthaigh údaraithe aonair, go dtí deireadh ré. Chun giaráil iomlán a dhéanamh ar na cumais atá ann cheana, ba cheart do na húdaráis inniúla brath ar chumais na Comhpháirtíochta AE-SST chun an faireachán a dhéanamh le linn na gcéimeanna ar fithis agus deireadh ré.

(104) Tá gá le hidirphlé idir na hoibreoirí spásárthaí lena mbaineann chun aon fhreagairt éifeachtúil a thabhairt ar Fholáireamh HIE idir dhá spásárthach éagsúla. Chun a áirithiú gur féidir idirphlé den sórt sin a thionscnamh go tapa, ba cheart do sholáthraí seirbhísí spáis CA feidhmiú mar éascaitheoir, trí na pointí teagmhála éagsúla a reáchtáil d'oibreoirí spásárthaí an Aontais.

(105) Mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar an líon foláireamh HIE, ba cheart d’oibreoirí spásárthaí an Aontais a bheith in ann freagairt d’fholáirimh den sórt sin níos minice. Ar fholáireamh HIE a fháil, mholfadh an soláthraí seirbhíse spáis seachanta imbhuailte liosta gníomhaíochtaí d’oibreoir spásárthaí an Aontais. Chun an t-aga freagartha don soláthraí seirbhíse seachanta imbhuailte a éascú, ba cheart nós imeachta caighdeánaithe maidir le rialacha an bhóthair a bhunú.

(106) Tá ról lárnach ag na Ballstáit i bhforfheidhmiú an Rialacháin seo. Chun na difríochtaí bunúsacha idir struchtúir institiúideacha ar an leibhéal náisiúnta a chur san áireamh, agus chun socruithe atá ann cheana a chosaint, ba cheart do na Ballstáit údarás inniúil amháin nó níos mó a ainmniú nó a bhunú a bheidh freagrach ar an leibhéal náisiúnta as cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a rialú. I gcás ina bhfuil níos mó ná údarás inniúil amháin i bhfeidhm ag na Ballstáit, níor cheart ach d’údarás amháin den sórt sin, chun críocha an Rialacháin seo, gníomhú mar phointe teagmhála aonair don Bhallstát sin, chun cumarsáid leis an gCoimisiún a éascú.

(107) Is gá cóineasú na gcumhachtaí atá ar fáil do na húdaráis inniúla a fheabhsú, ionas go bhféadfar an Rialachán seo a fhorfheidhmiú go héifeachtach ar fud an mhargaidh inmheánaigh. Ba cheart éifeachtacht na maoirseachta a ráthú le híoschumhachtaí comhchoiteanna in éineacht le hacmhainní leordhóthanacha. Ba cheart, dá bhrí sin, tacar íosta cumhachtaí maoirseachta agus imscrúdaitheacha a chur ar iontaoibh na n-údarás inniúil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Agus a gcumhachtaí á bhfeidhmiú ag na húdaráis inniúla faoin Rialachán seo, ba cheart dóibh gníomhú go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta agus a bheith neamhspleách i gcónaí ina gcinnteoireacht. Ba cheart do chomhaltaí na n-údarás inniúil staonadh ó aon ghníomhaíocht a dhéanamh atá ar neamhréir lena ndualgais agus ba cheart dóibh a bheith faoi réir rialacha rúndachta.

(108) Ba cheart do na Ballstáit gach beart is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear forálacha an Rialacháin seo chun feidhme, lena n-áirítear trí phionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a leagan síos maidir le sárú na rialacha. Agus measúnú á dhéanamh ar mhéid na bhfíneálacha, ba cheart do na Ballstáit, i ngach cás aonair, imthosca ábhartha uile an cháis shonraigh a mheas, agus aird chuí á tabhairt, go háirithe, ar chineál, tromchúis agus fad an tsáraithe, ar bhuaine na ndamáistí a rinneadh nó ar aon sárú roimhe sin.

(109) Ba cheart d’údaráis inniúla comhoibriú le chéile agus dea-chleachtais a mhalartú maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, lena n-áirítear, mar shampla, trí chúnamh frithpháirteach agus imscrúduithe comhpháirteacha a chur ar fáil agus lánurraim á tabhairt do nósanna imeachta náisiúnta.

(110) Tá gá le heolas speisialaithe ar na réimsí sin chun measúnú teicniúil a dhéanamh ar shábháilteacht, athléimneacht agus inbhuanaitheacht comhshaoil na ngníomhaíochtaí spáis. Ba cheart d’údaráis inniúla, i bhformhór na gcásanna, brath ar eolas teicniúil agus ar shaineolas na gcomhlachtaí teicniúla atá in ann measúnuithe agus fíoruithe a dhéanamh chun a fháil amach an bhfuil na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo á gcomhlíonadh, ionas go bhféadfaidh na húdaráis inniúla na húdaruithe chun gníomhaíochtaí spáis a dhéanamh a eisiúint ina dhiaidh sin.

(111) Agus na Ballstáit ag aithint gur gá socruithe solúbtha a chaomhnú, ba cheart saoirse a bheith acu a roghnú brath ar thacaíocht ón nGníomhaireacht nó ó eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil saineolas teicniúil acu chun na measúnuithe teicniúla sin a dhéanamh.

(112) Na Ballstáit a bhfuil sé ar intinn acu comhlachtaí teicniúla cáilithe a bhunú agus a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí spáis, ba cheart dóibh úsáid a bhaint as an gcóras creidiúnúcháin dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[(14)] agus údarás a thugann fógra á ainmniú acu chun measúnú agus faireachán a dhéanamh ar chomhlachtaí teicniúla cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis.

(113) Chun leibhéal comhsheasmhach cáilíochta, saineolais agus ionracais a áirithiú agus an measúnú teicniúil á dhéanamh ar ábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo, is gá ceanglais a leagan síos, a mhéid a bhaineann le hinniúlacht, neamhspleáchas agus easpa coinbhleachta leasa na gcomhlachtaí sin. Ba cheart d'údaráis na mBallstát a thugann fógra a bheith ag brath ar an uirlis leictreonach um fhógra a thabhairt arna forbairt agus arna bainistiú ag an gCoimisiún i gcomhthéacs comhlachtaí dá dtugtar fógra le haghaidh réimsí eile den mhargadh inmheánach (córas faisnéise NANDO).

(114) Tabharfaidh na húdaráis inniúla a bhunaítear faoin Rialachán seo aird chuí ar mheasúnuithe teicniúla agus ar thuairimí arna n-eisiúint ag údaráis inniúla náisiúnta, ag pointe teagmhála aonair nó ag foirne freagartha teagmhas a bhaineann le slándáil ríomhairí arna mbunú faoi Threoir (AE) 2022/2555, d'fhonn cóineasú maoirseachta a áirithiú agus cultúr a chruthú ina gcomhlíontar cumhachtaí maoirseachta na n-údarás faoi Threoir 2022/2555.

(115) Tá struchtúir rialachais oiriúnaithe na Gníomhaireachta fíor-riachtanach chun na cúraimí a dheonaítear leis an Rialachán seo a fheidhmiú go héifeachtach. Ba cheart Bord um Chomhlíonadh a bhunú agus a chur de chúram air na measúnuithe teicniúla uile is gá a dhéanamh lena gcuirfí ar a chumas don Choimisiún cinneadh a dhéanamh maidir le húdarú agus maoirseacht oibreoirí spáis an Aontais ar shócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais agus maidir le clárú agus maoirseacht leanúnach oibreoirí tríú tír a sholáthraíonn sonraí spásbhunaithe agus seirbhísí spáis san Aontas.

(116) Chun feidhmiú fónta agus neamhspleách na Gníomhaireachta a áirithiú, ba cheart do Chomhaltaí an Bhoird um Chomhlíonadh gníomhú go neamhspleách agus chun leas an Aontais. Níor cheart dóibh treoracha a lorg, a leanúint ná a ghlacadh ó rialtas Ballstáit, ó institiúidí, ó chomhlachtaí ná ó oifigí an Aontais ná ó aon eintiteas poiblí nó príobháideach. Thairis sin, ba cheart socruithe praiticiúla chun coinbhleacht leasa a chosc agus a bhainistiú a leagan síos sna Rialacha Nós Imeachta.

(117) I gcás inar gá plé a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le cúraimí nó gnéithe leasa do Ghníomhaireachtaí nó do chomhlachtaí an Aontais, nó a bhaineann go díreach le tríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta maidir le sócmhainní bhonneagar spáis na dtríú tíortha nó na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta sin, nó i gcás ina dteastaíonn soiléirithe nó faisnéis ón údarás maoirseachta tríú tír ábhartha ón mBord um Chomhlíonadh maidir le gnéithe nach mór don Bhord um Chomhlíonadh a fhionnadh go gcomhlíonann soláthraithe seirbhísí spáis atá bunaithe i dtríú tíortha an Rialachán seo, ba cheart rannpháirtíocht mar bhreathnóirí a bheith indéanta, faoi réir socruithe breise lena leagtar síos coinníollacha rannpháirtíochta ionadaithe na dtríú tíortha sin nó na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta sin trí chomhaontuithe ábhartha a thabhairt i gcrích.

---

(14) Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30, http://data.europa.eu/eli/reg/2008/765/oj).

(118) Chun inniúlachtaí, scileanna teicniúla agus saineolas sonrach na n-údarás inniúil náisiúnta agus na gcomhlachtaí teicniúla cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis a ghiaráil, ba cheart don Bhord um Chomhlíonadh leas a bhaint as cumais mhaoirseachta agus theicniúla náisiúnta trí fhochoistí tiomnaithe a bhunú maidir le cúrsaí sábháilteachta, athléimneachta agus inbhuanaitheachta comhshaoil, agus foirne comhpháirteacha ildisciplíneacha tiomnaithe a chomhthiomsú chun na seiceálacha teicniúla a dhéanamh.

(119) Chun sáruithe ar an Rialachán seo a bhrath, a mhéid a bhaineann le sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais agus na soláthraithe seirbhísí spáis atá bunaithe i dtríú tíortha, is gá cumhachtaí, uirlisí agus acmhainní éifeachtacha a bheith ag an gCoimisiún agus ag an nGníomhaireacht lena ráthaítear éifeachtacht iomlán maoirseachta. Dá bhrí sin, ba cheart an chumhacht a bheith ag an gCoimisiún agus ag an nGníomhaireacht faisnéis a iarraidh agus imscrúduithe agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh. Ba cheart don Choimisiún cumhachtaí maoirseachta a fháil agus a cheangal ar oibreoirí spáis an Aontais de shócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais agus ar sholáthraithe seirbhísí spáis atá bunaithe i dtríú tíortha deireadh a chur le sáruithe, agus ba cheart dó fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha a fhorchur.

(120) I ndáil leis na cumhachtaí imscrúdaithe agus cigireachta, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le rochtain ar áitreabh oibreoirí spáis an Aontais ar shócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais agus soláthraithe seirbhísí spáis atá bunaithe i dtríú tíortha i gcás ina mainneoidh soláthraithe seirbhísí spáis ar cuireadh iarraidh ar fhaisnéis chucu í a chomhlíonadh, nó i gcás ina ndéanfaí doiciméid lena mbaineann an iarraidh ar fhaisnéis a bhaint, a chrioscaíl nó a scriosadh. Ba cheart don rochtain sin a bheith bunaithe ar chomhaontú an eintitis tríú tír agus an údaráis tríú tír ábhartha.

(121) Ba cheart a áirithiú go n-urramófar cearta cosanta soláthraithe seirbhísí spáis atá bunaithe i dtríú tír le linn phróiseas iomlán an chlárúcháin agus an fhaireacháin ar chomhlíonadh leanúnach na Gníomhaireachta, go háirithe trí cheart a sholáthar ráitis réasúnaithe a chur isteach chun críocha na réamh-mheasúnuithe a bhaineann le clárú, agus ceart achomharc a dhéanamh in aghaidh chinntí na Gníomhaireachta os comhair a Boird Achomhairc nuabhunaithe.

(122) Ba cheart cumhachtaí uile na Gníomhaireachta agus an Choimisiúin a fheidhmiú agus lánurraim á tabhairt do na cearta bunúsacha agus trí na prionsabail a aithnítear sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a urramú, go háirithe an ceart go léireofaí meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, cosaint sonraí pearsanta, an ceart um shaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, saoirse fiontraíochta, an ceart chun maoine, an ceart chun cosaint tomhaltóirí, an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil, an ceart chun cosanta. Dá réir sin, ba cheart an Rialachán seo a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na cearta agus prionsabail sin.

(123) Ina theannta sin, ba cheart sraith rialacha nós imeachta a bheartú agus cumhachtaí imscrúdaitheacha á gcur i gcrích. I gcás ina n-aimseoidh an Ghníomhaireacht nó an Coimisiún léiriú tromchúiseach gur ann d'fhíorais ar dóigh gurb é atá iontu sárú amháin nó níos mó ar an Rialachán seo, ba cheart dóibh imscrúduithe a dhéanamh agus lánurraim á tabhairt do chearta cosanta oibreoir spáis an Aontais lena mbaineann nó soláthraí seirbhísí spáis tríú tír lena mbaineann. I gcomhthéacs bearta eatramhacha a ghlacadh, i gcás ina bhfuil gá le gníomhaíocht phráinneach chun gar-dhamáiste suntasach a chosc, féadfaidh an Ghníomhaireacht agus an Coimisiún sprioc-amanna

níos giorra a leagan síos don oibreoir spáis lena mbaineann chun barúlacha a thabhairt agus chun deis a thabhairt barúil a thabhairt i scríbhinn amháin.

(124) Chun cearta cosanta a chosaint go héifeachtach i leith chinntí uile na Gníomhaireachta, ar mhaithe le gontacht nós imeachta agus chun an t- ualach ar Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a laghdú, ba cheart don Ghníomhaireacht an deis a sholáthar do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha achomharc a dhéanamh i gcoinne cinntí a rinneadh faoi na cumhachtaí a thugtar don Ghníomhaireacht leis an Rialachán seo agus atá dírithe uirthi, nó a bhaineann go díreach agus go leithleach léi.

(125) Ba cheart, dá bhrí sin, Bord Achomhairc a bhunú chun a áirithiú go rachaidh na páirtithe a ndéanfaidh cinntí arna nglacadh ag an nGníomhaireacht difear dóibh ar iontaoibh na leigheasanna is gá. Ba cheart don Bhord Achomhairc a bheith neamhspleách ar aon struchtúr rialála agus riaracháin de chuid na Gníomhaireachta agus níor cheart go mbeadh sé faoi cheangal ag aon treoir. Maidir le cinneadh arna dhéanamh ag an mBord Achomhairc, ba cheart go bhféadfaí achomharc a dhéanamh ina choinne os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

(126) Ba cheart an Rialachán seo a bheith ag brath ar an gcreat Eorpach um chaighdeánú atá ann faoi láthair, bunaithe ar phrionsabail an Chur Chuige Nua, a leagtar amach i Rún ón gComhairle an 7 Bealtaine 1985 maidir le cur chuige i leith comhchuibhiú teicniúil agus caighdeán agus ar Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[(15)]. Ós rud é gurb é an Rialachán seo an chéad chur chuige rialála ar leibhéal an Aontais sa réimse sin, ba cheart cur chuige cothrom céimnitheach a ghlacadh freisin maidir le caighdeánú. Ba cheart na ceanglais theicniúla is gá le haghaidh chur i bhfeidhm an deimhnithe leictreonaigh ag an nGníomhaireacht, agus le haghaidh na spéartha dorcha agus ciúin, a fhorbairt tríd an bpróiseas caighdeánaithe. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún a iarraidh ar na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeáin a fhorbairt i ndáil leis an gceanglas fíor-riachtanach sin. Ba cheart an Coimisiún a chumhachtú chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear sonraíochtaí comhchoiteanna le haghaidh na gceanglas fíor-riachtanach sin in imthosca teoranta agus ról agus feidhmeanna na n-eagraíochtaí um chaighdeánú á gcur san áireamh.

(127) D'fhonn cur chuige comhchoiteann a chruthú le haghaidh oibreoirí spáis an Aontais atá toilteanach dul níos faide ná an bhonnlíne a shainordaítear leis an Rialachán seo i ndáil le sábháilteacht, athléimneacht nó inbhuanaitheacht comhshaoil gníomhaíochtaí spáis, ba cheart Creat Lipéad Spáis an Aontais a bhunú.

(128) Ba cheart do Scéimeanna Lipéadaithe Spáis an Aontais na bearnaí atá ann faoi láthair a réiteach, ar bearnaí iad a eascraíonn as caighdeáin éagsúla nó cleachtais neamhfhorbartha a bheith ann an tráth céanna, agus ar an gcaoi sin cuidiú le cur chuige coiteann a fhorbairt. Ba cheart Scéim Lipéadaithe Spáis an Aontais a fhorbairt le rannpháirtíocht na mBallstát, Ghrúpa Lipéad Spáis an Aontais (EUSLG) agus Ghrúpa Lipéad Spáis na bPáirtithe Leasmhara (SSLG), faoi cheannaireacht an Choimisiúin, le tacaíocht ón nGníomhaireacht. Ba cheart do EUSLG a bheith comhdhéanta

---

(15) Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Téacs atá ábhartha maidir le LEE (ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj )

d'ionadaithe ó údaráis inniúla in earnáil an spáis agus ó údaráis náisiúnta ábhartha eile agus ba cheart SSLG a bheith comhdhéanta d'ionadaithe ó eagraíochtaí tionscail agus ón saol acadúil.

(129) Tar éis iarraidh den sórt sin a fháil, ba cheart don Ghníomhaireacht scéimeanna iarrthacha a ullmhú don raon feidhme agus don ábhar sonraithe, gan moill mhíchuí. Ba cheart don Ghníomhaireacht, trí chomhairliúcháin phoiblí, meastóireacht a dhéanamh ar aon tionchar is dócha a bheadh ag an iarraidh ón gCoimisiún ar an margadh, go háirithe aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar FBManna agus ar chuideachtaí meánchaipitlithe beaga, ar an nuálaíocht, ar bhacainní ar iontráil sa mhargadh, nó lena mbaineann costais.

(130) Ba cheart díorma saineolaithe a roghnú chun meastóireacht a dhéanamh ar na ceanglais theicniúla maidir le gach Scéim Lipéadaithe aonair. Ba cheart an díorma saineolaithe a bheith comhdhéanta d'ionadaithe ón saol acadúil agus ó sholáthraí seirbhísí spáis seachanta imbhuailte an Aontais arna ainmniú leis an Rialachán seo, lena n-áiritheofar nach mbeidh coinbhleacht leasa idir na saineolaithe, ábhar na scéime lipéadaithe, agus na hiarratasóirí.

(131) D'fhonn cur chun feidhme na gceanglas a leagtar síos leis an Rialachán seo a éascú agus a thionlacan, ba cheart sraith beart tacaíochta agus tionlacain a bheith i bhfeidhm go dtí go gcuirfear chun feidhme é, agus lena linn. Is éard a bheadh i gceist leis na bearta sin treoir agus cúnamh a chur ar fáil d'oibreoirí spáis agus sainchomhaid theicniúla á n-ullmhú acu maidir le húdarú nó clárú i ndáil le hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo, chomh maith le sraith beart maidir le fothú acmhainneachta agus cistiú.

(132) Ba cheart don Choimisiún na critéir agus an mhodheolaíocht a fhorbairt chun cúnamh a thabhairt do na húdaráis inniúla meastóireacht a dhéanamh ar na measúnuithe riosca slándála, agus ar an gcaoi sin inchomparáideacht na n-athbhreithnithe maoirseachta a éascú, agus a shonrú cad is mórshuaitheadh oibríochtúil ann ar ghníomhaíochtaí spáis a dhéantar, nó ar sheirbhísí a sholáthraíonn oibreoir spáis. Ba cheart don Choimisiún úsáid táirgí cripteagrafacha a shonrú a thuilleadh, trí ghníomhartha tarmligthe atá le forbairt le haghaidh táirgí cripteagrafacha atá le deimhniú faoi scéimeanna an Aontais um dheimhniú cibearshlándála amach anseo, ar bhonn Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[(16)], chun cosaint na teiliméadrachta agus na teilea-orduithe a ráthú.

(133) I réimse na hinbhuanaitheachta comhshaoil, ba cheart don Choimisiún rialacha a shonrú a thuilleadh, trí ghníomhartha cur chun feidhme, lena n-áirítear modheolaíocht shonrach chun lorg comhshaoil na ngníomhaíochtaí spáis a ríomh agus a fhíorú.

(134) Chun a áirithiú go léireofar go cuí sa chreat rialála na hathruithe ar dhul chun cinn teicniúil nó ar ghealltanais nua an Aontais faoi choinbhinsiúin idirnáisiúnta, agus gur féidir é a oiriúnú dá bhrí sin de réir mar is gá, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an t-ord tosaíochta maidir le baint spásárthaí in LEO a leasú, aitheantas a thabhairt don dul chun cinn teicneolaíoch maidir le hoibríochtaí agus

(16) Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil) (Téacs atá ábhartha maidir le LEE ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/881/oj )

seirbhísí sa spás, ceanglais na measúnuithe riosca slándála agus na heilimintí a áirítear iontu a fhorlíonadh, na ceanglais maidir le hathléimneacht fhisiciúil, córais bhraite agus sásraí na stáisiún talún, cosaint na gcóras gréasáin agus faisnéise, an cúltaca is gá chun inmharthanacht leordhóthanach na coda sa spás a áirithiú agus chun téarnamh tapa ó bhainistiú riosca teagmhas agus ón slabhra soláthair a éascú. Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí shonrú a dhéanamh ar úsáid táirgí cripteagrafacha deimhnithe agus príomhtháirgí bainistíochta nó príomhsheirbhísí bainistíochta chun teiliméadracht agus teilea-ordúcháin a chosaint, trí shonrú a dhéanamh ar na critéir maidir le mórshuaitheadh oibríochtúil ar ghníomhaíochtaí nó ar sheirbhísí spáis, trí shonrú a dhéanamh, le haghaidh OS-S, ar an modh oibríochtúil agus na ceanglais is gá chun smionagar gníomhach a bhaint , trí shonrú a dhéanamh ar mhéid na dtáillí a ghearrfaidh an Ghníomhaireacht agus ar an mbealach ina n-íocfar iad, trí shonrú a dhéanamh ar fhorchur fíneálacha agus ar íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla, trí shonrú a dhéanamh ar na critéir maidir le comhdhéanamh agus saineolas na foirne a chomhdhéanann na foirne scrúdúcháin comhpháirteacha do na Boird Theicniúla, agus trí shonrú a dhéanamh ar na réimsí a bhaineann tairbhe as comhchistiú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, ar leibhéal na saineolaithe freisin, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus tá rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag plé le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(135) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun cinntí coibhéise a dheonú ar bhonn measúnú mionsonraithe, chun maoluithe a dheonú do lainseálaithe i gcás ina gcomhlíontar coinníoll maidir le leas an phobail, chun cead a thabhairt d'eintiteas poiblí tríú tír seirbhísí spáis nó sonraí spásbhunaithe a sholáthar san Aontas go dtí go dtabharfar comhaontuithe idirnáisiúnta i gcrích, chun bearta a fhorbairt maidir le himbhuailtí lainseála a sheachaint, le riosca taismigh tráth na lainseála agus na hathiontrála, le maolú smionagair spáis lainseálaí, le hinrianaitheacht spásárthaí, le rialacha tráchta fithisí, le suíomh spásárthaí i bhfithis, le maolú smionagair spáis spásárthaí, le buíonta spásárthaí, chun an t-ábhar agus na teimpléid a shonrú chun teagmhais shuntasacha a thuairisciú, chun sonrú a dhéanamh ar mhodh ríofa agus fíoraithe lorg comhshaoil na ngníomhaíochtaí spáis agus ar na teimpléid agus an t-ábhar le haghaidh an tuairiscithe a mhéid a bhaineann leis an Dearbhú maidir le Lorg Comhshaoil, chun sonrú a dhéanamh ar na prionsabail deartha le haghaidh SSInna agus Modúil Satailíte Feidhmiúla Inchomhdhéanta agus Inmhalartaithe le haghaidh OS-S, chun na sonraíochtaí coiteanna a leagan síos lena gcumhdaítear na ceanglais theicniúla maidir leis an deimhniú leictreonach agus maidir leis na spéartha dorcha agus ciúin, chun teimpléid a leagan síos le haghaidh Scéimeanna Lipéadaithe Spáis an Aontais agus Scéimeanna Lipéadaithe Spáis nua nó leasaithe an Aontais a

ghlacadh. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17].

(136) Ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh más rud é, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo a bhaineann le géarchéimeanna nó éigeandálaí sa mhargadh aonair, go n-éilítear, ar feadh tréimhse shealadach, ar mhórchúiseanna práinne, go n-úsáidfear sonraí nó seirbhísí spásbhunaithe nach bhfuil cláraithe le CARS.

(137) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach go leordhóthanach, is é sin margadh aonair a bhunú le haghaidh earnáil an spáis, trí rialacha comhchoiteanna comhchuibhithe atá beartaithe aghaidh a thabhairt ar phríomhrioscaí don bhonneagar spáis agus do sheirbhísí spáis agus ar an gcaoi sin sábháilteacht, athléimneacht agus inbhuanaitheacht comhshaoil na ngníomhaíochtaí spáis a áirithiú agus ós rud é, de bharr fairsinge nó éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

(138) Ba cheart a cheangal ar oibreoirí spáis ar fiontair bheaga nó institiúidí taighde nó oideachais iad na rialacha inbhuanaitheachta comhshaoil a chomhlíonadh 48 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus ba cheart feidhm a bheith ag na ceanglais a bhaineann le soláthar OS-S 60 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(139) Thairis sin, déantar breithniú cuí sa Rialachán seo ar fhad ullmhú an mhisin spáis agus ar shrianta teicniúla agus casta na ngarspriocanna éagsúla le linn chéimeanna innealtóireachta agus monaraíochta an spásárthaigh. Dealraíonn sé go bhfuil gá le hidirthréimhse chun freastal ar shrianta den sórt sin a bhaineann leis na coigeartuithe teicniúla is gá i gcéimeanna ullmhúcháin misin spáis, i gcomhthéacs chéim an athbhreithnithe chriticiúil ar dhearadh.

(140) Ba cheart dóthain ama a thabhairt d'oibreoirí spáis chun oiriúnú do na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo 24 mhí tar éis dó teacht i bhfeidhm.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# TEIDEAL I
# FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*

**Ábhar**

1. Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha maidir le bunú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh do shonraí spásbhunaithe agus do sheirbhísí spáis.

---

(17) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).

2. Chun ardleibhéal coiteann sábháilteachta, athléimneachta agus inbhuanaitheachta comhshaoil a bhaint amach do sheirbhísí spáis trí bhonneagar spáis lena ngintear sonraí spásbhunaithe a oibriú agus a úsáid, leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha comhchuibhithe maidir leis an méid seo a leanas:

(a) údarú, clárú agus maoirseacht gníomhaíochtaí spáis arna ndéanamh ag soláthraithe seirbhísí spáis atá bunaithe san Aontas, agus faoi seach, clárú agus maoirseacht ar ghníomhaíochtaí spáis a dhéanann eagraíochtaí idirnáisiúnta agus soláthraithe seirbhísí spáis atá bunaithe i dtríú tíortha agus sonraí spásbhunaithe nó seirbhísí spáis á soláthar acu san Aontas, i ndáil le hábhair a bhaineann le sábháilteacht, athléimneacht agus inbhuanaitheacht comhshaoil na ngníomhaíochtaí spáis;

(b) rialacha bainistíochta tráchta ar fhithis, trí sheirbhísí seachanta imbhuailte a sholáthar;

(c) gnéithe rialachais agus forfheidhmithe;

(d) lipéad Spáis an Aontais agus bearta fothaithe acmhainneachta a bhunú.

*Airteagal 2*

**Raon feidhme**

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na soláthraithe seirbhísí spáis seo a leanas:

(a) oibreoirí spáis;

(b) soláthraithe seirbhísí spáis seachanta imbhuailte;

(c) príomhsholáthraithe sonraí spásbhunaithe;

(d) eagraíochtaí idirnáisiúnta.

2. Níl feidhm ag forálacha Theideal IV, Chaibidlí I agus V, maidir le fithisí atá níos faide ná an domhanfhithis gheochobhsaí (GEO).

3. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) spásréada a úsáidtear go heisiach chun críoch cosanta nó slándála náisiúnta, gan beann ar cén soláthraí seirbhísí spáis a dhéanann na gníomhaíochtaí spáis;

(b) spásréada a cuireadh go sealadach faoi oibríocht mhíleata agus faoi rialú míleata chun críoch cosanta, ar feadh thréimhse an mhisin spáis faoi seach;

(c) údarú nó bainistiú speictrim raidió a rialaítear le Cinneadh 676/2002/AE, Treoir (AE) 2018/1972 agus Cinneadh Uimh. 243/2012/AE;

(d) sócmhainní a seoladh roimh an 1 Eanáir 2030.

4. Beidh feidhm ag na ceanglais a leagtar síos i dTeideal IV, Caibidil I, maidir le dearadh agus monarú spásréad i gcás ina ngineann a n-oibriú sonraí spásbhunaithe a úsáidtear san Aontas nó lena gcumasaítear soláthar seirbhísí spáis san Aontas.

*Airteagal 3*

**Saorghluaiseacht**

1. Ní chuirfidh na Ballstáit srian, ar chúiseanna a bhaineann le sábháilteacht, athléimneacht agus inbhuanaitheacht comhshaoil, mar a chumhdaítear leis an Rialachán seo, le soláthar sonraí spásbhunaithe agus seirbhísí spáis san Aontas ag

soláthraithe seirbhísí spáis atá cláraithe i gclár an Aontais um Réada Spáis dá dtagraítear in Airteagal 24.

2. D'ainneoin mhír 1, i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag soláthraí seirbhísí spáis de chuid an Aontais oibriú i mBallstát seachas an Ballstát bunaíochta nó lainseáil ó Bhallstát seachas an Ballstát bunaíochta, féadfaidh na Ballstáit, agus na húdaruithe faoi seach á n-eisiúint acu le haghaidh oibríochta nó lainseála, ceanglais níos déine a fhorchur maidir le sábháilteacht, athléimneacht nó inbhuanaitheacht comhshaoil i ndáil leis an misean spáis faoi seach, a mhéid a bhfuil gá leis na ceanglais sin go hoibiachtúil chun sábháilteacht, athléimneacht nó inbhuanaitheacht comhshaoil na hoibríochta nó na lainseála faoi seach a choimirciú faoi réir údarú ar a gcríocha.

3. Soláthróidh na Ballstáit an fhaisnéis ábhartha uile maidir leis na ceanglais dá dtagraítear i mír 2 tríd an Tairseach Faisnéise a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 110.

*Airteagal 4*

**Clásal slándála náisiúnta**

Beidh an Rialachán seo gan dochar do fhreagrachtaí na mBallstát an tslándáil náisiúnta agus feidhmeanna bunriachtanacha eile Stáit a choimirciú.

*Airteagal 5*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'spásréad' réad de dhéantús an duine a sheoltar chuig an gcianspás, lena n-áirítear spásárthach agus céim fhithiseach feithicle lainseála;

(2) ciallaíonn 'spásárthach' spásréad atá deartha chun feidhm shonrach nó misean spáis a dhéanamh, amhail seirbhísí cumarsáide, loingseoireachta nó breathnóireachta a sholáthar, nó oibríochtaí agus seirbhísí sa spás a sholáthar, lena n-áirítear satailít, an lainseálaí uachtarach, nó an fheithicil athiontrála;

(3) ciallaíonn 'buíon' grúpa spásréad ina bhfuil 10 spásárthach oibríochtúla ar a laghad, ach nach bhfuil níos mó ná 99 gcinn de na spásárthaí sin, ag obair le chéile ar mhaithe le misean coiteann spáis, faoi réir plean imscartha fithiseach réamhshainithe;

(4) ciallaíonn 'meigea-bhuíon' buíon ina bhfuil 100 spásárthach oibríochtúil ar a laghad, ach nach bhfuil níos mó ná 999 gcinn de na spásárthaí sin ann;

(5) ciallaíonn 'gigea-bhuíon' buíon a bhfuil 1 000 spásárthach oibríochtúil ar a laghad ann;

(6) ciallaíonn 'réigiún faoi chosaint GEO' cuid den bhlaosc sféarúil a shainmhínítear leis an méid seo a leanas: airde íochtair = airde gheochobhsaí lúide 200 km, airde uachtarach = airde gheochobhsaí móide 200 km, -15 céim ≤ domhanleithead ≤ + 15 chéim airde gheochobhsaí (is é 35,786 km airde na domhanfhithise gheochobhsaí);

(7) ciallaíonn 'mionaicme satailíte' aicme satailítí ag a bhfuil meáchan atá cothrom le 201 kg nó níos mó agus níos lú ná 600 kg;

(8) ciallaíonn ‘misean spáis’ misean arna shainiú ag an úsáideoir atá le baint amach le spásréad;

(9) ciallaíonn ‘bonneagar spáis’ aon sócmhainn nó tacar sócmhainní, córas agus fochóras nó codanna díobh, a úsáidtear chun gníomhaíochtaí spáis a dhéanamh, trí idirghníomhaíocht agus oibriú na gcodanna ar talamh, na gcodanna sa spás agus na gcodanna naisc;

(10) ciallaíonn ‘an chuid ar talamh’ an chuid sin den bhonneagar spáis atá suite ar an Domhan, atá suite laistigh nó lasmuigh de chríoch an Aontais, lena gcuimsítear an bonneagar ar talamh dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir (AE) 2022/2557, agus lena n-áirítear stáisiúin talún, críochfoirt, trealamh trastíre is gá chun cumarsáid a dhéanamh le spásréada agus chun tacú le gníomhaíochtaí spáis a dhéanamh, lárionaid rialaithe misean agus lárionaid rialaithe eile ar talamh, bonneagar cineálach ar talamh, líonraí ar talamh, saoráidí cúnta, amhail saoráidí tástála cóimeála agus comhtháthaithe spásárthaí (AIT), ceap lainseála agus bonneagar gaolmhar is gá chun gníomhaíochtaí lainseála a dhéanamh;

(11) ciallaíonn ‘an chuid sa spás’ an chuid den bhonneagar spáis atá suite sa chianspás, lena n-áirítear spásréada, stáisiúin spáis, tóireadóirí spáis, córais iompair spáis foireannaithe agus crua-earraí agus bogearraí ar bord sna córais faisnéise agus ábhar nó trealamh eile ar bord;

(12) ciallaíonn ‘sonraí spásbhunaithe’ sonraí a fhaightear ón gcianspás, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do shonraí maidir le hidircheapadh, logánú, tarchur comhartha a ghintear le spásréad, nó sonraí breathnóireachta, agus a thagann ón Domhan, ó rinn neimhe, ó spásréad nó ón gcianspás;

(13) ciallaíonn ‘gníomhaíochtaí spáis’ sraith oibríochtaí nuair a dhéantar gníomhaíochtaí sa chianspás, go háirithe:

(a) oibriú agus rialú spásréad, lena n-áirítear le haghaidh athiontrála;

(b) seirbhísí lainseála, lena n-áirítear iarrachtaí lainseála;

(c) oibriú agus cothabháil ionad lainseála agus saoráidí lainseála;

(d) gníomhaíochtaí i ndáil le taiscéalaíocht an chianspáis, amhail spáseitilt an duine, spásiompar agus turgnaimh a dhéanamh, lena n-áirítear turgnaimh de chineál eolaíoch, sa chianspás;

(e) gníomhaíochtaí i ndáil le húsáid agus bainistiú spásréad sa chianspás, amhail oibríochtaí agus seirbhísí sa spás (OS-S);

(f) oibríochtaí lena mbaineann faireachán ar smionagar spáis;

(g) oibríochtaí lena mbaineann diúscairt smionagair spáis;

(14) ciallaíonn ‘seirbhísí spáis’ aon cheann de na seirbhísí seo a leanas:

(a) oibriú agus rialú spásréada;

(b) seirbhísí lainseála a sholáthar, chomh maith le seirbhísí oibríochta agus cothabhála na n-ionad lainseála a sholáthar;

(c) aon cheann de na seirbhísí a sholáthraíonn príomhsholáthraí sonraí spásbhunaithe;

(d) seirbhísí agus oibríochtaí sa spás (OS-S);

(e) seirbhísí spáis seachanta imbhuailte;

(15) ciallaíonn 'soláthraí seirbhísí spáis' soláthraí seirbhísí spáis a chumhdaítear leis an Rialachán seo;

(16) ciallaíonn 'oibreoir spáis' eintiteas poiblí nó príobháideach a oibríonn an bonneagar spáis, trí cheann amháin ar a laghad de na seirbhísí spáis seo a leanas a dhéanamh, bunaithe ar údarú nó ar chóras sonrach chun clár náisiúnta spáis a chur i gcrích:

(a) oibriú, rialú agus filleadh spásréada ('oibreoir spásárthaigh');

(b) próiseas lainseála spásréada a oibriú, a rialú agus faireachán a dhéanamh air ('oibreoir lainseála');

(c) oibriú, rialú agus cothabháil saoráidí ag cuid den bhonneagar spáis ar talamh a úsáidtear le haghaidh an phróisis lainseála ('oibreoir ionaid lainseála');

(d) oibriú agus rialú spásréada chun oibríocht agus seirbhís sa spás a sholáthar, lena n-áirítear do spásréada eile ('soláthraí OS-S');

(17) Ciallaíonn 'oibreoir spáis an Aontais' oibreoir spáis atá bunaithe san Aontas, nó atá á rialú ag duine nádúrtha nó duine dlítheanach ar soláthraí seirbhísí spáis é atá bunaithe san Aontas;

(18) ciallaíonn 'rialú', chun críocha phointe (17), an cumas tionchar cinntitheach a fheidhmiú ar eintiteas dlítheanach go díreach, nó go hindíreach trí eintiteas dlíthiúil idirmheánach amháin nó níos mó;

(19) ciallaíonn 'oibreoir spáis tríú tír' oibreoir spáis atá bunaithe i dtríú tír a dhéanann aon cheann de na nithe seo a leanas:

(a) soláthraíonn sé seirbhísí spáis d'oibreoirí spáis an Aontais, nó i ndáil leis na sócmhainní spáis a shainítear i bpointí (20) agus (21),

(b) gníomhaíonn sé féin mar phríomhsholáthraí sonraí spásbhunaithe, nó

(c) soláthraíonn sé seirbhísí do phríomhsholáthraithe sonraí spásbhunaithe;

(20) Ciallaíonn 'sócmhainní faoi úinéireacht an Aontais' sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe atá faoi úinéireacht an Aontais arna gcruthú nó arna bhforbairt faoi Chlár Spáis an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2021/696 agus Airteagal 1 de Rialachán (AE) 2023/588;

(21) ciallaíonn 'sócmhainní spáis rialtais nó neamhrialtasacha' sócmhainní seachas na sócmhainní sin a shainmhínítear i bpointe (20), bídís faoi úinéireacht phoiblí nó phríobháideach, atá á n-oibriú ag údarás poiblí nó ag páirtí príobháideach atá bunaithe i mBallstát, lena n-áirítear sócmhainní dé-úsáide a chuirtear faoi rialú sibhialta;

(22) ciallaíonn 'príomhsholáthraithe spásbhunaithe' soláthraithe seirbhísí spáis, atá bunaithe san Aontas nó i dtríú tír, a thionscnaíonn an chéad phróiseáil ar shonraí spásbhunaithe atá leordhóthanach go teicniúil chun gur féidir sonraí spásbhunaithe a sholáthar ina dhiaidh sin, mar a leanas:

(a) soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí, i gcás inar cumarsáid iad na sonraí spásbhunaithe lena mbaineann;

(b) soláthraithe seirbhísí spáis a áirithíonn an chéad phróiseáil ar shonraí breathnóireachta, sula ndéantar próiseáil eile orthu, i gcás inar sonraí breathnóireachta iad na sonraí spásbhunaithe lena mbaineann;

(23) ciallaíonn 'eagraíocht idirnáisiúnta' eagraíocht idirnáisiúnta a sholáthraíonn sonraí spásbhunaithe san Aontas nó sonraí spásbhunaithe a ghintear le spásréada a chuirtear ar fhithis nach mó ná GEO agus atá á n-oibriú ag eagraíochtaí idirnáisiúnta den sórt sin;

(24) ciallaíonn 'soláthraí seirbhísí spáis seachanta imbhuailte' soláthraí seirbhísí seachanta imbhuailte, lena n-áirítear an t-eintiteas Seachanta Imbhuailte (eintiteas CA) san Aontas, nó soláthraithe seachanta imbhuailte atá bunaithe i dtríú tír;

(25) ciallaíonn 'institiúid taighde agus oideachais' soláthraí seirbhísí spáis a dhéanann gníomhaíochtaí spáis chun críoch turgnamhach, bíodh torthaí an taighde sin á saothrú chun críoch tráchtála nó ná bíodh;

(26) ciallaíonn 'fiontair bheaga agus mheánmhéide' ('FBManna') fiontair bheaga agus mheánmhéide mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún;

(27) ciallaíonn 'cuideachtaí meánchaipitlithe beaga' fiontair mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh C(2025) 3500 final ón gCoimisiún;

(28) ciallaíonn 'eintitis a chuireann bainistíocht riosca shimplithe i bhfeidhm' oibreoirí spáis ar fiontair bheaga nó institiúidí taighde nó oideachais iad agus a chuireann an bhainistíocht riosca shimplithe dá dtagraítear in Airteagal 10(3) agus in Airteagal 15(2) i bhfeidhm;

(29) ciallaíonn 'feithicil lainseála' córas, cuid den chuid sa spás, atá ceaptha chun spásréad amháin nó níos mó a iompar isteach sa chianspás;

(30) ciallaíonn 'céim fhithiseach feithicle lainseála' eilimint iomlán d'fheithicil lainseála atá deartha chun sá sainithe a thiomáint le linn céim thiomnaithe d'oibriú na feithicle lainseála agus chun fithis a bhaint amach;

(31) ciallaíonn 'seirbhís lainseála' seirbhís atá beartaithe chun spásréad a chur i bhfithis, lena n-áirítear iarrachtaí lainseála;

(32) ciallaíonn 'ionad lainseála' suíomh ar an Domhan, ar cuid de chuid an bhonneagair spáis ar talamh é, óna ndéantar spásréad a lainseáil;

(33) ciallaíonn 'teagmhais ardleasa (HIEnna)' cineálacha cur chuige dlútha lena mbaineann ardleibhéal riosca, a bhféadfadh sé gur ghá d'oibreoir spáis inlíocht seachanta imbhuailtí a dhéanamh ina leith;

(34) ciallaíonn 'oibríocht ainmniúil' cur i gcrích cúraimí pleanáilte nó an feidhmiú dár dearadh spásárthach nó céim fhithiseach feithicle lainseála;

(35) ciallaíonn 'teachtaireachtaí sonraí cónaisc' faisnéis faoi chónasc idir dhá spásréad;

(36) ciallaíonn 'seachaint imbhuailte' ionramhálacha seachanta imbhuailte a dhéanamh chun an riosca imbhuailte sa chianspás a laghdú;

(37) ciallaíonn 'deilte-V' an incrimint treoluais is gá chun fithis shonrach nó conair eitilte shonrach a bhaint amach;

(38) ciallaíonn 'ábhar spéise' aon réad a bhfuil baint aige le haon staid a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do na spásréada eile nó don staid ar domhan;

(39) ciallaíonn 'athiontráil' spásréad a fhilleadh go buan isteach in atmaisféar an Domhain;

(40) ciallaíonn 'diúscairt' sraith gníomhaíochtaí a dhéanann spásárthach nó céim fhithiseach feithicle lainseála, le tacaíocht ó spásárthach seirbhíseora nó dá huireasa, d'fhonn an riosca go ndéanfaí bloghadh de thaisme a laghdú go buan agus d'fhonn a áirithiú go mbeidh na fithisí glan go fadtéarmach;

(41) ciallaíonn 'céim diúscartha' an t-eatramh idir deireadh mhisean spáis spásárthaigh nó céim fhithiseach feithicle lainseála agus deireadh a ré;

(42) ciallaíonn 'deireadh ré' an tráth a mhúchtar spásárthach nó céim fhithiseach feithiclí lainseála go buan, go hainmniúil mar a chríochnaíonn sí a céim diúscartha, a théann isteach arís in atmaisféar an Domhain, nó nach féidir le hoibreoir spáis í a rialú a thuilleadh;

(43) ciallaíonn 'deireadh misin' an chéim ina gcríochnaíonn spásárthach nó céim fhithiseach feithicle lainseála na cúraimí a bhfuil sé deartha ina leith, seachas a dhiúscairt, an chéim ina n-éiríonn sé neamhfheidhmiúil mar thoradh ar chliseadh, nó ina stoptar go buan é trí chinneadh deonach;

(44) ciallaíonn 'éighníomhú' fuinneamh stóráilte a ídiú go buan, a dhíghníomhachtú ar bhealach do-aisiompaithe, nó gach foinse fuinnimh stóráilte ar bord a dhéanamh sábháilte a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le hilroinnt trí thimpiste;

(45) ciallaíonn 'smionagar spáis' aon spásréad, lena n-áirítear spásárthach nó blúirí nó eilimintí de, i bhfithis an Domhain agus i bhfithis na gealaí, nó a thagann isteach arís in atmaisféar an Domhain nó in eisisféar na gealaí, atá neamhfheidhmiúil nó nach bhfuil aon chuspóir sonrach leis a thuilleadh, lena n-áirítear codanna de roicéid nó satailítí saorga, nó satailítí saorga neamhghníomhacha;

(46) ciallaíonn 'córas gréasán agus faisnéise' an córas gréasán agus faisnéise mar a shainmhínítear in Airteagal 6, pointe (1) de Threoir (AE) 2022/2555;

(47) ciallaíonn 'slándáil na gcóras gréasáin agus faisnéise' slándáil na gcóras gréasáin agus faisnéise mar a shainmhínítear in Airteagal 6, pointe (2) de Threoir (AE) Uimh. 2022/2555;

(48) ciallaíonn 'bonneagar criticiúil' bonneagar criticiúil mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (4), de Threoir (AE) 2022/2557;

(49) ciallaíonn 'lárionad rialaithe misin' an ghné sa chuid ar talamh atá tiomnaithe d'fheidhmiú misin spáis a rialú agus faireachán a dhéanamh air;

(50) ciallaíonn 'lárionad rialaithe satailíte' an eilimint den chuid ar talamh atá tiomnaithe do rialú chumraíocht an ardáin satailíte;

(51) ciallaíonn 'rialú teicniúil éifeachtach' dearbhú oibreora spáis nach bhforghníomhaíonn spásréad ach orduithe arna dtarchur ag foinsí údaraithe agus go ndéantar na horduithe sin san ord cuí agus ag an tráth atá beartaithe;

(52) ciallaíonn 'teiliméadracht/teilea-ordú' na naisc lena dtarchuirtear an teiliméadracht ón gcuid sa spás chuig an gcuid ar talamh agus na naisc a sheolann an teilea-ordú ón gcuid ar talamh chuig an gcuid sa spás;

(53) ciallaíonn 'athléimneacht' an cumas teagmhas a chosc, cosaint ina aghaidh, freagairt air agus seasamh ina aghaidh, é a mhaolú, a ionsú, freastal air agus téarnamh uaidh;

(54) ciallaíonn 'cibearbhagairt' cibearbhagairt mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (8), de Rialachán (AE) 2019/881;

(55) ciallaíonn 'cibearbhagairt shuntasach' cibearbhagairt shuntasach mar a shainmhínítear in Airteagal 6, pointe (11), de Threoir (AE) 2022/2555;

(56) ciallaíonn 'teagmhas' teagmhas lena gcuirtear aon cheann de na nithe seo a leanas i mbaol:

(a) infhaighteacht, barántúlacht, sláine nó rúndacht na sonraí stóráilte, tarchurtha nó próiseáilte, nó infhaighteacht, barántúlacht, sláine nó rúndacht na seirbhísí a thairgeann córais gréasáin agus faisnéise, nó atá inrochtana trí na córais sin, nó

(b) slándáil fhisiceach shócmhainní an bhonneagair spáis agus na n-oibreoirí spáis;

(57) ciallaíonn 'láimhseáil teagmhas' 'láimhseáil teagmhas' mar a shainmhínítear in Airteagal 6, pointe (8), de Threoir (AE) 2022/2555;

(58) ciallaíonn 'catagóirí tionchair breise' catagóirí faisnéise comhshaoil atá lasmuigh de na catagóirí tionchair maidir le lorg comhshaoil (EF) arna ríomh agus arna gcur in iúl in éineacht le torthaí lorg comhshaoil táirge (PEF);

(59) ciallaíonn 'tacar sonraí comhiomlánaithe' fardal saolré (FSR) de phróisis ilaonad nó céimeanna saolré, nach soláthraítear ionchuir agus aschuir ina leith ach amháin ar an leibhéal comhiomlánaithe, go cothrománach nó go hingearach;

(60) ciallaíonn 'inbhuanaitheacht comhshaoil' an cumas comhshaol nádúrtha an Domhain a chaomhnú agus a chosaint le himeacht ama, le cleachtais agus beartais iomchuí lena bhfreastalaítear ar na riachtanais atá ann faoi láthair agus gan infhaighteacht acmhainní amach anseo a chur i mbaol;

(61) ciallaíonn 'dí-chomhiomlánú' an próiseas lena ndéantar tacar sonraí comhiomlánaithe a mhiondealú ina dtacair sonraí aonad próisis chothrománacha nó ingearacha atá níos lú;

(62) ciallaíonn 'tacar sonraí díorthaithe' tacar sonraí a fhaightear nuair a chomhcheanglaítear dhá thacar sonraí, nó níos mó ná sin, trí oibríochtaí matamaiticiúla, nó nuair a chomhcheanglaítear tacar sonraí amháin ar a laghad le faisnéis bhreise shubstaintiúil nó tacair sonraí eile;

(63) ciallaíonn 'oibríochtaí agus seirbhísí sa spás (OS-S)' gníomhaíochtaí a dhéantar sa spás (ar fithis agus sa chianspás), d'fhonn seirbhísí a sholáthar ar shócmhainní sa chuid sa spás agus ar a n-áirítear cúraimí a chur i gcrích amhail cigireacht, spáschoinní, ardán iniúchta, deisiú, athbhreoslú, athchumrú, monarú, cóimeáil agus díchóimeáil, athúsáid, athchúrsáil, baint agus iompar réad oibríochtúil, neamhoibríochtúil agus lochtach (smionagar) sa spás, le spásárthach seirbhíseora a bhfuil ardleibhéal neamhspleáchais aige, lena n-áirítear ardáin nó struchtúir níos mó;

(64) ciallaíonn 'oibríocht OS-S' cur i gcrích na gcúraimí beartaithe OS-S a bhaineann le spásréad amháin nó níos mó;

(65) ciallaíonn 'spásárthach seirbhíseora OS-S' spásárthach arna dhearadh go sonrach chun OS-S sonrach a sholáthar;

(66) ciallaíonn 'spásárthach cliaint' spásárthach a fhaigheann OS-S;

(67) ciallaíonn 'údarás inniúil' údarás poiblí arna bhunú nó arna ainmniú mar údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagal 28;

(68) ciallaíonn 'comhlacht teicniúil cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis' comhlacht teicniúil arna bhunú i mBallstát a dhéanann measúnú teicniúil i ndáil le cúrsaí sábháilteachta, athléimneachta agus inbhuanaitheachta comhshaoil a chumhdaítear leis an Rialachán seo agus ar tugadh fógra ina leith don Choimisiún i gcomhréir leis an Rialachán seo;

(69) ciallaíonn 'measúnú teicniúil' an próiseas lena léirítear go gcomhlíonann soláthraithe seirbhísí spáis na ceanglais theicniúla a leagtar síos sa Rialachán seo;

(70) ciallaíonn 'caighdeán' caighdeán mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012;

(71) ciallaíonn 'sonraíochtaí coiteanna' tacar ceanglas teicniúil, seachas caighdeán, lena soláthraítear modh chun na ceanglais is infheidhme maidir leis an deimhniú leictreonach agus an truailliú solais agus an truailliú raidió a chomhlíonadh;

(72) ciallaíonn 'láimhdeachas' an méid arna dhíorthú ag gnóthas de réir bhrí Airteagal 5(1) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle;

(73) ciallaíonn 'Lipéad Spáis an Aontais' doiciméad arna eisiúint ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis arna bunú in Airteagal 1 de Rialachán (AE) 2021/696 ('an Ghníomhaireacht') lena bhfianaítear go ndearnadh meastóireacht ar spásréad ar leith maidir le comhlíonadh na gceanglas sonrach sábháilteachta, athléimneachta nó inbhuanaitheachta comhshaoil a leagtar síos i Scéim Lipéadaithe Spáis an Aontais;

(74) ciallaíonn 'Scéim Lipéadaithe Spáis an Aontais' tacar cuimsitheach rialacha, ceanglas teicniúil, caighdeán agus nósanna imeachta arna mbunú ar leibhéal an Aontais a bhfuil feidhm acu maidir le seiceáil comhlíontachta ar tháirgí, ar phróisis agus ar sheirbhísí, lena n- áirítear gníomhaíochtaí tástála agus cigireachta a dhéantar i ndáil le cúrsaí sábháilteachta, athléimneachta nó inbhuanaitheachta comhshaoil;

(75) ciallaíonn 'athbhreithniú criticiúil ar dhearadh' an chéim sa phróiseas innealtóireachta, monaraíochta agus forbartha, lena gcinntear go gcomhlíonann dearadh agus cumraíocht na gcóras agus na bhfochóras ceanglais shonraithe uile an mhisin spáis, i dtéarmaí feidhmíochta, comhoiriúnachta, sonraíochtaí táirge, measúnú rioscaí, pleanáil réamh-thástálacha, leordhóthanacht réamhoibríochta agus soláthar doiciméad tacaíochta, rud a fhágann gur féidir dul ar aghaidh le cur chun feidhme agus comhtháthú an chórais.

# Teideal II
# GNÍOMHAÍOCHTAÍ SPÁIS A ÚDARÚ AGUS A CHLÁRÚ

## Caibidil I
## ÚDARÚ OIBREOIRÍ SPÁIS AN AONTAIS

*Airteagal 6*

**Údarú chun gníomhaíochtaí spáis a dhéanamh**

1. Ní sholáthróidh oibreoirí spáis an Aontais seirbhísí spáis ach amháin má tá údarú faighte acu i mBallstát chun gníomhaíochtaí spáis a dhéanamh lena léirítear go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos i dTeideal IV, Caibidlí I go V, de réir mar is infheidhme, ag brath ar chatagóir an oibreora spáis lena mbaineann.

2. Aithneoidh Ballstát na húdaruithe arna n- eisiúint ag Ballstát eile maidir leis na ceanglais a leagtar síos i dTeideal IV, Caibidlí I go V.

3. Maidir le heisiúint údaraithe, is é údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an t- iarratasóir bunaithe agus, de réir mar is infheidhme, údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil sé beartaithe ag an iarratasóir sin oibriú nó lainseáil, murab ionann é agus an Ballstát bunaíochta, a eiseoidh údarú.

   Áiritheoidh údaráis inniúla na mBallstát sin go bhfuil comhordú ann chun a bpróisis údarúcháin féin a éascú.

4. Chun údarú a sheachadadh, cuirfidh údarás inniúil san áireamh an tuairim a d'eisigh an comhlacht teicniúil cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis i gcomhthéacs measúnuithe teicniúla arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 8.

5. I gcás oibreoirí spáis de chuid an Aontais a bhfuil sé beartaithe acu dul ar iontaoibh na seirbhísí spáis arna soláthar ag oibreoir spáis tríú tír nó ag eagraíocht idirnáisiúnta, léireoidh siad do na húdaráis inniúla ábhartha, ina n- iarratas ar údarú, clárú an oibreora spáis tríú tír sin nó na heagraíochta idirnáisiúnta sin in CARS, i gcomhréir le hAirteagal 17 nó le hAirteagal 18, faoi seach.

   I gcás nach bhfuil an nós imeachta clárúcháin in CARS curtha i gcrích go fóill, oibreoidh an t-oibreoir spáis de chuid an Aontais i ndlúthchomhar leis an oibreoir spáis tríú tír nó leis an eagraíocht idirnáisiúnta, leis an údarás inniúil ábhartha agus leis an nGníomhaireacht, lena n- áirítear trína cheangal go dtabharfar nuashonruithe maidir le stádas an phróisis clárúcháin.

   Soláthróidh an Ghníomhaireacht nuashonruithe den sórt sin láithreach chun moill neamhriachtanach ar phróiseas údarúcháin an oibreora spáis de chuid an Aontais a sheachaint.

6. I gcás ina mbeidh gá le seirbhísí spáis a bheith soláthraithe ag oibreoir spáis tríú tír nó ag eagraíocht idirnáisiúnta tar éis údarú a bheith eisithe, amhail i gcás OS-S, cuirfidh oibreoir spáis de chuid an Aontais an t- údarás inniúil ar an eolas faoi sin gan mhoill, agus soláthróidh sé cruthúnas clárúcháin an oibreora spáis tríú tír sin nó na heagraíochta idirnáisiúnta sin in CARS dó.

*Airteagal 7*

**An próiseas údarúcháin**

1. Déanfaidh iarratasóir iarratas ar údarú leis an údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 6(3).

2. San iarratas ar údarú beidh comhad teicniúil ina mbeidh an doiciméadacht agus an fhianaise thacaíochta uile is gá chun a léiriú go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos i dTeideal IV, Caibidlí I go V, de réir mar is infheidhme.

3. Ina iarratas ar údarú, cuirfidh an t-iarratasóir in iúl don údarás inniúil cé na comhlachtaí teicniúla cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis atá beartaithe ag an iarratasóir a úsáid chun measúnú teicniúil a dhéanamh ar na ceanglais a leagtar síos i dTeideal IV, Caibidlí I go V, de réir mar is infheidhme.

4. Bunóidh na Ballstáit próisis lena gceadófar d'údaráis inniúla an comhad teicniúil a chur chuig comhlachtaí teicniúla cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis arna gcur in iúl ag an iarratasóir, nó lena gcuirfear ar a chumas don iarratasóir dul i dteagmháil go díreach leis na comhlachtaí teicniúla cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis.

5. Déanfaidh comhlacht teicniúil cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis measúnú ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar síos i dTeideal IV, Caibidlí I go V, de réir mar is infheidhme, agus, laistigh de 6 mhí ón dáta a fhaightear an comhad teicniúil, eiseoidh sé tuairim maidir le comhlíontacht na ngníomhaíochtaí spáis atá beartaithe i ndáil leis na ceanglais a leagtar síos i dTeideal IV, Caibidlí I go V, de réir mar is infheidhme.

   Tabharfaidh na húdaráis inniúla lánaird ar an measúnú teicniúil arna dhéanamh i ndáil le Teideal IV, Caibidil II, ag na comhlachtaí teicniúla cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis, de bhun Airteagal 8(2), an tríú fomhír.

6. Laistigh de 12 mhí ón dáta a fhaightear an t- iarratas, eiseoidh an t- údarás inniúil an t- údarú nó diúltóidh sé don iarratas agus cuirfidh sé an t- iarratasóir ar an eolas faoi sin.

   Cuirfear an sprioc-am ar fionraí go dtí go gcuirfidh an t- iarratasóir an fhaisnéis iomlán ar fáil, arna iarraidh sin don údarás inniúil.

7. Chun clárú in CARS, cuirfidh údarás inniúil an Ghníomhaireacht ar an eolas maidir le hoibreoirí spáis údaraithe uile an Aontais agus maidir le príomhsholáthraithe seirbhísí spáis agus aon oibreoir spáis tríú tír atá údaraithe acu chun lainseáil óna gcríoch.

*Airteagal 8*

**Measúnuithe teicniúla**

1. Agus na córais údarúcháin á mbunú ag na Ballstáit, cinnfidh siad cé acu de na roghanna thíos a dhéanfaidh na measúnuithe teicniúla:

   (a) comhlachtaí teicniúla cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis;

   (b) eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil saineolas teicniúil sonrach acu in ábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo;

   (c) an Ghníomhaireacht;

   (d) comhcheangal de na roghanna dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c).

2. Áiritheoidh na Ballstáit a bhfuil sé beartaithe acu úsáid a bhaint as an gcóras dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), go mbeidh comhlachtaí teicniúla cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis bunaithe ar a gcríoch.

Chun measúnuithe teicniúla a dhéanamh ar aon ábhar a chumhdaítear le Teideal IV, Caibidlí I go V, úsáidfidh na Ballstáit comhlachtaí teicniúla cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis atá bunaithe ar a gcríoch.

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an t- údarás inniúil arna bhunú de bhun Airteagal 8(1) de Threoir 2022/2555 inniúil chun an measúnú teicniúil a dhéanamh ar ábhair a chumhdaítear le Teideal IV, Caibidil II, i ndáil le hoibreoirí spáis an Aontais, cé is moite de na sócmhainní oibriúcháin dá dtagraítear in Airteagal 5, an chéad mhír, pointe (20).

3. Soláthraithe seirbhísí spáis dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), a sholáthraíonn gníomhaíochtaí measúnaithe theicniúil, comhlíonfaidh siad na ceanglais a leagtar síos i dTeideal III, Caibidil I, Roinn 3.

Áiritheoidh na Ballstáit a bhaineann úsáid as an gcóras dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), forfheidhmiú breithiúnach na hoibleagáide dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

4. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoina rogha de bhun mhír 1 agus faoi aon athrú uirthi.

*Airteagal 9*

**Údarú maidir le buíonta**

1. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an oibreoir spáis de chuid an Aontais misean spáis a dhéanamh a bhfuil lainseáil buíne satailítí mar chuid de, cuirfidh sé iarratas ar údarú aonair faoi bhráid an údaráis inniúil lena gcumhdófar an lainseáil nó, de réir mar is infheidhme, an lainseáil agus an oibríocht, i ndáil leis na satailítí uile atá mar chuid den bhuíon, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) na satailítí uile a bhfuil sé beartaithe iad a lainseáil faoin misean spáis sonrach, tá siad comhionann agus déanann siad na cúraimí céanna ar an mbealach céanna;

(b) tá sé beartaithe na satailítí uile a lainseáil leis an bhfeithicil lainseála chéanna agus ón ionad lainseála céanna.

Áiritheoidh an t- oibreoir spáis de chuid an Aontais go gcomhlíonann na satailítí, ar cuid den bhuíon iad, na ceanglais a leagtar síos i dTeideal IV, Caibidlí I go V, agus dearbhóidh sé go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos sa chéad fhomhír.

2. Más rud é, tar éis iarratas a fháil i gcomhréir le mír 1, an chéad fhomhír, go léirítear le measúnú an údaráis inniúil arna dhéanamh i ndáil le satailít aonair atá le lainseáil faoin misean spáis sonrach sin, go bhfuil na ceanglais a leagtar síos i dTeideal IV, Caibidlí I go V á gcomhlíonadh, eiseoidh an t- údarás inniúil údarú don bhuíon satailítí iomlán (‘údarú aonair’).

3. Ó dháta seachadta an údaraithe aonair, féadfaidh na húdaráis inniúla cigireachtaí randamacha a dhéanamh ar aon cheann de na satailítí sin atá mar chuid den bhuíon nach raibh faoi réir na seiceála *ex ante* ar a raibh an t- údarú aonair bunaithe.

4. Tarraingeoidh an t-údarás inniúil an t-údarú aonair siar i gcás ina suífear le torthaí na gcigireachtaí randamacha nach gcomhlíonann an tsatailít na ceanglais údarúcháin.

5. I gcás ina sainaithneofar sna cigireachtaí randamacha dá dtagraítear i mír 3, gnéithe a thagann salach ar an dearbhú dá dtagraítear i mír 1, an dara fomhír, gan neamhchomhlíontacht a bheith i gceist leo, áfach, agus nach n- aimsítear sa mheasúnú ar an údarás inniúil, agus na mínithe a thug an t- oibreoir spáis de chuid an Aontais á gcur san áireamh, aon mhór-riosca don mhisean spáis sonrach sin, féadfaidh an t- údarás inniúil pionós a fhorchur.

6. Déanfaidh na húdaráis inniúla athbhreithniú ar údaruithe chun buíonta satailítí a lainseáil agus an chéad bhaisc den ghlúin nua satailítí á lainseáil acu.

*Airteagal 10*

**Córais éadroma**

1. Oiriúnófar na coinníollacha maidir le húdarú dá dtagraítear in Airteagal 6(1) d'oibreoirí spáis an Aontais dá dtagraítear i míreanna 2, 3 agus 4, dá bhforáiltear sna míreanna sin.

2. Maidir le hoibreoirí spáis ar institiúidí taighde nó oideachais iad, nó a dhéanann misin spáis taighde, comhlíonfaidh siad ceanglais Theideal IV, Caibidil I, Roinn 2, mar a leagtar amach in Airteagal 62.

3. Maidir le heintitis a chuireann bainistíocht riosca shimplithe i bhfeidhm, a mhéid a bhaineann le Teideal IV, Caibidil II, ní chomhlíonfaidh siad forálacha Airteagal 79(1), an chéad fhomhír, ach amháin maidir le sócmhainní criticiúla agus feidhmeanna criticiúla.

4. I gcás ina ndéanann oibreoirí spáis, ar fiontair bheaga iad nó ar institiúidí taighde nó oideachais iad, misin spáis Taispeána agus Bailíochtaithe Infhithise (IOD/IOV), díolmhófar iad, i ndáil le Teideal IV, Caibidil III, ón oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 96(2).

# Caibidil II
# ÚDARÚ LE hAGHAIDH OIBREOIRÍ SPÁIS AN AONTAIS A OIBRÍONN SÓCMHAINNÍ ATÁ FAOI ÚINÉIREACHT AN AONTAIS

*Airteagal 11*

**Iarratas a dhéanamh ar údarú**

1. I gcás ina ndéantar gníomhaíochtaí spáis i ndáil leis na sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais, údaróidh an Coimisiún an t- eintiteas a bhfuil iontaoibh curtha air an chomhpháirt ábhartha de Chlár an Aontais a chur i gcrích nó a oibriú.

Beidh an t- údarú dá dtagraítear sa chéad fhomhír bunaithe ar mheasúnú teicniúil arna dhéanamh ag an nGníomhaireacht maidir le comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos i dTeideal IV, Caibidlí I, II, III, IV agus V ag an iarratasóir.

2. De réir rialachas sonrach na comhpháirte de Chlár an Aontais, soláthróidh an t- eintiteas is iarratasóir don Ghníomhaireacht agus don Choimisiún na mionsonraí teicniúla agus na mínithe teicniúla uile lena léirítear go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos i dTeideal IV, Caibidlí I, II, III, IV agus V.

3. Laistigh de 30 lá oibre ó iarratas an eintitis ar údarú a fháil, déanfaidh an Ghníomhaireacht measúnú le cinneadh an bhfuil an t- iarratas lánchríochnaithe.

I gcás nach bhfuil iarratas ar údarú lánchríochnaithe, nó i gcás ina bhfuil gá le soiléiriú breise, leagfaidh an Ghníomhaireacht síos sprioc-am faoina soláthróidh an t- eintiteas is iarratasóir aon fhaisnéis bhreise de réir mar is gá, nó faoina soláthróidh sé soiléiriú.

Tar éis don Ghníomhaireacht a mheas go bhfuil an t- iarratas lánchríochnaithe, tabharfaidh sí fógra don iarratasóir dá réir sin.

*Airteagal 12*

**Scrúdú a dhéanfaidh an Ghníomhaireacht**

1. Laistigh de 6 mhí ó dháta an fhógra dá dtagraítear in Airteagal 11(3), an tríú fomhír, déanfaidh an Ghníomhaireacht, de bhun Airteagal 43(1), pointe (a), scrúdú ar an iarratas ar údarú, agus measúnú á dhéanamh aici maidir leis na cúinsí seo a leanas i dtaobh an iarratasóra:

(a) cé acu atá nó nach bhfuil an iontaofacht, an cumas agus an saineolas uile atá riachtanach aige chun gníomhaíochtaí spáis a dhéanamh;

(b) cé acu a áirithíonn nó nach n- áirithíonn sé go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo agus, de réir mar is infheidhme, aon cheanglas sonrach a bhfuil gá leo chun an misean spáis a chur chun feidhme, i gcomhthéacs an Chláir Spáis dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2021/696 nó Rialachán (AE) 2023/588, a gcuirtear isteach iarratas ar údarú ina leith;

(c) an bagairt é don ord poiblí, do shábháilteacht daoine agus maoine agus don tsláinte phoiblí san Aontas.

Glacfaidh an Ghníomhaireacht cinneadh lán-réasúnaithe lena molfar don Choimisiún údarú a eisiúint nó a dhiúltú, bunaithe ar an measúnú teicniúil, chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh, arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 43(1), pointe (a).

Cuirfidh an Ghníomhaireacht a cinneadh in iúl don Choimisiún láithreach.

2. Laistigh de 30 lá oibre ó chinneadh na Gníomhaireachta dá dtagraítear i mír 1, an dara fomhír, a fháil, déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir leis an údarú a eisiúint nó a dhiúltú agus tabharfaidh sé fógra ina leith sin don iarratasóir láithreach. Beidh éifeacht ag an gcinneadh tráth a thabharfar fógra faoi don iarratasóir.

Ní eiseoidh an Coimisiún údarú ach amháin i gcás ina gcomhlíonann an t- iarratasóir na ceanglais dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír.

3. Cláróidh an Ghníomhaireacht, gan mhoill, in CARS na hoibreoirí spáis de chuid an Aontais atá údaraithe i gcomhréir leis an gCaibidil seo.

*Airteagal 13*

**Údarú a chur ar fionraí nó a tharraingt siar**

1. Tuairisceoidh oibreoir spáis de chuid an Aontais a oibríonn sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais an méid seo a leanas don Ghníomhaireacht láithreach:

(a) aon teagmhas gan choinne a bhféadfadh modhnú ar a údarú a bheith ag teastáil ina leith;

(b) aon fhoirceannadh, atá beartaithe nó atá ar tí tarlú, ar a ghníomhaíocht.

2. Molfaidh an Ghníomhaireacht don Choimisiún an t- údarú a chur ar fionraí nó a tharraingt siar, de réir mar is infheidhme, i gcás inar fíor an méid seo a leanas maidir le hoibreoir spáis de chuid an Aontais a oibríonn sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais:

(a) fuair sé an t- údarú i ndiaidh dó ráitis bhréige a dhéanamh nó trí mhodhanna neamhrialta eile;

(b) ní chomhlíonann sé na coinníollacha faoinar eisíodh an t- údarú a thuilleadh agus ní dhearna sé na gníomhaíochtaí ceartaitheacha a d’iarr an Coimisiún.

3. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir leis an bhfionraí nó leis an tarraingt siar atá beartaithe, tráth nach déanaí ná 2 mhí tar éis dó an moladh ón nGníomhaireacht dá dtagraítear i mír 2, an chéad fhomhír, a fháil.

Tabharfaidh an Coimisiún fógra láithreach faoina chinneadh d’oibreoir spáis an Aontais lena mbaineann, a oibríonn sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais, agus d’údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an t- oibreoir spáis sin de chuid an Aontais, a oibríonn sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais, bunaithe.

# Caibidil III
# SOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSÍ SPÁIS Ó THRÍÚ TÍORTHA AGUS Ó EAGRAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

*Airteagal 14*

**Soláthar sonraí spásbhunaithe agus seirbhísí spáis ó oibreoirí spáis tríú tír agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta**

1. Oibreoirí spáis tríú tír atá cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 17 i gClár an Aontais um Réada Spáis agus a bhfuil an deimhniú leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 25(1) ina seilbh acu, ceadófar dóibh seirbhísí spáis a sholáthar d’oibreoirí spáis an Aontais agus i ndáil le sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais agus sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 5, an chéad mhír, pointe (21).

2. Beidh na comhaontuithe dá dtagraítear in Airteagail 107 agus 108, faoi seach, i bhfeidhm chun gur féidir le heagraíochtaí idirnáisiúnta, de bhua a gconarthaí, sonraí spásbhunaithe nó seirbhísí spáis, de réir mar is infheidhme, a sholáthar san Aontas.

Beidh eagraíochtaí idirnáisiúnta a sholáthraíonn sonraí spásbhunaithe nó seirbhísí spáis san Aontas, de bhun na chéad fhomhíre, cláraithe le CARS agus beidh an deimhniú leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 25(1) ina seilbh acu.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 2 i gcás nach ndéanann eagraíocht idirnáisiúnta ach gníomhaíochtaí measúnaithe theicniúil de bhun Airteagal 8(1), pointe (b).

*Airteagal 15*

**Rialacha is infheidhme maidir le hoibreoirí spáis tríú tír**

1. Beidh oibreoirí spásárthaí tríú tír faoi réir na gceanglas is infheidhme maidir leis na hoibreoirí spásárthaí de chuid an Aontais a leagtar síos in Airteagail 62, 66, 67, 69 go 73, 75 go 92, agus 96 go 100.

Ina theannta sin, déanfaidh oibreoirí spásárthaí tríú tír an méid seo a leanas:

(a) claróidh siad le soláthraí seirbhísí spáis seachanta imbhuailte poiblí nó tráchtála;

(b) áiritheoidh siad go bhfuil na modhanna teicniúla ag an soláthraí seirbhísí spáis seachanta imbhuailte dá dtagraítear i bpointe (a) chun measúnú a dhéanamh ar sheachaint imbhuailte agus chun a mheas an gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos i bpointe 1 d'Iarscríbhinn IV;

(c) tabharfaidh siad fógra don Ghníomhaireacht, san iarratas ar chlárú in CARS, faoi ainm agus sonraí an tsoláthraí seirbhísí spáis seachanta imbhuailte dá dtagraítear i bpointe (a).

Cuirfidh an Ghníomhaireacht an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (c) le bunachar sonraí liosta teagmhálaithe an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 67(1).

2. Beidh oibreoirí lainseála tríú tír agus oibreoirí láithreáin lainseála tríú tír faoi réir na gceanglas is infheidhme maidir leis na hoibreoirí lainseála agus na hoibreoirí ionaid lainseála de chuid an Aontais a leagtar síos in Airteagail 61, 75 go 92, agus 96 go 100.

3. Beidh soláthraithe OS-S i dtríú tíortha faoi réir na gceanglas is infheidhme maidir le soláthraithe OS-S an Aontais a leagtar síos in Airteagal 101.

4. Beidh soláthraithe seirbhísí spáis seachanta imbhuailte tríú tír faoi réir na gceanglas is infheidhme maidir leis na soláthraithe seirbhísí spáis seachanta imbhuailte de chuid an Aontais a leagtar síos in Airteagail 102 agus 103.

*Airteagal 16*

**Rialacha le haghaidh oibreoirí spáis tríú tír ó dhlínsí coibhéiseacha**

Maidir le hoibreoirí spáis tríú tír atá bunaithe i dtríú tír a bhfuil cinneadh coibhéise glactha ag an gCoimisiún ina leith, i gcomhréir le hAirteagal 105, toimhdeofar go gcomhlíonann na hoibreoirí sin na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 15.

*Airteagal 17*

**Clárú soláthraithe seirbhísí spáis tríú tír**

1. Ar bhonn cinneadh ón gCoimisiún chun clárú a cheadú, de bhun mhír 5, claróidh an Ghníomhaireacht in CARS oibreoirí spáis tríú tír a léiríonn go gcomhlíonann siad ceanglais Theideal IV, mar a leagtar amach in Airteagal 16 nó in Airteagal 15.

2. I gcás ina bhfuarthas maolú i gcomhréir le hAirteagal 19, clárófar oibreoirí lainseála tríú tír in CARS bunaithe ar chinneadh ón gCoimisiún gan ceann amháin, nó níos mó ná sin, de na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 15 a chomhlíonadh.

I gcás ina n- iarrfaidh Ballstát maolú chun é a chur ar a chumas d'oibreoir spáis de chuid an Aontais lainseáil le hoibreoir spáis tríú tír, soláthróidh an t- oibreoir spáis tríú tír sin fianaise ar an iarraidh sin don Ghníomhaireacht.

3. Chun clárú a fháil in CARS, de bhun mhír 1, cuirfidh oibreoir spáis tríú tír iarratas faoi bhráid na Gníomhaireachta. San iarratas beidh an fhianaise uile is gá chun comhlíonadh dá dtagraítear i mír 1 a léiriú.

Coimeádfaidh an Ghníomhaireacht an fhianaise uile a chuir na hiarratasóirí ar fáil le linn an nós imeachta clárúcháin.

4. Déanfaidh an Ghníomhaireacht measúnú ar an iarratas ar chlárú agus tabharfaidh sí fógra don oibreoir spáis tríú tír faoi thoradh a réamh-mheasúnaithe. Ceadóidh an Ghníomhaireacht don oibreoir spáis tríú tír sin ráiteas réasúnaithe a chur isteach agus míniú breise nó fianaise bhreise a sholáthar.

5. Tráth nach déanaí ná 5 mhí ón iarratas dá dtagraítear i mír 3, an chéad fhomhír, a fháil, molfaidh an Ghníomhaireacht don Choimisiún cinneadh a dhéanamh lena bhfaomhfaidh nó lena ndiúltófar clárú oibreora spáis tríú tír in CARS.

6. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh bunaithe ar mholadh na Gníomhaireachta dá dtagraítear i mír 5 agus tabharfaidh sé fógra faoin gcinneadh sin don oibreoir spáis tríú tír agus don Ghníomhaireacht.

7. I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 16, cláróidh an Ghníomhaireacht ar bhonn an mhéid seo a leanas:

(a) tá an t- oibreoir spáis tríú tír údaraithe i dtríú tír agus tá sé faoi réir maoirseacht leanúnach i dtríú tír;

(b) tá cinneadh coibhéise glactha ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 105.

8. I gcás inar taisceadh iarratas ar mhaolú i gcomhréir le hAirteagal 19, rachaidh an Ghníomhaireacht ar aghaidh le clárú an oibreora spáis tríú tír in CARS tar éis don Choimisiún a chinneadh a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19(5), an chéad fhomhír.

*Airteagal 18*

**Clárú eagraíochtaí idirnáisiúnta**

1. I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 107 nó in Airteagal 108, cláróidh an Ghníomhaireacht eagraíochtaí idirnáisiúnta in CARS.

2. Chun críocha mhír 1, beidh feidhm dá réir sin ag Airteagal 17(3), (4), (5), (7) agus (8), agus ag Airteagail 19, 21 agus 22.

*Airteagal 19*

**Maoluithe**

1. Féadfaidh Ballstát iarraidh ar an gCoimisiún cinneadh a ghlacadh lena gceadófaí don Ghníomhaireacht oibreoir lainseála tríú tír nach gcomhlíonann ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 15(2) a chlárú, má chomhlíontar na coinníollacha maidir le leas an phobail dá dtagraítear i mír 2.

Taiscfidh Ballstát iarratas i gcomhréir le mír 3, an chéad fhomhír.

I gcás sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais, déanfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin, measúnú ar cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar an coinníoll maidir le leas an phobail dá dtagraítear i mír 2.

2. Maidir le seirbhísí lainseála, léireoidh Ballstát go n- éascaíonn na seirbhísí lainseála arna soláthar ag oibreoir lainseála tríú tír rochtain ar an spás, agus úsáid an spáis, nuair a chomhlíontar na coinníollacha carnacha seo a leanas:

(a) níl aon rogha ionadach ná rogha mhalartach réalaíoch ar fáil go héasca san Aontas ar na seirbhísí lainseála arna soláthar ag an oibreoir lainseála tríú tír sin;

(b) leis na seirbhísí lainseála arna soláthar ag an oibreoir lainseála tríú tír sin, cuirtear chun cinn na cumais theicneolaíocha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo don Aontas nó do na Ballstáit.

3. Maidir leis an iarratas dá dtagraítear i mír 1, an dara fomhír:

(a) sainaithneofar ann an t- oibreoir lainseála tríú tír a bhfuil maolú á iarraidh ina leith;

(b) sonrófar ar bhealach soiléir, gan débhrí, agus uileghabhálach na ceanglais uile a leagtar síos in Airteagal 15(2), a bhfuil maolú á iarraidh ina leith;

(c) leagfar amach na sonraí teicniúla a bhfuil gá leo maidir leis an misean spáis lena mbaineann;

(d) soláthrófar an fhianaise a bhfuil gá léi chun a léiriú go gcomhlíontar na ceanglais eile.

Molfar san iarratas maidir le hoibreoir lainseála tríú tír, i gcás inar féidir, bearta maolaitheacha malartacha chun a áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí arna saothrú leis na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 15(2), a bhfuil maolú á iarraidh ina leith, nó go mbainfear amach go páirteach ar a laghad iad.

4. Ar fháil an iarratais dá dtagraítear i mír 3 dó, tarchuirfidh an Coimisiún chuig an nGníomhaireacht é.Laistigh de 1 mhí, eiseoidh an Ghníomhaireacht measúnú teicniúil ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 15 nach bhfuil faoi réir an iarratais ar mhaolú.

5. Laistigh de 2 mhí ón measúnú teicniúil arna eisiúint ag an nGníomhaireacht de bhun mhír 4 a fháil, glacfaidh an Coimisiún, ar bhonn an mheasúnaithe theicniúil sin, cinneadh lena ndeonófar maolú don oibreoir lainseála tríú tír sin, i gcás ina gcinnfidh an Coimisiún go gcomhlíontar an coinníoll maidir le leas an phobail dá dtagraítear i mír 2, nó cinneadh lena ndiúltófar maolú den sórt sin a dheonú i gcás ina gcinnfidh sé nach gcomhlíontar an coinníoll sin maidir le leas an phobail.

Glacfar na cinntí sin mar ghníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 114(2).

6. Nuair a dheonóidh an Coimisiún, de bhun mhír 5, an chéad fhomhír, maolú d’oibreoir lainseála tríú tír, deonóidh sé maolú i gcomhthráth don oibreoir spáis de chuid an Aontais a úsáideann seirbhísí lainseála an oibreora lainseála tríú tír sin.

*Airteagal 20*

**Eintitis phoiblí tríú tír**

1. Ar iarraidh ó eintiteas poiblí tríú tír cead a bheith aige seirbhísí spáis nó sonraí spásbhunaithe a sholáthar san Aontas, nó ar iarraidh ó Bhallstát, dá dtagraítear i mír 2, déanfaidh an Coimisiún, le cúnamh ón nGníomhaireacht, measúnú ar dtús le cinneadh an eintiteas rialtais é an t- eintiteas poiblí tríú tír sin nó an bhfuil sócmhainní bonneagair spáis atá ina gcórais mhíleata, lena n- áirítear cinn lena mbaineann úsáid shibhialtach, á n- oibriú aige nó faoina úinéireacht aige.

Leis an gcúnamh teicniúil a sholáthróidh sí don Choimisiún, mapálfaidh an Ghníomhaireacht na gníomhaíochtaí agus na seirbhísí ábhartha uile arna soláthar ag eintiteas poiblí an tríú tír sin agus sainaithneoidh sí sócmhainní ábhartha uile an bhonneagair spáis a oibríonn an t- eintiteas poiblí tríú tír sin nó ar leis an eintiteas sin iad.

2. Féadfaidh Ballstát a iarraidh ar an gCoimisiún cead a thabhairt d’eintiteas poiblí tríú tír seirbhísí spáis nó sonraí spásbhunaithe a sholáthar san Aontas.

Chun tacú lena chur i bhfeidhm, féadfaidh Ballstát a léiriú go mbeadh sé chun leas an phobail dá bhfaigheadh Ballstát amháin nó níos mó rochtain leanúnach gan bhac, nó de réir mar is infheidhme, dá gcosnódh Ballstát amháin nó níos mó rochtain leanúnach gan bhac ar na sonraí spásbhunaithe nó ar na seirbhísí spáis faoi leith a sholáthraíonn an t- eintiteas poiblí tríú tír sin, agus féadfaidh sé fianaise a thabhairt ar na hiarmhairtí do na margaí ábhartha ar leibhéal an Aontais nó ar leibhéal na mBallstát, a bhaineann le rochtain den sórt sin a chailleadh.

3. Féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin, an measúnú dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh.

4. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, tar éis an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 1, nach bhfuil rioscaí slándála ann don Aontas ná do na Ballstáit, féadfaidh an Coimisiún cinneadh a ghlacadh lena gceadófaí don eintiteas poiblí tríú tír sin seirbhísí spáis nó sonraí spásbhunaithe a sholáthar san Aontas.

Beidh feidhm ag an gcinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír go dtí an dáta a ghabhfaidh éifeacht le comhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích leis an tríú tír lena mbaineann, lena rialaítear na coinníollacha faoina soláthróidh eintiteas poiblí tríú tír seirbhísí spáis nó sonraí spásbhunaithe san Aontas, nó go dtí an dáta a mbeidh cinneadh coibhéise glactha ag an gCoimisiún maidir leis an tríú tír sin, cibé acu is luaithe.

Cláróidh an Ghníomhaireacht, gan mhoill, an t- eintiteas poiblí tríú tír lena mbaineann in CARS ar bhonn an chinnidh arna dhéanamh ag an gCoimisiún de bhun na chéad fhomhíre.

Glacfar an cinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír mar ghníomh cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 114(2).

*Airteagal 21*

**Clásal éigeandála**

1. I gcás ina dtarlódh éigeandáil nó géarchéim i mBallstát, nó ina gcuirfeadh teagmhas nó ionsaí isteach ar níos mó Ballstát nó ar institiúidí an Aontais, déanfaidh an

Coimisiún measúnú, a luaithe is féidir, ar a thionscnamh féin, nó arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann.

Ar bhonn an mheasúnaithe sin, féadfaidh an Coimisiún úsáid sonraí spásbhunaithe nó seirbhísí spáis a cheadú do sholáthraithe seirbhísí spáis nach bhfuil cláraithe in CARS, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 114(2).

2. A luaithe is féidir, agus ag brath ar thromchúis, fad agus éifeachtaí na héigeandála, na géarchéime nó an tsuaite áirithe, déanfar an cinneadh dá dtagraítear i mír 1 a dheimhniú, a chúlghairm nó a leathnú i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 22*

**Clárú a chur ar fionraí nó a tharraingt siar**

1. Cuirfidh an Ghníomhaireacht moladh faoi bhráid an Choimisiúin chun clárú oibreora spáis tríú tír in CARS a chur ar fionraí nó a tharraingt siar sna cásanna seo a leanas:

(a) má shuíonn an Ghníomhaireacht, bunaithe ar fhianaise dhoiciméadaithe, nach gcomhlíonann an t- oibreoir spáis tríú tír ceanglas amháin nó roinnt ceanglas a leagtar síos in Airteagal 16 nó in Airteagal 15, de réir mar is infheidhme, a thuilleadh agus nach bhfuil sé in ann na leigheasanna riachtanacha a chur i bhfeidhm chun comhlíonadh leanúnach na gceanglas sin a áirithiú;

(b) má chuireann údarás maoirseachta ábhartha an tríú tír an t- údarú oibriúcháin nó lainseála, a deonaíodh don soláthraí seirbhísí spáis lena mbaineann, ar fionraí nó má tharraingíonn sé siar an t- údarú sin.

2. Sula gcuirfear moladh faoi bhráid an Choimisiúin maidir le clárú a chur ar fionraí nó a tharraingt siar, ar an bhforas dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), déanfaidh an Ghníomhaireacht idirphlé leis an oibreoir spáis tríú tír lena mbaineann, maidir le cúiseanna, comhthéacs, raon feidhme agus tromchúis na neamhchomhlíontachta, agus maidir leis na leigheasanna agus na sprioc-amanna a theastaíonn chun go n- áiritheodh an t- oibreoir spáis tríú tír sin an comhlíonadh, agus aird chuí á tabhairt ar aon ghá atá le hoiriúnú teicniúil.

Le linn an idirphlé sin, tabharfaidh an Ghníomhaireacht deis don oibreoir spáis tríú tír lena mbaineann barúlacha a chur isteach ar an bhforas a bhfuil sé beartaithe ag an nGníomhaireacht a moladh a ghlacadh, mínithe a sholáthar agus aon doiciméadacht agus fianaise ábhartha a chur isteach mar thaca lena mhínithe, lena n- áirítear aon anailís theicniúil, agus chun comhlíonadh a bhaint amach.

3. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh tráth nach déanaí ná 2 mhí tar éis dó an moladh dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, a fháil.

4. Sa chás dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), agus 30 lá ar a laghad sula n- eiseofar cinneadh maidir le fionraí nó tarraingt siar, cuirfidh an Coimisiún údarás maoirseachta an tríú tír ábhartha ar an eolas go bhfuil sé ar intinn aige clárú in CARS a chur ar fionraí nó a tharraingt siar.

5. Cuirfidh an Coimisiún na húdaráis inniúla ar an eolas gan mhoill faoi aon ghníomhaíocht nó beart atá le glacadh i gcomhréir le míreanna 2 agus 4.

Foilseoidh an Ghníomhaireacht achoimre ar an bhfaisnéis maidir le fionraí nó tarraingt siar ar a suíomh gréasáin agus ar thairseach CARS.

6. Beidh éifeacht ag cinneadh ón gCoimisiún chun clárú in CARS a chur ar fionraí nó a tharraingt siar ó dháta a shonrófar sa chinneadh ón gCoimisiún. Agus an dáta sin á leagan síos ag an gCoimisiún, ag gníomhú dó ar an moladh ón nGníomhaireacht, cuirfidh sé san áireamh an t- am a d’fhéadfadh a bheith ag teastáil chun conarthaí ábhartha a oiriúnú.

De réir chastacht na n- oiriúnuithe conarthacha a bhféadfadh gá a bheith leo, ní bheidh an dáta a tharraingeofar an clárú siar níos déanaí ná 16 mhí ón dáta a ghlacfar an cinneadh maidir le tarraingt siar.

*Airteagal 23*

**Ionadaí dlíthiúil san Aontas**

1. Ainmneoidh oibreoirí spáis tríú tír i scríbhinn duine dlítheanach amháin, nó níos mó ná sin, i gceann de na Ballstáit chun gníomhú mar ionadaí dlíthiúil dóibh san Aontas.

2. Beidh sainordú ón oibreoir spáis tríú tír ag an ionadaí dlíthiúil san Aontas cumarsáid a fháil ó na húdaráis inniúla, ón gCoimisiún agus ón nGníomhaireacht maidir leis na saincheisteanna uile a bhaineann le comhlíonadh an Rialacháin seo, chomh maith leis an oibreoir spáis tríú tír, nó in ionad an oibreora spáis tríú tír. Beidh na cumhachtaí agus na hacmhainní is gá uile aige chun comhar éifeachtúil tráthúil leis na húdaráis sin a áirithiú.

# Caibidil IV
# SONRAÍ SPÁSBHUNAITHE AGUS SEIRBHÍSÍ SPÁIS A SHOLÁTHAR SAN AONTAS AGUS INRIANAITHEACHT LEICTREONACH

*Airteagal 24*

**Clár an Aontais um Réada Spáis (CARS)**

1. Bunóidh an Ghníomhaireacht Clár an Aontais um Réada Spáis (CARS) chun an méid seo a leanas a chlárú:

(a) Oibreoirí spáis an Aontais arna n- údarú i gcomhréir le hAirteagal 6(1) agus fógra arna thabhairt don Ghníomhaireacht ina leith ag na húdaráis inniúla de bhun Airteagal 7(7);

(b) Oibreoirí spáis an Aontais ar eintitis iad a bhfuil iontaoibh curtha orthu an chomhpháirt ábhartha de Chlár an Aontais a chur i gcrích nó a oibriú, bunaithe ar údarú arna eisiúint ag an gCoimisiún, de bhun Airteagal 12(2);

(c) oibreoirí spáis tríú tír ar glacadh cinneadh clárúcháin ina leith de bhun Airteagal 17(1);

(d) eagraíochtaí idirnáisiúnta a cláraíodh de bhun Airteagal 18(1).

2. Déanfaidh an Ghníomhaireacht liostaí comhdhlúite na soláthraithe seirbhísí spáis uile dá dtagraítear i mír 1 a chur le chéile, a thabhairt cothrom le dáta agus a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin CARS.

3. Beidh fardal agus ardán láraithe ag CARS.

*Airteagal 25*

**Deimhniú leictreonach**

1. Tar éis don Ghníomhaireacht an clárú in CARS a chur i gcrích, eiseoidh sí deimhniú leictreonach agus seachadfaidh sí é do na soláthraithe seirbhíse spáis, seachas na soláthraithe seirbhísí spáis seachanta imbhuailte.

2. Sainaithneofar leis an deimhniú leictreonach dá dtagraítear i mír 1 an misean spáis nó na misin spáis agus an spásréad nó na spásréada a ghin na sonraí spásbhunaithe nó a chumasaigh soláthar seirbhísí spáis agus fianófar leis go bhfuil na spásréada sin i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo.

3. Gabhfaidh an deimhniú leictreonach dá dtagraítear i mír 1 le conarthaí na soláthraithe seirbhísí spáis dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointí (a), (c) agus (d), chun sonraí spásbhunaithe agus seirbhísí spáis a sholáthar san Aontas.

4. Tarchuirfidh na húdaráis inniúla an fhaisnéis seo a leanas, maidir le hoibreoirí spáis an Aontais, de bhun Airteagal 7(7), agus tarchuirfidh oibreoirí spáis tríú tír agus eagraíochtaí idirnáisiúnta an fhaisnéis seo a leanas go díreach, chun go mbeidh an Ghníomhaireacht in ann an deimhniú leictreonach dá dtagraítear i mír 1 a eisiúint agus a ghiniúint:

(a) mionsonraí maidir leis an soláthraí seirbhísí spáis lena mbaineann, amhail an t- ainm, an seoladh fisiciúil, an seoladh idirlín, an Ballstát nó, de réir mar is infheidhme, an tríú tír bhunaíochta agus údarúcháin, ainm agus seoladh an údaráis inniúil nó, de réir mar is infheidhme, údarás maoirseachta ábhartha an tríú tír;

(b) mionsonraí maidir leis an gcineál seirbhísí spáis a dhéantar, lena léirítear an Ballstát nó na Ballstáit nó na tríú tíortha ina bhfuil siad á ndéanamh;

(c) mionsonraí teicniúla maidir leis an spásréad a oibrítear nó a lainseáiltear agus maidir leis an misean spáis faoi leith.

5. Chun críocha na hiarrata ar chaighdeáin dá dtagraítear in Airteagal 104, déanfar na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh leis an deimhniú leictreonach dá dtagraítear i mír 1:

(a) cinnfear leis an deimhniú leictreonach go nginfear sonraí spásbhunaithe ar leith trí úsáid a bhaint as misean spáis agus spásréad a shainaithnítear go soiléir;

(b) i gcás sonraí breathnóireachta, leis an deimhniú leictreonach beifear in ann sreabhadh na sonraí spásbhunaithe a rianú, óna nginiúint ag spásréad ar leith, go dtí go n-ionchorprófar iad sa chéad seirbhís spáis a bhaineann úsáid as na sonraí spásbhunaithe sin;

(c) beidh an deimhniú leictreonach bunaithe ar algartaim chun sláine na sonraí spásbhunaithe a fhionnadh le linn a n-ionchorpraithe i seirbhísí ina dhiaidh sin.

6. Chun an deimhniú leictreonach dá dtagraítear i mír 1 a ghiniúint, féadfaidh an Ghníomhaireacht, de réir mar is iomchuí, cúnamh teicniúil a iarraidh ar na húdaráis inniúla agus ar na comhlachtaí teicniúla cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis maidir le haon cheann de na heilimintí dá dtagraítear i mír 5.

*Airteagal 26*

**Seirbhísí spáis agus sonraí spásbhunaithe a sholáthar san Aontas**

1. I gcás ina soláthróidh soláthraithe seirbhísí spáis, cé is moite de sholáthraithe seirbhísí spáis seachanta imbhuailte, sonraí spásbhunaithe nó seirbhísí spáis san Aontas den chéad uair, beidh an deimhniú leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 25(1) ina seilbh acu.

2. Áiritheoidh siad go mbeidh an deimhniú leictreonach i gceangal lena gconarthaí chun sonraí spásbhunaithe nó seirbhísí spáis a sholáthar.

*Airteagal 27*

**Ceanglais ar phríomhsholáthraithe sonraí spásbhunaithe**

1. Ní sholáthróidh príomhsholáthraithe sonraí spásbhunaithe na sonraí spásbhunaithe sin san Aontas ach amháin i gcás ina bhfuil na sonraí spásbhunaithe sin ginte ag spásréada atá cláraithe in CARS.

2. I gcás ina bhfaigheann príomhsholáthraithe sonraí spásbhunaithe foláirimh nó gearáin maidir le neamhrialtachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann, cuirfidh siad a soláthróirí ar an eolas agus rachaidh siad i dteagmháil i gcomhthráth leis an nGníomhaireacht nó le húdarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe.

# Teideal III
# GNÉITHE RIALACHAIS

# Caibidil I RIALACHAS SNA BALLSTÁIT

## ROINN 1
## ÚDARÁIS INNIÚLA

*Airteagal 28*

**Údaráis inniúla a ainmniú nó a bhunú**

1. Ainmneoidh nó bunóidh gach Ballstát údarás poiblí chun gníomhú mar údarás inniúil, a bheidh freagrach as údarú agus maoirseacht oibreoirí spáis an Aontais agus as aon ghníomhaíocht faireachais margaidh a bheidh ag teastáil chun úsáid sonraí spásbhunaithe a chosaint i gcomhréir leis an Rialachán seo.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ag na húdaráis inniúla an neamhspleáchas, an saineolas, na hacmhainní airgeadais agus daonna, an acmhainn oibríochtúil agus na cumhachtaí is gá chun na feidhmeanna dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh.

*Airteagal 29*

**Cúraimí maoirseachta maidir le hoibreoirí spáis an Aontais**

1. Déanfaidh na húdaráis inniúla maoirseacht ar na gníomhaíochtaí spáis arna ndéanamh ag oibreoirí spáis an Aontais agus déanfaidh siad an méid seo a leanas go sonrach:

   (a) rialóidh siad cur i bhfeidhm na gceanglas a leagtar síos sa Rialachán seo;

(b) déanfaidh siad imscrúduithe;

(c) coimeádfaidh siad taifid inmheánacha ar sháruithe ar na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo;

(d) rachaidh siad i gcomhar le húdaráis inniúla na mBallstát eile, chun comhsheasmhacht a áirithiú ar fud an Aontais maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo;

(e) cuirfidh siad feasacht agus tuiscint chun cinn maidir leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo;

(f) déanfaidh siad iniúchtaí;

(g) iarrfaidh siad ar chomhlacht teicniúil cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis measúnuithe teicniúla a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 8(1), pointe (a);

(h) déanfaidh siad athbhreithniú, i gcomhthéacs cúraimí maoirseachta, ar an mbealach a gcuireann oibreoirí spáis an Aontais prionsabal na comhréireachta i bhfeidhm;

(i) tuairisceoidh siad don Choimisiún na príomhghníomhaíochtaí maoirseachta i ndáil le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar maoirseacht iomchuí ar oibreoirí spáis an Aontais a bhfuil cláir náisiúnta spáis á ndéanamh acu, trí bhreathnú a dhéanamh ar scaradh na ról agus ar an easpa coinbhleachta leasa.

*Airteagal 30*

**Cumhachtaí maoirseachta**

1. Beidh na cumhachtaí maoirseachta, imscrúdaitheacha, ceartaitheacha agus smachtbhannaí uile a bhfuil gá leo ag na húdaráis inniúla chun na feidhmeanna agus na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 29 a fheidhmiú.

2. Agus gníomhaíochtaí maoirseachta á ndéanamh ag na húdaráis inniúla i ndáil le Teideal IV, Caibidil II, áiritheoidh siad comhordú leis na húdaráis inniúla, arna n- ainmniú de bhun Airteagal 8(1) de Threoir 2022/2555, atá freagrach as cúraimí maoirseachta na Treorach sin.

Féadfaidh na Ballstáit údaráis inniúla a chumhachtú chun gníomhaíochtaí agus cúraimí maoirseachta ábhartha, a mhéid a bhaineann le Teideal IV, Caibidil II, den Rialachán seo, a tharmligean chuig na húdaráis inniúla arna mbunú de bhun Airteagal 8(1) de Threoir 2022/2555.

Déanfar na cúraimí maoirseachta de bhun Threoir 2022/2555 dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír a fheidhmiú ar bhealach lena gcaomhnófar go hiomlán sláine na gcumhachtaí maoirseachta dá dtagraítear i mír 1.

3. Beidh na cumhachtaí imscrúdaitheacha seo a leanas, ar a laghad, ag na húdaráis inniúla:

(a) seachadadh na sonraí agus na ndoiciméad uile a bhfuil gá leo a éileamh;

(b) rochtain a fháil ar áitreabh, ar thalamh agus ar mhodhanna iompair, lena n- áirítear aon trealamh agus modh próiseála sonraí;

(c) cruthúnas ar chur chun feidhme na gceanglas a leagtar síos sa Rialachán seo agus an fhianaise bhunúsach a iarraidh;

(d) athbhreithniú a dhéanamh ar na measúnuithe teicniúla arna ndéanamh ag comhlachtaí teicniúla cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis de bhun Airteagal 8;

(e) cigireachtaí ar an láthair agus lasmuigh den láthair a dhéanamh, lena n- áirítear iniúchtaí a dhéanamh.

4. I gcás ina ndéanfaidh údaráis inniúla cigireachtaí, tabharfar de chumhacht do na hoifigigh atá údaraithe cigireachtaí a dhéanamh:

(a) dul isteach in aon áitreabh, ar aon talamh agus in aon mhodh iompair de chuid na n- oibreoirí spáis faoi leith de chuid an Aontais;

(b) scrúdú a dhéanamh ar na leabhair agus ar na taifid ghnó eile, gan beann ar an meán ar a bhfuil siad stóráilte, rochtain a fháil ar aon fhaisnéis ar a bhfuil rochtain ag oibreoirí spáis an Aontais atá faoi réir na cigireachta, agus cóipeanna de na leabhair nó na taifid sin, nó sleachta astu, a thógáil nó a iarraidh;

(c) mínithe ar fhíorais agus doiciméid atá faoi shainchúram ábhar na cigireachta a iarraidh ar aon ionadaí nó ball foirne de chuid oibreoir spáis an Aontais atá faoi réir na cigireachta, agus na freagraí a thaifeadadh;

(d) aon áitreabh gnó, leabhair nó taifid a shéalú, ar feadh ré na cigireachta agus a mhéid a theastaíonn don chigireacht.

5. Beidh na cumhachtaí ceartaitheacha seo a leanas, ar a laghad, ag na húdaráis inniúla:

(a) rabhaidh a eisiúint maidir le sáruithe líomhnaithe ar na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo;

(b) ordú a thabhairt d’oibreoirí spáis an Aontais scor d’iompar a mheasann na húdaráis inniúla a bheith contrártha do na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo;

(c) ordú a thabhairt d’oibreoirí spáis an Aontais comhlíonadh a áirithiú sa bhealach agus sa tréimhse atá le cinneadh ag na húdaráis inniúla;

(d) ordú a thabhairt d’oibreoirí spáis an Aontais na heasnaimh arna sainaithint ag na húdaráis inniúla, i ndáil le cur i bhfeidhm na gceanglas a leagtar síos sa Rialachán seo, a leigheas, lena n- áirítear bearta ceartaitheacha a chur i bhfeidhm maidir le sáruithe ar na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo;

(e) oifigeach faireacháin a ainmniú, ar feadh tréimhse chinnte, chun maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas a bhaineann le hiompar oibreoirí spáis an Aontais a dhéanamh comhlíontach, a mhéid a bhaineann leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo.

6. Beidh na cumhachtaí smachtbhannaí seo a leanas, ar a laghad, ag na húdaráis inniúla:

(a) fíneáil riaracháin a fhorchur mar gheall ar neamhchomhlíonadh, nó smachtbhanna riaracháin a fhorchur i ndáil le sárú ar na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo nó iarraidh ar chomhlacht riaracháin nó breithiúnach ábhartha iad sin a fhorchur;

(b) an t- údarú a chur ar fionraí go sealadach nó iarraidh ar chomhlacht riaracháin nó breithiúnach ábhartha an t- údarú a chur ar fionraí go sealadach, go páirteach nó go hiomlán;

(c) an t- údarú, chun gníomhaíochtaí spáis a dhéanamh, a tharraingt siar, i gcás nach gcomhlíonann oibreoir spáis an Aontais na coinníollacha faoinar eisíodh údarú a thuilleadh, nó i gcás ina dtagann oibreoir spáis de chuid an Aontais faoi chás ina dtarraingeofar siar an t- údarú, de bhun an dlí náisiúnta.

Cuirfear fionraí shealadach arna forchur de bhun phointe (b) i bhfeidhm go dtí go ndéanfaidh an t- oibreoir spáis lena mbaineann de chuid an Aontais na gníomhaíochtaí uile a bhfuil gá leo chun na fadhbanna arna sainaithint ag an údarás inniúil a leigheas, nó chun na bearta uile arna bhforordú ag an údarás inniúil a chomhlíonadh go hiomlán.

7. Féadfaidh údaráis inniúla a chinneadh, ar a dtionscnamh féin, bearta eatramhacha a fhorchur ar oibreoirí spáis an Aontais, go háirithe i gcás práinne, chun na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh.

8. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh le dlí go mbeidh cumhachtaí, sa bhreis ar na cumhachtaí dá dtagraítear i míreanna 3 go 7, ag údaráis inniúla. Ní dhéanfaidh feidhmiú na gcumhachtaí sin dochar do chur chun feidhme éifeachtach na Caibidle seo.

*Airteagal 31*

**Smachtbhannaí riaracháin**

1. Leagfaidh na Ballstáit síos rialacha maidir le pionóis as sáruithe ar an Rialachán seo. Beidh na pionóis sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, gan mhoill, faoi na forálacha sin agus faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfadh difear dóibh.

2. Agus an smachtbhanna riaracháin agus leibhéal na fíneála riaracháin á gcinneadh, breithneoidh na húdaráis inniúla na himthosca ábhartha uile, lena n- áirítear an méid seo a leanas, i gcás inarb iomchuí:

(a) tromchúis agus fad an tsáraithe agus buaine na ndamáistí arb é an sárú is cúis leo;

(b) sáruithe arna ndéanamh roimhe sin ag an duine nádúrtha nó ag an duine dlítheanach atá freagrach as an sárú;

(c) an damáiste ábhartha nó neamhábhartha arbh é an sárú ba chúis leis, nó a rinneadh leis an sárú, lena n- áirítear caillteanas airgeadais nó eacnamaíoch agus éifeachtaí díobhálacha ar sheirbhísí eile, agus critéir ábhartha maidir le tionchar an tsáraithe, amhail an líon úsáideoirí a ndearnadh difear dóibh, nó méid an chaillteanais arna thabhú ag tríú páirtí mar thoradh ar an sárú;

(d) intinn nó faillí an té a rinne an tsáraithe;

(e) bearta arna ndéanamh ag oibreoir spáis an Aontais chun an damáiste a chosc nó a mhaolú;

(f) leibhéal an chomhair leis na húdaráis inniúla agus aon bhac ar chigireachtaí, iniúchtaí nó gníomhaíochtaí faireacháin eile de chuid na n- údarás inniúil, tar éis aimsiú an tsáraithe;

(g) tábhacht na mbrabús a ghnóthaigh an duine nádúrtha nó an duine dlítheanach atá freagrach as an sárú, nó tábhacht na gcaillteanas a sheachain sé;

(h) an gá go mbeadh éifeacht dhíspreagthach ag an bhfíneáil riaracháin.

3. Leagfaidh na húdaráis inniúla amach an réasúnaíocht dá mbearta forfheidhmiúcháin.

4. Beidh na bearta maoirseachta éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach, agus cuirfear imthosca uile gach cáis aonair san áireamh. Sula nglacfaidh na húdaráis inniúla beart maoirseachta, cuirfidh siad oibreoirí spáis an Aontais ar an eolas faoina réamhthorthaí agus tabharfaidh siad am réasúnta d'oibreoirí spáis an Aontais barúlacha a chur isteach.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an chumhacht ag údaráis inniúla sáruithe ar an Rialachán seo a thabhairt os comhair comhlacht breithiúnach iad féin agus go mbeidh siad i dteideal páirt a ghlacadh, ina gceart féin, sna cineálacha uile imeachta dlí maidir le forfheidhmiú an Rialacháin seo, lena n- áirítear achomhairc a thaisceadh.

## ROINN 2 FAIREACHÁN AR CHOMHLACHTAÍ TEICNIÚLA CÁILITHE LE hAGHAIDH GNÍOMHAÍOCHTAÍ SPÁIS

*Airteagal 32*

**Comhlachtaí teicniúla cáilithe a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí spáis**

1. Áiritheoidh na Ballstáit a bhainfidh úsáid as an bhféidearthacht dá dtagraítear in Airteagal 8(1), pointe (a), go n- ainmneoidh údaráis phoiblí comhlachtaí teicniúla cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis, agus go ndéanfaidh siad measúnú agus faireachán orthu, agus go dtabharfar fógra don Choimisiún fúthu, i gcomhréir le hAirteagal 33.

2. Féadfaidh na Ballstáit cúraimí an mheasúnaithe agus an fhaireacháin a chur ar iontaoibh an chomhlachta náisiúnta creidiúnaithe de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 765/2008, agus i gcomhréir leis. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí.

3. Áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas maidir leis an údarás poiblí dá dtagraítear i mír 1:

(a) eagraítear é agus oibríonn sé ar bhealach nach n- eascraíonn aon choinbhleacht leasa leis na gníomhaíochtaí measúnaithe theicniúil a dhéanann na comhlachtaí teicniúla cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis;

(b) déanann sé, go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta, na cúraimí a bhaineann leis na comhlachtaí teicniúla cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis a ainmniú, agus measúnú agus faireachán a dhéanamh orthu;

(c) tá líon leordhóthanach pearsanra aige chun a chúraimí a dhéanamh.

*Airteagal 33*

**An próiseas maidir le fógra a thabhairt**

1. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na comhlachtaí teicniúla cáilithe ainmnithe uile le haghaidh gníomhaíochtaí spáis atá bunaithe ar a gcríoch. Chun críoch an fhógra sin, úsáidfidh siad córas bainistíochta faisnéise an Chur Chuige Nua i leith Eagraíochtaí faoina dTugtar Fógra agus Eagraíochtaí Ainmnithe (NANDO).

2. Ní féidir leis an mBallstát fógra a thabhairt don Choimisiún ach faoi chomhlachtaí teicniúla cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 35.

3. Áireofar an méid seo a leanas san fhógra dá dtagraítear i mír 1:

(a) mionsonraí iomlána na ngníomhaíochtaí measúnaithe theicniúil a rinneadh maidir leis na hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo, aon mhodúl measúnaithe ábhartha, lena léirítear na próisis, na seirbhísí nó na táirgí a chumhdaítear i ndáil le hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo;

(b) aon fhianú inniúlachta ábhartha.

4. I gcás nach bhfuil fógra bunaithe ar an deimhniú creidiúnúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(5), pointe (b), soláthróidh na Ballstáit fianaise don Choimisiún agus do na Ballstáit eile lena bhfianaítear inniúlacht an chomhlachta theicniúil cháilithe sin le haghaidh gníomhaíochtaí spáis agus áiritheoidh siad go ndéanfar faireachán tráthrialta ar an gcomhlacht sin agus go leanfaidh sé de na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 35 a chomhlíonadh.

5. Ní fhéadfaidh comhlacht gníomhaíochtaí a dhéanamh mar chomhlacht teicniúil cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis ach amháin mura bhfuil agóidí déanta ag an gCoimisiún nó ag Ballstát laistigh de 2 mhí ó dháta an fhógra, i gcás ina n- áirítear ann an deimhniú creidiúnúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(5), pointe (b), nó laistigh de 3 mhí ó dháta an fhógra, i gcás ina n- áirítear ann an fhianaise dhoiciméadach dá dtagraítear in Airteagal 34(6).

## ROINN 3 COMHLACHTAÍ TEICNIÚLA CÁILITHE LE hAGHAIDH GNÍOMHAÍOCHTAÍ SPÁIS

*Airteagal 34*

**Próiseas le bheith ina chomhlacht teicniúil cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis**

1. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag eintiteas measúnuithe teicniúla a dhéanamh ar cheann amháin nó níos mó de na hábhair a chumhdaítear le Teideal IV, Caibidlí I go V, cuirfidh sé iarratas faoi bhráid an údaráis ábhartha, dá dtagraítear in Airteagal 32, sa Bhallstát ina bhfuil sé bunaithe, chun ainmniúchán mar chomhlacht teicniúil cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis a fháil.

2. I gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí measúnaithe theicniúil le hábhair a chumhdaítear le Teideal IV, Caibidil II, bainfidh na Ballstáit úsáid as na húdaráis náisiúnta inniúla a ainmnítear in Airteagal 8 de Threoir (AE) 2022/2555.

3. Le linn dóibh a gcúraimí údarúcháin agus maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 28(1) a dhéanamh, tabharfaidh na húdaráis inniúla aird chuí ar na measúnuithe teicniúla arna ndéanamh ag na comhlachtaí agus na húdaráis dá dtagraítear i mír 2 agus áiritheoidh siad cóineasú maoirseachta leis na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 8 de Threoir 2022/2555.

Áiritheoidh na Ballstáit dlúthchomhar, trí shásraí agus prótacail, idir na húdaráis sin agus na húdaráis inniúla arna n- ainmniú de bhun Airteagal 28(1) den Rialachán seo.

4. I gcás inar cuid de struchtúr riaracháin an údaráis inniúil dá dtagraítear in Airteagal 28(1) é eintiteas poiblí a dhéanann measúnuithe teicniúla i ndáil leis na ceanglais a leagtar síos i dTeideal IV, Caibidlí I agus V, cuirfidh an t- údarás inniúil an t- iarratas dá dtagraítear i mír 1 isteach.

5. Cuirfidh na heintitis dá dtagraítear i mír 1 in iúl cé acu de na hábhair a chumhdaítear le Teideal IV, Caibidlí I go V, a gcuirtear isteach an t- iarratas ar bheith ina

chomhlacht teicniúil cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis ina leith, agus déanfaidh siad an méid seo a leanas:

(a) soláthróidh siad tuairisc ar na gníomhaíochtaí measúnaithe theicniúil uile atá le déanamh;

(b) sonróidh siad aon deimhniú creidiúnúcháin, i gcás inarb ann dó, arna eisiúint ag comhlacht náisiúnta creidiúnaithe, lena bhfianaítear go gcomhlíonann an comhlacht sin na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 35;

(c) sonróidh siad, de réir mar is infheidhme, doiciméad bailí lena soláthraítear fianaise maidir le hainmniú an iarratasóra mar chomhlacht faoina dtugtar fógra faoi aon reachtaíocht chomhchuibhithe ábhartha de chuid an Aontais.

6. I gcás nach féidir le hiarratasóir an deimhniú creidiúnúcháin dá dtagraítear i mír 5, pointe (b), a sholáthar, soláthróidh sé don údarás dá dtagraítear in Airteagal 32 an fhianaise dhoiciméadach uile lena gceadaítear don údarás sin fíoruithe a dhéanamh nó faireachán tráthrialta a dhéanamh chun comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 35 a áirithiú.

7. I gcás inar ainmníodh an t- iarratasóir mar chomhlacht faoina dtugtar fógra cheana faoi reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais, féadfar na doiciméid agus na deimhnithe uile a bhaineann leis an ainmniú sin a úsáid chun tacú lena ainmniú mar chomhlacht teicniúil cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis de bhun an Rialacháin seo.

8. I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos i mír 5, glacfaidh an t- údarás dá dtagraítear in Airteagal 32 cinneadh dearfach maidir leis an iarratas. Tabharfar fógra faoin gcinneadh don chomhlacht teicniúil, d'údaráis inniúla an Bhallstáit lena mbaineann agus don Choimisiún.

9. Tabharfaidh comhlacht teicniúil cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis an doiciméadacht dá dtagraítear i míreanna 5, 6 agus 7 cothrom le dáta, aon uair a tharlóidh athruithe ábhartha, chun é a chur ar a chumas don údarás a thugann fógra faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh leanúnach na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 35 ag an gcomhlacht teicniúil cáilithe sin le haghaidh gníomhaíochtaí spáis.

*Airteagal 35*

**Ceanglais ar chomhlachtaí teicniúla cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis**

1. Comhlíonfaidh comhlachtaí teicniúla cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis na ceanglais a leagtar síos i bpointe 1 d'Iarscríbhinn IX.

2. I gcás ina ndéanfar gníomhaíochtaí measúnaithe theicniúil i ndáil le Teideal IV, Caibidil III, comhlíonfaidh comhlacht teicniúil cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis, i dteannta na hoibleagáide dá dtagraítear i mír 1, na ceanglais a leagtar síos i bpointe 2 d'Iarscríbhinn IX.

3. Beidh comhlachtaí teicniúla cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis, a dhéanann gníomhaíochtaí measúnaithe theicniúil i ndáil le Teideal IV, Caibidil I agus V, ina gcomhlachtaí poiblí.

4. Comhlacht teicniúil cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis a ligeann cúraimí a bhaineann leis an measúnú teicniúil ar fochonradh, cuirfidh sé an t- údarás dá

dtagraítear in Airteagal 32 ar an eolas dá réir sin agus áiritheoidh sé go gcomhlíonann a fhochonraitheoir na ceanglais dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2.

Déanfaidh comhlachtaí teicniúla cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis na doiciméid uile a bhaineann leis an measúnú ar cháilíochtaí an fhochonraitheora agus leis an obair a dhéanann an fochonraitheoir sin a choimeád ar fáil don údarás dá dtagraítear in Airteagal 32.

*Airteagal 36*

**Uimhreacha aitheantais**

Sannfaidh an Coimisiún uimhir aitheantais do gach comhlacht teicniúil cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis agus cuirfidh sé ar fáil go poiblí liosta na gcomhlachtaí teicniúla cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis san Aontas, a n- uimhreacha aitheantais agus na hábhair a chumhdaítear le Teideal IV ar tugadh fógra dóibh ina leith.

*Airteagal 37*

**Athruithe ar fhógra**

1. Maidir le comhlacht teicniúil cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 35 a thuilleadh nó a mhainníonn a oibleagáidí a chomhlíonadh, déanfaidh an t- údarás dá dtagraítear in Airteagal 32 fógra don chomhlacht sin a shrianadh, a chur ar fionraí nó a tharraingt siar, de réir mar is iomchuí. Cuirfidh an t- údarás sin an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas dá réir sin.

2. I gcás ina ndéantar an fógra a shrianadh, a chur ar fionraí nó a tharraingt siar, nó i gcás ina bhfuil comhlacht teicniúil cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis atá bunaithe ar chríoch Ballstáit tar éis scor dá ghníomhaíocht, déanfaidh an Ballstát sin bearta iomchuí chun comhaid an chomhlachta theicniúil cháilithe sin le haghaidh gníomhaíochtaí spáis a aistriú chuig comhlacht teicniúil cáilithe eile le haghaidh gníomhaíochtaí spáis nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, chuig an nGníomhaireacht nó chuig an eagraíocht idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 8(1), pointe (b).

*Airteagal 38*

**Achomharc in aghaidh cinntí ó chomhlachtaí teicniúla cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis**

Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir achomharc a dhéanamh in aghaidh cinntí comhlachtaí teicniúla cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis.

*Airteagal 39*

**Comhlachtaí teicniúla cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis a chomhordú**

Cumasóidh an Coimisiún comhordú iomchuí comhlachtaí teicniúla cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis ar fud an Aontais, lena n- áirítear grúpaí earnála de chomhlachtaí teicniúla cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis a bhunú.

# Caibidil II RIALACHAS AR LEIBHÉAL AN AONTAIS

## ROINN 1 CÚRAIMÍ AGUS STRUCHTÚIR NA GNÍOMHAIREACHTA

*Airteagal 40*

**Cúraimí na Gníomhaireachta**

1. Beidh na cúraimí seo a leanas ar an nGníomhaireacht maidir leis na ceanglais a leagtar síos i dTeidil II go VI den Rialachán seo:

(a) na measúnuithe teicniúla a dhéanamh lena gcuirfear ar a chumas don Choimisiún cinntí a dhéanamh maidir le húdarú agus maoirseacht leanúnach oibreoirí spáis de chuid an Aontais a oibríonn sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais agus maidir le clárú agus maoirseacht leanúnach oibreoirí tríú tír;

(b) na measúnuithe teicniúla a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 8(1), pointe (c), arna iarraidh sin;

(c) ar bhonn cinneadh ón gCoimisiún, clárú na n- oibreoirí spáis tríú tír agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 17 agus Airteagal 18;

(d) bunú agus bainistiú CARS, i gcomhréir le hAirteagal 24;

(e) eisiúint an deimhnithe leictreonaigh dá dtagraítear in Airteagal 25(1);

(f) bainistiú an clárúcháin in CARS, agus de réir mar is gá, é a chur ar fionraí nó a tharraingt siar, i gcomhréir le hAirteagal 22;

(g) bunú agus bainistiú bhunachar sonraí liosta teagmhálaithe an Aontais le haghaidh foláirimh faoi theagmhais ardleasa, i gcomhréir le hAirteagal 67(1);

(h) tuairisciú don Choimisiún maidir le bainistíocht riosca shimplithe a chur i bhfeidhm ar fud an Aontais, agus moltaí iomchuí a chur faoina bhráid, i gcomhréir le hAirteagal 79(3), an chéad fhomhír;

(i) gníomhaíochtaí Líonra Athléimneachta Spáis an Aontais (EUSRN) arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 94(1) a chomhordú, agus rúnaíocht EUSRN a sholáthar;

(j) rannchuidiú le bunú agus cothabháil Chreat Lipéad Spáis an Aontais, i gcomhréir le forálacha Theideal VI, Caibidil II;

(k) cothabháil a dhéanamh ar shuíomh gréasáin lena soláthrófar faisnéis nuashonraithe maidir le Scéimeanna Lipéadaithe Spáis an Aontais agus maidir le Lipéad Spáis an Aontais, agus lena bpoibleofar í, i gcomhréir le hAirteagal 111(5);

(l) cúnamh a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme a ullmhú bunaithe ar an Rialachán seo, agus tograí a ullmhú le haghaidh leasuithe ar an Rialachán seo, trí thuairimí teicniúla foirmiúla a bheidh dírithe ar an gCoimisiún a eisiúint;

(m) treoirlínte a eisiúint a bheidh dírithe ar na húdaráis inniúla agus ar oibreoirí spáis an Aontais, agus moltaí a eisiúint chuig údarás inniúil amháin nó níos mó chun cleachtais mhaoirseachta chomhsheasmhacha a chur chun cinn ar fud an Aontais agus chun dlí an Aontais a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach;

(n) rannchuidiú, i ndáil le hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo, le táscairí feidhmíochta a bhunú, a thomhas, a thuairisciú agus a anailísiú, go háirithe maidir le teagmhais shuntasacha agus le himbhuailtí, arna iarraidh sin don Choimisiún;

(o) gach comhairle agus tacaíocht theicniúil, eolaíoch agus riaracháin is gá a sholáthar don Choimisiún, ionas go mbeidh an Coimisiún in ann a chúraimí maoirseachta faoin Rialachán seo a dhéanamh;

(p) comhar a bhunú le húdaráis mhaoirseachta tríú tíortha, le heagraíochtaí idirnáisiúnta nó le comhlachtaí dá gcuid, agus feasacht a chur chun cinn agus a éascú ar an leibhéal idirnáisiúnta maidir leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo;

(q) oibriú i gcomhar, de réir mar is iomchuí, le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, i gcás ina gcumhdaítear le gníomhaíochtaí na n- institiúidí, na gcomhlachtaí, na n- oifigí agus na ngníomhaireachtaí sin de chuid an Aontais gnéithe teicniúla a bhaineann le sábháilteacht, athléimneacht agus inbhuanaitheacht comhshaoil gníomhaíochtaí spáis, nó ábhair ábhartha eile, amhail úsáid na hintleachta saorga agus gníomhaíochtaí spáis á ndéanamh.

2. Sula gcuirfidh an Ghníomhaireacht na tuairimí teicniúla dá dtagraítear i mír 1, pointe (l), isteach agus sula n- eiseoidh sí na treoirlínte dá dtagraítear i mír 1, pointe (m), reáchtálfaidh sí comhairliúcháin phoiblí oscailte.

Faoin 1.8.2028, cuirfidh an Ghníomhaireacht na tuairimí teicniúla faoi bhráid an Choimisiúin chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún i ndáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 113 agus na ngníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 59(3), an chéad fhomhír, in Airteagal 61(3), an chéad fhomhír, in Airteagal 63(2), in Airteagal 68(2), an chéad fhomhír, in Airteagal 69(2), an chéad fhomhír, in Airteagal 70(3), an chéad fhomhír, in Airteagal 73(4), an chéad fhomhír, in Airteagal 93(8), in Airteagal 96(7), an dara fomhír, in Airteagal 97(4), in Airteagal 101(5), an chéad fhomhír, in Airteagal 104(2), agus in Airteagal 111(4), an chéad fhomhír.

3. Sula n- eiseoidh an Ghníomhaireacht treoirlíne nó moladh nua, déanfaidh sí athbhreithniú ar threoirlínte agus ar mholtaí atá ann cheana chun dúbláil a sheachaint.

*Airteagal 41*

**Táillí na Gníomhaireachta**

1. Gearrfaidh an Ghníomhaireacht, i gcomhréir leis an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 3, táillí ar oibreoirí spáis an Aontais, ar oibreoirí spáis tríú tír agus ar eagraíochtaí idirnáisiúnta chun an caiteachas riachtanach arna thabhú ag an nGníomhaireacht, agus cúraimí á ndéanamh aici de bhun an Rialacháin seo, a chumhdach go hiomlán, lena n- áirítear aisíoc na gcostas arna dtabhú mar thoradh ar obair na bhfoirne scrúdúcháin comhpháirteacha dá dtagraítear in Airteagal 44(2), an chéad fhomhír, nó costais na comhairle arna soláthar ag saineolaithe neamhspleácha.

2. Le méid na táille a ghearrfar ar sholáthraí seirbhísí spáis dá dtagraítear i mír 1, cumhdófar na costais uile a eascraíonn as cur i gcrích na gcúraimí a leagtar amach sa Rialachán seo. Beidh an méid i gcomhréir le láimhdeachas an tsoláthraí seirbhísí spáis sin.

3. Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 113 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí mhéid na dtáillí agus an bealach a n- íocfar iad a chinneadh.

*Airteagal 42*

**Struchtúir na Gníomhaireachta**

Chun críocha na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagal 43, bunaítear leis seo Bord um Chomhlíonadh agus Bord Achomhairc sa Ghníomhaireacht.

*Airteagal 43*

**Cúraimí an Bhoird um Chomhlíonadh**

1. Beidh an Bord um Chomhlíonadh freagrach as an méid seo a leanas:

(a) moltaí teicniúla a eisiúint don Choimisiún maidir le húdarú a thabhairt, i gcomhréir le hAirteagal 12(2), d'oibreoirí sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais ar chuir an Coimisiún ar a n- iontaoibh an chomhpháirt sin de Chlár an Aontais a chur i gcrích nó a oibriú, amhail dá dtagraítear san Airteagal sin, agus gníomhaíochtaí measúnaithe theicniúil a dhéanamh, ar feadh ré an údaraithe sin, chun go mbeidh an Coimisiún in ann maoirseacht leanúnach a dhéanamh ar na hoibreoirí sin chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo;

(b) gníomhaíochtaí measúnaithe theicniúil a dhéanamh i ndáil leis na ceanglais a leagtar síos i dTeideal IV, Caibidlí I, II, III, IV agus V, sula n- eiseoidh na húdaráis inniúla údaruithe do sholáthraithe seirbhísí spáis an Aontais, a mhéid a bhaineann leis na sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 5, an chéad mhír, pointe (21), i gcás inar chinn Ballstát an cúram, maidir leis an measúnú teicniúil sin a dhéanamh, a chur ar iontaoibh na Gníomhaireachta, de bhun Airteagal 8(1), pointe (c);

(c) measúnú a dhéanamh ar comhlíontacht leanúnach oibreoirí spáis tríú tíortha i ndáil leis na ceanglais a leagtar síos i dTeideal IV, ar an mbealach a shonraítear in Airteagal 15 agus Airteagal 16 faoi seach, agus moltaí teicniúla a eisiúint don Choimisiún dá réir.

2. Chun críocha mhír 1, beidh na cumhachtaí seo a leanas ag an mBord um Chomhlíonadh:

(a) cinntí a dhéanamh maidir le measúnú teicniúil, ar an mbealach a shonraítear i mír 3, lena molfar don Choimisiún údarú a thabhairt, i gcomhréir le hAirteagal 11(1), an chéad fhomhír, d'oibreoirí spáis an Aontais a oibríonn sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais a bhfuil sé curtha ar a n- iontaoibh comhpháirteanna de Chlár an Aontais a chur i gcrích nó a oibriú, i gcomhréir le hAirteagal 12(2), chomh maith le haon bheart maoirseachta a theastaíonn a mholadh don Choimisiún ar feadh ré an údaraithe sin;

(b) cinntí a dhéanamh maidir le measúnú teicniúil i dtaca le comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos i dTeideal IV, Caibidlí I, II, III, IV agus V, i gcás ina gcuireann Ballstát ar iontaoibh na Gníomhaireachta an measúnú teicniúil a dhéanamh de bhun Airteagal 8(1), pointe (c);

(c) a áirithiú, ar bhonn cinneadh ón gCoimisiún arna dhéanamh de bhun Airteagal 11(1), an chéad fhomhír, Airteagal 17(6), agus Airteagal 22(6), an chéad fhomhír, go gclárófar in CARS, agus de réir mar is infheidhme, go gcuirfear ar fionraí nó go dtarraingeofar siar clárú in CARS, d'oibreoirí spáis an Aontais a oibríonn sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais agus d'oibreoirí spáis tríú tír, agus d'eagraíochtaí idirnáisiúnta, de bhun Airteagail 17, 18 agus 22, agus bainistiú a dhéanamh ar CARS agus a ardán gaolmhar;

(d) cinntí a dhéanamh maidir le measúnú teicniúil lena molfar don Choimisiún bearta chun a áirithiú go gcomhlíonann oibreoirí spáis tríú tíortha, agus iad cláraithe, na ceanglais a leagtar síos i dTeideal IV, ar an mbealach a shonraítear in Airteagail 15 agus 16;

(e) eisiúint na ndeimhnithe leictreonacha dá dtagraítear in Airteagal 25(1);

(f) conclúidí na dtuarascálacha arna gcur isteach ag na Boird Theicniúla dá dtagraítear in Airteagal 44(2), an dara fomhír, a fhormheas, agus na measúnuithe teicniúla dá dtagraítear i mír 1 á ndéanamh acu;

(g) liostaí comhdhlúite na soláthraithe seirbhísí spáis atá cláraithe in CARS a chur le chéile agus a fhoilsiú de bhun Airteagal 24(2);

(h) a rialacha nós imeachta a ghlacadh agus a fhoilsiú.

3. Chun na cinntí dá dtagraítear i mír 2 a dhéanamh, gníomhóidh an Bord um Chomhlíonadh mar a leanas:

(a) suífear comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos i dTeideal IV, Caibidlí I, III, IV agus V, trí bhíthin measúnuithe teicniúla arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 44(1);

(b) suífear comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos i dTeideal IV, Caibidil II mar a leanas:

(i) i gcás cinntí maidir le measúnú teicniúil i dtaca leis na soláthraithe seirbhísí spáis dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), suífidh an Bord um Chreidiúnú Slándála comhlíontacht, i gcomhréir le Caibidil II de Rialachán (AE) 2021/696;

(ii) i gcás cinntí maidir le measúnú teicniúil i dtaca leis na soláthraithe seirbhísí spáis dá dtagraítear i mír 1, pointí (b) agus (c), suífear comhlíontacht i gcomhréir le hAirteagal 44(1).

*Airteagal 44*

**Cumraíochtaí teicniúla an Bhoird um Chomhlíonadh**

1. Oibreoidh an Bord um Chomhlíonadh i dtrí chumraíocht de bhoird theicniúla, mar a leanas:

(a) an Bord Teicniúil um Chomhlíonadh Sábháilteachta;

(b) an Bord Teicniúil um Chomhlíonadh Athléimneachta;

(c) an Bord Teicniúil um Chomhlíonadh Inbhuanaitheachta Comhshaoil.

2. Beidh na Boird Theicniúla dá dtagraítear i mír 1 comhdhéanta d’fhoirne scrúdúcháin comhpháirteacha ar a mbeidh baill foirne ón nGníomhaireacht, ó údaráis inniúla agus ó chomhlachtaí teicniúla cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis.

Tar éis dóibh a measúnuithe teicniúla a chur i gcrích, cuirfidh na Boird Theicniúla tuarascálacha faoi bhráid an Bhoird um Chomhlíonadh.

Tacóidh rúnaíocht theicniúil leis na Boird Theicniúla a dhéanfaidh an obair ullmhúcháin a bhfuil gá léi chun é a chur ar a chumas don Bhord um Chomhlíonadh a chúraimí a chomhlíonadh de bhun an Rialacháin seo.

3. Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 113, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh, trí na critéir a shonrú maidir le comhdhéanamh agus saineolas na mball foirne a chomhdhéanann na foirne scrúdúcháin comhpháirteacha do na Boird Theicniúla, chun rannpháirtíocht chothrom a áirithiú idir baill foirne na n- údarás inniúil agus na gcomhlachtaí teicniúla cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis, agus chun na mionsonraí maidir lena n- ainmniú, lena gcúraimí agus lena socruithe oibre a shonrú.

*Airteagal 45*

**Comhdhéanamh an Bhoird um Chomhlíonadh agus rialacha vótála**

1. Beidh an Bord um Chomhlíonadh comhdhéanta d’ionadaí amháin ó gach Ballstát agus ionadaí amháin ón gCoimisiún.

4 bliana a bheidh i dtéarma oifige chomhaltaí an Bhoird um Chomhlíonadh agus beidh sé in-athnuaite.

2. Féadfar a iarraidh, ar bhonn eisceachtúil, ar ionadaithe ó ghníomhaireachtaí nó comhlachtaí de chuid an Aontais agus ó thríú tíortha nó ó eagraíochtaí idirnáisiúnta freastal ar chruinnithe an Bhoird um Chomhlíonadh mar bhreathnóirí, mar a leanas:

(a) a mhéid a bhaineann le hionadaithe ó ghníomhaireachtaí nó comhlachtaí de chuid an Aontais, maidir le hábhair a bhaineann le cúraimí nó gnéithe a bhaineann le leas na ngníomhaireachtaí nó na gcomhlachtaí sin de chuid an Aontais;

(b) a mhéid a bhaineann le hionadaithe tríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta, i gcás ábhair a bhaineann go díreach leo, go háirithe maidir le sócmhainní bonneagair spáis atá faoina n- úinéireacht nó atá lonnaithe ar a gcríoch, nó i gcás ábhair a bhaineann go díreach le hoibreoirí spáis tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta a bheith ag comhlíonadh an Rialacháin seo;

3. Leagfar síos na socruithe maidir le coinníollacha rannpháirtíochta ionadaithe tríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta dá dtagraítear i mír 2 sna comhaontuithe ábhartha agus comhlíonfaidh siad rialacha nós imeachta an Bhoird um Chomhlíonadh.

4. Déanfar cinntí an Bhoird um Chomhlíonadh de chomhthoil a chomhaltaí uile a bhfuil cearta vótála acu. Mura féidir teacht ar chomhthoil, déanfaidh an Bord um Chomhlíonadh cinntí bunaithe ar vótáil trí thromlach cáilithe, i gcomhréir le hAirteagal 16 CAE.

Ní vótálfaidh ionadaí an Choimisiúin.

Síneoidh Cathaoirleach an Bhoird um Chomhlíonadh, thar ceann an Bhoird Clárúcháin, na cinntí arna nglacadh ag an mBord Clárúcháin.

*Airteagal 46*

**Boird Achomhairc**

1. Bunaítear Bord Achomhairc. Beidh an Bord Achomhairc freagrach as cinneadh a dhéanamh maidir le hachomhairc in aghaidh chinntí na Gníomhaireachta.

2. Seisear comhaltaí agus seisear comhaltaí malartacha a bheidh ar an mBord Achomhairc, ar comhaltaí iad a cheapfaidh an Bord Riaracháin ó liosta iarrthóirí cáilithe, arna bhunú ag an gCoimisiún, ar bhonn a saineolais ábhartha i réimsí an dlí spáis nó gníomhaíochtaí spáis, go háirithe ar ábhair a bhaineann le sábháilteacht, bainistíocht riosca, cibearshlándáil, inbhuanaitheacht comhshaoil gníomhaíochtaí spáis, nó OS-S.

3. Is é an Bord Riaracháin dá dtagraítear in Airteagal 72(1) de Rialachán (AE) 2021/696 a cheapfaidh beirt chomhaltaí den Bhord Achomhairc agus beirt chomhaltaí malartacha, ó ghearrliosta arna mholadh ag an gCoimisiún, tar éis glao poiblí ar léirithe spéise a fhoilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

4. Beidh comhaltaí an Bhoird Achomhairc neamhspleách agus cinntí á ndéanamh acu. Ní bheidh siad faoi cheangal ag aon treoraíocht. Ní dhéanfaidh siad aon dualgas eile laistigh den Ghníomhaireacht, dá Bord Riaracháin, dá Bord um Chreidiúnú Slándála ná dá Bord um Chomhlíonadh, ná maidir leo.

5. Is 4 bliana a bheidh i dtéarma oifige chomhaltaí an Bhoird Achomhairc. Féadfar síneadh a chur leis uair amháin. Ní chuirfear comhaltaí an Bhoird Achomhairc as oifig le linn a dtéarma oifige mura rud é go bhfuarthas ciontach iad i mí-iompar tromchúiseach le cinneadh ón mBord Riaracháin.

6. Glacfar cinntí an Bhoird Achomhairc bunaithe ar thromlach de cheathrar dá sheisear comhaltaí. Is é an Bord Achomhairc a ainmneoidh a Chathaoirleach.

   Beidh cearta vótála comhionanna ag an gCathaoirleach agus ag na comhaltaí.

7. Áiritheoidh an Ghníomhaireacht tacaíocht oibríochtúil agus rúnaíochta leordhóthanach don Bhord Achomhairc.

*Airteagal 47*

**Achomharc**

1. Féadfar achomharc a dhéanamh in aghaidh chinneadh de chuid na Gníomhaireachta arna dhéanamh de bhun Theideal II, Chaibidlí II, III agus IV, Airteagal 43(2), Airteagail 49 go 52, agus Theideal IV, agus in aghaidh aon chinnidh eile de chuid na Gníomhaireachta a dhírítear ar dhuine nádúrtha nó duine dlítheanach nó ar de chúram an duine sin go díreach agus go leithleach é, cé gur cinneadh é a díríodh ar dhuine eile.

2. Cuirfear an t- achomharc, mar aon leis na ráitis ar an bhforas atá leis, i scríbhinn faoi bhráid na Gníomhaireachta laistigh de 3 mhí ón dáta a thabharfar fógra faoin gcinneadh sin don duine lena mbaineann, nó ina éagmais sin, ón lá a d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht a cinneadh.

3. Ní chuirfidh achomharc arna thaisceadh de bhun mhír 1 cur i bhfeidhm an chinnidh dá dtagraítear sa mhír sin ar fionraí. Féadfaidh an Bord Achomhairc cur i bhfeidhm an chinnidh atá á chonspóid a chur ar fionraí má mheasann sé gur gá sin de réir na n- imthosca, áfach.

4. Déanfaidh an Bord Achomhairc cinneadh faoin achomharc laistigh de 6 mhí tar éis achomharc a thaisceadh. Féadfaidh an Bord Achomhairc an cinneadh a dheimhniú, nó féadfaidh sé an cás a tharchur chuig an mBord um Chomhlíonadh. Beidh an Bord um Chomhlíonadh faoi cheangal ag cinneadh an Bhoird Achomhairc.

Beidh na cinntí a dhéanfaidh an Bord Achomhairc réasúnta agus poibleoidh an tÚdarás iad.

5. Cumhachtaítear don Choimisiún cinneadh a dhéanamh ar shonraí an nós imeachta os comhair an Bhoird Achomhairc i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 114(2).

6. Ní fhéadfar gníomhaíochtaí, chun cinneadh arna eisiúint ag an nGníomhaireacht de bhun an Rialacháin seo, a neamhniú agus gníomhaíochtaí mar gheall ar neamhghníomh laistigh de na teorainneacha ama is infheidhme a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais ach amháin tar éis ídiú an nós imeachta achomhairc dá dtagraítear thuas.

## ROINN 2 CUMHACHTAÍ AN CHOIMISIÚIN AGUS NA GNÍOMHAIREACHTA MAIDIR LE OIBREOIRÍ SPÁIS DE CHUID AN AONTAIS A OIBRÍONN SÓCMHAINNÍ ATÁ FAOI ÚINÉIREACHT AN AONTAIS AGUS SOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSÍ SPÁIS TRÍÚ TÍR

*Airteagal 48*

**Raon feidhme agus feidhmiú cumhachtaí ag an nGníomhaireacht agus ag an gCoimisiún**

1. Feidhmeoidh an Coimisiún, le tacaíocht agus cúnamh ón nGníomhaireacht, maoirseacht ar na soláthraithe seirbhísí spáis seo a leanas maidir le comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos sa Rialachán seo, ar an mbealach a shonraítear sa roinn seo, mar a leanas:

   (a) Oibreoirí spáis de chuid an Aontais a oibríonn sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais, ar eintitis iad a bhfuil sé curtha ar a n- iontaoibh comhpháirteanna de Chlár an Aontais a chur i gcrích nó a oibriú, bunaithe ar an údarú arna eisiúint ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 12(2);

   (b) oibreoirí spáis tríú tír;

   (c) eagraíochtaí idirnáisiúnta, de bhun Airteagal 107(3), agus Airteagal 108, faoi seach.

2. Chun na measúnuithe teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 40(1), pointe (a), a dhéanamh, beidh na cumhachtaí dá dtagraítear in Airteagail 49, 50, 51 agus 52 ag an nGníomhaireacht.

Cuirfidh an Ghníomhaireacht an Coimisiún ar an eolas faoi gach ceann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagail 49, 50, 51 agus 52.

3. Déanfaidh an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht aon cheann de na cúraimí dá dtagraítear in Airteagail 49, 50, 51 agus 52 ar leithligh nó go comhpháirteach.

4. Gan dochar d’inniúlachtaí institiúidí an Aontais agus na mBallstát faoi seach, féadfaidh an Ghníomhaireacht, chun críocha mhír 1, pointe (b), tar éis na comhaontuithe idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 106(1) a thabhairt i gcrích, socruithe comhair riaracháin a thabhairt i gcrích le húdaráis ábhartha tríú tíortha,

chun gur féidir cigireachtaí a dhéanamh go rianúil i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 52(1).

Ní chruthófar oibleagáidí dlíthiúla leis na socruithe comhair sin i dtaca leis an Aontas agus lena Bhallstáit, ná ní choiscfidh siad Ballstáit agus údaráis inniúla ó shocruithe déthaobhacha nó iltaobhacha a thabhairt i gcrích le tríú tíortha agus lena n- údaráis ábhartha.

5. Sonrófar an méid seo a leanas ar a laghad sna socruithe comhair sin:

(a) na nósanna imeachta mionsonraithe agus na gnéithe comhordúcháin le húdaráis ábhartha tríú tír lena gcuirtear ar a cumas don Ghníomhaireacht cigireachtaí a dhéanamh, de bhun Airteagal 52, ag áitreabh gnó na soláthraithe seirbhísí spáis dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), atá lonnaithe lasmuigh den Aontas;

(b) na mionsonraí lena leagtar amach na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht ionadaithe na n- údarás tríú tír ábhartha i gcigireachtaí arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht de bhun Airteagal 52, go háirithe i gcás inar eintitis phoiblí iad na soláthraithe seirbhísí spáis dá dtagraítear i mír 1, pointe (b);

(c) na prótacail agus na sásraí a bhfuil gá leo chun tarchur aon fhaisnéise ábhartha idir an Ghníomhaireacht agus údaráis tríú tír a áirithiú, go háirithe na sásraí chun go dtabharfaidh údarás tríú tír fógra pras faoi chásanna ina meastar gur sháraigh na soláthraithe seirbhísí spáis dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), na ceanglais a bhfuil sé d'oibleagáid orthu cloí leo, de bhun dhlí infheidhme an tríú tír lena mbaineann, chomh maith leis na leigheasanna agus na pionóis a cuireadh i bhfeidhm;

(d) aon chomhordú a bhfuil gá leis maidir le gníomhaíochtaí maoirseachta arna ndéanamh faoin Rialachán seo agus iad siúd arna ndéanamh ag údaráis tríú tír, faoi seach;

(e) tarchur tráthrialta nuashonruithe maidir le forbairtí rialála nó maoirseachta sa tríú tír lena mbaineann.

*Airteagal 49*

**Iarraidh ar fhaisnéis**

1. Féadfaidh an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht a cheangal le cinneadh go soláthróidh soláthraithe seirbhísí spáis dá dtagraítear in Airteagal 48(1), pointí (a), (b) agus (c), aon fhaisnéis a bhfuil gá léi don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht chun a gcúraimí a dhéanamh faoin Rialachán seo, lena n- áirítear aon doiciméad gnó ábhartha, tuarascáil iniúchóireachta ábhartha nó tuarascáil teagmhais ábhartha, nó faisnéis faoi ghníomhaíochtaí seachfhoinsithe.

2. Ina gcinntí arna nglacadh de bhun mhír 1, luafaidh an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht cuspóir na hiarrata, sonróidh siad an fhaisnéis atá de dhíth, sonróidh siad tréimhse faoina bhfuil an fhaisnéis sin le soláthar, sonróidh siad na fíneálacha is infheidhme, de bhun Airteagal 55(1), pointe (c), as faisnéis nó mínithe neamhiomlána, míchearta nó míthreoracha a sholáthar, an fhéidearthacht go ndéanfadh an Chúirt Bhreithiúnais athbhreithniú ar an gcinneadh sin agus na leigheasanna dlí atá ar fáil faoi Airteagal 47.

3. Soláthróidh na soláthraithe seirbhísí spáis dá dtagraítear in Airteagal 48(1), pointí (a), (b) agus (c), an fhaisnéis a iarrtar.

*Airteagal 50*

**Cumhacht imscrúduithe**

1. Déanfaidh an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht imscrúduithe ar na soláthraithe seirbhísí spáis dá dtagraítear in Airteagal 48(1), pointí (a), (b) agus (c), faoi seach.

2. Eiseoidh an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht údarú dá n- oifigigh ainmnithe chun ceadú dóibh na himscrúduithe dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh. Feidhmeoidh oifigigh an Choimisiúin agus na Gníomhaireachta a gcumhachtaí imscrúdaithe ar thabhairt ar aird an údaraithe sin.

   Féadfaidh an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht a chur ar iontaoibh daoine eile ó na foirne scrúdúcháin comhpháirteacha dá dtagraítear in Airteagal 44(1) nó ar iniúchóirí imscrúdú a dhéanamh i gcomhar le hoifigigh na Gníomhaireachta.

3. Sonrófar san údarú dá dtagraítear i mír 2, an chéad fhomhír, a chuspóir, a ábhar, na gníomhaíochtaí atá le déanamh, chomh maith leis na fíneálacha dá ndéantar foráil in Airteagal 55(1), pointe (c), de réir mar is infheidhme i gcás ina bhfuil tabhairt ar aird na n- eilimintí dá dtagraítear i mír 4, an chéad fhomhír, nó na freagraí ar na ceisteanna agus na mínithe a chuirtear faoi mhír 4, pointe (c), mícheart nó míthreorach.

4. Cumhachtófar d’oifigigh an Choimisiúin agus na Gníomhaireachta an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) scrúdú a dhéanamh ar aon taifead, ar aon sonraí, ar aon nós imeachta agus ar aon ábhar eile atá ábhartha i ndáil le forghníomhú a gcúraimí, beag beann ar an meán ar a bhfuil siad stóráilte;

   (b) cóipeanna deimhnithe a dhéanamh nó cóipeanna deimhnithe a fháil de na taifid sin, de na sonraí sin, de na nósanna imeachta sin agus den ábhar eile sin, nó sleachta astu a thógáil nó a fháil;

   (c) aon duine de na daoine atá faoi réir an imscrúdaithe, nó a n- ionadaithe, nó a bhfoireann, a thoghairm agus a iarraidh orthu mínithe ó bhéal nó i scríbhinn a thabhairt ar fhíorais nó ar dhoiciméid a bhaineann le hábhar agus le cuspóir na cigireachta, agus na freagraí a thaifeadadh;

   (d) taifid a iarraidh de thrácht teileafóin agus sonraí.

5. Ceanglaítear ar na soláthraithe seirbhísí spáis dá dtagraítear in Airteagal 48(1), pointí (a), (b) agus (c), faoi seach, géilleadh d’imscrúduithe.

   In am trátha roimh dháta an imscrúdaithe, cuirfidh an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an t- imscrúdú le déanamh ar an eolas faoin imscrúdú atá beartaithe agus faoi ainmneacha na n- oifigeach údaraithe agus na ndaoine údaraithe eile dá dtagraítear i mír 2, an dara fomhír, de réir mar is infheidhme.

6. Tabharfaidh oifigigh an údaráis inniúil lena mbaineann cúnamh d’oifigigh údaraithe an Choimisiúin agus na Gníomhaireachta agus do dhaoine údaraithe eile a ndualgais a chomhlíonadh, arna iarraidh sin don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht. Arna iarraidh sin, féadfaidh oifigigh an údaráis inniúil lena mbaineann freastal ar an imscrúdú faoi leith.

*Airteagal 51*

**Cigireachtaí ar an láthair san Aontas**

1. Féadfaidh an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht na cigireachtaí uile ar an láthair, a bhfuil gá leo, a dhéanamh ag aon áitreabh gnó, talamh nó maoin de chuid oibreoirí spáis an Aontais a oibríonn sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais, chomh maith le haon cheann d'áitribh ghnó, de thailte nó de mhaoin na soláthraithe seirbhísí spáis dá dtagraítear in Airteagal 48(1), pointí (b) agus (c), atá lonnaithe san Aontas.

2. Déanfar na cigireachtaí dá dtagraítear i mír 1 ar bhonn chinntí an Choimisiúin agus na Gníomhaireachta faoi seach, chun imscrúdú ar an láthair a dhéanamh.

Leis an gcinneadh sin, ainmneofar oifigigh údaraithe an Choimisiúin agus na Gníomhaireachta agus daoine eile a bheidh údaraithe ag an gCoimisiún agus ag an nGníomhaireacht chun cigireacht a dhéanamh.

Sonrófar ann cuspóir, ábhar agus dáta na cigireachta. Áireofar ann an tagairt do na fíneálacha agus do na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla dá ndéantar foráil in Airteagal 56(1), i gcásanna nach ngéillfidh na daoine lena mbaineann do chigireacht, chomh maith leis an bhféidearthacht go ndéanfadh an Chúirt Bhreithiúnais athbhreithniú ar an gcinneadh sin agus ar na leigheasanna dlí atá ar fáil faoi Airteagal 47.

3. Féadfaidh oifigigh an Choimisiúin agus na Gníomhaireachta agus daoine eile atá údaraithe chun cigireacht ar an láthair a dhéanamh, i gcomhréir le mír 2, an dara fomhír, dul isteach in aon áitreabh gnó, talamh nó maoin de chuid na n- oibreoirí spáis de chuid an Aontais a oibríonn sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais, agus de chuid na soláthraithe seirbhísí spáis dá dtagraítear in Airteagal 48(1), pointí (b) agus (c), faoi seach.Beidh na cumhachtaí uile a leagtar amach in Airteagal 50(4) acu agus na cumhachtaí chun aon áitreabh gnó, aon leabhar nó aon taifead a shéalú ar feadh thréimhse na cigireachta sin agus a mhéid is gá le haghaidh na cigireachta sin.

4. In am trátha roimh an gcigireacht, tabharfaidh an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht fógra d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an chigireacht sin le déanamh. Déanfar na cigireachtaí mura bhfuil aon agóid déanta ag an údarás ábhartha.

Feidhmeoidh na hoifigigh dá dtagraítear i mír 2, an dara fomhír, a gcumhachtaí ar thabhairt ar aird an chinnidh dá dtagraítear i mír 2, an chéad fhomhír.

5. Oibreoirí spáis de chuid an Aontais a oibríonn sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais agus soláthraithe seirbhísí spáis dá dtagraítear in Airteagal 48(1), pointí (b) agus (c), faoi seach, géillfidh siad do na cigireachtaí ar an láthair arna n- ordú le cinneadh ón nGníomhaireacht agus ón gCoimisiún.

6. Tabharfaidh oifigigh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an chigireacht le déanamh agus na daoine arna n- údarú ag na húdaráis inniúla sin cúnamh do na hoifigigh dá dtagraítear i mír 2, an dara fomhír, arna iarraidh sin don Choimisiún nó don Ghníomhaireacht. Féadfaidh na hoifigigh de chuid na n- údarás inniúil sin freastal ar na cigireachtaí ar an láthair freisin arna iarraidh sin.

7. Féadfaidh an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht a cheangal ar na húdaráis inniúla cúraimí sonracha imscrúdaitheacha agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh, dá ndéantar foráil san Airteagal seo agus in Airteagal 50, thar a gceann. Chuige sin, beidh na cumhachtaí céanna a leagtar amach san Airteagal seo agus in Airteagal 50 ag na húdaráis inniúla ar a laghad.

*Airteagal 52*

**Cigireachtaí ar an láthair lasmuigh den Aontas**

1. I gcás nach féidir leis an gCoimisiún agus leis an nGníomhaireacht a gcúraimí a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh trí bhíthin idirghníomhaíocht leis na hionadaithe dlíthiúla dá dtagraítear in Airteagal 23 de na soláthraithe seirbhísí spáis dá dtagraítear in Airteagal 48(1), pointe (b), féadfaidh an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh ag áitreabh gnó, talamh nó maoin na soláthraithe seirbhísí spáis dá dtagraítear in Airteagal 48(1), pointe (b), atá lonnaithe lasmuigh den Aontas, má chomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) toilíonn an soláthraí seirbhísí spáis lena mbaineann dá dtagraítear in Airteagal 48(1), pointe (b), le cigireacht a dhéanamh i dtríú tír; agus

(b) thug an Ghníomhaireacht fógra oifigiúil don údarás tríú tír ábhartha agus ní dhearna sé aon agóid ina aghaidh.

2. Nuair a ghníomhóidh an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht bunaithe ar mhír 1, beidh na cumhachtaí dá dtagraítear sna hairteagail seo a leanas acu:

(a) Airteagal 49;

(b) Airteagal 50(4), pointí (a), (b) agus (c);

(c) Airteagal 51(3).

*Airteagal 53*

**Nós imeachta maidir le himscrúdú ón nGníomhaireacht**

1. I gcás ina bhfuil comharthaí suntasacha ag an nGníomhaireacht go ndearnadh sáruithe ar na ceanglais theicniúla a leagtar síos i dTeideal IV, cuirfidh an Ghníomhaireacht tús le himscrúdú.

2. Beidh sé de chumhacht ag na hoifigigh a mbeidh an t- imscrúdú á dhéanamh acu faisnéis a iarraidh, i gcomhréir le hAirteagal 49, chun imscrúduithe agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh, faoi seach, i gcomhréir le hAirteagail 50 agus 51.

*Airteagal 54*

**Bearta tar éis don Ghníomhaireacht imscrúdú a dhéanamh**

1. Más rud é, bunaithe ar an imscrúdú dá dtagraítear in Airteagal 53(2), go gcinneann an Ghníomhaireacht ar réamhbhonn go ndearna oibreoir spáis de chuid an Aontais a oibríonn sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais, nó soláthraí seirbhísí spáis dá dtagraítear in Airteagal 48(1), pointí (b) agus (c), más ábhartha, sárú ar na ceanglais a leagtar síos leis an Rialachán seo, mar a shonraítear in Iarscríbhinn X, molfaidh an Ghníomhaireacht don Choimisiún a shuí gur ann do shárú ar an Rialachán seo agus ceann amháin, nó níos mó, de na bearta dá dtagraítear in Airteagal 55(1), an chéad fhomhír, a ghlacadh, a mhéid a bhaineann leis an oibreoir spáis lena mbaineann de chuid an Aontais a oibríonn sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais nó leis an soláthraí seirbhísí spáis dá dtagraítear in Airteagal 48(1), pointí (b) agus (c).

Sonróidh an Ghníomhaireacht na heilimintí fíorasacha uile, na rialacha a sáraíodh agus méid beartaithe na fíneála.

Féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin, imscrúdú a dhéanamh ar aon sárú ar an Rialachán seo, arna iarraidh sin do Bhallstát nó tar éis dó gearán a fháil.

2. Agus an moladh dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, á chur faoi bhráid an Choimisiúin aici, breithneoidh an Ghníomhaireacht cineál agus tromchúis an tsáraithe bunaithe ar a réamhchinntí, ag féachaint do na critéir seo a leanas:

(a) tromchúis agus fad an tsáraithe agus buaine na ndamáistí arbh é an sárú ba chúis leo;

(b) sáruithe roimhe seo arna ndéanamh ag an oibreoir spáis sin de chuid an Aontais a oibríonn sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais;

(c) an damáiste ábhartha nó neamhábhartha a rinneadh leis an sárú, nó a bhféadfadh an sárú a bheith ina chúis leis, lena n- áirítear caillteanas airgeadais nó eacnamaíoch agus éifeachtaí díobhálacha ar sheirbhísí eile, chomh maith le haon chritéar ábhartha maidir le tionchar an tsáraithe, amhail an líon úsáideoirí dá ndearnadh difear nó méid na gcaillteanas arna dtabhú ag tríú páirtí mar thoradh ar an sárú sin;

(d) intinn nó faillí an té a rinne an tsáraithe;

(e) na bearta arna ndéanamh ag oibreoir spáis an Aontais a oibríonn sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais chun an damáiste ábhartha nó neamhábhartha dá dtagraítear i bpointe (c) a chosc nó a mhaolú;

(f) leibhéal an chomhair le linn an nós imeachta imscrúdaithe, lena n- áirítear aon bhac ar iniúchtaí nó ar ghníomhaíochtaí faireacháin, tar éis aimsiú an tsáraithe;

(g) tábhacht na mbrabús a ghnóthaigh an duine nádúrtha nó an duine dlítheanach atá freagrach as an sárú, nó tábhacht na gcaillteanas a sheachain sé;

(h) iarmhairtí sistéamacha a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an sárú sin;

(i) an gá le héifeacht dhíspreagthach a bheith ag fíneálacha riaracháin.

3. I gcás nach ligtear don Ghníomhaireacht, le toradh imscrúdaithe faoin roinn seo, cinneadh a dhéanamh maidir le sárú ar an Rialachán seo, glacfaidh an Ghníomhaireacht cinneadh lena ndúnfar an t- imscrúdú. Cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas gan mhoill.

*Airteagal 55*

**Bearta maoirseachta an Choimisiúin**

1. Tar éis don Choimisiún an moladh, dá dtagraítear in Airteagal 54(1), an chéad fhomhír, a fháil ón nGníomhaireacht, féadfaidh sé ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh:

(a) sárú a shuí agus é a chur de cheangal ar an oibreoir spáis lena mbaineann de chuid an Aontais a oibríonn sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais nó ar an soláthraí seirbhísí spáis lena mbaineann dá dtagraítear in Airteagal 48(1), pointí (b) agus (c), deireadh a chur leis an sárú;

(b) i gcás inar gá, ar bhonn cinneadh *prima facie* maidir le sárú, bearta eatramhacha a ordú chun aon damáiste doleigheasta a sheachaint;

(c) fíneáil riaracháin nó, de réir mar is infheidhme, íocaíocht phionósach thréimhsiúil a fhorchur, de bhun Airteagal 56;

(d) údarú an oibreora spáis lena mbaineann de chuid an Aontais a oibríonn sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais, nó clárú in CARS an tsoláthraí seirbhísí spáis lena mbaineann dá dtagraítear in Airteagal 48(1), pointí (b) agus (c), a chur ar fionraí nó a tharraingt siar;

(e) fógra poiblí a eisiúint ina dtugtar le fios an t- oibreoir spáis de chuid an Aontais a oibríonn sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais nó Airteagal 48(1), pointí (b) agus (c), atá freagrach as an sárú agus cineál an tsáraithe.

2. Agus na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 á ndéanamh ag an gCoimisiún, breithneoidh sé cineál agus tromchúis an tsáraithe, ag féachaint do na critéir dá dtagraítear in Airteagal 54(2).

*Airteagal 56*

**Fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla**

1. Maidir le hoibreoir spáis de chuid an Aontais a oibríonn sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais nó soláthraí seirbhísí spáis dá dtagraítear in Airteagal 48(1), pointí (b) agus (c), i gcás ina molfadh an Ghníomhaireacht, de bhun Airteagal 54(1), an chéad fhomhír, fíneáil nó íocaíocht phionósach thréimhsiúil a fhorchur orthu sin, as sárú ar an Rialachán seo, féadfaidh an Coimisiún fíneáil nó íocaíocht phionósach thréimhsiúil a fhorchur laistigh den chinneadh, i gcomhréir le míreanna 2, 3, 4, 5, 6 agus 7.

2. Measfar go ndearnadh sárú d'aon ghnó má léirítear le tosca oibiachtúla gur ghníomhaigh duine d'aon ghnó chun an sárú sin a dhéanamh.

3. Maidir le huasmhéid na fíneála dá dtagraítear i mír 1, beidh sé dhá oiread mhéid na mbrabús a gnóthaíodh nó dhá oiread mhéid na gcaillteanas a seachnaíodh mar gheall ar an sárú, i gcás inar féidir iad sin a chinneadh, nó, i gcás nach féidir an cinneadh sin a dhéanamh, is éard a bheidh ann 2 % de láimhdeachas bliantúil domhanda iomlán, mar a shainmhínítear i ndlí ábhartha an Aontais, de chuid duine dlítheanach sa bhliain airgeadais roimhe sin.

4. Agus leibhéal na fíneála atá le forchur de bhun mhír 1 á chinneadh, cuirfidh an Coimisiún na critéir a leagtar amach in Airteagal 54(2) san áireamh.

5. Féadfaidh an Coimisiún fíneálacha tréimhsiúla agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur chun iallach a chur ar oibreoirí spáis an Aontais a oibríonn sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais agus, de réir mar is infheidhme, ar sholáthraithe seirbhísí spáis dá dtagraítear in Airteagal 48(1), pointí (b) agus (c), deireadh a chur leis an sárú nó géilleadh d'imscrúdú agus, go háirithe, na taifid iomlána, na sonraí, an nós imeachta nó aon ábhar eile a bhfuil gá leo a sholáthar, agus aon fhaisnéis eile a sholáthraítear in imscrúdú, arna sheoladh le cinneadh arna dhéanamh de bhun Airteagal 50, a chomhlánú agus a cheartú.

6. Beidh íocaíocht phionósach thréimhsiúil éifeachtach agus comhréireach. Forchuirfear an íocaíocht phionósach thréimhsiúil de réir gach lae moille.

7. Forchuirfear íocaíocht phionósach thréimhsiúil ar feadh uastréimhse 6 mhí tar éis fógra a fháil faoin gcinneadh ón gCoimisiún, mura gcinnfear, agus an beart sin á athbhreithniú, ag deireadh na tréimhse nó 6 mhí, nach bhfuil a chuspóir bainte amach ag an mbeart.

8. Déanfar méideanna na bhfíneálacha agus na n- íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a leithdháileadh chuig buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.

9. Maidir le fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur i gcomhréir leis an Airteagal seo, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 113, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh, tríd an méid seo a leanas a leagan síos:

(a) na critéir mhionsonraithe agus an mhodheolaíocht chun méideanna na bhfíneálacha agus na n-íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a shuí;

(b) na rialacha mionsonraithe maidir leis na fiosrúcháin, na bearta gaolmhara agus an tuairisciú, chomh maith leis an gcinnteoireacht, lena n-áirítear forálacha maidir le cearta cosanta, rochtain ar chomhad, ionadaíocht dhlíthiúil, rúndacht agus forálacha sealadacha; agus

(c) na nósanna imeachta chun na fíneálacha agus na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a bhailiú.

10. Beidh dlínse neamhtheoranta ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí lena bhforchuirtear fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla. Féadfaidh sí méid fíneála nó íocaíochta pionósaí tréimhsiúla a forchuireadh a neamhniú, a laghdú nó a mhéadú.

*Airteagal 57*

**An ceart atá ag na daoine atá faoi réir imscrúduithe éisteacht a fháil**

1. Sula ndéanfaidh an Coimisiún cinneadh de bhun Airteagail 55 agus 56, tabharfaidh sé deis d'oibreoirí spáis de chuid an Aontais a oibríonn sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais agus do sholáthraithe seirbhísí spáis dá dtagraítear in Airteagal 48(1), pointí (b) agus (c), atá faoi réir na n- imeachtaí, éisteacht a fháil maidir leis na torthaí agus an foras ar a bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún cinneadh a ghlacadh.

Is ar na torthaí sin a raibh deis ag na daoine a bhí faoi réir na n-imeachtaí a dtuairimí a thabhairt ina leith, agus orthu sin amháin, a bhunóidh an Coimisiún a chinntí.

2. Beidh daoine atá faoi réir na n- imeachtaí i dteideal rochtain a fháil ar an gcomhad atá i seilbh an Choimisiúin, faoi réir leas dlisteanach daoine eile maidir le rúin ghnó a chosaint.

Ní áireofar leis an gceart maidir le rochtain ar an gcomhad rochtain ar fhaisnéis rúnda ná doiciméid ullmhúcháin inmheánacha de chuid na Gníomhaireachta nó an Choimisiúin.

# Teideal IV
# RIALACHA TEICNIÚLA

## Caibidil I SÁBHÁILTEACHT AGUS INBHUANAITHEACHT SA SPÁS

### ROINN 1 LAINSEÁLAITHE

*Airteagal 58*

**Plean Sábháilteachta Lainseálaithe**

Cuirfidh an t- oibreoir lainseála de chuid an Aontais Plean Sábháilteachta Lainseálaithe faoi bhráid an údaráis inniúil i gcomhréir le pointe 3 d'Iarscríbhinn I.

*Airteagal 59*

**Bearta sábháilteachta agus comhordúcháin le linn lainseála agus athiontrála**

1. Déanfaidh oibreoirí lainseála de chuid an Aontais bearta iomchuí chun an riosca imbhuailte a mhaolú idir an lainseálaí agus an t-aerárthach, soithí muirí nó spásárthaí, agus smionagar i bhfithis, le linn na gcéimeanna lainseála agus athiontrála.

2. Áireofar an méid seo a leanas ar na bearta maolaithe dá dtagraítear i mír 1:

   (a) cur chun feidhme na gceanglas comhordúcháin a leagtar síos i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn I leis na húdaráis inniúla maidir le seirbhísí aerthráchta, an soláthraí seirbhísí spáis seachanta imbhuailte agus na soláthraithe seirbhísí aerthráchta a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh;

   (b) measúnú riosca a dhéanamh – Seachaint Imbhuailte Lainseála ('LCOLA') - i gcomhréir le pointe 1.2 d'Iarscríbhinn I, agus cur chun feidhme na tréimhse dúnta lainseála dá réir sin;

   (c) ríomh agus teorannú an riosca taismigh tráth na lainseála agus na hathiontrála, i gcomhréir le pointe 1.3 d'Iarscríbhinn I.

3. Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme:

   (a) an modh a fhorbairt chun LCOLA a ríomh, bunaithe ar dhóchúlacht imbhuailte, a oiriúnófar ag brath ar mhéid an réada atá i gceist, agus ar cé acu atá nó nach bhfuil an spásárthach ináitrithe nó gníomhach;

   (b) modh nua a roghnú, as measc na modhanna atá ann cheana, chun an riosca comhchoiteann, maidir le taismigh de thoradh lainseála nó athiontrála, a ríomh, agus aird chuí á tabhairt ar na heilimintí seo a leanas:

      (i) na feiniméin uile as a n- eascraíonn riosca damáiste thubaistigh (céim an ardaithe, titim ón gcéim tar éis deighilte, athiontráil deice a chuirtear i bhfithis san atmaisféar, céim aisghabhála deice in-athúsáidte);

      (ii) ruthaig eitilte roimh bhloghadh (atmaisféarach nó sa chianspás), de réir na n-agaí eitilte agus na lochtanna a bhreithnítear;

(iii) na cásanna comhfhreagracha maidir le bloghadh agus giniúint smionagair, tráth athiontrála nó tráth neodraithe na feithicle lainseála agus filleadh aon eiliminte den lainseálaí ar an Domhan;

(iv) easrú an smionagair ar an talamh agus meastóireacht ar na héifeachtaí a bhaineann leis sin;

(v) iontaofacht na feithicle lainseála le haghaidh chéim na lainseála, lena n- áirítear, i gcás inarb infheidhme, le linn chéim na haisghabhála;

(vi) iontaofacht ainliú dífhithisithe eilimint an lainseálaí a chuirtear i bhfithis, i gcás athiontráil rialaithe;

(c) na tairseacha le haghaidh rioscaí taismigh a shuí, i gcomhréir le pointe 1.3, pointe (b), d'Iarscríbhinn I, le haghaidh na gcásanna riosca a luaitear;

(d) na híoscheanglais chomhordúcháin a bhunú idir an t- oibreoir lainseála de chuid an Aontais, an soláthraí seirbhísí spáis seachanta imbhuailte, na húdaráis inniúla agus soláthraithe seirbhísí tráchta chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na n- oibríochtaí lainseála ar sheirbhísí aerthráchta eile le linn na gcéimeanna lainseála agus athiontrála agus chun an cur isteach a íoslaghdú.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 114(2).

*Airteagal 60*

**Córas sábháilteachta eitilte**

1. Ionchorprófar i bhfeithiclí lainseála gairis rianaithe nó bunófar leo modhanna rianaithe lenar féidir faireachán fíor-ama a dhéanamh ar shuíomh agus ar threoluas na feithicle lainseála.

2. Ionchorprófar i bhfeithiclí lainseála, ar a laghad, córas tarchurtha sonraí teiliméadrachta chun faireachán a dhéanamh ar shonraí feidhmíochta na feithicle lainseála, seachas i gcás ina suíonn an anailís réamheitilte nach mbeidh limistéar easraithe anaithnid agus guaiseach mar thoradh ar eitilt na feithicle lainseála.

3. Déanfaidh oibreoirí lainseála de chuid an Aontais measúnú riosca chun cásanna riosca a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint agus chun bearta maolaitheacha a chur chun feidhme, i gcomhréir le pointe 2.1 d'Iarscríbhinn I.

4. Cuirfidh oibreoirí lainseála de chuid an Aontais córas ar bord isteach chun an lainseálaí a neodrú, i gcomhréir le pointe 2.2 d'Iarscríbhinn I.

*Airteagal 61*

**Maolú smionagair spáis i gcás lainseálaithe**

1. Cuirfidh oibreoirí lainseála de chuid an Aontais teorainn le cruthú smionagair trí chur chun feidhme na mbeart seo a leanas:

(a) teorainn a chur le scaoileadh beartaithe smionagair isteach sa Domhan, le linn oibríochtaí ainmniúla, trí chur chun feidhme na mbeart a leagtar amach i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn II;

(b) cosaint ar bhloghadh de thaisme, trí chur chun feidhme na mbeart a leagtar amach i bpointe 1.2, d'Iarscríbhinn II agus i bpointe 1.3, d'Iarscríbhinn II;

(c) diúscairt deireadh ré, i gcomhréir le pointe 2 d'Iarscríbhinn II.

2. Cuirfidh oibreoirí lainseála de chuid an Aontais isteach na pleananna maolaithe smionagair spáis seo a leanas:

(a) plean rialaithe smionagair, i gcomhréir leis na ceanglais theicniúla agus oibríochtúla a leagtar síos i bpointe 3.1 d'Iarscríbhinn II;

(b) plean diúscartha deireadh ré, i gcomhréir le pointe 3.2 d'Iarscríbhinn II.

3. Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme:

(a) an tréimhse ama a leagan síos ina ndiúscrófar feithicil lainseála arna himscaradh i nDomhanfhithis Íseal (LEO), i gcomhréir le pointe 1.1.1, pointe (e), d'Iarscríbhinn II, lena n-áirítear bearta sonracha don chóras piriteicniúil agus don tiomántán soladach nó hibrideach;

(b) an réigiún sábháilte agus an t-am sábháilte a shuí chun feithiclí lainseála arna n- imscaradh i nDomhanfhithis Mheánach (MEO) a dhiúscairt, i gcomhréir le pointe 1.1.1, pointe (d), d'Iarscríbhinn II, lena n- áirítear bearta sonracha don chóras piriteicniúil agus don tiomántán soladach nó hibrideach;

(c) an tairseach dóchúlachta a shuí maidir leis an riosca go ndéanfar bloghadh de thaisme i bhfithis i ngeall ar chúiseanna inmheánacha, pointe 1.2.1 d'Iarscríbhinn II;

(d) fad agus tairseach an riosca bloghta de dheasca imbhuailte a shuí i gcomhréir le pointe 1.3 d'Iarscríbhinn II;

(e) forbairt na gcoinníollacha maidir le dearadh na feithicle lainseála le haghaidh deiridh i gcomhair athiontráil atmaisféarach agus athiontráil neamhrialaithe dá dtagraítear i bpointe 2.2, pointe (b)(ii), d'Iarscríbhinn II; agus

(f) forbairt mhodh ríofa na dóchúlachta go n- éireoidh le diúscairt agus an tairseach chéatadáin dá dtagraítear i bpointe 2.5 d'Iarscríbhinn II.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 114(2).

## ROINN 2 SPÁSÁRTHAÍ

*Airteagal 62*

**Córas speisialta i gcás spásárthaí taighde agus oideachais**

1. Tá oibreoirí spásárthaí de chuid an Aontais a dhéanann misin taighde agus oideachais díolmhaithe ó na ceanglais a leagtar síos sna háiteanna seo a leanas:

(a) Airteagal 66, i gcás spásárthaí taighde a bhfuil sé beartaithe iad a chur i bhfithis os cionn na teorann a fhorordaítear san Airteagal sin agus faoi bhun 600 km, sna cásanna seo a leanas:

(i) cumasaíonn córas inrianaitheachta suíomh beacht an spásárthaigh agus;

(ii) léiríodh i ndoiciméid ábhartha an mhisin spáis an fáth nár coinníodh cumais so-ionramháilteachta;

(b) Airteagal 72, i gcás spásárthaí a bhfuil sé beartaithe iad a choinneáil i bhfithis ar feadh níos lú ná 1 bhliain amháin;

(c) pointe 2.3, d'Iarscríbhinn IV;

(d) pointe 2.5, d'Iarscríbhinn IV;

(e) Pointe 1.2.1, pointe (e)(iv), d'Iarscríbhinn V;

(f) Pointe 4.3, pointe (f)(iii), d'Iarscríbhinn V.

Chun críocha phointe (c) den chéad fhomhír, beidh pointe teagmhála ar fáil chun freagairt in am oibríochtúil réasúnta maidir le LEO/MEO/GEO.

Chun críocha phointe (d) den chéad fhomhír, féadfaidh oibreoir spásárthaí de chuid an Aontais, an ceann lena mbaineann an spásárthach taighde, a iarraidh ar sholáthraí seirbhísí spáis seachanta imbhuailte de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 64(1) cúnamh a thabhairt maidir le seachadadh a eifimirisí agus a chomhathraitheas spásárthaí.

Chun críocha phointe (e) den chéad fhomhír, cuirfear san áireamh in oibleagáid iomarcaíochta na teorainneacha teicniúla a bhaineann le méid an spásárthaigh.

2. Déanfar measúnú ar na heisceachtaí dá dtagraítear i mír 1 ar bhonn cás ar chás, trí bhíthin méid agus meáchan an spásárthaigh, agus fad agus fithis an mhisin, a chur san áireamh.

*Airteagal 63*

**Inrianaitheacht**

1. Áiritheoidh oibreoirí spásárthaí de chuid an Aontais go mbeidh na modhanna teicniúla ag spásárthach chun gur féidir an suíomh fithiseach a rianú agus a chinneadh go beacht, i gcomhréir le pointe 1 d'Iarscríbhinn III.

Áiritheoidh oibreoirí spásárthaí de chuid an Aontais go mbeidh na córais ag an gcuid ar talamh in ann sonraí a phróiseáil i bhformáid sonraí aitheanta atá ann cheana, i gcomhréir le pointe 2 d'Iarscríbhinn III.

2. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an leibhéal beachtais a bhfuil gá leis le haghaidh inrianaitheacht spásárthaí, dá dtagraítear i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn III. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 114(2).

*Airteagal 64*

**Seachaint Imbhuailte**

1. Cláróidh oibreoirí spásárthaí de chuid an Aontais leis na seirbhísí spáis seachanta imbhuailte arna soláthar ag an soláthraí seirbhísí spáis seachanta imbhuailte atá i gceannas ar an bhfo-chomhpháirt maidir le Faireachas agus Rianú Spáis (SST) dá dtagraítear in Airteagal 58(2) de Rialachán (AE) 2021/696 ('soláthraí seirbhísí spáis seachanta imbhuailte de chuid an Aontais').

2. Cumhdófar leis an gclárú dá dtagraítear i mír 1 céimeanna uile misin spáis, lena n-áirítear ardú fithise, OS-S agus céimeanna deireadh ré, cé is moite den chéim athiontrála.

3. Le linn na hoibríochta, cuirfidh oibreoirí spásárthaí de chuid an Aontais soláthraí seirbhísí spáis seachanta imbhuailte de chuid an Aontais ar an eolas gan mhoill faoi aon cheann díobh seo a leanas:

(a) aon athrú atá beartaithe ar an oibríocht;

(b) an cinneadh tús a chur le céim na diúscartha agus tús a chur leis an gcéim deireadh ré, tríd an bhfaisnéis ábhartha a sholáthar 3 mhí roimh dháta tosaigh an nós imeachta;

(c) aon athrú neamhbheartaithe ar na hoibríochtaí, lena n- áirítear maidir le fadhbanna a thagann chun cinn le linn shaolré an mhisin spáis agus chéim na diúscartha, a mbeadh tionchar acu ar chomhlíonadh an Rialacháin seo, gan moill mhíchuí.

4. Comhlíonfaidh oibreoirí spásárthaí de chuid an Aontais na ceanglais a leagtar síos i bpointe 2, d'Iarscríbhinn IV, agus oibreoidh siad i gcomhar le soláthraí seirbhísí spáis seachanta imbhuailte de chuid an Aontais, i gcomhréir leis na ceanglais atá ann.

5. Tar éis dóibh foláireamh teagmhais ardleasa a fháil, cuirfidh oibreoirí spásárthaí de chuid an Aontais an soláthraí seirbhísí spáis seachanta imbhuailte de chuid an Aontais ar an eolas gan mhoill faoi na gníomhaíochtaí uile a rinneadh chun an t- imbhualadh a sheachaint, i gcomhréir le pointe 2 d'Iarscríbhinn IV.

*Airteagal 65*

**Seirbhísí athiontrála**

1. Seolfaidh oibreoirí spásárthaí de chuid an Aontais na sonraí agus an fhaisnéis a bhfuil gá leo, amhail suíomh, staid an spásárthaigh, an fhéidearthacht cumarsáid a dhéanamh, chun seirbhís athiontrála níos cruinne a chumasú don soláthraí seirbhísí spáis seachanta imbhuailte de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 64(1), gan dochar don tarchur chuig an eintiteas atá i gceannas ar an tseirbhís athiontrála san fho-chomhpháirt Faireachas agus Rianú Spáis (SST) dá dtagraítear in Airteagal 58(2) de Rialachán (AE) 2021/696.

2. Áiritheoidh an t- eintiteas atá i gceannas ar an tseirbhís athiontrála dá dtagraítear i mír 1 an comhordú a theastaíonn leis na húdaráis ábhartha agus le soláthraithe seirbhísí aerthráchta chun tionchar na hathiontrála ar sheirbhísí tráchta eile a íoslaghdú.

*Airteagal 66*

**So-ionramháilteacht spásárthaí**

1. Áiritheoidh oibreoirí spásárthaí de chuid an Aontais go ndéanfar spásárthach a dhearadh, a tháirgeadh agus a oibriú ar bhealach a fhágann go mbeidh cumais so-ionramháilteachta ag an spásárthach le haghaidh fithisí a bhfuil apaigí os cionn 400 km acu, agus a chumasóidh an cumas sin.

2. Maidir leis an gcumas so-ionramháilteachta dá dtagraítear i mír 1, beidh an méid seo ar a laghad fíor:

(a) comhlíonfaidh sé na ceanglais a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn IV, agus ceadóidh sé freagairt d'fholáireamh teagmhais ardleasa, i gcomhréir le hAirteagal 64(5);

(b) cumasóidh sé feidhmiú diúscartha deireadh ré i gcomhréir le hAirteagal 70(1), pointe (c);

Beidh an chuid ar talamh in ann réamhaisnéisí fithiseacha a fháil agus sonraí a phróiseáil i gcomhréir le pointe 2 d'Iarscríbhinn III.

*Airteagal 67*

**Bunachar sonraí liosta teagmhálaithe le haghaidh foláirimh teagmhais ardleasa**

1. Bunóidh agus bainisteoidh an Ghníomhaireacht bunachar sonraí liosta teagmhálaithe an Aontais le haghaidh foláirimh teagmhais ardleasa ('bunachar sonraí liosta teagmhálaithe').

2. Tuairisceoidh oibreoirí spásárthaí de chuid an Aontais don Ghníomhaireacht sonraí teagmhála a mball foirne ábhartha atá i gceannas ar ghníomhaíochtaí seachanta imbhuailte agus athiontrála, lena n- inscríobh ag an nGníomhaireacht sa bhunachar sonraí liosta teagmhálaithe arna bhunú i gcomhréir le mír 1.

3. Roinnfidh an Ghníomhaireacht bunachar sonraí an liosta teagmhálaithe leis an soláthraí seirbhísí spáis seachanta imbhuailte de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 64(1).

*Airteagal 68*

**Rialacha maidir le trácht fithiseach**

1. Comhlíonfaidh oibreoirí spásárthaí de chuid an Aontais na ceanglais maidir le trácht fithiseach agus comhordú a leagtar síos i bpointe 2 d'Iarscríbhinn IV.

2. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha lena sonrófar na ceanglais maidir le seachaint imbhuailte a leagtar síos i bpointe 2 d'Iarscríbhinn IV.

   Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 114(2).

*Airteagal 69*

**Suíomh i bhfithis**

1. Roimh an lainseáil, déanfaidh oibreoirí spásárthaí de chuid an Aontais anailís ar an rogha fithise agus tabharfaidh siad cúiseanna leis an rogha sin.

   Roghnóidh oibreoirí spásárthaí de chuid an Aontais an fhithis bunaithe ar anailís, agus an spásárthach atá ann cheana agus an smionagar i bhfithis á gcur san áireamh.

2. Forbróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an méid seo a leanas:

   (a) modhanna sonracha chun plódú LEO, MEO agus GEO a ríomh;

   (b) modhanna chun roghnú na fithise a ríomh, ar bhonn modhanna aitheanta agus úrscothacha.

   Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 114(2).

*Airteagal 70*

**Smionagar spáis a mhaolú**

1. Déanfaidh oibreoirí spásárthaí de chuid an Aontais na bearta seo a leanas:

(a) teorainn a chur le giniúint bheartaithe smionagair isteach sa Domhan, le linn oibríochtaí ainmniúla, i gcomhréir le pointe 1.1 d'Iarscríbhinn V;

(b) teorainn a chur leis an riosca a bhaineann le bloghadh de thaisme, i gcomhréir le pointe 1.2 d'Iarscríbhinn V agus le pointe 1.3 d'Iarscríbhinn V;

(c) cur i gcrích na diúscartha deireadh ré, i gcomhréir le pointe 3 d'Iarscríbhinn V;

(d) plean freagartha ar chliseadh a chur chun feidhme, i gcomhréir le pointe 4.3 d'Iarscríbhinn V;

(e) iontaofacht an dearaidh a áirithiú, i gcomhréir le pointe 2.1 d'Iarscríbhinn V; agus

(f) na nósanna imeachta oibríochtúla a bhunú le haghaidh rialú cáilíochta agus iontaofachta, i gcomhréir le pointe 2.2 d'Iarscríbhinn V.

2. Tarraingeoidh oibreoirí spásárthaí de chuid an Aontais suas na pleananna maolaithe smionagair spáis seo a leanas agus léireoidh siad gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos i mír 1:

(a) plean rialaithe smionagair, i gcomhréir le pointe 4.1 d'Iarscríbhinn V;

(b) plean diúscartha deireadh ré, i gcomhréir le pointe 4.2 d'Iarscríbhinn V;

(c) plean freagartha ar chliseadh, i gcomhréir le pointe 4.3 d'Iarscríbhinn V.

3. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) na bearta a fhorbairt chun teorainn a chur le giniúint smionagair, trí shrian a chur le scaoileadh réamh-mheasta smionagair de réir líonta agus fad i bhfithis, lena n-áirítear rialacha sonracha maidir le dearadh gaireas piriteicniúil agus dearadh roicéadinneall tiomántáin sholadaigh dá dtagraítear i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn V;

(b) bearta a fhorbairt chun teorainn a chur leis an riosca maidir le bloghadh chun:

(i) teorainn a chur leis na cúiseanna inmheánacha le bloghadh agus leis an riosca imbhuailte dá dtagraítear i bpointe 1.2.1, pointe (a), d'Iarscríbhinn V;

(ii) na ceanglais maidir le dearadh agus monaraíocht a fhorbairt chun teorainn a chur leis an riosca maidir le bloghadh de dheasca imbhualadh dá dtagraítear i bpointe 1.3, pointí (a) agus (b), d'Iarscríbhinn V;

(iii)an modh a fhorbairt chun dóchúlacht an imbhuailte agus an tairseach dá dtagraítear i bpointe 1.3, pointí (c) agus (d), d'Iarscríbhinn V, a ríomh;

(c) na bearta deireadh ré a shonrú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) an tairseach a chinneadh don dóchúlacht diúscartha rathúla agus an modh ríofa dá dtagraítear i bpointe 3.1.2 d'Iarscríbhinn V agus pointe 3.1.3 d'Iarscríbhinn V;

(ii) sainiú na huas-saolré fithisí in LEO roimh athiontráil, dá dtagraítear i bpointe 3.4.2 d'Iarscríbhinn V;

(iii)na ceanglais a fhorbairt maidir le hathiontráil i ndáil le LEO, dá dtagraítear i bpointe 3.5.4 d'Iarscríbhinn V, i bpointe 3.5.6 d'Iarscríbhinn V agus i bpointe 3.5.8 d'Iarscríbhinn V;

(iv)na ceanglais shonracha a leagan amach maidir le hathiontráil i ndáil le MEO, dá dtagraítear i bpointe 3.6 d'Iarscríbhinn V;

(d) na coinníollacha teicniúla a leagan amach maidir le héighníomhú bog dá dtagraítear i bpointe 1.2.1, pointe (e)(v)(2), d'Iarscríbhinn V, agus maidir le héighníomhú i gcás athiontrála dá dtagraítear i bpointe 1.2.1, pointe (f), d'Iarscríbhinn V;

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 114(2).

4. Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 113 chun an t-ord tosaíochta a leagtar síos i bpointe 3.3 d'Iarscríbhinn V a leasú, chun an t-ord sin a léiriú agus a oiriúnú don dul chun cinn teicneolaíoch a mhéid a bhaineann le OS-S.

*Airteagal 71*

**Síneadh a chur leis an misean**

1. I gcás inar mian le hoibreoir spásárthaí de chuid an Aontais síneadh a chur le misean spáis, cuirfidh an t- oibreoir spásárthaí sin de chuid an Aontais iarraidh ar shíneadh le misean spáis faoi bhráid an údaráis inniúil, 3 mhí ar a dhéanaí roimh dheireadh beartaithe an mhisin spáis lena mbaineann.

2. Féadfaidh na húdaráis inniúla a chinneadh síneadh a chur le fad misin spáis arna dhéanamh ag oibreoir spásárthaí de chuid an Aontais thar an tréimhse dar deonaíodh an t- údarú tosaigh, arna iarraidh sin i gcomhréir le mír 1.

3. Formheasfaidh an t- údarás inniúil an iarraidh ar shíneadh a chur leis an misean spáis má chomhlíonann an spásárthach na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn V fós.

*Airteagal 72*

**Truailliú solais agus raidió**

1. Bunóidh oibreoirí spásárthaí de chuid an Aontais plean ina mbeidh bearta atá leordhóthanach chun teorainn a chur le truailliú solais agus raidió i gcomhréir le mír 2.

2. Maidir leis an méid amhairc i gcás spásárthaí le linn na saolré iomláine, lena n- áirítear na ceanglais deartha maidir le bratú nó sciathú íseal-fhrithchaiteachta, is éard a bheidh sa mhéid sin ná méid 7 ar a laghad.

Áireofar sa phlean dá dtagraítear i mír 1 gach ceann de na heilimintí seo a leanas:

(a) tuairisc ar na bearta teicniúla agus oibríochtúla arna gcur chun feidhme ag oibreoir spásárthaí an Aontais chun gile infheicthe an spásárthaigh a laghdú agus chun tionchar satailítí ar ghrinnithe réalteolaíocha a íoslaghdú;

(b) tuairisc ar na bearta teicniúla agus oibríochtúla arna gcur chun feidhme ag an oibreoir spásárthaí de chuid an Aontais chun cur isteach ar fhaireachlanna radairéalteolaíochta a theorannú agus chun tionchar satailítí ar ghrinnithe réalteolaíocha a íoslaghdú.

*Airteagal 73*

**Buíonta**

1. Déanfaidh oibreoirí spásárthaí de chuid an Aontais a oibríonn buíon, meigeabhuíon nó gigeabhuíon an méid seo a leanas:

(a) áiritheoidh siad go bhfuil córas tiomána ag gach spásárthach aonair;

(b) coinneoidh siad catalóg de na ruthaig spásárthaí aonair ag an gcuid ar talamh agus déanfaidh siad scagthástálacha riosca imbhuailte ar bhonn laethúil;

(c) áiritheoidh siad an tsábháilteacht i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i bpointe 1 d'Iarscríbhinn VI, a mhéid a bhaineann le bearta seachanta imbhuailte laistigh den bhuíon;

(d) comhlíonfaidh siad na hoibleagáidí tuairiscithe breise dá dtagraítear i bpointe 2 d'Iarscríbhinn VI.

2. Déanfaidh oibreoirí spásárthaí de chuid an Aontais a oibríonn meigeabhuíon nó gigeabhuíon an méid seo a leanas:

(a) cuirfidh siad na heilimintí seo a leanas san áireamh, chun an fhithis a roghnú:

(i) tionchar chur in úsáid na buíne iomláine ar an bplódú fithise;

(ii) sula roghnófar an fhithis, na buíonta atá i bhfithis cheana;

(iii)áiritheoidh siad nach mbeidh an fhithis a roghnófar comhshuite le spásréad eile a thugann le tuiscint go bhfuil líon ard cásanna cónaisc athfhillteacha agus córasacha ann;

(iv)an líon iomlán ainlithe seachanta imbhuailte a bhfuil coinne leo le linn shaolré na buíne satailítí.

(b) cuirfidh siad teorainn le hiarmhairtí spásárthaí atá marbh ar theacht dóibh, le hinstealladh spásárthaí ag fithis:

(i) lena soláthraítear tréimhse ghearr athiontrála don spásárthach;

(ii) i gcás ina bhfuil rioscaí imbhuailte teoranta ann.

(c) áiritheoidh siad go bhfuil an dóchúlacht iarrtha maidir le diúscairt rathúil dá dtagraítear in Airteagal 70(1), pointe (c), i gcomhréir leis an líon spásárthaí;

(d) áiritheoidh siad go mbeidh an t-am arna chaitheamh i bhfithis tar éis dheireadh na ré níos ísle i gcomparáid leis an am a leagtar síos in Iarscríbhinn V.

3. Maidir le hoibreoirí spáis de chuid an Aontais a oibríonn gigeabhuíon, soláthróidh siad plean don údarás inniúil, le linn dhearadh agus oibriú na spásárthaí, ar plean é lena bhfianófar infhaighteacht an tiomántáin a bhfuil gá leis chun dul i ngleic leis an líon ard ainlithe a bhaineann le líon ionchasach na seachanta imbhuailte a theastaíonn.

4. Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme:

(a) an riosca imbhuailte laistigh den bhuíon a shonrú, i gcomhréir le pointe 1.2, pointe (c), d'Iarscríbhinn VI;

(b) teorainn a chur leis an truailliú solais agus raidió, i gcomhréir le pointe 2.1 d'Iarscríbhinn VI.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 114(2).

*Airteagal 74*

**Infheidhmeacht na gceanglas táirgí**

Ina gconarthaí arna dtabhairt i gcrích le monaróirí soláthróirí, áiritheoidh oibreoirí spáis an Aontais comhréireacht spásréada faoi chonradh nó, de réir mar is infheidhme, comhréireacht na gcomhpháirteanna, leis na ceanglais deartha agus mhonaraíochta a leagtar síos sa Chaibidil seo.

# Caibidil II ATHLÉIMNEACHT AN BHONNEAGAIR SPÁIS

## ROINN 1 FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 75*

**Gaolmhaireacht le Treoracha NIS 2 agus CER**

1. I ndáil le hoibreoirí spáis de chuid an Aontais a cháilíonn mar eintitis fhíor-riachtanacha nó eintitis thábhachtacha de bhun Airteagal 3 de Threoir (AE) 2022/2555 maidir le gníomhaíochtaí spáis agus seirbhísí spáis a chumhdaítear leis an Rialachán seo, measfar, a mhéid a bhaineann le hAirteagal 21 de Threoir (AE) 2022/2555, maidir le bearta bainistíochta riosca cibearshlándála, gur gníomh dlí earnáilsonrach de chuid an Aontais é an Rialachán seo, chun críocha Airteagal 4 den Treoir sin.

2. I gcás inar sainaithníodh oibreoirí spáis de chuid an Aontais mar eintitis chriticiúla i gcomhréir le Treoir (AE) 2022/2557, beidh feidhm ag an Rialachán seo i gcomhlántacht le Treoir (AE) 2022/2557.

3. Chun críocha na Caibidle seo, oibreoidh na húdaráis inniúla i gcomhar leis na húdaráis ábhartha arna n- ainmniú nó arna mbunú de bhun Airteagal 9(1) de Threoir 2022/2557, mar a leanas:

(a) i gcomhthéacs tacú leis na measúnuithe riosca atá le déanamh faoin Rialachán seo, de bhun Airteagal 78(2), agus leis na measúnuithe riosca atá le déanamh faoi Threoir (AE) 2022/2557, de bhun Airteagal 12(2), an dara fomhír, agus Airteagal 13(2);

(b) nuair is gá chun comhsheasmhacht a áirithiú i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus Threoir (AE) 2022/2557, agus chun faisnéis a chomhroinnt, lena n- áirítear chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagail 11, 15, 18 agus 21 den Treoir sin.

## ROINN 2 BAINISTÍOCHT RIOSCA

*Airteagal 76*

**Bainistíocht riosca le linn shaolré na misean spáis**

1. Déanfaidh oibreoirí spáis an Aontais na bearta uile is gá chun na rioscaí do shlándáil na gcóras gréasáin agus faisnéise agus do shlándáil an bhonneagair fhisiciúil agus an chomhshaoil a bhainistiú, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, agus a bpróifíl riosca agus a méid á gcur san áireamh, chomh maith le cineál, scála agus castacht a ngníomhaíochtaí spáis.

   Maidir leis na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír:

   (a) beidh siad cuimsitheach, chun codanna uile an bhonneagair spáis a chumhdach, ag brath ar na cúraimí atá á ndéanamh, lena n- áirítear an bonneagar ar talamh, lena gcuimsítear na córais agus na fochórais lena mbaineann;

   (b) beidh siad iomchuí agus i gcomhréir le rioscaí;

   (c) beidh siad bunaithe ar chur chuige uile-ghuaise.

2. Leis na bearta dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, beidh oibreoirí spáis an Aontais in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) athléimneacht an bhonneagair spáis a áirithiú i gcónaí;

   (b) rialú teicniúil éifeachtach a choinneáil ar bun ar a misin spáis, agus leibhéal riosca, atá iomchuí agus comhsheasmhach le cuspóirí agus le gnéithe gach misin spáis agus atá i gcomhréir le treoracha maoirseachta, a chumasú an tráth céanna.

3. Cuirfidh oibreoirí spáis an Aontais na critéir seo a leanas ar a laghad san áireamh agus measúnú á dhéanamh acu ar an leibhéal riosca iomchuí agus comhsheasmhach i gcomhréir le mír 2, pointe (b):

   (a) cineál agus gnéithe an mhisin spáis, amhail a chuspóirí sonracha, an fhithis, méid na buíne;

   (b) an tionchar ar ghníomhaíochtaí spáis eile;

   (c) méid an eintitis faoi seach, méid na neamhchosanta ar riosca agus dóchúlacht agus déine na dteagmhas, lena n-áirítear a dtionchar sochaíoch agus eacnamaíoch.

4. Bainisteoidh oibreoirí spáis an Aontais na rioscaí dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, chun athléimneacht dhigiteach agus fhisiciúil an bhonneagair spáis a áirithiú, ar feadh shaolré na misean spáis, agus aird chuí á tabhairt ar an méid seo a leanas:

   (a) céimeanna an cheaptha agus an deartha, lena n- áirítear na gníomhaíochtaí ullmhúcháin le haghaidh chéim na monaraíochta, amhail anailís ar mhisean, anailís ar an gcóras, sainiú an chórais, dearadh an chórais, go dtí cinntiú na gcóras ina n- iomláine;

   (b) na céimeanna monaraíochta agus tástála, amhail monarú, cóimeáil, comhtháthú, fíorú, bailíochtú agus céimeanna cáilíochta;

   (c) an chéim oibríochtúil, lena n- áirítear:

(i) céim an iompair, céim an choimisiúnaithe, céim na lainseála agus na luathfhithise (‘LEOP’);

(ii) oibriú spásréada, an ghnáthchéim, na gníomhaíochtaí a bhaineann le misean spáis a rialú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus aon chomhordú ábhartha de;

(iii)cothabháil na coda ar talamh agus na coda sa spás;

(iv)oibríochtaí agus seirbhísí sa spás a dhéanamh, amhail seirbhísiú infhithise;

(d) na céimeanna deireadh ré, go háirithe deireadh an mhisin spáis, céim an éighníomhaithe, céim na diúscartha, céim an díchoimisiúnaithe agus céim na dífhithise;

(e) aon ghníomhaíocht tacaíochta, amhail iompar, stóráil, lóistíocht, seirbhísí cothabhála, bainistíocht bonneagair ghinearálta TFC.

5. Bunóidh oibreoirí spáis an Aontais córas bainistíochta faisnéise slándála, cuirfidh siad chun feidhme é agus déanfaidh siad cothabháil air i gcomhréir leis na caighdeáin ábhartha.

Beidh an córas bainistíochta faisnéise slándála dá dtagraítear sa chéad fhomhír mar chuid de bhainistíocht riosca fhoriomlán oibreoirí spáis an Aontais agus cuirfear chun feidhme é ar bhealach a chuirfidh ar a gcumas dóibh aghaidh a thabhairt go héifeachtúil agus go cuimsitheach ar gach foinse riosca, de bhun Airteagal 78(1), pointe (a), agus na bprionsabal a leagtar síos i mír 2, pointe (b).

6. Bunóidh oibreoirí spáis an Aontais beartas agus nósanna imeachta, cuirfidh siad chun feidhme iad agus cuirfidh siad i bhfeidhm iad chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear na bearta bainistíochta riosca cibearshlándála chun feidhme go héifeachtach agus ar cé acu a choinnítear nó nach gcoinnítear cothrom le dáta iad.

*Airteagal 77*

**Gnéithe eagraíochtúla**

1. Déanfaidh comhlacht bainistíochta oibreoir spáis de chuid an Aontais maoirseacht, beidh sé freagrach agus beidh sé faoi dhliteanas as cur chun feidhme na mbeart bainistíochta riosca arna ndéanamh chun comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos sa Chaibidil seo a áirithiú.

2. Bunóidh oibreoirí spáis an Aontais sásraí inmheánacha maidir leis an mbeartas slándála acmhainní daonna, agus déanfaidh siad athbhreithniú agus faireachán orthu, chun a áirithiú go dtuigfidh an pearsanra ar fad na freagrachtaí slándála agus go mbeidh siad tiomanta ina leith, i gcomhréir le róil agus freagrachtaí. Bunóidh oibreoirí spáis an Aontais beartais acmhainní daonna chun aon ghrinnfhiosrúchán agus seiceáil a bhfuil gá leo a áirithiú le linn na bpróiseas earcaíochta agus araíonachta.

*Airteagal 78*

**Measúnuithe riosca**

1. Le linn shaolré na misean spáis, déanfaidh oibreoirí spáis an Aontais an méid seo a leanas:

(a) sainaithneoidh siad na foinsí rioscaí uile, agus déanfaidh siad measúnú orthu, ar bhonn leanúnach;

(b) déanfaidh siad athbhreithniú tráthrialta ar na rioscaí a sainaithníodh;

(c) sainaithneoidh siad leochaileachtaí agus teagmhais chibearshlándála agus fhisiciúla agus déanfaidh siad anailís, i bhfianaise an mheasúnaithe riosca dá dtagraítear i mír 2, i gcás nach féidir leochaileachtaí den sórt sin a réiteach ná a mhaolú láithreach;

(d) bunóidh siad pleananna láimhseála riosca tiomnaithe le haghaidh na leochaileachtaí cibearshlándála uile a shainaithnítear lena gcruthaítear riosca os cionn an leibhéil riosca dá dtagraítear in Airteagal 76(2), pointe (b).

2. Déanfaidh oibreoirí spáis an Aontais measúnuithe riosca i gcomhréir le pointe 1 d'Iarscríbhinn VII.

3. Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 113, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh tríd an méid seo a leanas:

(a) na critéir a shuí, chun críocha na gcásanna riosca dá dtagraítear i bpointe 1.4, pointe (f), d'Iarscríbhinn VII, chun na nithe seo a leanas a shainaithint:

(i) sócmhainní criticiúla, feidhmeanna criticiúla, oibríochtaí criticiúla agus céimeanna criticiúla, ar feadh shaolré na misean spáis, a bhforbróidh oibreoirí spáis an Aontais cásanna riosca slándála ina leith;

(ii) sócmhainní criticiúla agus feidhmeanna criticiúla dá dtagraítear in Airteagal 79(1), an chéad fhomhír, a bhforbróidh na heintitis, a chuireann bainistíocht riosca shimplithe i bhfeidhm, cásanna riosca slándála ina leith;

(b) cásanna riosca a fhorbairt atá saincheaptha do na rioscaí a dtugann oibreoirí spáis an Aontais aghaidh orthu agus, de réir mar is infheidhme, eintitis a chuireann bainistíocht riosca shimplithe i bhfeidhm;

(c) liosta íosta de chuspóirí slándála a bhunú, lena n- áirítear na leibhéil riosca atá le cur san áireamh;

(d) na critéir agus an mhodheolaíocht a fhorbairt chun inchomparáideacht measúnuithe riosca a áirithiú, chun gníomhaíochtaí maoirseachta ('athbhreithnithe maoirseachta') na n- údarás inniúil a éascú;

(e) modhanna samhaltaithe bagairtí a fhorbairt chun tacú leis na measúnuithe riosca do chodanna éagsúla agus do chórais éagsúla an bhonneagair spáis;

(f) bearta láimhseála riosca a fhorbairt a bheidh le cur i bhfeidhm ag oibreoirí spáis an Aontais.

*Airteagal 79*

**Bainistíocht riosca shimplithe**

1. Eintitis atá faoi réir na bainistíochta riosca simplithe dá dtagraítear in Airteagal 10(3), ní chuirfidh siad i bhfeidhm na bearta a leagtar síos i bpointe 9, d'Iarscríbhinn VII, ach amháin maidir le sócmhainní criticiúla agus feidhmeanna criticiúla, a bhfuil gá leo chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(a) caillteanas i rialú sócmhainní de thoradh tiomána;

(b) caillteanas i rialú sócmhainní a bhfuil sé d'acmhainn acu cur isteach a dhéanamh a d'fhéadfadh tionchar díobhálach a imirt ar shlándáil oibríochtaí spáis eile.

2. Cuirfidh na húdaráis inniúla an liosta eintiteas, a chuireann bainistíocht riosca shimplithe i bhfeidhm, faoi bhráid na Gníomhaireachta.

3. Tuairisceoidh an Ghníomhaireacht don Choimisiún gach bliain maidir le cur i bhfeidhm na bainistíochta riosca simplithe ar fud an Aontais. Féadfaidh an Ghníomhaireacht moltaí a chur isteach chun cóineasú maoirseachta ar fud an mhargaidh inmheánaigh a éascú.

Cuirfear príomhthorthaí na dtuarascálacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír, de réir mar is iomchuí, ar chlár oibre chruinnithe Líonra Athléimneachta Spáis an Aontais arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 94(1).

4. Chun go bhféadfar forálacha an Rialacháin seo a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, bunaithe ar na teicnící is fearr atá ar fáil, cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 113 chun na ceanglais a leagtar síos i bpointe 9, d'Iarscríbhinn VII a leasú.

*Airteagal 80*

**Faisnéis agus sócmhainní bonneagair spáis a shainaithint agus a bhainistiú**

1. Bunóidh oibreoirí spáis an Aontais beartais chuimsitheacha chun faisnéis agus sócmhainní bonneagair spáis a chatagóiriú agus a bhainistiú, coinneoidh siad ar bun iad agus tabharfaidh siad cothrom le dáta iad.

2. Sainaithneoidh agus doiciméadóidh oibreoirí spáis an Aontais sócmhainní i gcomhréir le pointe 2 d'Iarscríbhinn VII, agus na measúnuithe riosca dá dtagraítear in Airteagal 78(2) á gcur san áireamh, agus i gcomhréir leis an ngá faireachán a dhéanamh ar theagmhais dá dtagraítear in Airteagal 83 agus iad a bhrath.

3. Déanfaidh oibreoirí spáis an Aontais faisnéis a chatagóiriú de réir riachtanais slándála faisnéise, bunaithe ar an méid seo a leanas, ar a laghad:

(a) an gá le rúndacht, sláine, barántúlacht agus infhaighteacht na faisnéise a áirithiú;

(b) an leibhéal criticiúlachta is gá de réir leibhéal slándála an mhisin spáis faoi leith.

4. Chun críocha mhíreanna 1, 2 agus 3, déanfaidh oibreoirí spáis an Aontais agus, de réir mar is infheidhme, eintitis a chuireann bainistíocht riosca shimplithe i bhfeidhm, a mhéid a bhaineann leis na sócmhainní criticiúla agus na feidhmeanna criticiúla dá dtagraítear in Airteagal 79(1), an chéad fhomhír, fardail a bhunú agus a choinneáil ar bun.

Tarraingeoidh misean spáis aonair suas na fardail dá dtagraítear sa chéad fhomhír, lena léireofar tionscnamh agus suíomh fisiciúil reatha na sócmhainní, lena n- áirítear sainaithint seirbhíse néalbhunaithe, nuair is ábhartha. Beidh na fardail cothrom le dáta.

*Airteagal 81*

**Cearta rochtana a bhainistiú agus a rialú**

1. Cuirfidh oibreoirí spáis an Aontais bainistiú agus rialú na gceart rochtana chun feidhme le prótacail bainistíochta céannachta agus rochtana.

2. Leagfar amach sna prótacail dá dtagraítear i mír 1 na coinníollacha agus na nósanna imeachta maidir leis na cearta rochtana loighciúla agus fisiciúla ar chórais agus ar shócmhainní, lena n- áirítear na coinníollacha agus na nósanna imeachta maidir le cianrochtain.

3. Maidir leis na prótacail bainistíochta céannachta agus rochtana dá dtagraítear i mír 1:

(a) beifear in ann rochtain, ar an gcuid ar talamh agus ar na lárionaid maidir le rialú na coda sa spás, a chosaint leo;

(b) cuirfear srian leo le rochtain fhisiciúil agus loighciúil ar na sócmhainní criticiúla, an fhaisnéis chriticiúil, na feidhmeanna criticiúla, na hoibríochtaí criticiúla agus, de réir mar is iomchuí, an trealamh criticiúil uile nó faisnéis a shainaithnítear i gcomhréir le hAirteagal 80(2);

(c) beidh siad in oiriúint d'oibríochtaí caighdeánacha agus do chásanna éigeandála, chun freagairtí éigeandála éifeachtacha tráthúla a chumasú nuair a ghníomhachtófar na pleananna freagartha agus téarnaimh dá dtagraítear in Airteagal 87.

4. Agus na coinníollacha agus na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 2 á leagan amach acu, cumhdóidh oibreoirí spáis an Aontais eisiúint, bainistíocht leanúnach (lena n- áirítear athrú, uasghrádú nó íosghrádú), cúlghairm, foirceannadh, fíorú agus iniúchadh na gceart rochtana loighciúla agus fisiciúla le haghaidh na ngaireas, na bpróiseas agus na n- úsáideoirí údaraithe uile.

Beidh na coinníollacha agus na nósanna imeachta sin bunaithe ar na prionsabail 'ar bhonn riachtanas eolais' agus 'an t- údarás is lú' (teorainn leis an méid a bhfuil gá leis chun úsáid nó gníomhaíocht dhlisteanach fhormheasta a áirithiú).

5. Maidir leis na cearta céannachta agus rochtana dá dtagraítear i mír 2, cúlghairfear go huathoibríoch iad nuair a rachaidh údaruithe foirne nó gairis in éag nó nuair nach mbeidh gá leo a thuilleadh.

6. Leis na prótacail bainistíochta céannachta agus rochtana dá dtagraítear i mír 1, áiritheofar cosaint leordhóthanach faisnéise agus sócmhainní arna sainaithint i gcomhréir le hAirteagal 80(2) ar rioscaí, lena n- áirítear ar dhamáiste, ar mhí-úsáid nó ar rochtain neamhúdaraithe nó ar úsáid neamhúdaraithe.

*Airteagal 82*

**Athléimneacht fhisiciúil**

1. Déanfaidh oibreoirí spáis an Aontais na bearta a leagtar síos i bpointe 3 d'Iarscríbhinn VII, agus aon bheart eile is gá agus atá leordhóthanach chun athléimneacht na sócmhainní fisiciúla a áirithiú agus atá coibhéiseach ar a laghad leis na bearta teicniúla, slándála agus eagraíochtúla dá dtagraítear in Airteagal 13 de Threoir (AE) 2022/2557 chun athléimneacht na coda ar talamh a áirithiú.

2. I gcás inar sainaithníodh oibreoirí spáis an Aontais mar eintitis chriticiúla i gcomhréir le Treoir (AE) 2022/2557, beidh feidhm ag an Rialachán seo gan dochar don Treoir sin agus i gcomhlántacht léi.

3. Saineoidh, cosnóidh agus leithscarfaidh oibreoirí spáis an Aontais limistéir ina bhfuil sócmhainní agus faisnéis a mheastar a bheith íogair nó a shainaithnítear mar shócmhainní agus faisnéis atá criticiúil, bunaithe ar an tsainaithint arna déanamh de bhun Airteagal 80(2).

4. Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 113, chun na ceanglais a leagtar síos i bpointe 3 d'Iarscríbhinn VII a leasú, chun iad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, bunaithe ar na teicnící is fearr atá ar fáil.

*Airteagal 83*

**Teagmhais a bhrath agus faireachán a dhéanamh orthu**

1. Déanfaidh oibreoirí spáis an Aontais faireachán ar bhonn leanúnach ar tharlú aimhrialtachtaí agus teagmhas le córais agus sásraí braite iomchuí.

2. Áiritheoidh oibreoirí spáis an Aontais agus, de réir mar is iomchuí, eintitis a chuireann bainistíocht riosca shimplithe i bhfeidhm, a mhéid a bhaineann leis na sócmhainní criticiúla agus na feidhmeanna criticiúla dá dtagraítear in Airteagal 79(1), an chéad fhomhír, go mbeidh rochtain ag na stáisiúin talún ar chórais agus ar shásraí braite a chomhlíonann ar a laghad na ceanglais a leagtar síos i bpointe 4 d'Iarscríbhinn VII.

3. Cumrófar an spásárthach agus an chuid ar talamh chun teagmhas slándála a ghiniúint agus a fháil, de réir mar is infheidhme, nuair a bhraitear teagmhas, agus an teagmhas slándála a sheoladh chuig fochóras faireacháin slándála. Beidh fochóras faireacháin slándála na coda ar talamh, i dtéarmaí teicneolaíocht faisnéise, leithscartha ón gcuid eile den bhonneagar (leithscaradh loighciúil).

4. Áiritheoidh oibreoirí spáis an Aontais go ndéantar tástáil thráthrialta ar na córais agus na sásraí braite i gcomhréir le hAirteagail 88 agus 89.

5. Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 113, chun an liosta ceanglas a leagtar síos i bpointe 4 d'Iarscríbhinn VII a leasú, chun iad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, bunaithe ar na teicnící is fearr atá ar fáil.

*Airteagal 84*

**Cosc agus cosaint**

1. Déanfaidh oibreoirí spáis an Aontais na bearta, a bhaineann le cibearshlándáil an spásárthaigh agus na coda ar an talamh, arna nglacadh i gcomhréir leis an gCaibidil seo, a chur in oiriúint do riachtanais shonracha an mhisin spáis agus cumhdóidh siad go leordhóthanach na rioscaí arna sainaithint sa mheasúnú riosca slándála dá dtagraítear in Airteagal 78(2).

2. Áiritheoidh oibreoirí spáis an Aontais go gcomhlíonfaidh na córais gréasáin agus faisnéise na coinníollacha seo a leanas:

(a) comhlíonfar leo na ceanglais a leagtar síos i bpointe 5.1 d'Iarscríbhinn VII;

(b) tá siad cumraithe chun go mbeifear in ann, leis an gcuid ar talamh, maoirseacht a dhéanamh ar an teiliméadracht/teilea-ordú ar an talamh agus maoirseacht a dhéanamh ar staid an spásárthaigh;

(c) cuirtear ar a gcumas d'oibreoirí spáis an Aontais leo rialú teicniúil éifeachtach ar an gcuid sa spás a choinneáil ar bun.

3. Oibreoirí spáis an Aontais agus, de réir mar is infheidhme, eintitis a chuireann bainistíocht riosca shimplithe i bhfeidhm, a mhéid a bhaineann leis na sócmhainní criticiúla agus na feidhmeanna criticiúla dá dtagraítear in Airteagal 79(1), an chéad fhomhír, áiritheoidh siad nach ndéanfaidh ach gairis údaraithe cumarsáid leis na córais atá i gceannas ar rialú, i gceannas satailíte agus cumraíocht an mhisin spáis.

Chuige sin, comhlíonfaidh siad ar a laghad na ceanglais a leagtar síos i bpointe 5.2 d'Iarscríbhinn VII agus i bpointe 5.3 d'Iarscríbhinn VII.

4. Cuirfidh oibreoirí spáis an Aontais chun feidhme bearta coisctheacha agus cosanta is gá agus atá leordhóthanach chun athléimneacht na ngníomhaíochtaí spáis a áirithiú, trí na bearta maidir leis an gcuid ar talamh a leagtar síos i bpointe 5.4 d'Iarscríbhinn VII ar a laghad a dhéanamh.

5. Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 113 chun na ceanglais a leagtar síos i bpointe 5 d'Iarscríbhinn VII a leasú, chun iad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, bunaithe ar na teicnící is fearr atá ar fáil.

*Airteagal 85*

**Cripteagrafaíocht agus criptiú**

1. Ar bhonn an mheasúnaithe riosca dá dtagraítear in Airteagal 78(2), comhlíonfaidh oibreoirí spáis an Aontais agus, de réir mar is infheidhme, eintitis a chuireann bainistíocht riosca shimplithe i bhfeidhm, a mhéid a bhaineann leis na sócmhainní criticiúla agus na feidhmeanna criticiúla dá dtagraítear in Airteagal 79(1), an chéad fhomhír, an méid seo a leanas:

(a) saineoidh siad coincheap cripteagrafach chun cibearshlándáil na misean spáis a áirithiú, trí aird chuí a thabhairt ar na critéir ábhartha uile, amhail cuspóir an mhisin spáis, gnéithe an phálasta, aon cheanglas feidhmiúil agus aon chás bagartha ábhartha;

(b) roghnóidh siad sásraí cripteagrafacha i gcomhréir le caighdeáin agus moltaí ábhartha na n- údarás inniúil;

(c) cuirfidh siad beartais agus nósanna imeachta chun feidhme maidir le cripteagrafaíocht agus criptiú a úsáid dá misin spáis.

2. Bunóidh oibreoirí spáis an Aontais beartas bainistíochta saolré le haghaidh na n- eochracha cripteagrafacha ina leagfar amach rialacha maidir le heochair chripteagrafach a chosaint agus a bhainistiú chun giniúint, úsáid, stóráil, dáileadh agus diúscairt shlán na heochrach sin a áirithiú.

3. Chun críocha mhír 1, an chéad fhomhír, cuirfidh oibreoirí spáis an Aontais na ceanglais seo a leanas ar a laghad chun feidhme:

(a) fíordheimhniú ó cheann go ceann maidir leis na naisc idir na lárionaid rialaithe satailíte agus an chuid sa spás, ach sásraí cripteagrafacha a úsáid idir an chuid ar talamh agus an tsatailít;

(b) criptiú teilea-orduithe a áirithiú agus na measúnuithe riosca dá dtagraítear in Airteagal 78(2) á gcur san áireamh, agus tar éis moltaí a fháil ó athbhreithnithe maoirseachta;

(c) infhaighteacht eochracha cripteagrafacha agus paraiméadar cripteagrafach is gá a áirithiú chun cur chun feidhme na bpleananna freagartha agus téarnaimh dá dtagraítear in Airteagal 87 a áirithiú, le trealamh cripteagrafach iomarcach, nó le cur chun feidhme eascróite eochracha.

4. Cumhachtaítear don Choimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 113, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun forlíonadh breise a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann oibreoirí spáis an Aontais as táirgí cripteagrafacha agus as táirgí nó seirbhísí bainistíochta eochracha gaolmhara arna ndeimhniú faoi na scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála, arna nglacadh de bhun Airteagal 49 de Rialachán (AE) 2019/881, chun cosaint na teiliméadrachta agus na dteilea-orduithe a áirithiú.

*Airteagal 86*

**Bainistiú cúltaca agus iomarcaíochtaí**

1. Oibreoirí spáis an Aontais agus, de réir mar is infheidhme, eintitis a chuireann bainistíocht riosca shimplithe i bhfeidhm, a mhéid a bhaineann leis na sócmhainní criticiúla agus na feidhmeanna criticiúla dá dtagraítear in Airteagal 79(1), an chéad fhomhír, áiritheoidh siad beartas bainistíochta cúltaca fónta cuimsitheach chun athbhunú na gcóras gréasáin agus faisnéise a chumasú, agus chun na próisis athshlánaithe agus aisghabháil sonraí a éascú, gan ach beagán aga neamhfhónaimh agus cur isteach nó athshlánú caillteanais teoranta a bheith ann, ar ghníomhachtú na mbeart freagartha agus athshlánaithe ó thubaiste.

Sonrófar sa bheartas sin na sonraí atá faoi réir na bainistíochta cúltaca, minicíocht na gcúltacaí, agus na nósanna imeachta agus na modhanna athbhunaithe agus athshlánaithe a úsáidtear.

2. Áiritheoidh oibreoirí spáis an Aontais nach gcuirfidh na córais chúltaca slándáil na gcóras gréasáin agus faisnéise, ná rúndacht, sláine, barántúlacht ná infhaighteacht sonraí, i mbaol.

3. Oibreoirí spáis an Aontais agus, de réir mar is infheidhme, eintitis a chuireann bainistíocht riosca shimplithe i bhfeidhm, a mhéid a bhaineann leis na sócmhainní criticiúla agus na feidhmeanna criticiúla dá dtagraítear in Airteagal 79(1), an chéad fhomhír, áiritheoidh siad iomarcaíochtaí leordhóthanacha comhpháirteanna ábhartha na gcóras gréasáin agus faisnéise sa chuid ar talamh.

Déanfaidh siad an méid seo a leanas, go sonrach:

(a) áiritheoidh siad iomarcaíochtaí eilimintí, seachas comhpháirteanna na gcóras gréasáin agus faisnéise, de réir mar is gá chun leanúnachas na n-oibríochtaí a chosaint, mar shampla, iomarcaíochtaí soláthair cumhachta i bhfoirm gineadóirí le haghaidh suíomhanna próiseála tánaisteacha;

(b) áiritheoidh siad go ndéanfar eilimintí iomarcacha agus cúltaca a roinnt go geografach ina suíomhanna ar leith, de réir mar is iomchuí;

(c) áiritheoidh siad cumas leordhóthanach teacht slán na coda sa spás, gan idirghabháil, chun téarnamh tapa ó theagmhais, amhail cibirionsaithe, tubaistí, clistí, agus briseadh seirbhísí de thaisme go háirithe, a éascú.

4. Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 113, chun tuilleadh sonrú a dhéanamh ar na ceanglais maidir le cúltaca a theastaíonn chun cumas leordhóthanach teacht slán na coda sa spás a áirithiú agus

chun téarnamh tapa ó theagmhais a éascú chun go bhféadfar forálacha an Rialacháin seo a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, bunaithe ar na teicnící is fearr atá ar fáil.

*Airteagal 87*

**Beartas um leanúnachas gnó agus pleananna freagartha agus téarnaimh**

1. Mar chuid dá mbainistíocht riosca, déanfaidh oibreoirí spáis an Aontais bearta bainistíochta teagmhais agus géarchéime a chur i bhfeidhm agus a dhoiciméadú. Leagfar na bearta amach i mbeartas um leanúnachas gnó a chuirfear chun feidhme le pleananna freagartha agus téarnaimh saincheaptha.

2. Leis na pleananna freagartha agus téarnaimh dá dtagraítear i mír 1, beidh oibreoirí spáis an Aontais in ann freagairt go tapa agus go héifeachtach do theagmhais agus éifeachtaí díobhálacha na dteagmhas sin a shrianadh.

3. Leis na bearta bainistíochta géarchéime arna ndéanamh ag oibreoirí spáis an Aontais, cuirfear leis na bearta a bunaíodh, laistigh den chuid sa spás agus den chuid ar talamh, lena n- áirítear iomarcaíochtaí agus cúltacaí, chun an méid seo a leanas go háirithe a mhaolú:

(a) tubaistí nádúrtha;

(b) timpistí oibríochta;

(c) briseadh i soláthar fóntas, go háirithe le linn na gcéimeanna oibríochta;

(d) cailleadh giniúna cumhachta, clistí cumhachta agus suaití cumhachta agus athruithe ar chóiriú an trealaimh ábhartha;

(e) cailleadh sócmhainní fisiceacha ag an gcuid ar talamh, lena n- áirítear, mar shampla, cailleadh lárionad rialaithe misean, cailleadh lárionad rialaithe satailíte, agus cailleadh idirnaisc trastíre eatarthu;

(f) trasnaíochtaí ar na naisc radaimhinicíochta ón talamh go dtí an spás, ón spás go dtí an talamh, agus sa spás;

(g) páirteanna athraithe nó lagaithe den chuid ar talamh, a mhéid a bhaineann leis na heochracha cripteagrafacha freisin.

Agus na ceanglais a leagtar amach sa chéad fhomhír á gcur chun feidhme ag oibreoirí spáis an Aontais, cuirfidh siad san áireamh an gá atá le rialú teicniúil éifeachtach a choinneáil ar bun ar an gcuid sa spás, agus leanúnachas seirbhísí a áirithiú agus na réimsí nach bhfuil seirbhísí ar fáil a íoslaghdú.

4. Áiritheoidh oibreoirí spáis an Aontais go mbeidh an oiliúint iomlán leordhóthanach, a bhfuil gá léi chun a róil a chomhlíonadh, ag an bhfoireann atá bainteach le bearta um leanúnachas gnó a chur i gcrích agus le pleananna freagartha agus téarnaimh a chur chun feidhme.

*Airteagal 88*

**Tástáil**

1. Bunóidh oibreoirí spáis an Aontais clár tástála le haghaidh na gcóras gréasáin agus faisnéise, agus déanfaidh siad cothabháil agus athbhreithniú orthu mar chuid lárnach dá mbainistíocht riosca.

2. Cuimseofar sa chlár tástála dá dtagraítear i mír 1 feachtais tástála ina mbeidh na tástálacha uile is gá, go háirithe agus an measúnú riosca dá dtagraítear in Airteagal 78(2) á chur san áireamh.

3. Áiritheoidh oibreoirí spáis an Aontais, roimh an lainseáil, nó i gcás satailítí ar cuid de bhuíon iad, sula seolfar an chéad bhaisc satailítí, agus gach 3 bliana ar a laghad ina dhiaidh sin, go ndéanfaidh siad Tástáil Treáite Bunaithe ar Bhagairtí.

Leagfar amach sa phlean le haghaidh tástálaithe a dhéanann tástáil treáite bunaithe ar bhagairtí raon feidhme agus modheolaíocht na tástála treáite bunaithe ar bhagairtí, an t- eintiteas atá i gceannas ar an tástáil sin a dhéanamh, an straitéis mhaolaithe maidir le haon riosca a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an tástáil treáite bunaithe ar bhagairtí.

Comhlíonfaidh tástálaithe a dhéanann tástáil treáite bunaithe ar bhagairtí na ceanglais seo a leanas:

(a) beidh siad a oiriúnaí agus a chreidiúnaí is féidir;

(b) beidh na cumais theicniúla agus eagraíochtúla uile acu agus léireoidh siad saineolas sonrach sa tástáil treáite;

(c) soláthróidh siad dearbhú neamhspleách nó tuarascáil iniúchóireachta;

(d) cuirfidh siad plean sásaimh i láthair chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sainaitheanta.

Is é comhlacht creidiúnaithe Ballstáit a dheimhneoidh tástálaithe atá lasmuigh de struchtúr corparáideach oibreoirí spáis an Aontais nó cloífidh siad le cóid fhoirmiúla iompair nó le creataí eitice. Cumhdófar iad go hiomlán le hárachas slánaíochta gairmiúla ábhartha in aghaidh rioscaí mí- iompair agus faillí.

Déanfaidh oibreoirí spáis an Aontais faireachán ar chlistí córais agus ar aimhrialtachtaí a thugtar faoi deara le linn na bpróiseas tástála agus déanfaidh siad meastóireacht ar a gcriticiúlacht.

*Airteagal 89*

**Foghlaim agus oiliúint**

1. Cuirfidh oibreoirí spáis an Aontais oiliúint iomchuí ar fáil dá bhfoireann, i gcomhréir le míreanna 2, 3, 4, 5 agus 6.

2. Beidh gach ball foirne oibreoirí spáis an Aontais oilte go leordhóthanach agus go leanúnach agus leanfaidh siad an oiliúint dá dtagraítear i bpointe 7.1 d'Iarscríbhinn VII.

3. Áiritheoidh oibreoirí spáis an Aontais go bhfaighidh gach ball foirne oiliúint shaincheaptha i gcomhréir le pointe 7.2 d'Iarscríbhinn VII.

4. Beidh na scileanna slándála is gá ag an bpearsanra slándála uile atá ag obair d'oibreoirí spáis an Aontais agus beidh oiliúint leordhóthanach orthu.

5. Cuirfear oiliúint thráthrialta ar bhaill foirne oibreoirí spáis an Aontais a oibríonn i dtimpeallachtaí íogaire nó a láimhseálann trealamh íogair nó sonraí íogaire maidir leis na modhanna agus na cleachtais is fearr chun na cúraimí sin a dhéanamh.

6. Déanfaidh oibreoirí spáis an Aontais na ceachtanna a foghlaimíodh ó láimhseáil teagmhas a ionchorprú trí phleananna leanúnachais gnó, seisiúin oiliúna agus cláir tástála foirne a thabhairt cothrom le dáta.

*Airteagal 90*

**Beartas cumarsáide agus nochta géarchéime**

1. Cuirfidh oibreoirí spáis an Aontais straitéis cumarsáide géarchéime i bhfeidhm lena gcumasófar teagmhais shuntasacha a nochtadh ar bhealach freagrach agus a bheidh spriocdhírithe ar gach ceann de na catagóirí seo a leanas agus a bheidh saincheaptha do gach ceann de na catagóirí seo a leanas:

(a) baill foirne a bhfuil baint acu le cúraimí bainistithe riosca a chur i gcrích, go háirithe bearta freagartha agus bearta freagartha agus téarnaimh;

(b) baill foirne, seachas an fhoireann sin dá dtagraítear i bpointe (a), a mhéid a mheastar cumarsáid leis an bhfoireann sin a bheith iomchuí chun feasacht chorparáideach ghinearálta a áirithiú, bunaithe ar an bprionsabal ‘ar bhonn riachtanais eolais’;

(c) cliaint a chur ar an eolas faoi chibearbhagairtí suntasacha agus feasacht a mhúscailt fúthu;

(d) i gcás satailítí ina bhfuil pálastaí tríú páirtí á n- óstáil, i gcás ina mbeidh drochthionchar ag teagmhas ar oibríochtaí an ardáin satailíte, an t- eintiteas tríú páirtí lena mbaineann, de réir comhaontú réamhshainithe agus de réir treoracha a leagtar amach ina phlean freagartha agus athshlánaithe ó thubaiste.

2. Beidh duine amháin ar a laghad i struchtúr corparáideach oibreoirí spáis an Aontais freagrach as cur chun feidhme na straitéise cumarsáide dá dtagraítear i mír 1 agus comhlíonfaidh sé feidhm an oifigigh meán.

*Airteagal 91*

**Teagmhais a láimhseáil**

1. Déanfaidh oibreoirí spáis an Aontais próiseas bainistithe teagmhas a bhunú agus a chur chun feidhme a chuirfidh ar a fhágfaidh go mbeidh siad in ann teagmhais a bhrath, a shainaithint, a láimhseáil agus freagairt orthu go pras agus teagmhais shuntasacha a thuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 93.

Bunóidh oibreoirí spáis an Aontais róil agus freagrachtaí i ndáil leis na cineálacha éagsúla teagmhas a chuirfear in oiriúint do na cásanna riosca éagsúla.

2. Áiritheoidh oibreoirí spáis an Aontais go ndéanfar na teagmhais shuntasacha ar a laghad a thuairisciú don fhoireann bainistíochta riosca shinsearach láithreach.

Gheobhaidh an comhlacht bainistíochta, ar bhonn tráthrialta, a bheidh le cinneadh ag an bpríomhoifigeach slándála faisnéise, ag an mbainisteoir slándála nó ag an oifigeach bainistíochta riosca sinsearach, faisnéis leordhóthanach faoin teagmhas suntasach, measúnú ar a thionchar, faisnéis faoi na bearta freagartha agus téarnaimh a rinneadh agus aon rialú agus nós imeachta breise a bheidh le bunú san obair leantach ar an teagmhas suntasach sin.

3. I gcás ina mbeidh pálastaí tríú páirtí ag óstach satailíte, agus ina mbeidh drochthionchar ag teagmhas ar oibríochtaí an ardáin satailíte, cuirfidh oibreoirí spáis

an Aontais an t- eintiteas tríú páirtí lena mbaineann ar an eolas agus leanfaidh siad na treoracha a leagtar amach sna comhaontuithe réamhshainithe dá dtagraítear sa dara fomhír agus na treoracha a leagtar amach sna pleananna freagartha agus athshlánaithe ó thubaiste.

Chun láimhseáil thapa agus éifeachtach teagmhas a áirithiú, tabharfaidh oibreoirí spáis an Aontais comhaontuithe i gcrích le heintitis tríú páirtí a n- óstach satailíte pálasta dóibh.

4. Tabharfaidh oibreoirí spáis an Aontais aghaidh ar bhunchúiseanna teagmhas chun cosc a chur ar theagmhais amach anseo.

*Airteagal 92*

**Bainistíocht riosca sa slabhra soláthair**

1. Bunóidh oibreoirí spáis an Aontais creat bainistithe riosca don slabhra soláthair. Beidh gnéithe a bhaineann le slándáil an tslabhra soláthair, go háirithe maidir le ceanglais slándála faisnéise, ina gconarthaí le monaróirí soláthraithe agus le soláthraithe seirbhíse.

2. Bunóidh oibreoirí spáis an Aontais a mbainistiú riosca sa slabhra soláthair ar straitéis chun rioscaí a laghdú sa slabhra soláthair lena n-áireofar ar a laghad na bearta dá dtagraítear i bpointe 6 d'Iarscríbhinn VII.

3. Bunóidh oibreoirí spáis an Aontais fardal de na sócmhainní criticiúla nach de thionscnamh an Aontais iad ar a laghad, a bhfuil gá leo, i bhfianaise an mheasúnaithe riosca dá dtagraítear in Airteagal 78(2), chun rialú teicniúil éifeachtach a choinneáil ar bun ar an misean spáis, amhail an rialú fithiseach, d'fhonn tacú leis an anailís ar leibhéal spleáchais mhisin spáis na sócmhainní faoi seach.

4. Chun go bhféadfar forálacha an Rialacháin seo a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, bunaithe ar na teicnící is fearr atá ar fáil, cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 113, chun liosta na gceanglas a leagtar síos i bpointe 6 d'Iarscríbhinn VII a leasú.

## ROINN 3 TEAGMHAIS A THUAIRISCIÚ

*Airteagal 93*

**Teagmhais shuntasacha a thuairisciú**

1. Tuairisceoidh oibreoirí spáis an Aontais don struchtúr dá dtagraítear in Airteagal 34(4) de Rialachán (AE) 2021/696 teagmhais shuntasacha a dhéanann difear do shócmhainní faoi úinéireacht an Aontais.

2. Gan dochar do mhír 3, tuairisceoidh oibreoirí spáis an Aontais do na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 28(1) na teagmhais shuntasacha a dhéanann difear do na sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 5, an chéad mhír, pointe (21). Tarchuirfidh na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 28(1) achoimre ar gach teagmhas a thuairiscítear chuig an nGníomhaireacht.

3. I gcás ina gcáilíonn oibreoirí spáis an Aontais mar eintitis fhíor- riachtanacha nó thábhachtacha de bhun Iarscríbhinní I nó II de Threoir (AE) 2022/2555, déanfar an tuairisciú dá dtagraítear i mír 2 trí CSIRTanna, arna mbunú de bhun Airteagal 10(1) de Threoir 2022/2555 nó, i gcás inarb infheidhme, tríd an údarás inniúil, arna bhunú de bhun Airteagal 8(1) de Threoir 2022/2555, a tharchuirfidh, gan mhoill, an

fhaisnéis thuairiscithe ábhartha uile chuig na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 28(1), lena n- áirítear aon tacaíocht theicniúil agus aiseolas a sholáthair CSIRTanna nó údaráis den sórt sin d'oibreoirí spáis de bhun Airteagal 23 den Treoir sin.

I gcás inar sainaithníodh oibreoirí spáis an Aontais mar eintitis chriticiúla de bhun Threoir (AE) 2022/2557, cinnfidh na Ballstáit cé acu a dhéanfaidh nó nach ndéanfaidh oibreoirí spáis an Aontais an tuairisciú dá dtagraítear sa chéad fhomhír go díreach chuig na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 28(1), nó chuig na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 15 den Treoir sin nó ar bhealaí eile.

Sa chás sin, beidh feidhm ag forálacha mhír 7 dá réir sin maidir leis an bhfaisnéis a bheidh le tarchur.

4. I gcás oibreoirí spáis an Aontais a cháilíonn mar eintitis fhíor-riachtanacha nó thábhachtacha de bhun Iarscríbhinní I nó II a ghabhann le Treoir (AE) 2022/2555, nó a shainaithnítear mar eintitis chriticiúla de bhun Threoir (AE) 2022/2557, faoi seach, beidh an ceanglas tuairiscithe dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 gan dochar do na hoibleagáidí tuairiscithe dá bhforáiltear in Airteagal 23 de Threoir (AE) 2022/2555 nó do na hoibleagáidí maidir le fógra a thabhairt dá bhforáiltear in Airteagal 15(1) agus (2) de Threoir (AE) 2022/2557, faoi seach.

5. Gan dochar don ionchur teicniúil, don chomhairle, do na leigheasanna agus don obair leantach ina dhiaidh sin a fhéadfaidh CSIRTanna a sholáthar, de réir mar is infheidhme, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 11 de Threoir (AE) 2022/2555, féadfaidh údaráis inniúla aiseolas a sholáthar d'oibreoirí spáis an Aontais, trí aon fhaisnéis anaithnidithe ábhartha maidir le cibearbhagairtí a chur ar fáil agus féadfaidh siad plé a dhéanamh ar leigheasanna nó bealaí chun an drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith ann thar theorainneacha a íoslaghdú agus a mhaolú.

6. Measfar go bhfuil teagmhas suntasach más rud é:

(a) go raibh sé ina chúis nó go bhféadfadh sé a bheith ina chúis le mórshuaitheadh oibríochtúil ar ghníomhaíochtaí spáis a dhéanann oibreoirí spáis an Aontais, nó le seirbhísí a sholáthraítear, nó le caillteanas suntasach airgeadais le haghaidh oibreoirí spáis an Aontais lena mbaineann;

(b) go bhfuil tionchar aige ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha eile, nó go bhféadfadh tionchar a bheith aige orthu, trí dhamáiste suntasach ábhartha nó neamhábhartha a dhéanamh.

7. Cuirfidh oibreoirí spáis an Aontais an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid na Gníomhaireachta a mhéid a bhaineann leis an gceanglas dá dtagraítear i mír 1, agus cuirfidh siad an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid na n- údarás inniúil a mhéid a bhaineann leis an gceanglas dá dtagraítear i mír 2, faoi seach:

(a) gan moill mhíchuí, agus in aon chás laistigh de 12 uair an chloig tar éis dóibh teacht ar an eolas faoin teagmhas suntasach, a mhéid a bhaineann leis na sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais, agus laistigh de 24 uair an chloig i gcás na sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 5, an chéad mhír, pointe (21), faoi seach, luathrabhadh ina léireofar an bhféadfadh sé gur gníomhartha neamhdhleathacha nó mailíseacha ba chúis leis an teagmhas suntasach, nó an bhféadfadh tionchar trasteorann a bheith aige;

(b) gan moill mhíchuí, agus in aon chás laistigh de 72 uair an chloig tar éis dóibh teacht ar an eolas faoin teagmhas suntasach, tuarascáil, lena nuashonrófar an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a), agus lena soláthrófar measúnú tosaigh ar an teagmhas suntasach, lena n- áirítear a dhéine agus a thionchar, chomh maith le táscairí an chomhréitigh, i gcás ina bhfuil fáil orthu;

(c) tuarascáil idirmheánach ina bhfuil nuashonruithe ábhartha ar stádas, arna iarraidh sin don údarás inniúil, nó de réir mar is infheidhme, don Ghníomhaireacht;

(d) tuarascáil chríochnaitheach, tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis an tuarascáil dá dtagraítear i bpointe (b) a chur isteach, lena n- áirítear an méid seo a leanas:

(i) tuairisc mhionsonraithe ar an teagmhas suntasach, lena n- áirítear a dhéine agus a thionchar;

(ii) an cineál bagartha nó an bhunchúis ar dócha gur spreag sé an teagmhas suntasach sin;

(iii)bearta maolúcháin a cuireadh i bhfeidhm agus atá fós i bhfeidhm;

(iv)de réir mar is infheidhme, tionchar trasteorann an teagmhais shuntasaigh;

(e) má tá teagmhas suntasach fós ar siúl tráth a chuirtear isteach an tuarascáil chríochnaitheach dá dtagraítear i bpointe (d), tuarascáil ar dhul chun cinn an tráth sin, chomh maith le tuarascáil chríochnaitheach laistigh de 1 mhí amháin ón dáta a láimhseáladh an teagmhas suntasach.

Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 113, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh, trí na critéir a shonrú chun a chinneadh cad is mórshuaitheadh oibríochtúil ann ar ghníomhaíochtaí spáis, nó ar sheirbhísí arna soláthar ag oibreoir spáis de chuid an Aontais, dá dtagraítear i mír 6, pointe (a), lena n- áirítear na tairseacha ábharthachta ábhartha.

8. Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 114(2), chun ábhar na faisnéise atá le tuairisciú de bhun mhír 7 a shonrú a thuilleadh, agus chun na teimpléid agus na nósanna imeachta a leagan síos chun an fhaisnéis sin a thuairisciú.

*Airteagal 94*

**Líonra Athléimneachta Spáis an Aontais**

1. Bunaítear Líonra Athléimneachta Spáis an Aontais (‘EUSRN’) chun tacú le comhordú agus malartuithe idir an Ghníomhaireacht agus na húdaráis inniúla chun a sainorduithe faoi seach a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann le sócmhainní faoi úinéireacht an Aontais agus leis na sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 5, an chéad mhír, pointe (21).

2. Beidh na cúraimí seo a leanas ar EUSRN:

(a) cineálacha cur chuige comhsheasmhach a áirithiú i measc na n- údarás inniúil agus an chomhairle agus an tacaíocht dá dtagraítear in Airteagal 93(5) á soláthar acu, agus tacú le hoibreoirí spáis an Aontais comhleanúnachas a bhaint amach maidir leis an bhfaireachán agus an láimhseáil a dhéanann siad ar theagmhais shuntasacha;

(b) a mhéid a bhaineann le teagmhais shuntasacha a dhéanann difear do na sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 5, an chéad mhír, pointe (21), drochthionchair ar fheidhmiú Chlár Spáis an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán (AE) 2021/696 a chosc, chomh maith leis an gcomhordú is gá a chur chun cinn, chun na críche sin, agus tacú le glacadh, ag an gCoimisiún agus ag an nGníomhaireacht, na mbeart is gá chun na drochthionchair sin a mhaolú, faoi na sainorduithe a thugtar le hAirteagail 28, 29 agus 34 de Rialachán (AE) 2021/696, d'fhonn na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 4(1), pointe (c), den Rialachán sin a chomhlíonadh;

(c) comhleanúnachas na mbeart náisiúnta arna nglacadh de bhun Airteagal 34(6) agus Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2021/696 a áirithiú chun sócmhainní bonneagair atá suite ar chríocha na mBallstát a chosaint, sna codanna ar talamh, ar cuid dhílis iad de Chlár Spáis an Aontais;

(d) aon fhorbairt ábhartha maidir le rioscaí a dhéanann difear do shócmhainní an bhonneagair spáis a phlé, cur chuige comhsheasmhach a chur chun cinn maidir le faireachán agus bainistíocht a dhéanamh ar chibear-riosca d'earnáil an spáis san Aontas, dea-chleachtais a phlé agus faisnéis a roinnt maidir le bearta athléimneachta ábhartha;

(e) cruinnithe comhpháirteacha a eagrú leis an nGrúpa Comhair NIS arna bhunú de bhun Airteagal 14(1) nó EU-CyCLONe arna bhunú de bhun Airteagal 16(1) de Threoir (AE) 2022/2555 chun faisnéis ábhartha a mhalartú i ndáil le hearnáil an spáis maidir le cibearbhagairtí, cibirtheagmhais, cibirleochaileachtaí, tionscnaimh múscailte feasachta, oiliúintí, cleachtaí agus scileanna, fothú acmhainneachta, caighdeáin agus sonraíochtaí teicniúla.

3. Beidh EUSRN comhdhéanta d'ionadaithe ó na húdaráis inniúla, ón gCoimisiún, ón nGníomhaireacht agus ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS).

I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Coimisiún nó an Ghníomhaireacht a iarraidh ar ionadaithe ó institiúidí, gníomhaireachtaí nó comhlachtaí eile de chuid an Aontais, go háirithe Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA), an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC), nó Foireann Mhíleata an Aontais Eorpaigh (EUMS) freastal ar sheisiúin shonracha ISAEN.

4. Déanfaidh EUSRN, ar bhonn tráthrialta, faisnéis a mhalartú le líonra na bhfoirne freagartha do theagmhais a bhaineann le slándáil ríomhairí ('líonra CSIRTanna') dá dtagraítear in Airteagal 15 de Threoir (AE) 2022/2555, le ENISA agus leis an Líonra Eorpach um Eagrú an Idirchaidrimh maidir le Cibear-ghéarchéimeanna (EU-CyCLONe) dá dtagraítear in Airteagal 16 den Treoir sin, d'fhonn nuashonruithe agus measúnuithe staide a sholáthar i ndáil le teagmhais shuntasacha a mbíonn tionchar acu ar na sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 5, an chéad mhír, pointe (21), den Rialachán seo, agus chun plé a dhéanamh ar aon iarmhairt a d'fhéadfadh a bheith ag teagmhais shuntasacha ar earnálacha agus seirbhísí eile a thagann faoi raon feidhme na Treorach sin.

5. Áiritheoidh an Coimisiún comhordú idir EUSRN agus an Grúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil arna bhunú de bhun Airteagal 19 de Threoir (AE) 2022/2557, agus, faoi seach, idir EUSRN agus an Grúpa Comhair arna bhunú de bhun Airteagal 14 de Threoir (AE) 2022/2555.

6. Tiocfaidh EUSRN le chéile go tráthrialta agus dhá uair sa bhliain ar a laghad. Déanfaidh an Ghníomhaireacht cathaoirleacht ar na meithleacha teicniúla.

I dteannta na gcruinnithe tráthrialta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, tionólfaidh EUSRN, gach 18 mí, seisiún ginearálta a bheidh dírithe ar chomhar straitéiseach a éascú i réimse an spáis agus ar nuashonruithe agus anailísí ábhartha a chomhroinnt. Déanfaidh an Coimisiún cathaoirleacht ar na seisiúin ghinearálta.

## ROINN 4 COMHROINNT FAISNÉISE AGUS FEASACHT

*Airteagal 95*

**Comhroinnt faisnéise maidir le cibearbhagairtí**

1. Féadfaidh oibreoirí spáis an Aontais, ar bhonn deonach, faisnéis ábhartha a mhalartú eatarthu féin i réimse na cibearshlándála, lena n- áirítear faisnéis ábhartha maidir le cibirionsaithe, cibearbhagairtí, trasnaíochtaí leictreonacha amhail trasnaíocht, spúfáil, faisnéis faoi tháscairí maidir le cur i mbaol, oirbheartaíocht, teicnící agus nósanna imeachta sáraíochta, neasteagmhais, leochaileachtaí, faisnéis a bhaineann go sonrach le gníomhaithe bagartha, agus foláirimh chibearshlándála agus moltaí a chomhroinnt maidir le cumraíocht uirlisí cibearshlándála lenar féidir cibirionsaithe a bhrath, a mhéid is fíor an méid seo a leanas maidir le comhroinnt faisnéise den sórt sin:

   (a) tá sé d'aidhm aici teagmhais a chosc, a bhrath, freagairt orthu nó téarnamh uathu, nó tionchar na dteagmhas sin a mhaolú;

   (b) feabhsaítear leibhéal cibearshlándála agus athléimneacht fhoriomlán oibreoirí spáis an Aontais léi, go háirithe trí fheasacht a mhúscailt maidir le cibearbhagairtí, trí chumas scaipthe na mbagairtí sin a theorannú nó trí bhac a chur orthu, trí thacú le cumais chosanta agus eolas coiteann a fhorbairt maidir le feabhsú leochaileachta, brath bagairtí, teicnící srianta agus coiscthe, straitéisí maolaithe, céimeanna freagartha agus téarnaimh, nó trí thaighde comhoibríoch ar chibearbhagairtí idir eintitis phoiblí agus eintitis phríobháideacha a chur chun cinn;

   (c) déantar í laistigh de phobail iontaofa oibreoirí spáis an Aontais;

   (d) cuirtear chun feidhme í trí shocruithe lena gcosnaítear cineál íogair féideartha na faisnéise a chomhroinntear agus a rialaítear le rialacha iompair, agus rúndacht gnó á hurramú go hiomlán, na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679, agus leis na treoirlínte maidir leis an mbeartas iomaíochta.

2. Maidir leis na socruithe dá dtagraítear i mír 1, pointe (d):

   (a) sonrófar leo na coinníollacha maidir le dul isteach i socruithe comhroinnte faisnéise, agus na rialacha maidir le bheith rannpháirteach iontu, chomh maith leis an gcineál faisnéise atá le comhroinnt;

   (b) sonrófar leo na gnéithe oibríochtúla, amhail ardáin TFC thiomnaithe agus uirlisí uathoibrithe a úsáid;

   (c) leagfar amach iontu na mionsonraí lena rialaítear rannpháirtíocht na n- údarás poiblí sna socruithe comhroinnte faisnéise agus an acmhainneacht ina bhféadfaidh na húdaráis sin a bheith rannpháirteach sna socruithe sin.

3. Tabharfaidh oibreoirí spáis an Aontais fógra d'údaráis inniúla faoina rannpháirtíocht sna socruithe comhroinnte faisnéise maidir leis an gcibearshlándáil dá dtagraítear i mír 1, ar dhul isteach sna socruithe sin dóibh agus ar imeacht astu.

4. Déanfaidh an Coimisiún, le cúnamh ón nGníomhaireacht, bunú socruithe comhroinnte faisnéise maidir leis an gcibearshlándáil dá dtagraítear i mír 1, pointe (d), a éascú trí thacú le gníomhaíochtaí Lárionad an Aontais um Chomhroinnt agus Anailís Faisnéise Spáis nó trí na gníomhaíochtaí sin a chur chun cinn.

# Caibidil III INBHUANAITHEACHT CHOMHSHAOIL NA nGNÍOMHAÍOCHTAÍ SPÁIS

*Airteagal 96*

**Lorg comhshaoil na ngníomhaíochtaí spáis**

1. Maidir le hinbhuanaitheacht, cumhdófar inbhuanaitheacht sa spás agus inbhuanaitheacht ar domhan (inbhuanaitheacht chomhshaoil).

2. Déanfaidh oibreoirí spáis an Aontais, cé is moite díobh siúd dá dtagraítear in Airteagal 10(4), EF a ngníomhaíochtaí spáis a ríomh.

3. Cuirfidh oibreoirí spáis an Aontais de cheangal ar a soláthróirí, trí chonradh, na sonraí uile a sholáthar a theastaíonn ó oibreoirí spáis an Aontais chun an oibleagáid dá dtagraítear i mír 2 a chomhlíonadh.

4. Mar chuid den iarratas ar údarú dá dtagraítear in Airteagal 6, cuirfidh iarratasóirí Dearbhú maidir le Lorg Comhshaoil (‘EFD’) faoi bhráid na n- údarás inniúil.

5. Fianófar le EFD gur ríomh oibreoirí spáis an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 97, EF na ngníomhaíochtaí spáis atá beartaithe acu a dhéanamh.

6. Beidh na nithe uile seo a leanas ag gabháil leis an EFD dá dtagraítear i mír 4:

(a) deimhniú EF a sheachadfar i gcomhréir le hAirteagal 98(2);

(b) an staidéar EF lena dtacaítear le torthaí EFD;

(c) na tacair sonraí comhiomlánaithe agus imdhealaithe ar bhonn an EF a ríomhadh i gcomhréir le mír 2;

(d) an cruthúnas gur tarchuireadh na tacair sonraí comhiomlánaithe agus imdhealaithe chuig an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 99(1), an chéad fhomhír.

7. Beidh an fhaisnéis seo a leanas in EFD:

(a) ainm, trádainm cláraithe nó trádmharc cláraithe oibreoirí spáis an Aontais, a seoladh poist agus a modhanna leictreonacha cumarsáide;

(b) faisnéis faoi na cineálacha gníomhaíochtaí spáis a bheartaítear a dhéanamh agus faoi chineál na dtáirgí, na substaintí nó na n-ábhar a bhfuil feidhm ag an EFD maidir leo;

(c) cruthúnas go ndearnadh an EF a ríomh agus a fhíorú i gcomhréir leis na rialacha ríomha agus fíoraithe a leagtar síos sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 97(4);

(d) an aicme feidhmíochta EF lena mbaineann an spásárthach, i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sa ghníomh arna chur chun feidhme a glacadh de bhun Airteagal 97(4);

Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 114(2), chun

na teimpléid agus an t- inneachar a leagan síos le haghaidh na faisnéise atá le tuairisciú de bhun mhír 6, an chéad fhomhír.

8. Go dtí an 31 Nollaig 2031, beidh na hoibreoirí spáis seo a leanas de chuid an Aontais díolmhaithe ó na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagail 96, 97, 98, 99 agus 100:

(a) fiontair bheaga;

(b) institiúidí taighde agus oideachais.

*Airteagal 97*

**Ríomh agus fíorú na ngníomhaíochtaí spáis**

1. Cumhdóidh EF na ngníomhaíochtaí spáis na misin spáis a dhéantar in aon cheann d'fhithisí an Domhain, lena n- áirítear fithisí reilige.

2. Cumhdófar leis an ríomh dá dtagraítear in Airteagal 96(2) na gníomhaíochtaí uile a dhéantar le linn shaolré misin spáis, lena n- áirítear le linn na gcéimeanna tosaigh, amhail dearadh agus forbairt, le linn chéim na monaraíochta, na gcéimeanna oibríochta agus chéimeanna dheireadh na saolré.

3. Cumhdóidh EF na ngníomhaíochtaí spáis a dhéantar faoi Chlár Spáis an Aontais agus faoi Chlár an Aontais um Nascacht Shlán na comhpháirteanna dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí (a) go (c) agus pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/696 agus in Airteagal 1 de Rialachán (AE) 2023/588.

4. Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 114(2), chun modh ríofa agus fíoraithe EF na ngníomhaíochtaí spáis a shonrú, trí mhodhanna measúnaithe atá fónta ó thaobh na heolaíochta de agus na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha atá ailínithe le Moladh (AE) 2021/2279[18] ón gCoimisiún a chur san áireamh. Déanfar athbhreithniú ar na gníomhartha cur chun feidhme sin chun forbairtí eolaíocha agus teicneolaíocha a chur san áireamh agus chun oiriúnú don dul chun cinn teicneolaíoch.

*Airteagal 98*

**Deimhniú EF**

1. Nuair a dhéanfaidh iarratasóir iarratas ar údarú, de bhun Airteagal 7(1), beidh deimhniú ina sheilbh aige lena bhfianaítear gur ríomhadh an EF maidir leis na gníomhaíochtaí spáis atá beartaithe dóibh i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 96(2).

2. Déanfaidh comhlacht teicniúil cáilithe an deimhniú dá dtagraítear i mír 1 a sheachadadh le haghaidh gníomhaíochtaí spáis lena ngabhann measúnú teicniúil, lena n- áirítear fíorú agus bailíochtú, chun críocha Airteagail 96, 97, 98, 99 agus 100.

---

(18) Moladh ón gCoimisiún (AE) 2021/2279 an 15 Nollaig 2021 maidir le modhanna an Loirg Chomhshaoil a úsáid chun feidhmíocht chomhshaoil táirgí agus eagraíochtaí ar feadh a saolré a thomhas agus a chur in iúl (IO L 471, 30.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2021/2279/oj).

*Airteagal 99*

**Tacair sonraí a tharchur chuig bunachar sonraí an Aontais a bhaineann le EF**

1. Sula ndéanfaidh iarratasóirí iarratas ar údarú, i gcomhréir le hAirteagal 7(1), déanfaidh siad na tacair sonraí comhiomlánaithe agus imdhealaithe dá dtagraítear in Airteagal 96(6), pointe (c), a tharchur chuig an gCoimisiún.

   Déanfaidh an Coimisiún na tacair sonraí sin a chomhtháthú i mbunachar sonraí an Aontais ina stóráiltear sonraí a bhaineann le EF agus eiseoidh sé cruthúnas fála do na hiarratasóirí.

2. Laistigh de 2 sheachtain ón dáta a thabharfar fógra d'oibreoirí spáis tríú tír agus d'eagraíochtaí idirnáisiúnta faoin gcinneadh maidir lena gclárú in CARS, tarchuirfidh an Ghníomhaireacht chuig an gCoimisiún lena gcomhtháthú i mbunachar sonraí an Aontais ina stóráiltear sonraí a bhaineann le EF, na tacair sonraí comhiomlánaithe agus imdhealaithe dá dtagraítear in Airteagal 96(6), pointe (c), atá curtha isteach ag na soláthraithe seirbhísí spáis sin, de bhun Airteagal 15(1), an chéad fhomhír, nó Airteagal 15(2), ina n- iarratas ar chlárú in CARS.

   Eiseoidh an Coimisiún cruthúnas fála.

3. Áiritheoidh an Coimisiún rúndacht na sonraí atá sna tacair sonraí imdhealaithe.

4. Cuirfidh an Coimisiún na tacair sonraí comhiomlánaithe dá dtagraítear i mír 1 ar fáil go poiblí trí bhunachar sonraí an Aontais a bhaineann le EF.

*Airteagal 100*

**Tacair sonraí imdhealaithe a úsáid chun bonn eolais a chur faoin gceapadh beartas**

1. Bainfidh an Coimisiún úsáid as na tacair sonraí imdhealaithe dá dtagraítear in Airteagal 99, go heisiach chun bonn eolais a chur faoi ghníomhaíochtaí ceaptha beartas, chun nuashonruithe rialála a sholáthar, agus chun tacair sonraí díorthaithe a chruthú.

2. Coinneoidh oibreoirí spáis an Aontais, oibreoirí spáis tríú tír agus eagraíochtaí idirnáisiúnta úinéireacht iomlán ar na sonraí atá sna tacair sonraí comhiomlánaithe agus imdhealaithe arna dtarchur de bhun Airteagal 99.

3. Gheobhaidh an tAontas úinéireacht dhomhanda eisiach ar chearta maoine intleachtúla a bhaineann leis na tacair sonraí díorthaithe a cruthaíodh ar bhonn na dtacar sonraí imdhealaithe dá dtagraítear i mír 1.

## Caibidil IV OIBRÍOCHTAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ SA SPÁS (OS-S)

*Airteagal 101*

**OS-S**

1. Comhlíonfaidh oibreoirí spáis an Aontais a dhéanann OS-S na ceanglais a leagtar síos san Airteagal seo agus in Iarscríbhinn VIII ón 1 Eanáir 2034.

2. I gcás sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais, beidh acmhainneacht theicniúil íosta ag spásárthaí os cionn na haicme mionsatailíte atá á n- oibriú ag oibreoirí spáis an Aontais chun seirbhísí laistigh den spás a fháil.

3. Chun an acmhainn theicniúil íosta dá dtagraítear i mír 2 a áirithiú, déanfar spásárthach cliaint arna oibriú ag oibreoirí spáis an Aontais a fheistiú le Comhéadain Seirbhíse Spásárthaí (SSI) tiomnaithe.

4. Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán seo a fhorlíonadh a thuilleadh i gcomhréir le hAirteagal 113, tríd an méid seo a leanas a shonrú:

(a) príomhghnéithe an mhodha oibríochtúil thiomnaithe don tseirbhís lena n- áirithítear iompraíocht chomhoibríoch an chliaint spásárthaí agus lena n- íoslaghdaítear an riosca imbhuailte agus mífheidhmeanna tar éis na seirbhíse;

(b) i gcás ina bhfuil réada smionagair spáis ag bagairt ar spásárthaí eile agus go méadaíonn siad an riosca truaillithe fithis, na ceanglais is gá chun gur féidir réada smionagair a bhaint d'fhithisí trí bhíthin OS-S (smionagar gníomhach a bhaint), lena n- áirítear na ceanglais sin is infheidhme maidir le coincheap na n- oibríochtaí.

5. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an méid seo a leanas a leagan síos:

(a) na prionsabail deartha don SSI tiomnaithe dá dtagraítear i mír 3;

(b) na prionsabail deartha le haghaidh Modúil Satailíte Fheidhmiúla Inchomhshuite Inmhalartaithe (satAPPanna) is féidir a nascadh le spásárthach chun feidhmiúlacht nó pálasta nua spásárthaí a sholáthar, agus úsáid á baint as SSInna.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 114(2).

# Caibidil V
# RIALACHA MAIDIR LE TRÁCHT FITHISEACH

*Airteagal 102*

**Athbhreithnithe maoirseachta agus nuashonruithe ón eintiteas seachanta imbhuailte**

1. Féadfaidh údarás inniúil a iarraidh ar sholáthraí seirbhísí spáis seachanta imbhuailte an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 64(1) faisnéis atá cothrom le dáta a sholáthar faoina spásárthaí, i gcomhthéacs an tuairiscithe bhliantúil nó imscrúduithe sonracha arna ndéanamh ar oibreoirí spásárthaí an Aontais.

2. Ar iarraidh den sórt sin a fháil, tuairisceoidh soláthraí seirbhísí spáis seachanta imbhuailte an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 64(1) don údarás inniúil maidir leis an méid seo a leanas:

(a) go gcomhlíonann na bearta arna mbunú ag oibreoir spásárthaí an Aontais na ceanglais a leagtar amach sna pleananna maolaithe smionagair spáis dá dtagraítear in Airteagal 70(2), an chéad fhomhír, le linn chéimeanna uile an mhisin spáis;

(b) go bhfuil an suíomh fithisí i gcomhréir leis an bhfithis roghnaithe, de bhun Airteagal 69;

(c) comhlíonann oibreoir spásárthaí an Aontais na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 64(1), (2), (3) agus (4), agus, de réir mar is infheidhme, in Airteagal 101(3).

*Airteagal 103*

**Coinníollacha le haghaidh ainlithe seachanta imbhuailte i gcás HIE**

1. Nuair a fhoilsíonn an t- eintiteas CA dá dtagraítear in Airteagal 64(1) Foláireamh Teagmhais Ardleasa idir dhá spásárthach sho- ionramháilte agus nuair a chinneann sé nach mór do cheann den dá spásárthach lena mbaineann Inneall Imbhuailte (CAM) a dhéanamh, beidh a CAM beartaithe bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

(a) lánaird a thabhairt ar chosaint feithiclí criú;

(b) an riosca imbhuailte tosaigh a laghdú le hord méide amháin ar a laghad faoi bhun na tairsí inlíochta le haghaidh Foláireamh Teagmhais Ardleasa; agus

(c) gan rioscaí míréasúnta de chónaisc thánaisteacha a chruthú.

2. I gcás ina bhfuil an dá spásárthach cláraithe le heintiteas CA dá dtagraítear in Airteagal 64(1), féachfaidh oibreoirí spásárthaí an Aontais le teacht ar chomhaontú maidir le straitéis chun an CAM dá dtagraítear i mír 1 a chur chun feidhme faoi chomhordú an eintitis CA sin, laistigh de thréimhse réasúnta.

3. Mura féidir teacht ar chomhaontú faoi mhír 2 laistigh de thréimhse réasúnta, molfaidh eintiteas CA dá dtagraítear in Airteagal 64(1) straitéis le haghaidh gníomhaíochta. Cuirfear san áireamh sa straitéis sin na rialacha maidir le ceart slí, bunaithe ar na gnéithe seo a leanas ar a laghad:

(a) cosaint na feithicle criú;

(b) rannpháirtíocht spásárthaigh ar cuid de bhuíon é;

(c) an acmhainn oibríochtúil le haghaidh ainlithe CA;

(d) staid an spásárthaigh;

(e) éalárnacht fhithisí an spásárthaigh;

(f) aois an spásárthaigh;

(g) céim agus cineál an mhisin spáis faoi leith.

4. I gcás nach bhfuil ceann amháin den dá spásárthach cláraithe le heintiteas CA dá dtagraítear in Airteagal 64(1), bunóidh an t- eintiteas sin teagmháil leis an spásárthach faoi leith.

5. I gcás teagmháil rathúil faoi mhír 4, déanfaidh an t-eintiteas CA dá dtagraítear in Airteagal 64(1), a mhéid is féidir, an méid seo a leanas:

(a) faisnéis a mhalartú maidir leis na huirlisí agus na modhanna a úsáidtear chun rioscaí imbhuailte a ríomh;

(b) na sonraí agus na torthaí ríomha uile is gá a chomhroinnt chun a áirithiú go seachnófar an t- imbhualadh;

(c) na hainlithe is fearr chun imbhualadh a sheachaint a chinneadh, i gcomhar leis an dá oibreoir spásárthaigh, agus gnéithe phlean gníomhaíochta na n- ainlithe a shonraítear i mír 3 á gcur san áireamh.

6. I gcás nach n- éiríonn leis na teagmhálacha dá dtagraítear i mír 4 nó más rud é, tar éis tréimhse réasúnta, nach féidir teagmhálacha a thionscnamh, molfaidh an t-eintiteas CA dá dtagraítear in Airteagal 64(1) straitéis um ghníomhaíocht d'oibreoir spásárthaí an Aontais lena n- áiritheofar ar a laghad go n- urramófar na prionsabail a leagtar amach i mír 1 agus cuirfidh sé an t- oibreoir spásárthaí eile de chuid an Aontais ar an eolas faoin ngníomhaíocht atá beartaithe.

# Caibidil VI
# CAIGHDEÁNÚ AGUS SONRAÍOCHTAÍ COITEANNA

*Airteagal 104*

**Caighdeáin**

1. Iarrfaidh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012, ar cheann amháin nó níos mó de na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeáin a dhréachtú i ndáil leis na ceanglais fhíor-riachtanacha seo a leanas:

(a) na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 72(2), an chéad fhomhír, chun a léiriú go gcomhlíontar Airteagal 72(1);

(b) na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 25(5), an chéad fhomhír, chun a léiriú go gcomhlíontar Airteagal 25(2).

Agus na hiarrataí ar chaighdeánú dá dtagraítear sa chéad fhomhír á n- ullmhú aige, féadfaidh an Coimisiún caighdeáin Eorpacha nó idirnáisiúnta atá i bhfeidhm cheana nó atá á bhforbairt a chur san áireamh, chun forbairt caighdeán a shimpliú, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012.

2. I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear i mír 3, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena mbunaítear sonraíochtaí coiteanna lena gcumhdaítear na ceanglais theicniúla lena soláthraítear na modhanna chun na ceanglais fhíor- riachtanacha dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, a chomhlíonadh.

3. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2 a ghlacadh in aon cheann de na cásanna seo a leanas inar iarr an Coimisiún, de bhun Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012, ar cheann amháin nó níos mó de na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeán a dhréachtú do na ceanglais fhíor-riachtanacha dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, agus ina dtarlaíonn ceann amháin de na cásanna seo a leanas:

(a) ní chumhdaítear ceanglais le caighdeáin chomhchuibhithe, ná le codanna díobh, ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

(b) cumhdaítear ceanglais le caighdeáin chomhchuibhithe, nó le codanna díobh, ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ach bíonn neamhchomhlíonadh na gceanglas fíor-riachtanach mar thoradh ar chur i bhfeidhm na gcaighdeán sin nó codanna díobh, nó

(c) i gcás ina measann an Coimisiún gur gá aghaidh a thabhairt ar ábhar imní práinneach.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 114(3).

# Teideal V
# CINNTÍ COIBHÉISE, COMHAONTUITHE AGUS CÓRAIS IDIRNÁISIÚNTA LE hAGHAIDH EAGRAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

*Airteagal 105*

**Coibhéis**

1. Féadfaidh an Coimisiún, ar bhonn measúnú mionsonraithe, cinneadh coibhéise a ghlacadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, i gcomhréir le hAirteagal 114(2), ina sonrófar go n- áirithítear le creat dlíthiúil agus maoirseachta tríú tír go gcomhlíonann na hoibreoirí spáis tríú tír atá bunaithe sa tríú tír sin ceanglais atá ceangailteach ó thaobh dlí agus atá coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo agus go bhfuil siad faoi réir maoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach sa tríú tír sin.

2. Ní mheasfar creat dlíthiúil agus maoirseachta tríú tír a bheith coibhéiseach leis an Rialachán seo ach amháin má chomhlíonann sé na coinníollacha seo a leanas ar a laghad:

   (a) tá na hoibreoirí spáis tríú tír, atá bunaithe sa tríú tír sin, faoi réir údarú agus maoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach ar bhonn leanúnach;

   (b) tá na hoibreoirí spáis tríú tír, atá bunaithe sa tríú tír sin, faoi réir rialacha atá ceangailteach ó thaobh dlí agus atá coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 15; agus

   (c) foráiltear le creat dlíthiúil agus maoirseachta an tríú tír sin do chóras coibhéiseach éifeachtach aitheantais do sholáthraithe seirbhísí spáis atá údaraithe faoi chórais dlí tríú tír.

3. Féadfaidh an Coimisiún coinníollacha sonracha a chur i gceangal leis na cinntí coibhéise, amhail i gcás inar dócha go mbeidh tábhacht straitéiseach don Aontas ag baint le scála agus raon feidhme na sonraí spásbhunaithe nó na seirbhísí spáis arna soláthar ag oibreoirí spáis tríú tíortha, nó chun a áirithiú go mbeidh na huirlisí is gá ag an gCoimisiún, ag an nGníomhaireacht agus ag na húdaráis inniúla chun arbatráiste rialála a chosc.

   Sonrófar i gcinneadh cé acu a dheonaítear nó nach ndeonaítear ar feadh tréimhse chinnte é.

4. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas go bliantúil faoi na cinntí coibhéise a bheidh glactha nó tarraingthe siar ag an gCoimisiún sa bhliain tuairiscithe.

5. Bunóidh an Ghníomhaireacht socruithe comhair le húdaráis inniúla ábhartha tríú tíortha a shainaithnítear go bhfuil a gcreataí dlí agus maoirseachta coibhéiseach go héifeachtach i gcomhréir le mír 1.

   Sonrófar leis na socruithe sin an méid seo a leanas, ar a laghad:

   (a) na sásraí don mhalartú faisnéise idir an Ghníomhaireacht, agus údaráis mhaoirseachta ábhartha na dtríú tíortha lena mbaineann, lena n- áirítear rochtain ar an bhfaisnéis uile maidir leis na hoibreoirí spáis tríú tír atá údaraithe sna tríú tíortha, arna iarraidh sin don Ghníomhaireacht;

(b) na sásraí chun fógra pras a thabhairt don Ghníomhaireacht, i gcás ina measfaidh údarás inniúil tríú tír go sáraíonn na hoibreoirí spáis tríú tír, a chláraigh an Ghníomhaireacht in CARS, de bhun Airteagal 24, na coinníollacha maidir le húdarú sa tríú tír sin, nó dlí eile a bhfuil sé d'oibleagáid ar na hoibreoirí spáis tríú tír sin cloí leis;

(c) na nósanna imeachta a bhaineann le comhordú gníomhaíochtaí, lena n- áirítear imscrúduithe agus cigireachtaí ar an láthair a fhéadfaidh an Ghníomhaireacht a dhéanamh, i gcomhar le húdaráis inniúla na mBallstát, tar éis údarás inniúil an tríú tír a chur ar an eolas ina leith.

6. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis an nGníomhaireacht, faireachán féachaint an bhfuil creat dlíthiúil agus maoirseachta tríú tír fós coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo.

I gcás ina scoirfidh creat dlíthiúil agus maoirseachta tríú tír de bheith coibhéiseach, aisghairfidh an Coimisiún an cinneadh coibhéise lena mbaineann.

*Airteagal 106*

**Comhaontuithe idirnáisiúnta le tríú tíortha**

1. Féadfaidh an tAontas comhaontuithe comhair a thabhairt i gcrích le tríú tíortha maidir le hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

(a) aitheantas frithpháirteach rialacha maidir le hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo a éascú;

(b) aitheantas frithpháirteach measúnuithe teicniúla arna ndéanamh ag comhlachtaí teicniúla cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis agus ag údaráis ábhartha agus comhlachtaí teicniúla tríú tíortha a éascú;

(c) na mionsonraí agus na nósanna imeachta maidir leis an maolú le haghaidh seirbhísí lainseála dá dtagraítear in Airteagal 19 a leagan amach;

(d) na coinníollacha a leagan amach maidir le húsáid seirbhísí spáis nó sonraí spásbhunaithe san Aontas arna soláthar ag oibreoir spáis tríú tír ar eintiteas rialtais é, nó a oibríonn sócmhainní míleata bonneagair spáis nó ar leis iad, lena n- áirítear le húsáid shibhialtach.

2. Féadfaidh an Ghníomhaireacht comhoibriú le húdaráis mhaoirseachta ábhartha tríú tíortha, seachas na húdaráis sin dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), agus, faoi réir fhormheas an Choimisiúin, féadfaidh sí Meabhráin Tuisceana agus socruithe oibre a thabhairt i gcrích leis na húdaráis sin nó le comhlachtaí eagraíochtaí idirnáisiúnta.

*Airteagal 107*

**Córais is infheidhme maidir le heagraíochtaí idirnáisiúnta**

1. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin comhaontuithe ranníocaíochta, cur chun feidhme cúraimí a chur ar iontaoibh eagraíocht idirnáisiúnta chun sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais a oibriú.

Leagfar amach sna comhaontuithe ranníocaíochta sin na coinníollacha agus na socruithe praiticiúla agus oibríochtúla chun rialú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gceanglas a leagtar síos i dTeideal IV ag an eagraíocht idirnáisiúnta sin.

2. I gcás ina n- oibríonn eagraíocht idirnáisiúnta na sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 5, an chéad mhír, pointe (21), áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh an eagraíocht idirnáisiúnta sin na ceanglais a leagtar síos i dTeideal IV, i gcomhthéacs na n- údaruithe dá dtagraítear in Airteagal 6(1).

3. I gcás ina n- oibríonn eagraíocht idirnáisiúnta a sócmhainní bonneagair spáis féin, féachfaidh an tAontas le comhaontuithe a thabhairt i gcrích leis an eagraíocht idirnáisiúnta sin.

Leagfar amach sa chomhaontú dá dtagraítear sa chéad fhomhír na coinníollacha agus na socruithe praiticiúla agus oibríochtúla chun rialú chur i bhfeidhm na gceanglas a leagtar síos i dTeideal IV ag an eagraíocht idirnáisiúnta sin a áirithiú, agus aird chuí á tabhairt ar a creat institiúideach.

*Airteagal 108*

**Caidreamh leis an nGníomhaireacht Eorpach Spáis**

1. Féachfaidh an tAontas le comhaontú a thabhairt i gcrích leis an nGníomhaireacht Eorpach Spáis (GES) chun na cuspóirí a shaothraítear leis an Rialachán seo a chur chun cinn agus chun an comhar idir an tAontas agus GES a neartú.

2. Leagfar amach sa chomhaontú dá dtagraítear i mír 1 na coinníollacha faoina gcuirfidh GES na ceanglais a leagtar síos i dTeideal IV chun feidhme, agus na socruithe praiticiúla agus oibríochtúla chun rialú ar chur i bhfeidhm na gceanglas sin a áirithiú, agus go háirithe:

(a) i gcás nach é GES oibreoir na sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais, na socruithe is gá chun go ndéanfaidh GES an measúnú teicniúil lena gceadaítear don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht oibreoir spáis an Aontais de shócmhainní spáis atá faoi úinéireacht an Aontais, leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán, d’fhonn an t- údarú a eisiúint agus an mhaoirseacht leanúnach dá dtagraítear in Airteagal 11(1), an chéad fhomhír, a dhéanamh;

(b) i gcás ina bhfuil sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais á n- oibriú nó faoi úinéireacht GES, na socruithe agus na coinníollacha is gá chun na gníomhaíochtaí measúnaithe theicniúil agus na cúraimí údaraithe agus maoirseachta a cheadú;

(c) aon tacaíocht a fhéadfaidh GES a sholáthar maidir leis na sonraíochtaí teicniúla is gá don chaighdeánú, faoi mhaoirseacht an Choimisiúin, agus na caighdeáin theicniúla idirnáisiúnta atá ann cheana le haghaidh gníomhaíochtaí spáis á gcur san áireamh.

3. Féadfaidh GES tacaíocht a sholáthar do na Ballstáit trí mheasúnuithe teicniúla a dhéanamh, de bhun Airteagal 8(1), pointe (b).

Leagfar amach sa chomhaontú dá dtagraítear i mír 1 na coinníollacha chun GES a aithint mar chomhlacht teicniúil cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis.

4. Féadfaidh GES a bheith i láthair mar bhreathnóir nó mar chomhalta in aon ghrúpa comhairleach ábhartha de chineál teicniúil a d’fhéadfaí a bhunú faoin Rialachán seo, arna iarraidh sin don Choimisiún.

# Teideal VI
# BEARTA TACAÍOCHTA

## Caibidil I BEARTA FOTHAITHE ACMHAINNEACHTA

*Airteagal 109*

**Fothú acmhainneachta**

1. Tacóidh an Coimisiún le hoibreoirí spáis, le húdaráis inniúla agus le comhlachtaí teicniúla cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis agus an Rialachán seo á chur chun feidhme, agus déanfaidh sé amhlaidh tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) ábhair threoracha, modheolaíochtaí agus dea-chleachtais a fhorbairt, i ndlúthchomhar leis an nGníomhaireacht agus le ENISA, de réir mar is iomchuí, maidir leis an méid seo a leanas:

   (i) úsáid a bhaint, i gcomhthéacs nósanna imeachta soláthair phoiblí a dhéantar ar an leibhéal náisiúnta, as Lipéid Sábháilteachta Spáis an Aontais arna n- eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 112(4);

   (ii) ceanglais a bhaineann le limistéir nua nó le limistéir atá á bhforbairt, amhail seirbhísiú ar fhithis nó rialacha tráchta fithisigh;

   (iii)de réir mar is iomchuí, ábhair eile a chumhdaítear leis an Rialachán seo;

   (b) comhar agus comhroinnt faisnéise maidir le hábhair a chumhdaítear le Teideal IV, Caibidil II, a chur chun cinn, le cúnamh ón nGníomhaireacht, trí éascú a dhéanamh ar bhunú na socruithe comhroinnte faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 29 de Threoir (AE) 2022/2555.

2. Tacóidh an Coimisiún le fothú acmhainneachta, chomh maith le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta, trí chomhchistiú a dhéanamh ar thionscadail chomhpháirteacha taighde agus forbartha chun go mbeidh an tionscal in ann réitigh theicneolaíocha a ghlacadh lena n- éascófar comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos sa Rialachán seo sna réimsí seo a leanas:

   (a) teicneolaíochtaí agus prótacail chriptiúcháin a fhorbairt;

   (b) córais sábháilteachta ar bord a fhorbairt;

   (c) teicneolaíochtaí agus coincheapa OS-S a fhorbairt;

   (d) aon ábhar eile a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

   Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 113, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh, trí na hábhair dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír a shonrú.

3. Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas a chistiú:

   (a) forbairt caighdeán le haghaidh neodróirí lainseálaithe;

   (b) soláthar dearbhán chun tacú le rannpháirtíocht oibreoirí spáis i gcláir chóitseála arb é is aidhm dóibh cuid de na costais a tabhaíodh le cur chun feidhme na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 96(2) a fhritháireamh.

4. Éascóidh an Coimisiún rochtain ar an tástáil treáite bunaithe ar bhagairtí dá dtagraítear in Airteagal 88(3), an chéad fhomhír, trí mhapáil a dhéanamh ar

infhaighteacht na seirbhísí tástála sin san Aontas agus trí chreatchonarthaí a fhorbairt chun rochtain thapa agus inacmhainne a áirithiú, go háirithe do FBManna agus do chuideachtaí meánchaipitlithe beaga.

*Airteagal 110*

**Tairseach faisnéise**

1. Déanfaidh an Coimisiún, le tacaíocht ón nGníomhaireacht, Tairseach Faisnéise a chur ar bun agus a bhainistiú chun tacú leis an Rialachán seo ('Tairseach Faisnéise').

2. Déanfaidh an Tairseach Faisnéise na cúraimí seo a leanas:

(a) cúnamh a thabhairt d'oibreoirí spáis i gcur chun feidhme an Rialacháin seo;

(b) seicliostaí comhlíontachta a sholáthar chun comhlíonadh deonach Scéimeanna Lipéadaithe Spáis an Aontais arna mbunú de bhun Airteagal 111(4), an chéad fhomhír, a éascú;

(c) tacú le haon phointe teagmhála aonair ábhartha arna bhunú ag na Ballstáit.

3. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi aon tairseach náisiúnta deisce cabhrach arna bunú chun ceisteanna maidir le rialacha, nósanna imeachta agus próisis údarúcháin a bhainistiú.

Áiritheoidh an Coimisiún idir-inoibritheacht na dtairseach deisce cabhrach sin leis an Tairseach Faisnéise.

# Caibidil II CREAT LIPÉAD SPÁIS AN AONTAIS

*Airteagal 111*

**Scéimeanna Lipéadaithe Spáis an Aontais**

1. Forbróidh an Coimisiún Creat Lipéad Spáis an Aontais chun comhlíonadh deonach feabhsaithe ardchaighdeán cosanta gníomhaíochtaí spáis a chur chun cinn.

Beidh Creat Lipéad Spáis an Aontais comhdhéanta de scéimeanna Lipéadaithe an Aontais dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3.

2. Le Scéim Lipéadaithe Spáis an Aontais, bunófar na ceanglais mhionsonraithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) teorainn a chur leis na rioscaí a bhaineann le smionagar spáis;

(b) feabhas a chur ar shábháilteacht agus inbhuanaitheacht réad spáis i bhfithis, ar shábháilteacht aerárthaí agus iad ar eitilt, nó ar shábháilteacht daoine agus maoine ar an talamh agus gníomhaíochtaí spáis á ndéanamh;

(c) truailliú solais spásárthaí a laghdú;

(d) truailliú raidió spásárthaí a laghdú;

(e) athléimneacht an bhonneagair spáis a chosaint, go háirithe maidir le sócmhainní criticiúla agus athléimneacht an tslabhra soláthair;

(f) oibríochtaí agus seirbhísí spáis a chumasú;

(g) rannchuidiú leis na tionchair chomhshaoil a bhaineann le gníomhaíochtaí spáis a dhéanamh a laghdú.

3. Tar éis iarraidh a fháil ón gCoimisiún, ullmhóidh an Ghníomhaireacht scéim iarrthach, nó molfaidh sí nuashonrú ar Scéim Lipéadaithe Spáis an Aontais atá ann cheana.

Féadfaidh Scéim Lipéadaithe Spáis an Aontais ceann amháin nó níos mó de na leibhéil chosanta seo a leanas a shonrú le haghaidh na misean, na seirbhísí nó na dtáirgí spáis sonracha a chumhdaítear léi: 'bunúsach', 'substaintiúil' nó 'ard'.

I gcás den sórt sin, áiritheoidh sí go mbeidh an leibhéal cosanta sonraithe i gcomhréir leis an leibhéal cosanta a bhaineann leis na ceanglais a leagtar síos i Scéim Lipéadaithe Spáis an Aontais faoi seach.

4. Glacfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme:

(a) teimpléad le haghaidh eilimintí Scéim Lipéid Spáis an Aontais, lena n- áirítear a bhfad;

(b) Scéimeanna Lipéadaithe Spáis an Aontais bunaithe ar an scéim iarrthach nó ar nuashonrú Scéim Lipéadaithe Spáis an Aontais atá ann cheana.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 114(2).

5. Coinneoidh an Ghníomhaireacht suíomh gréasáin tiomnaithe ar bun lena gcuirfear faisnéis nuashonraithe ar fáil agus lena bpoibleofar Scéimeanna Lipéadaithe Spáis an Aontais agus Lipéid Spáis an Aontais.

*Airteagal 112*

**Lipéad Spáis an Aontais a dhámhachtain agus a úsáid**

1. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag oibreoir spáis Lipéad Spáis an Aontais a fháil, cuirfidh an t- oibreoir spáis sin iarratas ar Lipéad Spáis an Aontais faoi bhráid na Gníomhaireachta agus beidh comhad teicniúil mionsonraithe ag gabháil leis ina léireofar comhlíonadh na gceanglas a bhunaítear i Scéim/Scéimeanna Lipéadaithe an Aontais a bhfuil Lipéad Spáis an Aontais á lorg ina leith.

Cuirfidh an Ghníomhaireacht an Coimisiún ar an eolas láithreach faoin iarratas.

2. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht tuairim mhionsonraithe don Choimisiún maidir lena mhéid a chomhlíonann an t- iarratas ceanglais Scéim/Scéimeanna Lipéadaithe Spáis ábhartha an Aontais.

3. Ar bhonn mheasúnú na Gníomhaireachta, déanfaidh an Coimisiún cinneadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, maidir leis na hiarratais.

4. Eiseoidh an Ghníomhaireacht Lipéid Spáis an Aontais d'oibreoirí spáis ar fhormheas an Coimisiún a n- iarratais, i gcomhréir le mír 3, ar feadh ré Lipéid Spáis a shonrófar i Scéim Lipéadaithe Spáis chomhfhreagrach an Aontais.

5. Fíoróidh an Ghníomhaireacht go tráthrialta ar a tionscnamh féin, nó ar ghearán a fháil, go gcomhlíonann sealbhóir Lipéad Spáis an Aontais ceanglais Lipéad Spáis an Aontais faoi seach. I gcás ina suífidh an Ghníomhaireacht nach gcomhlíonann sealbhóir Lipéad Spáis an Aontais na ceanglais, déanfaidh sí Lipéad Spáis an Aontais a chúlghairm. Sula gcúlghairfear Lipéad Spáis an Aontais, ní mór don Ghníomhaireacht cead a thabhairt do shealbhóir Lipéad Spáis an Aontais ráiteas réasúnaithe a chur isteach.

6. Cuirfidh sealbhóir Lipéad Spáis an Aontais an Ghníomhaireacht ar an eolas faoi aon neamhrialtacht a bhraitear ina dhiaidh sin maidir leis an misean, seirbhís nó táirge spáis lipéadaithe, a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a chomhlíontacht le ceanglais Lipéad Spáis an Aontais faoi seach.

7. Toirmiscfear aon fhógraíocht bhréagach nó mhíthreorach nó úsáid Lipéad Spáis an Aontais nó lógó as a n- eascraíonn mearbhall le Lipéad Spáis an Aontais.

# Teideal VII
# FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 113*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 41(3), Airteagal 44(3), Airteagal 56(9), an chéad fhomhír, Airteagal 70(4), Airteagal 78(3), Airteagal 79(4), Airteagal 82(4), Airteagal 83(5), Airteagal 84(5), Airteagal 85(4), Airteagal 86(4), Airteagal 92(4), Airteagal 93(7), an dara fomhír, Airteagal 101(4), an chéad fhomhír, agus Airteagal 109(2), an dara fomhír, a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ón 1 Eanáir 2027.

3. Maidir le gach gníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 2, déanfaidh an Ghníomhaireacht, tar éis dul i mbun comhairliúcháin phoiblí, tuairimí teicniúla foirmiúla a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1.7.2028. I gcás ábhair a chumhdaítear le Teideal IV, Caibidil II, rachaidh an Ghníomhaireacht i gcomhairle le ENISA.

4. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 41(3), Airteagal 44(3), Airteagal 56(9), an chéad fhomhír, Airteagal 70(4), Airteagal 78(3), Airteagal 79(4), Airteagal 82(4), Airteagal 83(5), Airteagal 84(5), Airteagal 85(4), Airteagal 86(4), Airteagal 92(4), Airteagal 93(7), an dara fomhír, Airteagal 101(4), an chéad fhomhír agus Airteagal 109(2), an dara fomhír, a chúlghairm aon tráth.

Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

5. Sula nglacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe, rachaidh sé i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

6. A luaithe a ghlacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe, tabharfaidh sé fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

7. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 41(3), Airteagal 44(3), Airteagal 56(9), an chéad fhomhír, Airteagal 70(4), Airteagal 78(3), Airteagal 79(4),

Airteagal 82(4), Airteagal 83(5), Airteagal 84(5), Airteagal 85(4), Airteagal 86(4), Airteagal 92(4), Airteagal 93(7), an dara fomhír, Airteagal 101(4), an chéad fhomhír agus Airteagal 109(2), an dara fomhír, i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear 2 mhí bhreise leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 114*

**Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

4. Tiocfaidh an Coiste le chéile i gcumraíochtaí sonracha éagsúla mar a leanas:

   (a) Cumraíocht sábháilteachta;

   (b) Cumraíocht athléimneachta;

   (c) Cumraíocht inbhuanaitheachta comhshaoil;

   (d) Cumraíocht OS-S;

   (e) Cumraíocht sonraí spásbhunaithe.

5. I gcomhréir leis na comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas, féadfar cuireadh a thabhairt d'ionadaithe tríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta chuig cruinnithe an Choiste mar bhreathnóirí faoi na coinníollacha a leagtar síos ina rialacha nós imeachta, agus slándáil an Aontais á cur san áireamh.

*Airteagal 115*

**Rúndacht ghairmiúil**

1. Aon fhaisnéis rúnda a gheobhaidh, a mhalartóidh nó a tharchuirfidh aon duine, aon chomhlacht nó aon údarás dá dtagraítear i mír 2 de bhun an Rialacháin seo, beidh sí faoi réir choinníoll na rúndachta gairmiúla, mar a leagtar síos i míreanna 2 agus 3.

2. Gan dochar do mhalartú agus d'úsáid faisnéise i gcomhréir leis an Rialachán seo, beidh feidhm ag oibleagáid na rúndachta gairmiúla maidir le gach duine a oibríonn nó a d'oibrigh don Choimisiún, don Ghníomhaireacht, do na húdaráis inniúla, nó do chomhlacht teicniúil cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis, maidir le húdarás, le duine nádúrtha nó dlítheanach a ndearna na húdaráis inniúla nó na comhlachtaí teicniúla cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis cumhachtaí agus cúraimí a tharmligean chucu, lena n- áirítear iniúchóirí agus saineolaithe atá ar conradh acu.

3. Faisnéis a chumhdaítear leis an rúndacht ghairmiúil, lena n- áirítear i gcomhthéacs malartú faisnéise i measc údaráis inniúla faoin Rialachán seo, agus údaráis inniúla

arna n- ainmniú nó arna mbunú i gcomhréir le Treoir (AE) 2022/2555 agus Treoir (AE) 2022/2557, ní dhéanfar í a nochtadh d'aon duine nó d'aon údarás eile, ach amháin de bhua forálacha a leagtar síos le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta.

4. Beidh an fhaisnéis uile a mhalartaítear de bhun an Rialacháin seo idir údaráis inniúla a bhaineann le dálaí gnó nó oibríochtúla, agus le gnóthaí eacnamaíocha nó pearsanta, faoi rún agus faoi réir cheanglas na rúndachta gairmiúla, seachas i gcás ina sonraíonn údarás inniúil, tráth thionscnamh na cumarsáide, go bhféadfar an fhaisnéis sin a nochtadh, nó i gcás inar gá an nochtadh sin chun críche imeachtaí dlíthiúla.

*Airteagal 116*

**Meastóireacht agus athbhreithniú**

1. Faoin 1 Nollaig 2035, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis an meastóireacht ar an Rialachán seo, lena n- áirítear measúnú ar thionchair chomhshaoil, eacnamaíocha agus shóisialta gníomhaíochtaí spáis ar earnálacha eile, agus cuirfidh sé isteach, de réir mar is iomchuí, tuarascáil ar a athbhreithniú, lena ngabhfaidh, i gcás inar gá, togra reachtach. Cuirfear na tuarascálacha ar fáil go poiblí.

2. Chun críocha na meastóireachta agus an athbhreithnithe dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar an nGníomhaireacht agus ar na Ballstáit sonraí agus faisnéis a sholáthar. Déanfaidh an Ghníomhaireacht agus na Ballstáit na sonraí agus an fhaisnéis a iarrtar a sholáthar go pras don Choimisiún.

3. Nuair a bheidh an mheastóireacht agus an t- athbhreithniú dá dtagraítear i mír 1 á ndéanamh ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh tuairimí, seasaimh agus torthaí na Gníomhaireachta, Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, na mBallstát agus na n- údarás inniúil, chomh maith le comhlachtaí agus eagraíochtaí ábhartha eile nó foinsí ábhartha eile.

*Airteagal 117*

**Tuarascálacha don Choimisiún**

Faoin 1 Nollaig 2031 agus gach bliain tar éis an dáta sin, tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún maidir le stádas chur chun feidhme an Rialacháin seo. Cuimseofar sa tuarascáil faisnéis maidir le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin agus nuashonruithe ar earnáil an spáis ar an leibhéal náisiúnta, amhail gnéithe iomaíochais a bhfuil tionchar acu ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus gnéithe maidir le riachtanais chaiteachais phoiblí agus phríobháideacha.

Ina gcéad tuarascáil, cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún na gníomhaíochtaí ullmhúcháin agus na bearta a rinne siad ar an leibhéal náisiúnta, lena n- áirítear oiriúnuithe chun cur i bhfeidhm rianúil an Rialacháin seo a áirithiú.

*Airteagal 118*

**Idirthréimhse**

1. I gcás údaruithe maidir le sócmhainní a bhfuil sé beartaithe iad a sheoladh tar éis an 1 Eanáir 2030, ar tháinig deireadh le céim athbhreithnithe chriticiúil ar dhearadh ina

leith an [JO: ríomh 12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo ach ón 1 Eanáir 2032.

2. Déanfaidh na húdaráis inniúla, a mhéid a bhaineann le hoibreoirí spáis an Aontais, agus an Ghníomhaireacht, a mhéid a bhaineann le hoibreoirí spáis tríú tír, deireadh chéim an athbhreithnithe chriticiúil ar dhearadh dá dtagraítear i mír 1 a fhionnadh tráth a thíolacfaidh na hoibreoirí spáis an cruthúnas a fuarthas ón eintiteas ábhartha ar cuireadh de chúram air, trí chonradh, dearadh an spásárthaigh a fhormheas go teicniúil.

*Airteagal 119*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2030.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
*[...]*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
*[...]*

**RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH**

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht, athléimneacht agus inbhuanaitheacht gníomhaíochtaí spáis san Aontas.

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Plean nua chun go mbeidh rathúnas agus iomaíochas na hEorpa inbhuanaithe

Rathúnas agus Iomaíochas

1.3. Cuspóirí

1.3.1. Cuspóirí ginearálta

Is é is aidhm don Rialachán atá beartaithe tacú le forbairt agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh d'earnáil an spáis.

1.3.2. Cuspóirí sonracha

<u>Cuspóir sonrach Uimh.</u>

Leagtar amach ceithre chuspóir shonracha sa togra:

(i) creat de chuid an Aontais a bhunú lena rialaítear iompar oibreoirí spáis san Aontas ar bhealach a sholáthraíonn timpeallacht ghnó atá cobhsaí, intuartha agus iomaíoch agus a chothaíonn nuálaíocht;

(ii) inrianaitheacht réad spáis a áirithiú agus giniúint smionagair spáis ó ghníomhaíochtaí spáis a laghdú;

(iii) bonnlíne chomhleanúnach athléimneachta a chruthú d'earnáil an spáis trí chreat measúnaithe riosca agus rialacha cibearshlándála atá saincheaptha don bhonneagar spáis;

(iv) modh coiteann chun measúnú agus tomhas a dhéanamh ar thionchair chomhshaoil gníomhaíochtaí spáis san Aontas.

1.3.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Leis an Rialachán atá beartaithe, chuirfí feabhas ar na coinníollacha maidir le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh sonraí spásbhunaithe agus seirbhísí spáis, rud a mbeadh tionchar dearfach suntasach aige ar thionscal spáis an Aontais agus ar a iomaíochas.

Dá bhforbrófaí an margadh inmheánach don spás, bheadh comhtháthú méadaithe i measc na mBallstát, rud a chruthódh dálaí le haghaidh rochtain níos fearr ar an margadh do chuideachtaí, a spreagfadh nuálaíocht ar fud an tionscail, a mheallfadh níos mó infheistíocht phríobháideach, agus a laghdódh an t- ualach riaracháin ar chuideachtaí.

Dá gcuirfí bearta i bhfeidhm chun inrianaitheacht réad spáis a áirithiú agus an méid smionagair spáis a laghdú, rannchuideofaí le timpeallacht spáis níos sábháilte agus níos inbhuanaithe. Laghdódh sé sin go mór an baol go dtarlódh imbhuailtí agus go

nginfí smionagar spáis, rud a chosnódh satailítí oibríochtúla agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach fithiseach araon.

Dá bhforbrófaí bonnlíne chomhleanúnach le haghaidh shócmhainní uile an bhonneagair spáis agus dá gcuirfí chun feidhme creataí measúnaithe riosca atá saincheaptha do riachtanais chibearshlándála na hearnála spáis, neartófaí athléimneacht na ngníomhaíochtaí spáis san Aontas in aghaidh cibearbhagairtí. Chothódh sé sin muinín i gcumais na bpáirtithe leasmhara, lena n- áirítear fiontair phríobháideacha agus gníomhaireachtaí rialtais, rud a spreagfadh glacadh seirbhísí spáis a thuilleadh, infheistíochtaí a mhealladh, agus fás tionscail spáis atá láidir agus slán a chothú san Aontas.

Dá bhforbrófaí modh coiteann chun tionchar comhshaoil gníomhaíochtaí spáis a thomhas, d'éascófaí cinnteoireacht fheasach bunaithe ar mhéadracht chaighdeánaithe, rud a chuirfeadh ar chumas cuideachtaí infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí níos glaise agus lucht ceaptha beartas chun cothromaíocht a bhaint amach idir na tairbhí agus na rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí spáis.

Ar deireadh, dá gcuirfí an Rialachán chun feidhme go rathúil, chuirfí feabhas ar chumas an Aontais tionchar a imirt ar chaighdeáin dhomhanda i réimse an spáis agus mhéadófaí iomaíochas thionscal an Aontais sna margaí domhanda.

Leis an Measúnú Tionchair a ghabhann leis an Rialachán seo, bunaíodh an sochar bliantúil iomlán do chuideachtaí (oibreoirí satailíte) ag EUR 677.5 milliún, agus na costais arna spreagadh ag na ceanglais a eascraíonn as an Rialachán nua á bhfritháireamh go hiomlán. I gcás údaráis phoiblí na mBallstát, meastar go mbeidh costais chomhlíontachta agus forfheidhmiúcháin idir 1 agus 4 FTE.

1.3.4. Táscairí feidhmíochta

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Úsáidfear an tsraith táscairí seo a leanas chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme rathúil an Rialacháin seo agus chun measúnú a dhéanamh ar thionchar agus ar fhreagairt an mhargaidh, go háirithe FBManna.

| **Cuspóirí Sonracha** | **Táscaire** | **Modh** | **Bonnlíne** | **Sprioc**[1] | **Meastachán Bliantúil ar Dhul Chun Cinn** | **Minicíocht an Athbhreithnithe** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tacú le forbairt agus feidhmiú margai** | Gníomhaíochtaí spáis laistigh den mharga | Tuairisciú ag na Ballstáit | 0 | 100 % | 100 % tar éis theacht i bhfeidhm an Ghnímh | Bliantúil |

(1) Meastar spriocluachanna le haghaidh thréimhse 10 mbliana tar éis theacht i bhfeidhm an Ghnímh, agus meántréimhse saoil satailítí tráchtála ar fud na bhfithis uile á cur san áireamh.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **dh aonair d’earnáil an spáis** | dh aonair a chomhlíonann an reachtaíocht atá beartaithe | | | | | |
| **Inrianaitheacht réad spáis a áirithiú agus giniúint smionagair spáis a laghdú** | An líon imeachtaí ardspéise | Trí Chomhpháirtíocht SSST an Aontais | 622 (LEO) 33 (MEO) 101 (GEO) | Laghdú 10 % | ~laghdú 5 % in aghaidh na bliana | Bliantúil |
| **Inrianaitheacht réad spáis a áirithiú agus giniúint smionagair spáis a laghdú** | An líon diúscairtí rathúla ag deireadh a saolré | Trí Chomhpháirtíocht SSST an Aontais | GEO: 60 % LEO: 65 % | 90 % maidir le gach fithis | ~méadú 3 % in aghaidh na bliana | Bliantúil |
| **Creat measúnaithe riosca a chruthú atá saincheaptha don chibearshlándáil le haghaidh bonneagar** | An líon cibeartheagmhas suntasach a tuairiscíodh maolaithe | EUSPA tríd an sásra tuairiscithe (le haghaidh sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais); Foirne freagartha do theagmh | Gan bheith ar fáil | Laghdú 50 % | 50 % tar éis theacht i bhfeidhm an dlí | Bliantúil |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **spáis** | | ais a bhaineann le slándáil ríomhairí (CSIRTanna)/pointí teagmhála aonair (de réir NIS) agus na lárionaid náisiúnta faireacháin spáis le haghaidh na sócmhainní eile | | | | |
| **Modh coiteann a chruthú chun an tionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí spáis ar an gcomhshaol a thomhas** | % d'ionad aíocht ar sciar mhargaidh an Aontais i bhforbairt PEFCR | Tuairisciú ag na Ballstáit | 0 % | ≥51 % | ≥51 % | Spriocbhliain / |
| **Modh** | % na | Tuairisc | 40 %[2] | 80 %[3] | 80 % tar | Spriocbhli |

(2) Ós rud é go gceanglaíonn roinnt dlíthe spáis náisiúnta de chuid an Aontais, amhail an Fhrainc, an Bheilg, an Danmhairg, an Fhionlainn agus an Ghréig, ar oibreoirí cheana féin measúnuithe tionchair comhshaoil a dhéanamh chun ceadúnais a dheonú.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **coitean n a chruthú chun an tionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí spáis ar an gcomhshaol a thomhas** | n- oibreoirí spáis a dhéanann tuairisciú comhshaoil | iú ag na Ballstáit | | | éis creat PEFCR a bhunú | ain / |
| **Modh coiteann a chruthú chun an tionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí spáis ar an gcomhshaol a thomhas** | Líon na misean spáis lena gcomhtháthaíte ar creat caighdeánaithe LCA | Tuairisciú ag na Ballstáit | n/b (easpa creata caighdeánaithe LCA le haghaidh gníomhaíochtaí spáis) | 80 %(4) | Tar éis creat LCA a bhunú | Go bliantúil tar éis fhorbairt an chreata |
| **Modh coiteann a chruthú chun an tionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí** | Lorg comhshaoil na ngníomhaíochtaí spáis (e.g., astaíochtaí $CO_2$ ) | Tuairisciú ag na Ballstáit | n/b (easpa modha choitinn tomhais) | Faireachán le déanamh | Tar éis creat PEFCR a bhunú, ansin spriocanna bliantúla maidir le laghdú | Go bliantúil tar éis fhorbairt an chreata |

(3) Ós rud é go bhféadfadh micrifhiontair agus ollscoileanna a bheith faoi réir díolúintí agus gurb ionann iad agus thart ar 10-20 % de na misin spáis san Eoraip.

(4) Ibid.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **spáis ar an gcomhshaol a thomhas** | | | | | | |

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:

☑ **gníomhaíocht nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart** (5)

☐ **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ **beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh

Tá dlíthe spáis ag 13 Bhallstát, agus tá reachtaíocht spáis á dréachtú ag níos mó Ballstát chun aghaidh a thabhairt ar an méadú ar ghníomhaíochtaí spáis agus ar theacht chun cinn iontrálaithe tráchtála nua. Mar gheall ar an easpa comhordaithe agus na difríochtaí rialála, tá creat dlíthiúil ilroinnte ann a d’fhéadfadh bacainní a chruthú ar sholáthar seirbhísí spáis agus sonraí spásbhunaithe sa mhargadh aonair.

Gan chomhordú, leanfar d’éagsúlú a dhéanamh ar na modhanna agus ar na cineálacha cur chuige maidir le gníomhaíochtaí spáis san Aontas a rialáil. Dá bhrí sin, tugtar isteach leis an Rialachán atá beartaithe comhchuibhiú spriocdhírithe ar phríomhcheanglais maidir le húdarú chun gníomhaíochtaí agus seirbhísí spáis a sholáthar. Cumhdaíonn na príomhcheanglais go príomha sábháilteacht, athléimneacht agus inbhuanaitheacht chomhshaoil na ngníomhaíochtaí spáis. Tá feidhm ag forálacha teoranta maidir le OS-S agus trácht fithiseach.

Le leibhéal comhleanúnach aonfhoirmeach cosanta do shócmhainní uile an bhonneagair spáis, éascaítear soláthar seirbhísí spáis, saorghluaiseacht sonraí spásbhunaithe a ghintear trí úsáid a bhaint as bonneagar spáis den sórt sin, chomh maith le hacmhainneacht na n- oibreoirí spáis gníomhaíochtaí spáis a dhéanamh thar dhlínsí iomadúla, gan bhacainní. Dá bhrí sin, thabharfadh an Rialachán deimhneacht dhlíthiúil d’oibreoirí spáis agus d’úsáideoirí spáis san Aontas.

Beidh feidhm ag an Rialachán maidir leis na sócmhainní uile a sheolfar tar éis an 1 Eanáir 2030. Mar sin féin, i gcás sócmhainní atá fós i gcéim den dearadh criticiúil, beartaítear leis an Rialachán idirthréimhse 24 mhí bhreise chun comhlíontacht a bhaint amach.

Ba cheart gnéithe áirithe, amhail, maidir le rialachas a bheith réidh lena gcur chun feidhme faoi 2030. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú faoin dáta sin go gceapfaidh siad údaráis atá ann cheana nó go mbunóidh siad údaráis nua chun na cúraimí a leagtar amach sa Rialachán a dhéanamh agus chun saineolas teicniúil agus acmhainneacht theicniúil a fhorbairt chun gur féidir an Rialachán seo a chur chun

(5) Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

feidhme go rianúil trí chomhlachtaí teicniúla cáilithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis a dhéanann cúraimí measúnaithe theicniúil.

Ar leibhéal an Aontais, ba cheart do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (an Ghníomhaireacht) na struchtúir, na próisis inmheánacha agus na nósanna imeachta inmheánacha uile is gá a bhunú chun tabhairt faoi na freagrachtaí nua a thugtar di leis an Rialachán.

Baineann na freagrachtaí nua go háirithe leis an measúnú teicniúil d'fhonn cúnamh agus tacaíocht a thabhairt don Choimisiún cúraimí nua údaraithe agus maoirseachta d'oibreoirí spáis an Aontais ar shócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais, clárú agus maoirseacht oibreoirí tríú tír, agus measúnuithe teicniúla a dhéanamh ar Bhallstáit nach bhfuil comhlachtaí teicniúla cáilithe ar a gcríocha acu. Ina theannta sin, áiritheoidh an Ghníomhaireacht comhordú ghníomhaíochtaí Líonra Athléimneachta Spáis an Aontais (EUSRN), déanfaidh sí faireachán ar theagmhais a bhaineann le sócmhainní atá faoi úinéireacht an Aontais, déanfaidh sí bainistiú ar bhunú agus ar chur chun feidhme Scéimeanna Lipéadaithe Spáis nua an Aontais agus rannchuideoidh sí le forbairt agus cur chun feidhme na mbeart tacaíochta éagsúil a bheartaítear leis an Rialachán seo.

Ba cheart don Ghníomhaireacht ullmhú d'fheidhmiú a cumhachtaí measúnaithe theicniúil nua chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún agus cúraimí maoirseachta á bhfeidhmiú aici agus chun struchtúir inmheánacha thiomnaithe a bhunú chun na críche sin, amhail an Bord um Chomhlíonadh agus an Bord Achomhairc.

Faoi thráth infheidhmeachta an Rialacháin, ba cheart roinnt bunachar sonraí agus uirlisí gaolmhara a bheith i bhfeidhm cheana féin, go háirithe Clár an Aontais um Réada Spáis (CARS), bunachar sonraí liosta teagmhálaithe an Aontais le haghaidh foláirimh faoi theagmhais ardspéise.

Déanfaidh an Coimisiún Eorpach, trí ghníomhartha tarmligthe agus/nó gníomhartha cur chun feidhme, tuilleadh mionsaothraithe ar na ceanglais theicniúla is gá chun na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo a chur chun feidhme, agus eiseoidh sé sainorduithe um chaighdeánú chun caighdeáin chomhchuibhithe a fhorbairt.

Ar deireadh, cuirfear sraith beart tacaíochta i bhfeidhm, trí bhearta fothaithe acmhainneachta, cúnamh teicniúil agus cistiú, chun tacú leis na Ballstáit agus le tionscal an spáis agus chun iad a ullmhú i gcur chun feidhme an Rialacháin, agus chun rannchuidiú le cuid de na costais cur chun feidhme a d'fhéadfadh a bheith ann a fhritháireamh, amhail le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá i mbun fáis agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga.

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.

Tá gné láidir trasteorann ag baint le gníomhaíochtaí spáis toisc gur minic a úsáideann cuideachtaí atá gníomhach ar fud an mhargaidh inmheánaigh bonneagar spáis a mhonaraítear i mBallstát amháin, agus is minic a bhíonn ar oibreoirí spáis údaruithe iomadúla a fháil i roinnt Ballstát. Tá an baol ann, leis an gcreat easnamhach atá ag teacht chun cinn de rialacha náisiúnta a d'fhéadfadh a bheith éagsúil le chéile, go

gcuirfear bac ar mhargadh aonair iomaíoch le haghaidh táirgí spáis agus seirbhísí spáis agus sonraí spásbhunaithe.

Tá gá le gníomhaíocht chomhpháirteach ar leibhéal an Aontais chun leibhéal coiteann sábháilteachta, athléimneachta agus inbhuanaitheachta comhshaoil na ngníomhaíochtaí spáis ar fud an Aontais a mhéadú. Tá breisluach soiléir ag baint leis sin i gcomparáid le gníomhaíochtaí aonair na mBallstát, ar na bealaí seo a leanas: (1) cothrom iomaíochta a bhunú ar fud an Aontais trí na príomhcheanglais sna coinníollacha údaraithe a bhaineann le sábháilteacht, athléimneacht agus tionchar comhshaoil na ngníomhaíochtaí spáis a chomhfhogasú; (2) comhordú níos fearr idir na Ballstáit a áirithiú agus ar an gcaoi sin forluí, dúbláil agus coinbhleachtaí a sheachaint, trí shásraí comhleanúnacha a chur ar bun ar fud an mhargaidh inmheánaigh; (3) feabhas a chur ar bhealach aonchineálach ar leibhéal cosanta an bhonneagair spáis lena dtreisítear a gcumas sonraí spásbhunaithe a sholáthar, rud a chumasaíonn soláthar seirbhísí ar fud an mhargaidh inmheánaigh; agus (4) comhsheasmhacht a áirithiú agus tionchar comhshaoil gníomhaíochtaí spáis san Aontas á ríomh.

Le cur chuige coiteann i leith gníomhaíochtaí spáis atá sábháilte, athléimneach agus inbhuanaithe ar leibhéal an Aontais, sholáthrófaí tairbhí iomadúla d’earnáil spáis an Aontais trí dheimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, trí dheireadh a chur le bacainní ar sholáthar seirbhísí spáis agus sonraí spásbhunaithe, tríd an ualach riaracháin agus na costais a bhaineann leis na ceanglais náisiúnta iomadúla agus éagsúla a laghdú, trí bhorradh a chur faoin iomaíocht agus trí rochtain a thabhairt ar mhargaí níos mó.

Chuirfeadh gníomhaíocht chomhordaithe ar chumas an Aontais caighdeáin dhomhanda maidir le sábháilteacht, athléimneacht agus inbhuanaitheacht gníomhaíochtaí spáis a stiúradh agus a neartú amach anseo, lena mbunófaí an tAontas mar cheannródaí domhanda caighdeán i réimse ina n- éilítear réitigh phráinneacha chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí atá ag teacht chun cinn maidir le húsáid fithisí agus cianspáis.

Ag an am céanna, d’fhéachfadh an tAontas le caibidlíocht a dhéanamh ar chomhaontuithe maidir le haitheantas frithpháirteach le tríú tíortha lena bhfeabhsófaí rochtain ar an margadh do thionscal spáis an Aontais.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

Is é an Rialachán seo an chéad cheann dá chineál i réimse an spáis, lena dtugtar isteach comhchuibhiú spriocdhírithe ar phríomhghnéithe sna húdaruithe chun gníomhaíochtaí spáis a dhéanamh. An tráth céanna, cuireann sé le gnéithe áirithe ón gCreat Reachtach Nua agus leis na ceachtanna a foghlaimíodh i gcur chun feidhme reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais le haghaidh táirgí agus seirbhísí.

Chun iomaíochas agus nuálaíocht earnáil an spáis san Aontas a chaomhnú agus a fheabhsú, go háirithe maidir le gnólachtaí nuathionscanta, FBManna agus institiúidí taighde, bainfidh an Rialachán ceachtanna freisin as na gníomhartha reachtacha is déanaí, amhail an Gníomh um an Intleacht Shaorga nó an Gníomh um Chibear-Athléimneacht.

Ar an gcaoi sin, áireofar ann (a) sraith beart tacaíochta chun cabhrú le cuideachtaí, go háirithe gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá i mbun fáis, FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga, na bearta a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh, lena n- áirítear cóitseáil agus meantóireacht, cúnamh teicniúil, agus tacaíocht d’fhorbairt réiteach teicneolaíoch nua, ach gan a bheith teoranta dóibh sin

amháin; (b) comhréireacht a leabú sna rialacha, córais níos éadroime a bheartú bunaithe ar chritéir éagsúla, amhail méid an oibreora spáis, criticiúlacht an mhisin spáis, an tsócmhainn spáis nó fithis a úsáidtear.

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

Leagtar amach sa Rialachán príomhcheanglais choiteanna agus íosta maidir le gnéithe sábháilteachta, athléimneachta agus comhshaoil de ghníomhaíochtaí spáis d'oibreoirí spáis an Aontais, agus d'oibreoirí atá bunaithe i dtríú tíortha a sholáthraíonn sonraí spásbhunaithe san Aontas.

An tráth céanna, cuireann an Rialachán seo le gnéithe bunúsacha áirithe den Chreat Reachtach Nua, amhail comhlachtaí faoina dtugtar fógra, measúnuithe comhréireachta agus forbairt caighdeán comhchuibhithe, atá saincheaptha agus coigeartaithe mar sin féin do riachtanais réimse an spáis, agus cur chuige céimseach maidir le rialáil sa réimse sin á chur san áireamh.

Chuirfeadh an togra leis na struchtúir agus na sásraí a forbraíodh i gcomhthéacs reachtaíochtaí eile maidir le hathléimneacht agus cibearshlándáil, amhail Treoir 2022/2555 (Treoir NIS2) agus Treoir 2022/2557 (Treoir CER), agus d'áiritheofaí comhordú leo.

Maidir leis an inbhuanaitheacht chomhshaoil, léiríonn ionchorprú phrionsabail an Mheasúnaithe Saolré (LCA) i ngníomhaíochtaí spáis an sprioc uileghabhálach atá á saothrú ag an Aontas chun níos mó inbhuanaitheachta agus freagrachta comhshaoil a bhaint amach in earnáil an spáis.

Is den ríthábhacht a áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe ((AE) 2024/1781), lena gceanglófar Pas Táirge Digiteach le haghaidh táirgí a rialaítear faoin Rialachán seo, rud a d'fhéadfadh a bheith infheidhme fiú maidir le gníomhaíochtaí spáis. Cuirfear cuspóirí sonracha agus srianta sonracha na ngníomhaíochtaí spáis san áireamh agus táirgí a dhéanann difear do na gníomhaíochtaí sin á rialáil.

Trí LCA a chomhtháthú i dtionscadail a bhaineann leis an spás, trí mhodh coiteann a úsáid (bunaithe ar Mholadh ón gCoimisiún maidir le PEF agus modhanna PEF C(2021) 9332 final), éascaítear comhlíonadh creataí rialála agus feabhsaítear measúnuithe agus nochtaí inbhuanaitheachta, agus ar an gcaoi sin, cothaítear ailíniú le cuspóirí CAI agus cuirtear chun cinn sineirgí le hionstraimí eile atá dírithe ar ghníomhaíochtaí spáis an Aontais a chur chun cinn ar bhealach inbhuanaithe agus freagrach.

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

Tá bainistíocht na réimsí gníomhaíochta atá sannta don Ghníomhaireacht ag teacht lena sainordú reatha agus lena cúraimí ginearálta. Mar sin féin, beidh próifílí sonracha nó tascanna nua ag teastáil ó na réimsí gníomhaíochta sin, ar próifílí agus tascanna iad nach féidir a ionsú go hiomlán le hacmhainní na Gníomhaireachta atá ann cheana ná nach féidir a réiteach trí ath-leithdháileadh.

I gcás cúraimí cothrománacha áirithe (e.g. tacaíocht riaracháin, comhairle dlí, bainistíocht conarthaí), d'fhéadfadh an Ghníomhaireacht leas a bhaint as acmhainní atá ann cheana, rud a chruthódh éifeachtúlachtaí. Bunófar sineirgí freisin le struchtúir

theicniúla inmheánacha atá ann cheana (e.g. timpeallacht shlán faisnéise chun faisnéis rúnaicmithe a mhalartú le lárionaid faireacháin slándála na mBallstát).

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige

☐ **tréimhse theoranta**

- ☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB
- ☐ tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☑ **tréimhse neamhtheoranta**

Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh ó 2030 go 2031,

agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. An modh (na modhanna) atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme[6]

☑ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

- ☑ ina ranna, lena n- áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;
- ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);
- ☐ an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
- ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;
- ☐ comhlachtaí dlí poiblí;
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh;
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;
- ☐ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme

[6] Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais: https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx.

de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha

☐ comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhéiseacha, agus ar ráthaíochtaí iad a d'fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d'uasmhéid thacaíocht an Aontais.

Nótaí

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Déanfar meastóireacht ar an Rialachán lena athbhreithniú go tréimhsiúil, laistigh de 5 bliana ón teacht i bhfeidhm, agus ansin gach 5 bliana ina dhiaidh sin. Ina theannta sin, déanfaidh an Coimisiún Eorpach agus an Ghníomhaireacht roinnt gníomhaíochtaí faireacháin chun meastóireacht leanúnach a dhéanamh ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht na mbeart, i gcomhthéacs faireachán a dhéanamh ar rialú chur i bhfeidhm na mbeart, lena n- áirítear maoirseacht agus anailís ar ghnéithe atá ag teacht chun cinn a bhaineann le cur i bhfeidhm na gceanglas.

Déanfar faireachán ar bhonn bliantúil ar na cuspóirí sonracha agus ar na táscairí comhfhreagracha.

Déanfaidh an Coimisiún Eorpach meastóireacht ghearrthéarmach go sonrach chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta i ndáil lena cúraimí faoin Rialachán seo. Déanfaidh an Coimisiún Eorpach torthaí na meastóireachta a thuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

### 2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe

#### 2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe

Bunaítear leis an Rialachán ceanglais shubstainteacha nua maidir le gníomhaíochtaí spáis ar fud an Aontais agus iomaíocht chóir á háirithiú i measc gníomhaithe margaidh sa mhargadh inmheánach ag an am céanna. Éilíonn na rialacha nua sin sásra comhsheasmhachta le haghaidh chur i bhfeidhm trasteorann na n- oibleagáidí faoin Rialachán seo, chomh maith le cumhachtaí díreacha maoirseachta agus forfheidhmithe don Choimisiún Eorpach agus cúraimí measúnaithe theicniúil don Ghníomhaireacht.

Chun aghaidh a thabhairt ar na cúraimí nua sin, is gá acmhainní iomchuí a chur ar fáil do sheirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh agus don Ghníomhaireacht[7]. Meastar go

(7) Meastar go mbeidh 17 FTE ag teastáil ón nGníomhaireacht ó 2028 ar aghaidh chun na cúraimí nua a bhainistiú agus meastar go mbeidh 1 FTE ag teastáil ó ENISA freisin ó 2028 ar aghaidh. Áirítear ar

mbeidh 3 FTE laistigh den Choimisiún Eorpach (le haghaidh cúraimí maoirseachta agus cinntí) ag teastáil chun an Rialachán nua a fhorfheidhmiú agus a chur chun feidhme go rathúil.

Maidir leis na gníomhaíochtaí ullmhúcháin atá beartaithe le linn chéim an bhorrtha go dtí deireadh 2027, meastar go mbeidh 2 FTE ag teastáil uathu a iarrfar sa bhreis ar na hacmhainní atá ar fáil sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil reatha (2021-2027).

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú

Leagtar síos leis an Rialachán bunús an mhargaidh aonair don spás. D'fhéadfadh roinnt cineálacha cur chuige rialála náisiúnta éagsúla an margadh inmheánach a ilroinnt, rud a d'fhágfadh go mbeadh sé deacair do chuideachtaí spáis a mbealach a dhéanamh agus creataí dlíthiúla éagsúla a chur i bhfeidhm.

Leis an Rialachán, comhchuibhítear roinnt príomhcheanglas maidir le húdarú agus clárú gníomhaíochtaí spáis (rialacha teicniúla i réimsí shábháilteacht, athléimneacht agus inbhuanaitheacht gníomhaíochtaí spáis) agus leagtar síos struchtúr rialachais chuige sin.

Tá sé beartaithe leis an gcur chuige sin deimhneacht dhlíthiúil a chruthú, bacainní trasteorann a bhaint agus an t- ualach riaracháin agus na costais a eascraíonn as an iliomad ceanglas éagsúil náisiúnta a laghdú. Shimpleodh sé an chaoi a n- oibríonn oibreoirí spáis san Aontas, go háirithe le haghaidh iontrálaithe tráchtála nua. Chun an riosca a bhaineann le siopadóireacht dlínse a chosc agus chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach an chreata rialála nua a áirithiú, sannfar cumhachtaí nua maoirseachta agus forfheidhmiúcháin don Choimisiún Eorpach agus thabharfaí cumhachtaí don Ghníomhaireacht chun cabhrú leis an gCoimisiún trí ghníomhaíochtaí measúnaithe theicniúil a dhéanamh. Chun an riosca go mbeidh ualach riaracháin ar an tionscal a laghdú, tá córas éadrom beartaithe do ghnólachtaí nuathionscanta, do FBManna agus do chuideachtaí meánchaipitlithe beaga. Thairis sin, chun tacú le tionscal an spáis leis an Rialachán a chur chun feidhme, tá bearta tacaíochta tiomnaithe beartaithe chun cuid de na costais a d'fhéadfadh a bheith ag baint lena chur chun feidhme ar an tionscal a fhritháireamh, go háirithe ar ghnólachtaí nuathionscanta agus ar FBManna.

2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)

neamhbhainteach

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

chúraimí nua na Gníomhaireachta scéim lipéadaithe spáis an Aontais a fhorbairt le haghaidh gníomhaíochtaí spáis agus bainistíocht na ngníomhaíochtaí a bhaineann leis na measúnuithe teicniúla chun tacú leis an gCoimisiún údarú agus maoirseacht a dhéanamh ar oibreoirí spáis an Aontais de shócmhainní faoi úinéireacht an Aontais, oibreoirí tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta chomh maith le cumhachtaí imscrúdaithe cúnaimh den sórt sin a fheidhmiú sa chomhthéacs sin (cigireachtaí, imscrúduithe). Maoineofar na costais oibríochtúla a bhaineann le cúraimí nua na Gníomhaireachta trí chóras táillí clárúcháin, pionós agus fíneálacha arna bhforchur ar oibreoirí spáis (AE agus neamh-AE araon). Ní chlúdóidh córas den sórt sin costais foirne na Gníomhaireachta ná na costais oibriúcháin ar lipéid.

Leis na bearta coiscthe calaoise atá ann cheana agus is infheidhme maidir leis an gCoimisiún Eorpach agus maidir le gníomhaireachtaí an Aontais, cumhdófar na leithreasuithe breise is gá don Rialachán seo.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

Línte buiséid atá ann cheana

*<u>In ord</u> cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | An cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN [8] | ó thíortha CSTE [9] | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha [10] | ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
| | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |
| | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |
| | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

(8) LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

(9) CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

(10) Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar a d’fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

*<u>In ord</u> cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | An cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha | ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
| | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |
| | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |
| | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

☑ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos:

3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais** | Uimhir | |
|---|---|---|

| **ilbhliantúil** | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ard-Stiúrthóireacht: <.......> | | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN CAI 2021-2027** |
| Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | Gealltanais | (1a) | | | | | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | | | | | **0,000** |
| Líne bhuiséid | Gealltanais | (1b) | | | | | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | (2b) | | | | | **0,000** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach [11] | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | | (3) | | | | | **0,000** |
| **IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair AS <.......>** | Gealltanais | =1a+1b+3 | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | =2a+2b+3 | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| | | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN CAI 2021-2027** |
| IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | (5) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin | | (6) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |

(11) Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta AE (iarlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL <....>** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4+6 | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | =5+6 | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| Ard-Stiúrthóireacht: <.......> | | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN CAI 2021-2027** |
| Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | Gealltanais | (1a) | | | | | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | | | | | **0,000** |
| Líne bhuiséid | Gealltanais | (1b) | | | | | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | (2b) | | | | | **0,000** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach [12] | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | | (3) | | | | | **0,000** |
| **IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair AS <.......>** | Gealltanais | =1a+1b +3 | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | =2a+2b+3 | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| Ard-Stiúrthóireacht: <.......> | | | Bliain | Bliain | Bliain | Bliain | **IOMLÁN CAI** |

[12] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta AE (iarlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| | | | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | 2021-2027 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | Gealltanais | (1a) | | | | | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | | | | | **0,000** |
| Líne bhuiséid | Gealltanais | (1b) | | | | | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | (2b) | | | | | **0,000** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach [13] | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | | (3) | | | | | **0,000** |
| **IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair AS <.......>** | Gealltanais | =1a+1b +3 | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | =2a+2b+3 | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| | | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN CAI 2021-2027** |
| IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | (5) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach | | (6) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| **IOMLÁN leithreasuithe** | Gealltanais | =4+6 | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |

(13) Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta AE (iarlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **faoi CHEANNTEIDEAL <....>** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Íocaíochtaí | =5+6 | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| | | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN CAI 2021-2027** |
| IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta) | Gealltanais | (4) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | (5) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach (gach ceannteideal oibríochta) | | (6) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| **IOMLÁN leithreasuithe Faoi Cheannteideal 1 go 6** den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha) | Gealltanais | =4+6 | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | =5+6 | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |

| | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **7** | ‘Caiteachas riaracháin’ [14] |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Ard-Stiúrthóireacht: DEFIS | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN CAI 2021-2027** |
| Acmhainní daonna | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,376 | **0,376** |

(14) Is trí úsáid a bhaint as na figiúirí maidir le meánchostas bliantúil atá le fáil ar an leathanach gréasáin iomchuí de chuid BUDGpedia ba cheart na leithreasuithe is gá a chinneadh.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Caiteachas riaracháin eile | | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,050 | **0,050** |
| **IOMLÁN AS DEFIS** | Leithreasuithe | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,426** | **0,426** |
| Ard-Stiúrthóireacht: <.......> | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN CAI 2021-2027** |
| Acmhainní daonna | | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| Caiteachas riaracháin eile | | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| **IOMLÁN AS <.......>** | Leithreasuithe | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | (Iomlán na ngealltanas = Iomlán na n-íocaíocht aí) | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,426** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN CAI 2021-2027** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7**[15] | Gealltanais | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,426** | **0,426** |
| den chreat airgeadais ilbhliantúil | Íocaíochtaí | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,426** | **0,426** |

(15) Tar éis 2027, tá sé beartaithe costas measta an togra a mhaoiniú tríd an CAI ina dhiaidh sin gan teacht roimh an gcomhaontú maidir le CAI agus cláir.

3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (not to be completed for decentralised agencies)

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** ⇓ | | | Bliain **2024** | | Bliain **2025** | | Bliain **2026** | | Bliain **2027** | | Iontráil na blianta ar fad is gá chun fad an tionchair (féach Roinn 1.6) a thaispeáint | | | | | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | Cineál [16] | Meán chostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Iomlán Líon | Iomlán Costas |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1 [17]: [...] | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

(16) Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).

(17) Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

| | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2... | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Asch ur | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **IOMLÁIN** | | | | | | | | | | | | | | | | | |

3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

| **LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN CAI 2021-2027** |
|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7** | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,376 | **0,376** |
| Caiteachas riaracháin eile | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,050 | **0,050** |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,426** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| | | | | | |
| **IOMLÁN** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |

3.2.3. Iomlán na leithreasuithe

| **IOMLÁN<br>LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR<br>+<br>IONCAM SANNTA SEACHTRACH** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN CAI 2021-2027** |
|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7** | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,376 | **0,376** |
| Caiteachas riaracháin eile | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,050 | **0,050** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,426** | **0,426** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| | | | | | |
| **IOMLÁN** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,426** | **0,426** |

Cumhdófar na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon, más gá, le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna

☑ Ceanglaítear leis an togra/tionscnamh go n- úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos

3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

Sloinnfear an meastachán in aonaid coibhéise lánaimseartha (FTEnna) [(18)]

| **LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** |
|---|---|---|---|---|
| **Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | |
| 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíochta an Choimisiúin) | 0 | 0 | 0 | 2 |

(18) Sonraigh thíos cá mhéad de na haonaid coibhéise lánaimseartha arna gcur in iúl a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar féidir iad a ath-imlonnú laistigh de d'Ard-Stiúrthóireacht, maille leis na glanriachtanais atá agat.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí an Aontais) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 01(Taighde indíreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 11 (Taighde díreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Foireann sheachtrach (in FTEnna)** | | | | | |
| 20 02 01 (AC, END ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 20 02 03 (AC, AL, END, agus JPD i dToscaireachtaí an Aontais) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Líne tacaíochta riaracháin [XX.01.YY.YY] | - sa cheanncheathrú | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | - i dToscaireachtaí an Aontais | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 02 (AC, END - Taighde indíreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 12 (AC, END – Taighde díreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Ceannteideal 7 | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Lasmuigh de Cheannteideal 7 | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **IOMLÁN** | | **0** | **0** | **0** | **2** |

3.2.4.3. Iomlán na n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach

| **IOMLÁN<br>LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR+<br>IONCAM SANNTA SEACHTRACH** | Bliain<br>**2024** | Bliain<br>**2025** | Bliain<br>**2026** | Bliain<br>**2027** |
|---|---|---|---|---|

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | |
| 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíochta an Choimisiúin) | | 0 | 0 | 0 | 2 |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí an Aontais) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 01(Taighde indíreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 11 (Taighde díreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha)** | | | | | |
| 20 02 01 (AC, END ón imchlúdach iomlánaíoch) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 20 02 03 (AC, AL, END, agus JPD i dToscaireachtaí an Aontais) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Líne tacaíochta riaracháin [XX.01.YY.YY] | - sa cheanncheathrú | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | - i dToscaireachtaí an Aontais | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 02 (AC, END - Taighde indíreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 12 (AC, END – Taighde díreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Ceannteideal 7 | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Lasmuigh de Cheannteideal 7 | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **IOMLÁN** | | **0** | **0** | **0** | **2** |

An fhoireann is gá chun an togra a chur chun feidhme (in aonaid de choibhéis lánaimseartha):

| | Le cumhdach ag an bhfoireann reatha atá ar fáil i seirbhísí an Choimisiúin | Foireann bhreise eisceachtúil* | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Le maoiniú faoi Cheannteideal 7 nó Taighde | Le maoiniú ó líne BA | Le maoiniú ó tháillí |
| Poist sa phlean bunaíochta | 2 | | Ní bhaineann le hábhar | |
| Foireann sheachtrach (CA, SNEnna, INT) | | | | |

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh ag:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | Na gníomhaíochtaí comhordúcháin tosaigh is gá a sheoladh chun a áirithiú go n- ullmhófar roinnt cruinnithe, dréacht- tuarascálacha agus obair bheartais chun na struchtúir, na próisis agus na nósanna imeachta inmheánacha uile is gá a chur ar bun agus a chur chun feidhme chun tabhairt faoi na freagrachtaí nua a thugtar don Ghníomhaireacht leis an nGníomh Spáis. Féadfar a áireamh ar na gníomhaíochtaí tosaigh freisin an obair ullmhúcháin is gá chun forbairt agus cur chun feidhme roinnt de na réitigh dhigiteacha agus na huirlisí gaolmhara atá beartaithe leis an nGníomh Spáis a sheoladh. |
| Pearsanra seachtrach | |

3.2.5. Forbhreathnú ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha

Éigeantach: na hinfheistíochtaí atá i gceist leis an togra/tionscnamh seo arb infheistíochtaí iad a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha, ba cheart meastachán chomh maith agus is féidir ina dtaobh a chur sa tábla thíos.

Go heisceachtúil, ba cheart na leithreasuithe faoi Cheannteideal 7 a chur sa líne atá ainmnithe chuige sin, i gcásanna inar gá sin chun an togra/tionscnamh a chur chun feidhme.

Is mar 'Chaiteachas beartais TF i dtaca le cláir oibríochtúla' is ceart na leithreasuithe faoi Cheannteidil 1-6 a chur in iúl. Is é rud dá dtagraíonn an caiteachas sin an buiséad oibríochtúil atá le húsáid i gcomhair athúsáid/ ceannach/ forbairt ardán/uirlisí TF atá nasctha go díreach le cur chun feidhme an tionscnaimh, agus i gcomhair na n-infheistíochtaí a bhaineann leis na hardáin/uirlisí sin (e.g. ceadúnais, staidéir, stóráil sonraí etc). An fhaisnéis a sholáthraítear sa tábla seo, ba cheart í a bheith comhsheasmhach leis na mionsonraí a chuirtear i láthair faoi Roinn 4 'Gnéithe digiteacha'.

| **IOMLÁN Na leithreasuithe digiteacha agus TF** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN CAI 2021-2027** |
|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7** | | | | | |
| Caiteachas TF (corparáideach) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | | | | | |
| Caiteachas beartais ar uirlisí TF i dtaca le cláir oibríochtúla | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| | | | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |

3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

☑ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI).

☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

☐ is gá athbhreithniú a dhéanamh ar CAI.

3.2.7. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

☑ ní dhéantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe

☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | |
| IOMLÁN na leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | |

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

☑ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

- ☐ ar acmhainní dílse
- ☐ ar ioncam eile
- ☐ má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh [19] | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain | Bliain | Bliain | Bliain |

[19] Maidir le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána tar éis do 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

| | | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 |
|---|---|---|---|---|---|
| Airteagal ………… | | | | | |

I gcás ioncam atá sannta, sonraigh na línte buiséid caiteachais a ndéantar difear dóibh.

[...]

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

[...]

4. GNÉITHE DIGITEACHA

4.1. Riachtanais a bhaineann le hábhar maidir le cúrsaí digiteacha

Foráiltear leis an togra reachtach go ndéanfar roinnt réiteach digiteach agus uirlisí gaolmhara a fhorbairt agus a chur chun feidhme d'fhonn tacú leis na Ballstáit agus cabhrú le tionscal an spáis an Gníomh a chur chun feidhme go tráthúil. Tá sé beartaithe le húsáid réiteach digiteach roinnt gníomhaíochtaí a éascú, amhail próiseáil sonraí (bailiú, bainistiú, stóráil), faireachán agus rianú gníomhaíochtaí, tuairisciú agus anailís a dhéanamh, agus idirghníomhaíochtaí i measc na bpáirtithe leasmhara ábhartha a éascú:

| Tuairisc ar an gceanglas | Na catagóirí páirtithe leasmhara lena mbaineann | An próiseas/na próisis a ndéantar difear dóibh |
|---|---|---|
| Is clárlann dhigiteach é Clár an Aontais um Réada Spáis (CARS) a úsáidfear chun sonraí a bhaineann leis na hoibreoirí spáis cláraithe atá údaraithe chun seirbhísí spásbhunaithe a oibriú agus a sholáthar san Aontas a bhailiú, a phróiseáil agus a mhalartú. | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis, soláthraithe seirbhísí spáis neamh-AE | Clárlann dhigiteach a bhunú agus a bhainistiú |
| Is réiteach digiteach é bunachar sonraí liosta teagmhálaithe an Aontais le haghaidh foláirimh maidir le teagmhais ardspéise a úsáidfear chun sonraí teagmhála an phearsanra ábhartha atá i gceannas ar ghníomhaíochtaí seachanta imbhuailte agus athiontrála arna dtuairisciú ag na hoibreoirí spásárthaí atá ag oibriú san Aontas a bhailiú, a phróiseáil agus a mhalartú. | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis, soláthraithe seirbhísí spáis AE agus neamh-AE | Bunachar sonraí digiteach a bhunú agus a bhainistiú |
| Is ardán digiteach í an Tairseach Faisnéise Ilfhreastail a úsáidfear chun sonraí a bhailiú, a phróiseáil agus a mhalartú chun líon áirithe seirbhísí a sholáthar chun an próiseas ceadúnúcháin a bhainistiú chun gníomhaíochtaí spáis a dhéanamh ar an leibhéal | An Coimisiún Eorpach, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis, na Ballstáit, soláthraithe seirbhísí spáis an Aontais | Ardán digiteach a bhunú agus a bhainistiú |

| | | |
|---|---|---|
| náisiúnta. | | |
| Scaoilfear a deimhniú leictreonach inrianaitheachta chuig soláthraithe seirbhísí spáis chun comhréireacht réad spáis le ceanglais an Rialacháin a fhianú lena n-úsáid san Aontas. | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis, soláthraithe seirbhísí spáis | An réiteach digiteach a bhunú agus a bhainistiú |
| Is bunachar sonraí poiblí digiteach é an Bunachar Sonraí Lorg Comhshaoil a úsáidfear le haghaidh gníomhaíochtaí bailithe agus próiseála. Cuirfidh sé ar fáil don phobal freisin na sonraí is gá chun an lorg comhshaoil a ríomh. | An Coimisiún Eorpach, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis, na Ballstáit, soláthraithe seirbhísí spáis an Aontais | An bunachar sonraí digiteach a bhunú agus a bhainistiú |

4.2. Sonraí

(1) Clár an Aontais um Réada Spáis (CARS): Baileoidh agus próiseálfaidh CARS faisnéis maidir le soláthraithe seirbhísí spáis atá údaraithe nó cláraithe chun seirbhísí spásbhunaithe a oibriú agus a sholáthar san Aontas. Beidh bainistíocht sonraí i gcomhréir leis an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí, agus béim á leagan ar chomhroinnt shlán, athúsáid agus dúbailt íosta trí phrionsabal na haonuaire. Déanfaidh an Ghníomhaireacht CARS a bhunú agus a bhainistiú lena n- áiritheofar trédhearcacht agus forfheidhmiú comhsheasmhach ar fud na mBallstát.

(2) Bunachar Sonraí Liosta Teagmhála an Aontais le haghaidh Foláirimh Ardleibhéil Imeachtaí: coinneoidh an bunachar sonraí sin sonraí teagmhála an phearsanra atá freagrach as gníomhaíochtaí seachanta imbhuailte agus athiontrála. Dearfar é chun formáidí caighdeánacha sonraí a chomhlíonadh agus chun cosaint sonraí a áirithiú. I gcomhréir le prionsabal na haonuaire, beidh sé d’aidhm aige an fhaisnéis teagmhála fíoraithe atá ann cheana a athúsáid chun iontrálacha iomarcacha a íoslaghdú. Nuair a athróidh freagrachtaí oibríochtúla, cuirfidh soláthraithe seirbhíse spáis taifid nuashonraithe ar fáil don Ghníomhaireacht lena gcumasófar comhordú tráthúil foláireamh agus freagartha.

(3) Tairseach Faisnéise Ilfhreastail: leis an tairseach sin, déanfar an próiseas údaraithe le haghaidh gníomhaíochtaí spáis a chuíchóiriú. Beidh sé bunaithe ar chaighdeáin choiteanna sonraí le haghaidh comhtháthú gan uaim leis na córais atá ann cheana. Le prionsabal na haonuaire, laghdaítear iarrataí dúblacha ar fhaisnéis, agus áiritheofar le malartuithe tréimhsiúla sonraí, arna dtionscnamh le hiarratais ar cheadúnais nó le nuashonruithe, gur féidir leis na húdaráis, an Ghníomhaireacht agus oibreoirí an dul chun cinn ceadúnaithe a rianú go héifeachtach.

(4) Deimhniú leictreonach: leis an deimhniú leictreonach, dearbhófar go bhfuil an Rialachán á chomhlíonadh ag an soláthraí seirbhíse spáis,agus beidh sonraíochtaí teicniúla ann. I gcomhréir leis an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí, beidh sé d’aidhm ag an nGníomhaireacht sonraí clárlainne agus ceadúnaithe atá ann cheana a

úsáid chun dúbláil a chosc. Eiseofar an deimhniú nuair a chomhlíonann oibreoir ceanglais an Rialacháin.

(5) Bunachar Sonraí Lorg Comhshaoil: leis an mBunachar Sonraí maidir le Lorg Comhshaoil, soláthrófar sonraí fardail saolré ardcháilíochta atá ailínithe le caighdeáin an Aontais, lena dtacófar le Lorg Comhshaoil Táirge agus Eagraíochta le haghaidh staidéir a bhaineann leis an Spás. Leanann sé an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí trí athúsáid sonraí, idir- inoibritheacht agus trédhearcacht a chur chun cinn, lena n- áirithítear comhlíonadh spriocanna inbhuanaitheachta. Cloíonn an bunachar sonraí le prionsabal na haonuaire, lena n- íoslaghdaítear iomarcaíocht trí thacair sonraí atá ann cheana a chomhtháthú. Soláthraíonn páirtithe leasmhara tionscail, institiúidí taighde agus údaráis sonraí rochtain phoiblí, lena n- áirítear rochtain a dheonaítear do ghnólachtaí agus do lucht ceaptha beartas le haghaidh tuairisciú rialála agus measúnuithe inbhuanaitheachta. Spreagtar malartuithe le hoibleagáidí comhlíontachta agus measúnuithe deonacha ar an tionchar ar an gcomhshaol, a tharlaíonn go tréimhsiúil nó de réir mar is gá.

4.3. Réitigh dhigiteacha

Is iad seo a leanas na réitigh dhigiteacha atá beartaithe i gcomhthéacs an Rialacháin:

- Clár an Aontais um Réada Spáis (CARS), ardán digiteach arna bhunú agus arna bhainistiú ag an nGníomhaireacht lena n-áirítear liosta na soláthraithe seirbhíse spáis cláraithe atá údaraithe chun seirbhísí spásbhunaithe a oibriú agus a sholáthar san Aontas;

- Bunachar sonraí liosta teagmhálaithe an Aontais le haghaidh foláirimh maidir le teagmhais ardspéise, clárlann dhigiteach arna bunú agus arna bainistiú ag an nGníomhaireacht, lena n- áirítear sonraí teagmhála an phearsanra ábhartha atá i gceannas ar ghníomhaíochtaí seachanta imbhuailte agus athiontrála arna dtuairisciú ag oibreoirí spásárthaí;

- an Tairseach Faisnéise Ilfhreastail, ardán digiteach arna bhunú agus arna bhainistiú ag an gCoimisiún Eorpach le tacaíocht ón nGníomhaireacht a chuireann líon áirithe seirbhísí ar fáil chun an próiseas ceadúnúcháin a bhainistiú chun gníomhaíochtaí spáis a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta (cur chuige an ionaid ilfhreastail), lena n- áirithítear simpliú riaracháin agus nósanna imeachta cuíchóirithe um chomhlíonadh, go háirithe le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá i mbun fáis, FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga, agus idir- inoibritheacht idir an leibhéal náisiúnta agus leibhéal an Aontais;

- an deimhniú leictreonach inrianaitheachta, deimhniú digiteach arna eisiúint ag an nGníomhaireacht do sholáthraithe seirbhíse spáis chun comhréireacht réad spáis leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán a fhianú chun críche a n-úsáide san Aontas;

- Áireamhán spáis PEFCR4, uirlis a úsáidtear chun lorg comhshaoil gníomhaíochtaí a bhaineann leis an spás a ríomh trí threoirlínte agus caighdeáin na rialacha catagóire maidir leis an Lorg Comhshaoil d'earnáil an spáis a leanúint;

- Deasc Chabhrach Spáis PEFCR4, seirbhís a chuireann tacaíocht agus treoraíocht ar fáil d'úsáideoirí i ndáil le cur i bhfeidhm na Rialacha Catagóire maidir leis an Lorg Comhshaoil Táirge a dearadh go sonrach don tionscal spáis, ag cabhrú leo dul i ngleic le haon dúshláin nó ceisteanna a d'fhéadfadh a bheith rompu;

- Tiomsaíonn an Bunachar Sonraí poiblí maidir le Lorg Comhshaoil sonraí fardail saolré is gá chun measúnú a dhéanamh ar loirg chomhshaoil in earnáil an spáis.

4.4. Measúnú idir-inoibritheachta

– Clár an Aontais um Réada Spáis (CARS): Tacóidh CARS le hidir- inoibritheacht trasteorann trí chreataí rialála agus caighdeáin theicniúla chomhroinnte a chur i bhfeidhm, rud a chuirfidh ar chumas na Gníomhaireachta sonraí ceadúnaithe agus faireacháin a chlárú. D'fhéadfadh sé leas a bhaint as réitigh um Eoraip Idir- inoibritheach, amhail aitheantóirí caighdeánaithe sonraí;

– Bunachar Sonraí Liosta Teagmhála an Aontais le haghaidh Foláirimh Ardleibhéil Imeachtaí: Áiritheofar leis an mbunachar sonraí cumarsáid trasteorann láithreach le haghaidh teagmhais imbhuailte nó athiontrála, trí úsáid a bhaint as formáidí sonraí comhchuibhithe le haghaidh sonraí teagmhála agus prótacail foláirimh. Leis an socrú sin, déanfar comhordú éigeandála a chuíchóiriú i measc páirtithe leasmhara AE agus neamh-AE, le réitigh meiteashonraí agus fíordheimhniúcháin Eoraip Idir-inoibritheach lena gcuideofar le taifid a chaighdeánú;

- Tairseach Faisnéise Ilfhreastail: Tá sé beartaithe an Tairseach a dhearadh le haghaidh idirghníomhaíocht gan uaim i measc córais éagsúla de chuid an Aontais agus córais náisiúnta, rud a spreagfaidh idir-inoibritheacht trí fhormáidí caighdeánaithe malartaithe sonraí, prótacail agus comhéadan digiteach aontaithe chun an t- ualach riaracháin a laghdú;

- Deimhniú leictreonach: Beidh sé ag brath ar shínithe digiteacha idir-inoibritheacha agus ar réimsí caighdeánaithe sonraí comhlíontachta.

- Bunachar Sonraí an Loirg Chomhshaoil (EF): Tacaíonn Bunachar Sonraí Lorg Comhshaoil an Aontais (Bunachar Sonraí an Aontais) le seirbhísí poiblí digiteacha trasteorann trí mhalartú caighdeánaithe sonraí maidir leis an tionchar ar an gcomhshaol a chumasú ar fud eintitis agus comhlachtaí poiblí an Aontais. Feabhsaíonn sé idir-inoibritheacht trasteorann trí ailíniú dlíthiúil, séimeantach agus teicniúil, agus réitigh um Eoraip Idir-inoibritheach á ngiaráil amhail caighdeáin mheiteashonraí agus malartú sonraí bunaithe ar APInna. I measc na bpríomhbhacainní tá difríochtaí rialála, neamhréireachtaí i bhformáid sonraí, agus dúshláin maidir le comhtháthú teicniúil. Tá an measúnú sin ailínithe le Rialachán (AE) 2024/903 (an Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach) agus tacaíonn sé le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus an Gheilleagair Chiorclaigh.

4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach

Beartaítear leis an togra reachtach roinnt réiteach digiteach agus uirlisí gaolmhara a fhorbairt agus a chur chun feidhme d'fhonn tacú leis na Ballstáit agus cabhrú le tionscal an spáis an togra a chur chun feidhme go tráthúil.

Úsáidfear na réitigh dhigiteacha chun sonraí a bhailiú, a phróiseáil agus a mhalartú a bhaineann leis na réimsí éagsúla a chumhdaítear leis an togra (sábháilteacht, athléimneacht agus inbhuanaitheacht chomhshaoil) agus maidir leis an bpróiseas údaraithe chun gníomhaíochtaí spáis a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta agus chun oibreoirí tríú tír a chlárú ar leibhéal an Aontais. Beidh ról díreach gníomhach ag an gCoimisiún Eorpach agus ag an nGníomhaireacht i bhforbairt agus i mbainistiú na réiteach digiteach sin.